Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Creat
Náisiúnta
Pleanála

Éire 2040 - An Tionscadal

# Dréacht An Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála

**Iúil 2024**





Is plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) le haghaidh fás agus forbairt na tíre amach anseo a mhúnlú go dtí an bhliain 2040.











# Clár ábhair


1 An Fhís 2

2 Bealach Úr chun Tosaigh 14

3 Forbairt Réigiúnach Éifeachtach 24

4 Áiteanna Uirbeacha níos Láidre a Dhéanamh 50

5 Pleanáil d'Áiteanna Tuaithe Éagsúla 64

6 Daoine, Bailte agus Pobail 80

7 Ár bPoitéinseal Oileán agus Mara a Aithint 98

8 Ag Obair lenár gComharsana 108

9 Aistriú Aeráide agus Ár dTimpeallacht 124

10 Toradh Straitéiseach Náisiúnta 146

Aguisín 1 172

Aguisín 2 185



# 1 An Fhís

Is plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) le haghaidh fás agus forbairt na tíre amach anseo a mhúnlú go dtí an bhliain 2040.

## 1.1 An Fhís a Leagan Amach

**Is plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) le haghaidh fás agus forbairt na tíre amach anseo a mhúnlú go dtí an bhliain 2040.**

Cuireadh an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP), a foilsíodh in 2018, in ionad na Straitéise Spáis Náisiúnta mar straitéis phleanála agus forbartha spásúlachta foriomlán na hÉireann. Forálann an reachtaíocht pleanála don Rialtas chun an CNP a athchóiriú nó a ionadú gach sé bliana. I ndiaidh cinneadh an Rialtais i Meitheamh 2023, thosaigh ullmhúchán ar Chreat Náisiúnta Pleanála athbhreithnithe.

Déantar an Creat seo a athbhreithniú agus a nuashonrú chun athruithe a tharla ó foilsíodh é in 2018 a chur san áireamh agus chun cur leis an gcreat atá i bhfeidhm. Is creat é chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a threorú, chun deiseanna a chruthú agus a chur chun cinn dár ndaoine, agus chun ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú - ónár sráidbhailte go dtí ár gcathracha, agus gach rud timpeall agus idir eatarthu.

Sa tréimhse idir 2022 agus 2040 táthar ag súil le go mbeidh timpeall milliún duine breise ina gcónaí inár dtír. Beidh gá le poist agus tithe nua mar gheall ar an bhfás daonra seo. Má theipeann orainn pleanáil don fhás seo agus do na héilimh a chuirfidh sé ar ár dtimpeallacht thógtha agus nádúrtha, agus ar ár gcreatlach shóisialta agus eacnamaíoch chomh maith, is cinnte go dteipfidh orainn inár bhfreagracht do na glúnta d'fhir agus de mhná na hÉireann amach anseo. Is í an fhreagracht sin ná rathúnas agus a sonas a chinntiú i ndomhan atá ag síorathrú.

Mar gheall ar scála an dúshláin agus an tréimhse ionchasach atá i gceist, is creat-doiciméad é an Creat Náisiúnta Pleanála de riachtanas; ní féidir leis gach mionsonra a chinneadh anois, toisc go gcuirfeadh sé sin teorainn lenár solúbthacht chun oiriúnú de réir mar a athraíonn cúinsí, chomh maith lenár n-uaillmhian in aghaidh an athraithe sin. Chuige sin, luaitear tagairtí do thionscadail ar leith lena n-áirítear bonneagar sa doiciméad seo mar shamplaí agus níor cheart glacadh leo mar liosta críochnaitheach de thionscadail dá leithéid, atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus i bhfoilseacháin eile. Mar chreatcháipéis, leagann sé amach próiseas trína gcaithfear doiciméid phleanála níos mionsonraithe a leanúint: pleanáil spásúil, pleanáil bonneagair, pleanáil shóisialta agus eacnamaíoch. Leagtar amach ann freisin prionsabail áirithe a chaithfidh na pleananna seo a leanúint, mar shampla maidir le hinbhuanaitheacht, cruthaitheacht agus pobal.

Rómhinic san am atá caite rinne ár bpolasaithe agus ár ngníomhartha iarracht smaoineamh amháin a ardú thar smaoineamh eile; fiú i gcásanna áirithe tá siad tar éis réimse amháin a bhrú in aghaidh a chéile. Is é ár n-uaillmhian fís amháin a chruthú, sraith spriocanna comhroinnte do gach pobal ar fud na tíre. Cuirtear na spriocanna sin in iúl sa Chreat seo mar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna). Is iad ár n-éachtaí comhroinnte iad agus creidimid go gcuirfidh an plean seo i gcrích iad.

## 1.2 An Fhís a Fhíorú

**Chuamar i mbun ár bhfís a bhaint amach trí:**

- straitéis dírithe ar cheantair a fhorbairt chun fás a bhainistiú;
- é seo a nascadh le Plean Forbartha Náisiúnta Tionscadal Éireann 2040;
- tailte poiblí agus príobháideacha a úsáid chun críocha straitéiseacha áirithe le cur chuige níos gníomhaí maidir le bainistiú talún;
- tacú leis seo le pleanáil neartaithe atá níos dírithe ar an gcomhshaol ag an leibhéal áitiúil; agus
- tacaíocht a thabhairt don chreat sa dlí, faoi réir Oifig an Rialálaí Pleanála, i gcomhthéacs foriomlán oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta agus Eorpacha na hÉireann.

### Straitéis chun Fás a Bhainistiú

Ó thaobh riaracháin agus pleanála de, tá Éire roinnte i dtrí réigiún: limistéir Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, an Deiscirt, agus an Oirthir agus Lár na Tíre. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag bainistiú fás níos cothroime idir na trí réigiún seo toisc go bhfuil an comhchruinniú daonra, tithe agus post is mó i mBaile Átha Cliath, agus ar bhonn níos lú i limistéar níos leithne an Oirthir agus Lár na Tíre. Ní féidir linn leanúint ar aghaidh leis seo agus mar sin tá sé mar aidhm againn dáileadh fáis de thart ar 50:50 a fheiceáil idir réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, agus réigiúin an Deiscirt agus an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus 75% den fhás a bheith lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte.

Ciallaíonn fás níos cothroime fás níos dlúithe freisin. Tá cúig chathair in Éirinn sa lá atá inniu ann ó thaobh méid an daonra de (>50,000 duine): Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Inár bplean táimid ag díriú ar na cúig chathair seo le haghaidh 50% den fhás foriomlán náisiúnta eatarthu, agus tá bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe mhóra agus bheaga na hÉireann ag freastal ar an 50% eile den fhás.

Ar ndóigh, níl ár gcúig chathair scaipthe go cothrom ar fud ár dtrí réigiún. Tá réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, chomh maith le cuid de Lár tíre, suite lasmuigh de chúlchríoch na gcathracha. Mar sin, comhlíonann Sligeach agus Baile Átha Luain róil réigiúnacha níos mó ná in áiteanna eile. Ina theannta sin, ní mór ár ndlúthchaidreamh le Tuaisceart Éireann a chur san áireamh trí aitheantas a thabhairt do na príomhnaisc idir Leitir Ceanainn agus Doire, agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An Iúr.

Leanfar leis an mbéim mhór bheartais ar lonnaíochtaí reatha a bunaíodh faoin CNP 2018 a athnuachan agus a fhorbairt, seachas ligean do leathnú leanúnach agus leathadh amach na cathrach agus na mbailte faoin tuath, agus lár na mbailte agus sráidbhailte níos lú thíos leis seo. Is é an sprioc atá ann ná go gcuirfear 40% ar a laghad de na tithe nua ar fad ar fáil laistigh de na limistéir fhoirgnithe atá ann cheana féin de chathracha, bailte agus sráidbhailte ar láithreáin inlíonta agus/nó athfhorbraíochta. Leanfar leis an gcuid eile dár dtithe a sheachadadh ar imeall lonnaíochtaí agus i gceantair thuaithe.

## An Plean Forbartha Náisiúnta

Leanfaidh an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta, a foilsíodh le chéile in 2018, ag ailíniú agus ag cruthú fís amháin d'Éirinn faoi Thionscadal Éireann 2040.

Leanfaidh straitéis infheistíochta an Rialtais d'infheistíocht chaipitil phoiblí agus d'infheistíocht na hearnála Stáit i gcoitinne ag tacú go hiomlán le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála, agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) ag sonrú na príomhthionscadail a bhainfidh lenár bpleananna a thabhairt i gcrích.

Mar chuid den infheistíocht seo, bunaíodh Cistí um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe chun aidhmeanna an Chreata Náisiúnta Pleanála a chur chun cinn agus a thacú i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe. Tacaíonn na cistí seo leis na príomhphrionsabail maidir le forbairt straitéiseach agus athnuachan ar fud ár bpobail. Sampla amháin is ea go gciallaíonn na sraitheanna tuaithe agus uirbeacha ar leith nach féidir le háiteanna leithéid 'An Caisleán Nua' dul san iomaíocht chun cistiú a fháil le cathair Luimnigh.

## Tailte Stáit a Úsáid chun Críocha Straitéiseacha

Is leis an Stát, trí údaráis áitiúla, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí agus cuideachtaí Stáit, codanna tábhachtacha dár gcathracha agus dár mbailte. Beidh ról ríthábhachtach ag forbairt na dtailte seo in athshamhlú agus athmhúnlú na gceantar uirbeacha sin, ag soláthar na dtithe, na n-ionad oibre agus an áineas a theastaíonn uainn.

I gcomhthéacs na bainistíochta foriomlán ar chumas forbartha thailte an Stáit chun tacú le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála, bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún le húdaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí agus an pobal gnó, chun leas a bhaint as Tailte Poiblí mar chatalaígh chun athghiniúint agus infheistíocht níos leithne a spreagadh.

Ina theannta sin, cuimsíonn an t-athchóiriú leanúnach ar reachtaíocht pleanála agus forbartha gníomhachtú talún agus forálacha i dtaobh bainistíocht talún atá dírithe ar a áirithiú gur féidir leas a bhaint as an acmhainneacht maidir le forbairt uirbeach agus athghiniúint i gceantar foirgnithe na gcathracha agus na mbailte.

## Pleanáil neartaithe agus níos dírithe ar an gcomhshaol ag an Leibhéal Áitiúil

Tá pleanáil don todhchaí agus forbairt ár bpobal ag an leibhéal áitiúil á athdhíriú chun dul i ngleic le déine charbóin na hÉireann per capita [1] atá níos airde ná an meán agus aistriú náisiúnta a chumasú go geilleagar iomaíoch ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi 2050, trí leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite iontach na tíre seo.

Forálann an CNP do phleanáil straitéiseach agus comhordaithe na gcathrach agus na mbailte móra trasna teorainneacha na nÚdarás Áitiúil, lena n-áirítear Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach ina dtugtar tacaíocht reachtúil dóibh sna cúig chathair, Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

Tugadh isteach próiseas pleanála úr cuíchóirithe agus comhtháite chun ár limistéir mhuirí agus comhéadan talún-farraige a bhainistiú chun an luach eacnamaíoch a ghnóthaímid as saibhreas ár n-aigéin a dhúbailt faoi 2030, agus níos mó ina dhiaidh sin.

## Le tacaíocht ó reachtaíocht agus ó Oifig Neamhspleách de chuid an Rialálaí Pleanála

Tá tacaíocht reachtach iomlán laistigh den chóras pleanála ag an gCreat Náisiúnta Pleanála, lena n-áirítear forálacha le haghaidh athbhreithnithe agus uasdátaithe rialta, chun imthosca athraitheacha a léiriú agus chun coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá.

Maidir le gach ceann de na trí réigiún, tá an Creat Náisiúnta Pleanála ionchorpraithe i Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha (RSESanna) in 2019 agus in 2020. Déanfar athbhreithniú ar na RSESanna le bheith ag teacht leis an gCreat Pleanála Náisiúnta athbhreithnithe. Titfidh timthriallta athbhreithnithe an Phlean Forbartha Contae agus Cathrach isteach ansin de réir a straitéisí réigiúnacha faoi seach, rud a chinnteoidh go ndéanfar an fhís chomhroinnte go dtí an leibhéal pleanála áitiúil.

Cruthaíodh Oifig neamhspleách an Rialálaí mar gheall ar an reachtaíocht phleanála atá mar thaca ag an gCreat Náisiúnta Pleanála in 2019, atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an CNP.

1 Tháinig laghdú ar líon na n-astaíochtaí per capita ó 12.4 tona CO2eq/duine in 2021 go 11.9 tona CO2eq/duine in 2022. Ba é 12.7 meán-tona GHG/capita na hÉireann le deich mbliana anuas. Foinse: GCC

# An Creat Náisiúnta Pleanála agus a chuid Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Tosaíochtaí an Phlean Forbartha Náisiúnta

## Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta

1. Fás
2. Inrochtaine Níos Fearr sna Réigiúin
3. Geilleagair & Pobail Tuaithe Níos Láidre
4. Iompar Inbhuanaithe
5. Geilleagar Láidir: Fiontraíocht, Nuáil & Scileanna ag tacú leis
6. Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán
7. Conláistí Feabhsaithe & an Oidhreacht
8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh Aeráide de
9. Bainistíocht inbhuanaithe Uisce, Dramhaíola & Acmhainní Eile Comhshaoil
10. Teacht ar Sheirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais & Sláinte ar Ardchaighdeán

## Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta

1. Tithíocht & Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe
2. An Líonra Náisiúnta Bóithre
3. Forbairt na Tuaithe
4. Iompar Poiblí Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de
5. Fiontraíocht, Scileanna & Acmhainn Nuála
6. Aerfoirt agus Calafoirt
7. Cultúr, Oidhreacht & Spórt
8. Gníomhú ar son na hAeráide
9. Bonneagar Uisce
10. Oideachas, Sláinte & Cúram Leanaí

## 1.3 Spriocanna Comhroinnte – Ár dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta

**Is é ár n-uaillmhian fís amháin a chruthú, sraith spriocanna comhroinnte do gach pobal ar fud na tíre. Cuirtear na spriocanna sin in iúl sa Chreat seo mar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta.**

**Is iad sin na buntáistí comhroinnte a chreidimid a bhainfidh an plean seo amach má chuirtear i bhfeidhm é de réir na gcuspóirí thuas.**

### Fás Dlúth

Trí bhainistiú cúramach a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe cathracha, bailte agus sráidbhailte dlútha, cuirfear luach leis agus cruthófar áiteanna níos tarraingtí inar féidir le daoine maireachtáil agus oibriú iontu. Cuimsíonn ár lonnaíochtaí uirbeacha go léir go leor limistéar forbartha féideartha, atá suite go lárnach agus faoi úinéireacht phoiblí go minic, atá oiriúnach agus in ann athúsáid chun tithíocht, poist, taitneamhachtaí agus seirbhísí a sholáthar, ach a dteastaíonn cur chuige cuíchóirithe agus comhordaithe uathu maidir lena bhforbairt, le hinfheistíocht i mbonneagar cumasúcháin agus ag tacú le taitneamhachtaí, chun a n-acmhainneacht a bhaint amach. Is príomhthosaíocht é na limistéir straitéiseacha seo a ghníomhachtú agus dlús agus comhdhlúthú éifeachtach a bhaint amach, seachas níos mó leathadh amach d'fhorbairt uirbeach.

### Rochtain Réigiúnach Fheabhsaithe

Comhthosaíocht is ea inrochtaineacht a fheabhsú idir príomhionaid uirbeacha daonra agus a réigiúin. Is éard atá i gceist leis sin ná a chinntiú go bhfuil leibhéal ard inrochtaineachta ag gach réigiún agus ceantar uirbeach sa tír ar Bhaile Átha Cliath, agus ar a chéile. Ní gá do gach bealach breathnú soir agus mar sin tá inrochtaineacht agus nascacht riachtanach idir áiteanna cosúil le Corcaigh agus Luimneach, chun sampla amháin a thabhairt, agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh go Gaillimh chomh maith le rochtain ar an Iarthuaisceart.

### Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

Tá ról lárnach ag ceantair thuaithe maidir lenár bhféiniúlacht a shainiú, maidir lenár ngeilleagar agus ár dtimpeallacht ardchaighdeáin a chur chun cinn agus ní mór dóibh a bheith ina gcuid mhór d'fhorbairt straitéiseach ár dtíre go dtí 2040. Chomh maith le hacmhainneacht na hearnála acmhainní nádúrtha agus bia mar cholúin thraidisiúnta an gheilleagair tuaithe, tá deiseanna feabhsaithe nascachta, leathanbhanda agus forbartha eacnamaíche tuaithe ag teacht chun cinn chun a chinntiú go bhfanfaidh agus go neartóidh ár dtuath mar phobal beo agus oibre.

### Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin

Tá ról ríthábhachtach aige seo maidir le hiomaíocht idirnáisiúnta. Bainfear é seo amach trí phríomhinfheistíochtaí inár gcalafoirt agus inár n-aerfoirt i gcomhréir le tosaíochtaí earnála atá sainithe cheana féin trí Bheartas Náisiúnta do Chalafoirt agus trí Bheartas Náisiúnta Eitlíochta agus tionscadail aitheantais ar nós Port Chorcaí - Athfhorbairt Rinn an Scidígh agus infheistíochtaí pleanáilte ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Port Bhaile Átha Cliath agus Sionainn Faing.

### Soghluaisteacht Inbhuanaithe

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, ní mór dúinn an bealach a dtaistealaímid a athrú de réir a chéile. Is féidir linn seo a dhéanamh trí spleáchas ar ghluaisteáin a laghdú agus líon na dturas a dhéantar ar mhodhanna iompair inbhuanaithe a mhéadú, is iad sin an siúl, an rothaíocht agus iompar poiblí agus iompar comhroinnte.

Mar aon le cion módach an iompair inbhuanaithe a mhéadú go mór, ní mór dúinn a áirithiú go dtagtar méadú ar an úsáid a bhainimid as feithicil leictreach nuair is gá dúinn carr a úsáid. Mar sin de, tá gá leis na bearta seo a chomhlánú trí líon na feithiclí leictreacha inár bhflít gluaisteán (EVs) a mhéadú go 30% faoi 2030. Feabhsóidh sé seo éifeachtúlacht an fhlít gluaisteán náisiúnta, agus déanfar ár gcórais soghluaisteachta d'fhlíteanna iompair phoiblí a leictriú. Ar an mbealach seo, bainfidh ár gcathracha agus ár mbailte tairbhe as timpeallacht níos glaine, níos ciúine a bheidh saor ó chórais iompair a thiomáintear ag inneall dócháin faoi 2040.

## Geilleagar Láidir le tacaíocht ó Fhiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

Braithfidh sé sin ar áiteanna a chruthú ar féidir leo fiontraíocht agus nuálaíocht a chothú agus infheistíocht agus tallann a mhealladh. Is féidir é a bhaint amach trí thiománaithe eacnamaíocha a chruthú, trí aithint agus tacaíocht a thabhairt do speisialtóireachtaí fiontraíochta agus do bhraislí a chuireann gníomhaíocht eacnamaíoch chun cinn go réigiúnach, go náisiúnta agus ar fud an oileáin, agus trí thacú le deiseanna chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú agus a neartú, chun acmhainneacht áiteanna a threisiú. Chun an toradh sin a bhaint amach, beidh gá le comhordú a dhéanamh ar fhás agus ar dhéanamh áite le hinfheistíocht i mbonneagar den chéad scoth, lena n-áirítear nascacht dhigiteach, agus i scileanna agus tallann chun tacú le hiomaíochas eacnamaíoch agus fás fiontraíochta.

## Taitneamhacht agus Oidhreacht Fheabhsaithe

Cinnteoidh sé seo go mbeidh ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte tarraingteach agus gur féidir leo caighdeán maith maireachtála a chur ar fáil. Beidh gá le hinfheistíocht i réimse poiblí dea-dheartha, lena n-áirítear spásanna poiblí, páirceanna agus sráideanna, chomh maith le bonneagar áineasa. Áirítear leis freisin taitneamhachtaí i gceantair thuaithe, amhail páirceanna náisiúnta agus foraoise, turasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus cosáin amhail glasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna. Tá sé seo nasctha lenár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha, agus ní mór di comhtháthú léi, a bhfuil luach intreach aici maidir le sainghné na gceantar uirbeach agus tuaithe a shainiú agus cur lena mealltacht agus lena mbraistint áite.

## Aistriú go Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide

Achtaíodh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) in 2021 agus tiomantas inti do sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus an sciar den leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú go 80% thar deich mbliana (2021 – 2030), agus glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach nach déanaí ná 2050 [2].

Beidh tionchar ag an sprioc seo ar roghanna infheistíochta sna blianta amach romhainn i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide agus an Creat Náisiúnta Oiriúnúcháin. Beidh gá le córais fhuinnimh nua agus eangaí tarchurtha le haghaidh córas giniúna fuinnimh atá níos dáilte, dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite, a bhainfidh leas as an acmhainneacht shuntasach ar tír agus amach ón gcósta ó fhoinsí fuinnimh mar ghaoth, tonnta agus gréine agus na foinsí is saibhre den fhuinneamh sin a nascadh leis na foinsí móra éilimh.

## Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce, Dramhaíola agus Acmhainní Comhshaoil eile

ITá acmhainní nádúrtha agus comhshaoil flúirseacha ag Éirinn ar nós ár bhfoinsí uisce atá ríthábhachtach dár bhfolláine chomhshaoil agus eacnamaíoch amach anseo. Beidh caomhnú agus feabhsú cháilíocht na n-acmhainní seo níos tábhachtaí i ndomhan plódaithe agus iomaíoch chomh maith lenár gcumas úsáidí tairbhiúla a chruthú ó tháirgí a measadh roimhe seo mar dhramhaíl, rud a chruthóidh tairbhí eacnamaíocha ciorclacha.

## Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán

Saintréith shainiúil d'áiteanna tarraingteacha, rathúla agus iomaíocha is ea rochtain mhaith ar réimse seirbhísí oideachais agus sláinte ar ardchaighdeán, i gcoibhneas le scála réigiúin, cathrach, baile, comharsanachta nó pobail. Le fás dlúth cliste i gceantair uirbeacha agus pobail tuaithe atá láidir agus cobhsaí, beifear in ann raon seirbhísí inrochtana a sholáthar go feabhsaithe agus go héifeachtach.

2 An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021

## 1.4 Cad a tharlaíonn mura ndéanaimid aon rud?

### Ag foghlaim ón Am atá thart – Straitéis Spáis Náisiúnta 2002

In 2002, foilsíodh an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) mar phlean spásúil 20 bliain chun forbairt agus infheistíocht sa todhchaí a threorú agus a stiúradh. Díríodh cuid mhaith den bhéim den cháipéis ar ainmníodh cathracha agus bailte mar 'thairsí' nó 'moil' chun fás a spreagadh agus scála a thógáil sna réigiúin agus sna ceantair máguaird. D'eascair dearcadh as sin ar 'bhuaiteoirí' agus ar 'chaillteoirí' a bhain an bonn de na cuspóirí a bhí an NSS ag iarraidh a bhaint amach.

Níorbh plean reachtúil le tacaíocht reachtach a bhí i gceist leis an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) agus cé go raibh tionchar aige ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, bhain na coinníollacha eacnamaíocha ina dhiaidh sin ó 2008 ar aghaidh an bonn d'acmhainneacht eacnamaíoch na hÉireann maidir leis an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) a chur i bhfeidhm.

**[3] Moladh i dtuarascáil Ghrúpa Saineolaithe a rinne athbhreithniú ar an Straitéis Spáis Náisiúnta in 2014:**

- "Cé go bhfuil Baile Átha Cliath chun tosaigh san iomaíocht idirnáisiúnta le haghaidh infheistíocht shoghluaiste agus infheistíocht isteach, ní mór leas a bhaint as acmhainneacht suíomhanna eile;
- Ós rud é go bhfuil claonadh ag an saineolas atá ag teastáil chun dul san iomaíocht go rathúil go hidirnáisiúnta, mar aon le seirbhísí tacaíochta agus an tairiscint chultúrtha atá ag éirí níos tábhachtaí, díriú ar mhórionaid uirbeacha, ní mór do gach cuid d'Éirinn an deis a sholáthar d'fhorbairt dhírithe;
- Gan an fócas agus an bhéim sin, d'fhéadfadh meath dochúlaithe a bheith i ndán don mhórcheantar, agus mura ndéantar an fheidhmíocht réigiúnach a bharrfheabhsú, beidh brú neamh-inbhuanaithe ar Bhaile Átha Cliath, agus beidh feidhmíocht náisiúnta thíos leis dá bharr,
- Tá an gá le béim níos mó in áiteanna ag teacht leis na srianta móra ar acmhainní, rud a chiallaíonn gur chóir tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a ghnóthaíonn na sochair chultúrtha, eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta is mó.

### 2023 Athbhreithniú an Ghrúpa Saineolaithe **2018 Straitéis agus Cur chun Feidhme CNP**

Tugann Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe, a foilsíodh in 2023 agus a roghnaíodh chun athbhreithniú ardleibhéil a dhéanamh ar an CNP agus ar a chur i bhfeidhm, léargas luachmhar agus chuidigh sé leis an gCreat athbhreithnithe a ullmhú. Trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, d'aithin an Grúpa go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann do straitéis an CNP agus don chur chuige fadtéarmach atá bunaithe ar phrionsabail a ghlacann sé. Ina theannta sin, mhol an Grúpa go dtiocfadh le hathbhreithniú an CNP, an Straitéis a neartú ar thrí bhealach leathan:

- Ba cheart spriocanna maidir le fás dlúth a bheith níos uaillmhianaí agus níos soiléire;
- Ba cheart róil na gcomhlachtaí atá bainteach ina cur chun feidhme a shoiléiriú agus a neartú (go háirithe maidir le Pleananna Straitéiseacha an Limistéir Uirbigh) agus córas curtha chun feidhme le haghaidh tomhas níos mionsonraithe agus monatóireacht ar a dul chun cinn; agus
- Ba cheart go mbeadh comhordú níos fearr ar leibhéal an rialtais iomláin ar fud na dtionscadal bonneagair go léir (lena n-áirítear an NDP) agus ba cheart go ndéanfaí iarrachtaí nua chun tacaíocht níos leithne a ghiniúint don phleanáil spásúlachta náisiúnta ar fud na sochaí ar fad.

3 Chinn an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) in 2013 agus d'iarr sé ar Ghrúpa Saineolaithe tuairimí a thabhairt maidir leis an dóigh a dtiocfadh aghaidh a thabhairt ar an Straitéis leasaithe.

**Tuigtear ón anailís ar threochtaí forbartha, a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta Sóisialta (ESRI) mar ullmhúchán don CNP 2018 chun réimse cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn go 2040, gur féidir le réimse drochthorthaí eascairt as easpa straitéis phleanála níos inbhuanaithe don Tír, lena n-áirítear:**



**Leanfar den fhás sraoilleála** thart ar chathracha agus bailte móra, an chuid is mó de lasmuigh díobh.



**Marbhántacht i ndán do lár cathracha agus do na limistéir fo-uirbeacha is sine,** agus caillfear deiseanna leas a bhaint as an mbonneagar agus as seirbhísí reatha.

**Fás faoi chathracha ar nós Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge**,ach ní ar an ráta ná an scála a theastódh le go mbeidís ina roghanna réadúla ar Bhaile Átha Cliath.



**Daonra agus poist á n-aistriú soir i gcónaí** agus go dtí na contaetha thart ar Bhaile Átha Cliath go háirithe.





**Timpeallacht dhíghrádaithe,** talamh feimeoireachta agus gnáthaimh á gcailliúint d'fhorbairt úrnua den chuid is mó, agus baol breise go dtruailleofar an screamhuisce.



**Achar níos faide idir áiteanna cónaí agus áiteanna oibre** mar, ainneoin athruithe teicneolaíochta, is fearr leis an iliomad gnó na deiseanna fostaíochta amach anseo a chruthú i ngar do limistéir uirbeacha.



**Míbhuntáiste sóisialta agus éagothroime** á mbuanú i ngeall ar an suíomh geografach.



**Dúbláil ar an infheistíocht nua i seirbhísí** agus i mbonneagar i limistéir mhearfháis.



**Limistéir tuaithe agus bailte tuaithe ag meath** atá i bhfad ó na mórionaid uirbeacha daonra.

**Gan ord ná eagar ar an bpleanáil bonneagair agus sa ghníomhú ar son na haeráide,** ag frithghníomhú in aghaidh treochtaí seachas ag ullmhú do thodhchaí ísealcharbóin/saor ó charbón.



# Roinnt Príomhfhíricí agus Príomhfhigiúirí




Nuair a dhéantar aschur eacnamaíoch agus seasmhacht a thomhas, tá Éire go daingean ar cheann de na deich dtír is fearr ar domhan, ag scóráil go hard ó thaobh olltáirgeacht intíre nó OTI per capita[4] forbairt dhaonna[5] daonlathas[6] agus infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI).




Níl rangú comparáide na hÉireann i réimsí cosúil le cáilíocht na beatha[7] agus feidhmíocht chomhshaoil[8] chomh hard, rud a fhágann go bhfuilimid díreach laistigh de na cúig thír is fiche is fearr ar domhan.



Dá bharr sin, beidh gá le thart ar 50,000 teaghlach breise in aghaidh na bliana go dtí 2040.




Measann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta[9] go méadóidh daonra na hÉireann thart ar aon mhilliún duine don bhliain 2022, go dtí thart ar 6.1 milliún duine faoi 2040.




Déanfaidh an daonra os cionn 65 bliain d'aois níos mó ná dúbailt go 1.3 milliún, nó go 23% den iomlán, agus tiocfaidh laghdú thart ar 10% ar na daoine faoi bhun 15 bliana d'aois agus fanfaidh na huimhreacha díreach faoi bhun aon mhilliún amháin in 2040.



Leanfaidh bealaí nua oibre, comhpháirtithe trádála nua agus caidrimh nua idir táirgeoirí agus tomhaltóirí ag athrú an tírdhreacha gnó.



Tá an t-éileamh foriomlán ar áiteanna scoile faoi láthair tar éis buaicphointe a bhaint amach go náisiúnta ach tá éileamh láidir i gcónaí ar áiteanna scoile sa bhreis i gceantair ina bhfuil fás ard ar an daonra. Leanann an t-éileamh ar sholáthar oideachais speisialta ag dul i méid go láidir freisin, rud a léiríonn gur mó anois ná riamh é cé chomh coitianta agus atá an t-uathachas. Bainfidh an t-éileamh ar áiteanna oideachais tríú leibhéal buaicphointe amach níos déanaí sna deich mbliana atá romhainn.



Beidh athrú ar chúrsaí oibre mar gheall ar an aistriú leanúnach chuig geilleagar eolasbhunaithe, an méadú atá ag teacht ar ról seirbhísí agus an fás atá ar obair hibrideach. Tá seo go léir ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta agus beidh éileamh ar lucht saothair léannta agus oilte mar gheall ar na treochtaí seo.

4 An Banc Domhanda, 2022.
5 Na Náisiúin Aontaithe, 2023.
6 Na Náisiúin Aontaithe, 2023.
7 Aonad Faisnéise Eacnamaithe, 2023.
8 Innéacs Feidhmíochta an Chomhshaoil, 2022.
9 Bergin, A., and Egan, P. (2024). Réamh-mheastachán daonra, sruth na dtithe nua agus éileamh struchtúrach ar thithíocht, Sraith Thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 190, Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

## 1.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár na pleanála fadtéarmaí agus féachann an Creat Náisiúnta Pleanála lena chinntiú go bhfreastalaíonn na cinntí a dhéanaimid inniu ar ár riachtanais féin gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas. Is freagracht chomhchoiteann orainn go léir an dúshlán a bhaineann le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú d'Éirinn.

Ó 2015 i leith, tá Éire ina sínitheoir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIanna), a leagann cláir oibre agus beartais náisiúnta le chéile go dtí 2030. Cuireann na SFIanna le Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe (SFManna) agus tá clár oibre níos leithne acu a bhaineann le gach tír.

Tá ailíniú suntasach idir SFInna na Náisiún Aontaithe agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOanna) an Chreata Náisiúnta Pleanála i réimsí amhail gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh glan, cathracha agus pobail inbhuanaithe, fás eacnamaíoch, neamhionannais laghdaithe agus nuálaíocht agus bonneagar, chomh maith le hoideachas agus sláinte.




## 1.6 Measúnachtaí Timpeallachta

Mar chuid d'ullmhú an chéad Athbhreithnithe ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, tá roinnt measúnuithe comhshaoil á ndéanamh. Áirítear leo sin Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnacht Chuí (AA) agus Measúnú Straitéiseach ar Phriacail Tuile (SFRA) chomh maith.

Déantar na measúnuithe seo ionas gur féidir tionchar ardleibhéil na gCuspóirí Beartais Náisiúnta agus na dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta ar an gcomhshaol atá beartaithe ar an gcomhshaol a luacháil agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoin CNP.

Déantar amhlaidh lena chinntiú go bhfreagraíonn aon chuspóirí d'íogaireachtaí agus do riachtanais an chomhshaoil i gcoitinne i.e. na tionchair ionchasacha comhshaoil a bheadh ag cinntí maidir le freastal ar fhás agus ar fhorbairt na todhchaí agus an dóigh ar féidir tionchair dhiúltacha a laghdú, a chúiteamh, nó a sheachaint.

Tá na trí thuarascáil measúnaithe ar leith seo ina sonraítear an cúlra reachtaíochta agus an cúlra beartais atá ag gabháil leis an dréacht-Athbhreithniú seo.

Mar chuid de mheasúnú an Chreata, tá bearta maolaithe agus athruithe ar théacs molta ar an dréacht Chreat i dTuarascáil Timpeallachta MST, i Ráiteas Tionchar Natura MO agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuile, agus ar na CBNanna agus TSNanna atá sainaitheanta mar gheall ar a dtionchair fhéideartha ar an timpeallacht ghlactha.



## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is é is cuspóir leis an MST luacháil a dhéanamh, ag céim luath, ar réimse na n-iarmhairtí comhshaoil a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar chur chun feidhme an Chéad Athbhreithniú CNP agus deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairim a thabhairt faoi na tionchair chomhshaoil bhraite nó iarbhír a bheadh leis an togra.

Rinneadh Treoir (2001/42/CE) ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Measúnacht ar Éifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe maidir leis an gComhshaol (an Treoir MST), a thrasuíomh sa reachtaíocht náisiúnta in Éirinn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) Rialachán 2004 (I.R. Uimh. 435/2004) agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (I.R. 436/2004), arna leasú.

Mar atá taifeadta sa Treoir, is é is cuspóir leis an MST "soláthar a dhéanamh le haghaidh ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus cur le comhtháthú cúrsaí comhshaoil in ullmhú agus glacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.".

Tríd an MST, rinneadh breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa Chreat trí:

- Forbairt agus measúnú roghanna malartacha;
- Measúnú agus mionleasú ar Chuspóirí Beartais Náisiúnta (CBNanna) agus ar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna);
- Bearta maolaithe molta le dul i ngleic le tionchair ionchasacha a eascraíonn as na roghanna, nuair atá na CBNanna agus TSNanna breithnithe; agus Bearta maolaithe molta le dul i ngleic le tionchair ionchasacha a eascraíonn as na roghanna, nuair atá na CBNanna agus TSNanna breithnithe; agus
- Téacs breise tacaíochta leis na tiomantais sa CNP a neartú ar son chosaint an chomhshaoil.

Ag aithint na féidearthachta go mbeidh éifeachtaí trasteorann ann le Tuaisceart Éireann, trí phleanáil chomhordaithe spásúil, chuathas i gcomhairle le Roinn Talmhaíochta, Timpeallachta agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA), atá freagrach as MST i dTuaisceart Éireann, agus le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann mar chuid d'ullmhúchán an Chreata.

## Measúnacht Oiriúnach

Is próiseas é an Mheasúnacht Oiriúnach (MO) le tabhairt faoi mheasúnú cuimsitheach ar thionchar éiceolaíoch plean nó tionscadail ar bith, lena impleachtaí a scrúdú, as féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shuíomh amháin nó níos mó de na Láithreáin Eorpacha i bhfianaise Chuspóirí Caomhantais an láithreáin, mar atá luaite in Alt 6(3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

Faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú, ar a dtugtar an Treoir maidir le Gnáthóga, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) a ainmniú chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh a chosaint agus a chaomhnú. Ainmnítear Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SACanna) faoin Treoir um Chaomhnú Éan Fiáine (79/409/CEE) mar atá códaithe le Treoir 2009/147/CE.

Trasuíodh an Treoir um Ghnáthóga isteach i ndlí na hÉireann ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 go 2021 (arna leasú). I gcomhthéacs dréacht an CNP, is reachtaíocht rialaitheach go príomha é Rialachán 42A a thagann ó Rialacháin na nÉan agus na nGnáthóg 2021 agus leagtar dualgais na n-údarás poiblí amach maidir le caomhantas dúlra.

Tá an dualgas ar údaráis áitiúla, agus a gcuid feidhmeanna á gcleachtadh acu, bearta cuí a dhéanamh chun meath na ngnáthóg nádúrtha agus na ngnáthóg speiceas i Láithreáin Eorpacha, a sheachaint, chomh maith le cur isteach ar speicis a bhfuil suíomh ainmnithe dóibh a oiread is a d'fhéadfadh an cur isteach sin bheith suntasach maidir le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga. Tá Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ullmhaithe le tacú leis an phróiseas MO le haird á tabhairt ar riachtanais reachtúla an AE agus ar an dlí náisiúnta.

## Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile

Tá méadú ar riosca tuilte de thoradh phleanáil na talamhúsáide, thar aon rud eile, ar cheann de na saincheisteanna oidhreachta is costasaí (comhshaol, sóisialta agus eacnamaíocha) atá ann mar gheall ar chinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla talamhúsáide roimhe seo. Cabhróidh na cuspóirí agus na torthaí beartais sa CNP leis na saincheisteanna oidhreachta agus cosnóidh siad pleananna na todhchaí, ar nós na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus na bPleananna Forbartha Contae atá forbartha faoin CNP.



Is é cuspóir an MSTR a chinntiú go gcuirfear riosca tuilte san áireamh i mbeartas pleanála agus freastal á dhéanamh ar fhás sa todhchaí agus gur féidir tabhairt faoi na riachtanais phleanála agus bhonneagair atá ag teastáil le fás ionchasach a éascú.

Ba phríomhspreagthaí ar an mbealach a bhainistíonn Éire priacail tuile iad Treoir Tuilte an AE agus an Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistithe Priacail Tuile 2009. Rinneadh an clár Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Abhantrach (MBRTA) a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais na spreagthaí sin agus tá measúnú cuimsitheach ar limistéir ardriosca tuilte agus pleananna beartaithe chun riosca a mhaolú agus a laghdú in Éirinn curtha ar fáil acu. I gcomhthráth leis an gClár CFRAM (Measúnú agus Bainistiú Priacail do Limistéar Tuilte) agus chun forbairt mhíchuí i limistéir ina bhfuil ardriosca tuile a mhaolú.

Tá na Treoirlínte Riosca Tuilte lárnach d'fhorbairt an MSTR. Leagann an príomhdhoiciméad treorach seo meicníochtaí cuimsitheacha amach chun úsáid talún agus pleanáil bonneagair a chomhtháthú leis an gcleachtas is fearr maidir le bainistíocht riosca tuilte. Tugtar isteach an coincheap 'cur chuige seicheamhach' sna Treoirlínte, i gcás gurb é an chéad toisc, ar gach leibhéal den phleanáil, an prionsabal go seachnófar limistéir ardriosca tuilte, agus mura mbíonn sé sin praiticiúil, go ndéanfar rogha mhalartach maidir le húsáid talún a mheas nach mbeadh chomh soghonta.

Nuair nach féidir seachaint ná ionadú a dhéanamh, ní mór argóint théagartha a dhéanamh, mar aon le bearta maolaithe inbhuanaithe, lena chinntiú nach méadóidh an fhorbairt bheartaithe an riosca tuilte, faoi láthair nó amach anseo, nuair a chuirtear na tionchair atá tuartha ón athrú aeráide san áireamh go hiomlán.

## 1.7 Breithnithe Comhshaoil a Chomhtháthú sa Chóras Pleanála

Is creatdhoiciméad straitéiseach é an Creat Náisiúnta Pleanála a fhaigheann tacaíocht ó shraith láidir de phleananna réigiúnacha agus áitiúla laistigh d'ordlathas foriomlán. De réir mar a dhéanfar na sonraí a fhorbairt síos tríd an ordlathas, beidh gá le deis bhreise chun measúnú fócasaithe a dhéanamh mar threoir don chinnteoireacht ag mionleibhéal nach féidir a dhéanamh ar scála náisiúnta.

Tá sé tábhachtach mar sin nuair a dhéantar athbhreithniú nó athruithe ar straitéisí agus pleananna eile chun cuspóirí agus torthaí an bheartais náisiúnta a léiriú sa Chreat Náisiúnta Pleanála gur cheart dóibh aon riachtanais chomhshaoil ábhartha a mheas freisin. Is ceart go mbeadh breithmheas timpeallachta san áireamh i ngach staidéar imscrúdaitheach agus féidearthachta a dhéanfar le tacú le cinnteoireacht maidir leis an gCreat seo ina mbreithnítear na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol i gcoitinne, lena n-áirítear, go sonrach, Líonra Natura 2000.

Ag leibhéal an tionscadail, ní mór ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas, de réir mar is ábhartha, a bheith le gach iarratas ar thoilithe forbartha do thionscadail a eascróidh as beartas ar bith a d'fhéadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol:

- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta Éiceolaíochta; Tuarascáil Timpeallachta;
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil);
- Ráiteas Tionchair Natura má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil).

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 1**

***A chinntiú go bhfuil gach plean, tionscadal agus gníomhaíocht a bhfuil toiliú riachtanach dóibh, a eascraíonn as an gCreat Náisiúnta Pleanála faoi réir na gceanglas ábhartha comhshaoil lena n-áirítear MST, MTT, SFRA agus MO de réir mar is cuí.***

### An gaol idir an Creat Náisiúnta Pleanála agus pleananna/cláir eile

Fiosraíodh réimsí tábhachtacha beartais amhail pleanáil spásúlachta muirí agus talamhúsáide, athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, tuilte, talmhaíocht, seirbhísí uisce agus fuíolluisce, dramhaíl agus caomhnú ó thaobh an ghaoil agus na n-idirghníomhaíochta leis an CNP.

Mar shampla, treisítear príomhchoincheapa an phrionsabal réamhchúraim agus an chur chuige seicheamhach sa MSTR don Chreat, chomh maith leis an gceangal leis an Straitéis Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Creat-treoir Uisce an AE.

Ag aithint na féidearthachta go mbeidh éifeachtaí trasteorann ann le Tuaisceart Éireann, trí phleanáil chomhordaithe spásúil, chuathas i gcomhairle le Roinn Talmhaíochta, Timpeallachta agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA), atá freagrach as MST i dTuaisceart Éireann, agus le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann mar chuid d'ullmhúchán an Chreata.



# 2 Bealach Úr chun Tosaigh

Is é cuspóir an Chreata Náisiúnta Pleanála a chur ar chumas gach áit d'Éirinn, cibé acu tuaithe nó uirbeach, freastal go rathúil ar fhás agus ar athrú, trí aistriú i dtreo réigiúin agus chathracha na hÉireann seachas Baile Átha Cliath a éascú, agus ról lárnach leanúnach Bhaile Átha Cliath á aithint ag an am céanna.

## 2.1 Uaillmhian agus Acmhainneacht a Bhaint Amach

**Is é cuspóir an Chreata Náisiúnta Pleanála a chur ar chumas gach áit d'Éirinn, cibé acu tuaithe nó uirbeach, freastal go rathúil ar fhás agus ar athrú, trí aistriú i dtreo réigiúin agus chathracha na hÉireann seachas Baile Átha Cliath a éascú, agus ról lárnach leanúnach Bhaile Átha Cliath á aithint ag an am céanna.**

Is creat fadtéarmach é an CNP a leagann amach conas is féidir le hÉirinn bogadh ar shiúl ón bpatrún forbartha 'gnó mar is gnách.'. Ciallaíonn sé seo go bhféachann sé le cur isteach ar threochtaí atá soiléir le caoga bliain anuas agus a bhfuil dlús curtha leo le cúig bliana is fiche anuas.

Ní bhainfear treocht -fhadtéarmach amach thar oíche ná fiú i gceann roinnt blianta. Beidh cothromaíocht chúramach ag teastáil, go bhfuil sé dírithe go soiléir ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, go mbeifear in ann an uaillmhian agus an poitéinseal forleathan atá ann go soiléir ar fud na tíre a bhaint amach.

Mar na hionaid daonra, fostaíochta agus seirbhísí is mó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, leanfaidh na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, ag cur fócas ar fáil dá réigiúin. Mar sin féin, beidh gá le comhacmhainneacht na gceithre chathair a bhaint amach ag ráta nach bhfacthas riamh cheana, chun roghanna inmharthana eile a chruthú seachas Baile Átha Cliath, a gcaithfidh ann féin leanúint ar aghaidh ag freastal ar fhás.

I bhfianaise éagsúlacht na bpobal tuaithe agus uirbeach ar fud na hÉireann, gach ceann acu le cumas fáis agus forbartha ar féidir leo tionchar suntasach a imirt ar a gceantair máguaird, díríonn an Creat seo ar an bhfás féideartha do bhailte móra agus beaga, sráidbhailte agus ceantair thuaithe na hÉireann agus a oiread agus a dhéanann sé do na cúig chathair.

Tá na ceithre chathair agus Baile Átha Cliath scaipthe go geografach, ach ní bhaineann a dtionchar le gach cuid d'Éirinn, go háirithe réigiúin an Iarthuaiscirt agus Lár Tíre. Tá sé ríthábhachtach go bhfreastalaíonn ionaid fhostaíochta agus seirbhísí inrochtana ar na réigiúin sin freisin a d'fhéadfadh a bheith ina phointe fócasach le haghaidh infheistíochta agus a bhfuil an tionchar réigiúnach is leithne is féidir acu. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, is léir go gcomhlíonann Sligeach san Iarthuaisceart agus i mBaile Átha Luain i Lár tíre na róil sin níos mó ná in áiteanna eile.

Is amhlaidh freisin go bhfuil idirghníomhaíochtaí suntasacha trasteorann dírithe ar phríomhghréasáin lonnaíochta, go háirithe Leitir Ceanainn- Doire i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt agus Droichead Átha-Dún Dealgan-Iúr Cinn Trá i gcomhthéacs chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste. Tá an acmhainneacht fáis a bhaineann leis na líonraí idirghaolmhara seo tábhachtach freisin don fhorbairt réigiúnach.

D'ainneoin na mbreithnithe sin, cuirtear béim ar shocraíocht nach sainaithnítear go sonrach nó nach bhfuil spriocanna sonracha leagtha síos ina leith sa Chreat náisiúnta seo, nach bhfuil bac ar bith ar fhás ná ar infheistíocht amach anseo. Ní mór é seo a bhreithniú ar scála réigiúnach agus áitiúil, a bhfuil próisis phleanála reachtúla ann ina leith, agus an comhthéacs ginearálta atá leagtha síos ag an CNP á chur san áireamh. Ligeann sé seo do chinnteoireacht ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, rud a chuirfidh ar chumas infheistíocht a ailíniú i gceart leis an bpleanáil, chun na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a aithníodh a bhaint amach.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear gné den fhás amach anseo a aithint le bheith ar siúl i bpríomhionaid agus i mbailte réigiúnacha na hÉireann, chun forbairt a réigiún a stiúradh. Beidh baint ag an méid tosaíochta leis an méid a dhíreofar in áiteanna eile agus beidh tionchar iarmhartach aige, ach cumasaíonn an Creat seo scóip shuntasach d'uaillmhian agus d'fhorbairt chothrom tuaithe agus uirbeach, le tacaíocht ó infheistíocht a mheaitseáil, ar fud na hÉireann, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

Ní mór roghanna a dhéanamh mar sin chun tacaíocht a thabhairt d'ionaid réigiúnacha agus do bhailte, agus a chinntiú go bhfuil bonn éifeachtach ann le haghaidh pleanála agus infheistíochta i mbonneagar agus i seirbhísí. Agus comhthéacs á leagan amach chun díriú ar fhás amach anseo, ní fhéachann an Creat seo le teorainn a chur le hacmhainneacht áiteanna ná teorainn a chur leis. Soláthraíonn sé, áfach, pointe tagartha agus comhordaithe coiteann, bunaithe ar an bhfianaise is déanaí atá ar fáil, atá le cur i bhfeidhm go náisiúnta.

> **Mar na hionaid daonra, fostaíochta agus seirbhísí is mó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, leanfaidh na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, ag cur fócas ar fáil dá réigiúin.**

## 2.2 Forbhreathnú ar Straitéis CNP

**Is í an phríomhcheist a dtugtar aghaidh uirthi sa Chreat seo ná an áit is fearr chun pleanáil a dhéanamh dár ndaonra agus dár ngeilleagar atá ag fás.**

Agus é sin á dhéanamh, is gá foghlaim ó thaithí roimhe seo agus bealach nua chun cinn a leagan amach a d'fhéadfadh fás amach anseo a dhíriú. Tá an CNP ailínithe le socruithe nua agus feabhsaithe infheistíochta agus rialachais agus tacóidh siad leo. Mar straitéis, tá gach gné le cur chun feidhme le chéile agus tá siad comhlántach lena chéile:

### Trí Réigiún na hÉireann

- Ag díriú ar leibhéal fáis i Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus i nDeisceart na tíre le chéile, chun an méid a réamh-mheastar i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a mheaitseáil ar a laghad.
- Rochtain ón iarthuaisceart go Baile Átha Cliath agus an oirthir a fheabhsú agus go Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge ó dheas.
- Rochtain idir Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge a fheabhsú.
- Aitheantas a thabhairt don mhéid a chomhlíonann Sligeach san Iarthuaisceart agus i mBaile Átha Luain i Lár Tíre ról na lárionad réigiúnach.
- Aitheantas a thabhairt do Leitir Ceanainn i gcomhthéacs Cheantair Cathrach an Iarthuaiscirt agus Droichead Átha-Dún Dealgan i gcomhthéacs chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste mar ghréasáin thábhachtacha trasteorann d'fhorbairt réigiúnach.
- Trí phróiseas na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha do gach limistéar Tionóil Réigiúnach a chumasú, lárionaid réigiúnacha daonra agus fás fostaíochta.
- Tosaíocht a thabhairt do bhonneagar cumasúcháin i ngach réigiún chun fás a chur chun cinn nuair is gá leis.
- Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do speisialtóireachtaí fiontraíochta agus do bhraislí, a d'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn i ngach réigiún.

### Príomhchathair na hÉireann

- Tacú le fás agus rath Bhaile Átha Cliath amach anseo mar phríomhchathair dhomhanda na hÉireann maidir le scála, trí bhainistiú níos fearr a dhéanamh ar fhás Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú gur féidir freastal ar níos mó di laistigh agus gar don chathair agus i limistéar cathrach.
- Fás suntasach daonra agus post a chumasú i gceantar cathrach Bhaile Átha Cliath, mar aon le bainistíocht níos fearr ar an treocht i dtreo sceitheadh daonra isteach sna contaetha máguaird.
- Aghaidh a thabhairt ar scrogaill bhonneagair, feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na saoránach agus soláthar tithíochta a mhéadú sna háiteanna cearta.

### Cathracha na hÉireann

- Tacú le spriocanna uaillmhianacha fáis chun cur ar chumas cheithre chathair Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge fás 50% don bhliain 2016 go dtí 2040 agus cur lena n-acmhainneacht shuntasach a bheith ina gcathracha scála.
- Cur ar chumas na gceithre chathair a bheith ina dtiománaithe réigiúnacha agus a bheith i gcomhpháirtíocht lena chéile agus mar chomhpháirtithe i líonraí réigiúnacha/idir-réigiúnacha mar roghanna malartacha inmharthana ar Bhaile Átha Cliath.
- Infheistíocht a dhíriú chun feabhas a chur ar an 'tairiscint' chomhchoiteann laistigh de gach ceann de na ceithre chathair, i.e. bonneagar, cáilíocht saoil agus rogha i dtéarmaí tithíochta, fostaíochta agus taitneamhachtaí.
- Tionchar na digiteála a aithint ó thaobh beocht na cathrach, lena n-áirítear pátrúin siopadóireachta agus pátrúin oibre atá athraithe, agus cur chuige beartais freagrúil a chur chun cinn i gcás inar gá.

### Creatlach Tuaithe na hÉireann

- Aghaidh a thabhairt ar mheath daonra baile/sráidbhaile agus tuaithe go háirithe i gcás inar tharla sé le himeacht ama, trí róil agus feidhmeanna nua a chur chun cinn d'fhoirgnimh, sráideanna agus láithreáin.
- Tacú le fás inbhuanaithe na bpobal tuaithe, chun forbairt a chur san áireamh i gceantair thuaithe.

  Cur chuige faoi stiúir údaráis áitiúil atá pleanáilte i gceart a chur i bhfeidhm chun na riachtanais tithíochta a thagann chun cinn i gceantair thuaithe a aithint, a chomhlíonadh agus a bhainistiú.
- Feabhas a chur ar nascacht áitiúil le príomhghréasáin chumarsáide (leathanbhanda), fuinnimh, iompair agus uisce.
- Deiseanna eacnamaíocha nua a eascraíonn as nascacht dhigiteach agus nuálaíocht agus fiontraíocht dhúchasach a chur chun cinn, lena n-áirítear moil chianoibre, chomh maith le sócmhainní nádúrtha agus acmhainní níos traidisiúnta (e.g. bia, fuinneamh, turasóireacht), a bhfuil caighdeán na beatha mar bhonn taca leo.
- I gcomhthéacs aistriú na hÉireann i dtreo geilleagar aeráid-neodrach, ar mhaithe le haistriú cóir a áirithiú, laistigh den chreat reachtach níos leithne ar son na haeráide, ag cur fostaíocht agus deiseanna nua ar fáil, agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd is mó atá faoi thionchar diúltach.

### Fás Dlúth

- Díriú ar sciar níos mó (40%) d'fhorbairt tithíochta amach anseo a bheith laistigh den 'lorg' atá ann cheana féin i gceantair fhoirgnithe.
- Úsáid níos fearr a bhaint as talamh agus foirgnimh tearcúsáidte, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta', 'athfhorbraíochta' agus láithreáin faoi úinéireacht phoiblí agus foirgnimh fholmha agus tearc-áitithe, le dlús tithíochta agus post níos airde, seirbhísithe níos fearr ag saoráidí atá ann cheana féin agus iompar poiblí.
- Tacaíocht a thabhairt d'athnuachan uirbeach agus athnuachan tuaithe tríd An Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) agus An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) agus cláir eile dírithe ar fholúntas, ar fhaillí agus ar thacaíocht a thabhairt d'athfhorás athfhorbraíochta.

## Trí Reigiún na hÉireann

Leibhéal fáis a spriocdhíriú i Réigiúin an Tuaiscirt agus Iarthair agus an Deiscirt le chéile, a mheaitseálfadh, ar a laghad, an leibhéal a fortheilgeadh do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

## Fás Comhchruinnithe

Comhréir níos mó (40%) d'fhorbairtí tithíochta amach anseo le díriú laistigh de, agus i ngar do, 'lorg' reatha na limistéar faoi fhoirgnimh




## Uige Tuaithe na hÉireann

An meath ar bhailte/sráidbhailte agus ar dhaonra na tuaithe a chasadh timpeall, trí rólanna agus feidhmeanna nua a mholadh d'fhoirgnimh, do shráideanna agus do láithreáin.

## Cathracha na hÉireann

Tacaíocht do spriocanna treallúsacha fáis agus na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge a chumasú chun fás 50% ar a laghad a dhéanamh faoi 2040, agus a n-acmhainneacht shuntasach a fheabhsú le cathracha scála a dhéanamh díobh.

## Príomhchathair na hÉireann

Ag tacú le fás agus rath Bhaile Átha Cliath mar mhórchathair dhomhanda scála, ag déanamh bainistiú níos fearr ar fhás Bhaile Átha Cliath chun a áirithiú gur féidir níos mó de a chuimsiú laistigh den chathair agus i ngar di.

**Tá na beartais éagsúla sa Chreat seo struchtúrtha faoi Chuspóirí Beartais Náisiúnta (CBNanna). Coinnítear an chuid is mó de CBNanna faoin CNP athbhreithnithe, tá cuid acu nuashonraithe agus leasaithe agus tá roinnt CBNanna nua curtha isteach. Forbraíodh iad mar thoradh ar anailís agus comhairliúchán fairsing agus leag siad bealach chun cinn don phleanáil réigiúnach agus áitiúil agus don bheartas forbartha inbhuanaithe in Éirinn. Leagtar béim orthu ar fud an Doiciméid agus tá siad liostaithe le chéile in Aguisín 1.**

### An Comhshaol a Chomhtháthú i bPleanáil don Todhchaí

Agus an Creat Náisiúnta Pleanála á fhorbairt agus á athbhreithniú aithníodh go láidir an gá atá le cúinsí comhshaoil a chomhtháthú i bpleanáil úsáide talún ar bhealach a fhreagraíonn d'íogaireachtaí agus riachtanais na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne. Beidh forbairt agus bonneagar mar thoradh ar sheachadadh na físe a leagtar amach sa Chreat seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an timpeallacht ghlactha.

Chun a chinntiú go ndéantar na tionchair fhéideartha seo a mheas ag an leibhéal straitéiseach seo agus chun na ceanglais maidir le leibhéil níos ísle pleanála a chur in iúl, tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnacht Oiriúnach (MO) agus Breithmheas Straitéiseach ar Riosca Tuilte (SFRA) á chur i gcrích mar chuid d'ullmhú an Chreata athbhreithnithe seo agus beidh na torthaí mar chuid den phróiseas.

Áiríodh leis na próisis mheasúnaithe chomhtháite chomhshaoil seo roinnt roghanna straitéiseacha a fhorbairt agus a mheas agus measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na Cuspóirí Beartais Náisiúnta a leanann. Déantar tagairt do na measúnuithe sa Dréacht-Tuarascáil Chomhshaoil MST a ghabhann leis, a fhoilsítear mar dhoiciméad ar leithligh in éineacht leis an Ráiteas Tionchair Natura agus an Dréacht-Tuarascáil Straitéiseach ar Bhreithmheas Riosca i gcás Tuilte.

## 2.3 Forbairt Straitéise

### Réamh-mheastacháin

Gné lárnach den Chreat seo is ea réamh-mheas a dhéanamh ar an gcaoi a dtiocfaidh fás agus athrú ar dhaonra na hÉireann idir seo agus 2040, bunaithe ar shamhail dhéimeagrafach agus eacnaiméadrach a d'fhorbair an Instítiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES)[10], Leag an 2018 CNP plean amach le haghaidh fás daonra de 1.1 milliún duine, agus daonra iomlán de 5.85 milliún faoi 2040. Rinne Daonáireamh 2022 taifead ar dhaonra de 5.15 milliún (POS) in Éirinn. Rinne An Instítiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a réamh-mheastacháin daonra náisiúnta agus réigiúnacha a thabhairt cothrom le dáta chun cuntas a ghlacadh ar Dhaonáireamh 2022 agus chun sonraí eacnamaíocha, torthúlachta, básmhaireachta agus imirce a chur san áireamh. Is é an réamh-mheastachán nuashonraithe ná go méadóidh daonra na hÉireann go timpeall 5.7 milliún faoi 2030 agus go 6.1 milliún faoi 2040. I bhfianaise an ról lárnach atá ag imirce idirnáisiúnta maidir le fás daonra in Éirinn a mhúnlú, tá cás imirce idirnáisiúnta níos airde léirithe ag An Instítiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta freisin le daonra réamh-mheasta de 6.3 milliún duine faoi 2040 (bonnlíne + 200,000). Is bunús an CNP athbhreithnithe iad na réamh-mheastacháin na ITES. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar an CNP pleanáil a dhéanamh anois do dhaonra de 6.1 milliún faoi 2040, 250,000 duine breise thar an méid a bhí beartaithe ina leith i 2018.

Chun a chur san áireamh go bhféadfadh glan-imirce níos airde a bheith ann thar an tréimhse go dtí 2040, tugtar liúntas in CNP chun uaillmhian agus solúbthacht a chumasú maidir le pleanáil d'fhás amach anseo. Go bunúsach, ní mór don Chreat pleanáil a dhéanamh chun freastal ar thart ar 950,000 duine sa bhreis in Éirinn idir 2022 and 2040, agus ag an am céanna foráil a dhéanamh do chás inimirce níos airde. Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin agus leagtar amach tuilleadh sonraí maidir le céimniú amach i gCaibidil 10.

**Agus spriocanna foriomlána á leagan síos d'fhás amach anseo, is patrún forbartha é atá á spriocdhíriú, seachas uimhreacha beachta. Ó thaobh fadtéarmach náisiúnta de, cuideoidh an suíomh spriocdhírithe, scála coibhneasta agus comhréireacht an fháis le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar sheachadadh agus ar fheidhmíocht.**

**950,000**

**duine sa bhreis in Éirinn idir 2022 and 2040**

10 Bergin, A., and Egan, P. (2024). Réamh-mheastachán daonra, sruth na dtithe nua agus éileamh struchtúrach ar thithíocht, Sraith Thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 190, Baile Átha Cliath: An Instítiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

## 2.4 Ag Fás Ár Réigiúin

Le linn an CNP a fhorbairt, rinneadh réimse roghanna a mheas agus a chur i bhfeidhm maidir leis na trí réigiún a bunaíodh in 2014. Cuimsíonn siad seo ó 'gnó mar is gnách', faoina dtarlódh tromlach an fháis i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre má leanann na treochtaí reatha ar aghaidh, go dtí 'ceannasacht réigiúnach', ina bhfásfadh limistéir Chomhthionóil Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt ag dhá oiread ráta Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Is léir ón anailís a rinneadh, nach bhfuil cur chuige ceannas réigiúnach réalaíoch ná infheidhmithe i bhfianaise thábhacht Bhaile Átha Cliath agus go mbeadh laghdú ar scála laghdaithe d'fhorbairt náisiúnta fhoriomlán dá bharr. Ar an dul céanna, leanfadh straitéis ghnó mar is gnách leis an bpatrún de ró-chomhchruinniú daonra, tithe agus post timpeall ar Bhaile Átha Cliath agus an t-oirthear agus bheadh meath i gceantair eile.

I gcomhréir le fís an Chreata Náisiúnta Pleanála, meastar gur cás malartach níos inchreidte, níos réasúnta agus níos inmharthana é 'paireacht réigiúnach', trína sáródh fás spriocdhírithe limistéir Chomhthionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile an méid a réamh-mheastar faoi chás 'gnó mar is gnách' agus go mbeadh sé cothrom ar a laghad leis an gceann atá réamh-mheasta do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Coinníonn an Creat athbhreithnithe an cur chuige 'paireacht réigiúnach', agus ar an dóigh sin, díreofar ar an bhfás daonra breise a réamh-mheastar idir 2022 agus 2030 ar bhonn pro-rata ar fud na hÉireann, rud atá lárnach do straitéis an CNP agus a thógann ar chumas na réigiún agus na n-áiteanna go léir chun freastal ar fhás sa todhchaí. Ciallaíonn sé seo go gcothófaí fás níos spriocdhírithe i ngach áit, lena n-áirítear na ceithre chathair réigiúnacha. Mar sin féin, is gá soláthar tithíochta méadaithe agus comhtháthú feabhsaithe maidir le húsáid talún agus iompair mar gheall ar scála an fháis atá réamh-mheasta in Éirinn go dtí 2040 mar aon leis an ngá atá le haistriú go sochaí ísealcharbóin.

Leagann Daonáireamh 2022 agus táscairí eile béim ar an éileamh suntasach nach bhfuil á shásamh le haghaidh tithíochta i mBaile Átha Cliath agus i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre go háirithe. D'fhéadfadh sé seo an bonn a bhaint den iomaíochas náisiúnta agus den chomhtháthú sóisialta. Mar thoradh, is féidir go mbeidh riachtanas ann pleanáil a dhéanamh d'fhás daonra a sháródh an réamh-mheastachán foriomlán 6.1m, ag teacht leis an gcás ard imirce a cuireadh ar fáil i dTuarascáil na ITES. Mar sin féin, ní féidir é seo a dhéanamh agus a sheachadadh ach ar aon dul le pleanáil straitéiseach níos fadtéarmaí d'Fhorbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) i gcúig Chathair na hÉireann. Is é an cuspóir atá leis seo ná tacaíocht a thabhairt chun pobail inbhuanaithe nua a sholáthar ag láithreacha athfhorbraíochta agus úrnua feadh na gconairí iompair poiblí ard-acmhainne atá ann cheana féin laistigh den limistéar uirbeach, le díriú ar leith ar dheiseanna TOD feadh dorchlaí iarnróid ardacmhainne. Soláthraíonn an leithdháileadh do na pobail inbhuanaithe nua seo níos mó solúbthachta chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh fáis agus infheistíochta sa todhchaí.

Dá réir sin, is é sprioc an CNP maidir lenár réigiúin a fhás agus bunaithe ar bhliain bhonnlíne 2022 ná:

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 2

***Beidh an leibhéal réamh-mheasta daonra agus fáis fostaíochta i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ar a laghad ar aon dul le leibhéil Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.***

Maidir le daonra na hÉireann amach anseo, tá sé suntasach díriú ar an bpatrún seo toisc gur athrú ó threochtaí reatha atá ann. I gcomhthéacs thart ar mhilliún duine breise in Éirinn idir 2022 agus 2040, ciallaíonn sé pleanáil do na nithe seo a leanas:

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 3

- ***Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre:*** *thart ar 470,000 duine sa bhreis idir 2022 agus 2040 (c. 690,000 duine sa bhreis 2016-2040) i.e. daonra de bheagnach 3 mhilliún;*
- ***Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair:*** *thart ar 150,000 duine breise idir 2022 and 2040 (c. 210,000 duine breise idir 2016 agus 2040) i.e. daonra de bheagán os cionn aon mhilliún;*
- ***Réigiún an Deiscirt:*** *thart ar 330,000 duine breise ón bhliain 2022 (c. 450,000 duine breise idir 2016 agus -2040) i.e. daonra de bheagán os cionn 2 mhilliún.*

Ar an mbealach céanna, má lorgaítear aistriú sa phatrún forbartha ar shiúl ó threochtaí reatha, ciallaíonn sé pleanáil le haghaidh fostaíochta agus poist ag láithreacha atá comhtháite leis an dáileadh daonra atá beartaithe.

Léiríonn an obair a rinneadh don Chreat Náisiúnta Pleanála go bhfuil dlúthbhaint ag an eochair chun scála an daonra réigiúnaigh thuas agus an leibhéal comhréireach d'fhostaíocht agus an borradh atá faoi líon na bpost, agus dáileadh daonra agus fostaíochta á mheas ar bhealach comhtháite, leis an gcaoi a dtéimid i ngleic leis an dá cheist dheireanacha i Roinn 2.2, a bhaineann le dlús/scaipeadh agus leis an bhformáid fhisiciúil d'fhorbairt amach anseo.

## 2.5 Ag Tógáil Réigiúin Níos Láidre: Ionaid Inrochtana de Scála

Faoi 'ghnó mar is gnách', bheadh iarmhairtí diúltacha ag fócas leanúnach ar fhás i mBaile Átha Cliath agus timpeall air agus go pointe áirithe i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge gan aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha forbartha atá roimh réigiúin eile, amhail inrochtaineacht agus struchtúr uirbeach an iarthuaiscirt nó tearcfheidhmíocht eacnamaíoch an Oirdheiscirt, a chuirfeadh tuilleadh leis an mbrú fáis i Réigiún Bhaile Átha Cliath níos leithne agus a chuirfeadh bac ar chodanna níos forimeallacha d'Éirinn a n-iomlán a bhaint amach a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní cás inmhianaithe é seo agus nuair atá roghanna malartacha á mbreithniú don CNP in 2018, is iad an dá phríomh-athróg scála comhchruinnithe gníomhaíochta agus an t-achar coibhneasta, nó éascaíocht inrochtaineachta, d'ionaid daonra agus fostaíochta níos mó, i.e. 'ionaid scála'. Dá bhrí sin, tá dhá ghné thábhachtacha straitéise ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna scála agus forimeallachta in Éirinn. Tá tionchar suntasach ag an dá cheann ar limistéar geografach níos leithne.

Ar an gcéad dul síos, ar iarracht chomhbheartaithe í chun díriú ar chathracha agus bailte atá láidir go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus go réigiúnach, d'fhéadfaí go leor tionchair dhearfacha a bhaint amach agus fás foriomlán náisiúnta a fheabhsú ionas::

- go mbeadh fás daonra agus post amach anseo níos ailínithe go geografach;
- go mbeadh an fás post amach anseo níos scaipthe go geografach, ach ar líon teoranta ionad níos mó agus réigiúnacha a dháiltear, chun an Tuaisceart agus an tIarthar agus Lár Tíre a áireamh;
- go mbainfí amach acmhainneacht shuntasach fáis Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge ar leithligh ó Bhaile Átha Cliath, agus ag an am céanna ról uathúil Bhaile Átha Cliath mar chathair scála idirnáisiúnta a fheabhsú agus a chumasú;
- Dhéanfaí réigiúin na hÉireann, agus go háirithe an tuaisceart agus an t-iarthar agus lár tíre, a iompú timpeall chun a n-acmhainneacht le haghaidh infheistíocht dhírithe a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

Éilíonn an dara gné chomhlántach den straitéis cúpla seo:

- Inrochtaineacht fheabhsaithe idir ionaid scála ar leithligh ó Bhaile Átha Cliath, chun a chinntiú go ndéantar leibhéil seirbhíse (amanna taistil in aghaidh an km) idir an Phríomhchathair agus cathracha na hÉireann agus ionaid mhóra a dháiltear go réigiúnach a mhacasamhlú agus ar phríomhbhealaí thoir-thiar agus thuaidh-theas;
- Fócas ar leith ar inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú ó thuaidh ar líonra Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) atá ag teacht chun cinn, a nascann líonra mórionad ar chósta an iarthair;
- Inrochtaineacht agus nascacht fheabhsaithe ó na réigiúin máguaird, dírithe ar phríomhbhealaí chuig roinnt ionad níos mó agus réigiúnacha dáilte.

**Chun na modhanna thuas a sheachadadh:**

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 4

*Díreofar leath (50%) an fháis daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair reatha agus a gcuid bruachbhailte[11].*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 5

*Sainaithneofar róil réigiúnacha Bhaile Átha Luain sa Lár Tíre, Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart agus i líonraí trasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire agus Dhroichead Átha- Dhún Dealgan-Iúr Cinn Trá agus tacófar leo sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta ábhartha agus i bPleananna Fiontair Réigiúnacha.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 6

*Déanfar feabhsú suntasach ar an rochtain ó Iarthuaisceart na hÉireann agus idir lárionaid scála seachas Baile Átha Cliath: díreofar ar chathracha agus lárionaid níos mó sna réigiúin agus ar phríomhbhealaí soir siar agus thuaidh theas.*

Mar phríomhghnéithe den straitéis, is bealach nua chun cinn é dáileadh an fháis amach anseo idir na réigiúin, nuair a chuirtear le scála tógála agus inrochtaineacht iad. Mar sin féin, tá ceist na forbartha dlúth nó na sraoilleála ríthábhachtach don chúrsa nua seo freisin.

11 Na cúig chathair agus a bhfo-bhailte arna sainiú ag an POS sa Daonáireamh.

## 2.6 Fás Dlúth agus Inbhunaithe a Dhaingiú

Tá formáid fhisiciúil na forbartha uirbí in Éirinn ar cheann de na dúshláin forbartha náisiúnta is mó atá againn. Léiríonn anailís a rinneadh agus an CNP á ullmhú in 2018, go dtugann níos mó ná aon rud eile, foirm fhisiciúil agus suíomh ceart forbartha amach anseo na hionchais is fearr chun acmhainneacht réigiúnach a scaoileadh.

Leanann na ceantair is mó fáis de bheith ar imeall agus lasmuigh dár gcathracha agus bailte, rud a chiallaíonn:

- Próiseas leanúnach bonneagair agus seirbhísí chun bóithre nua, scoileanna, seirbhísí agus taitneamhachtaí nua a thógáil agus streachailt chun poist agus tithe a thabhairt le chéile, rud a chiallaíonn go bhfuil leibhéil arda spleáchais ar charranna ann agus go bhfuil sé deacair iompar poiblí maith a chur ar fáil;
- Meath lár na gcathracha agus na mbailte agus na gceantar fo-uirbeacha seanbhunaithe ag tarlú trí phróiseas de réir a chéile agus poist, miondíol agus tithíochta ag imeacht, rud a fhágann go bhfuil líon na n-iontrálacha scoile ag dul i laghad, foirgnimh fholmha agus easpa daoine ar mhaithe le háiteanna láidre bríomhara a chruthú, den lá agus den oíche
- Is éard atá i gceist leis an bhforbairt is mó ná sraoilleáil úrnua, a leathnaíonn lorg fisiciúil ár gceantair uirbeacha agus nuair is é an príomhchineál forbartha é, oibríonn sé in aghaidh áiteanna uirbeacha tarraingteacha d'ardchaighdeán ar féidir maireachtáil iontu a chruthú, ina bhfuil níos mó daoine ag iarraidh cónaí, oibriú agus infheistíocht a dhéanamh iontu, agus
- Lorg carbóin i bhfad níos airde ná meán an AE, go páirteach mar gheall ar éileamh níos airde ar iompar agus ar fhuinneamh, bunaithe go príomha ar bhreoslaí iontaise, a d'oibrigh in aghaidh spriocanna comhaontaithe gníomhaíochta aeráide a bhaint amach.

Baineann an cur chuige tosaíochta le forbairt dhlúth a dhíríonn ar thalamh 'athfhorbraíochta' a forbraíodh roimhe seo a athúsáid, láithreáin inlíonta a thógáil, b'fhéidir nár tógadh roimhe seo agus láithreáin agus foirgnimh atá ann cheana a athúsáid nó a athfhorbairt.

Is féidir tionchar claochlaithe a bheith ag an méadú ar chineálacha fáis níos dlúithe i bhforbairt lonnaíochtaí de gach méid, ón gcathair is mó go dtí an sráidbhaile is lú. Is féidir leis borradh a chur faoi líon na ndaoine, cur le hinmharthanacht seirbhísí, siopaí agus iompar poiblí, soláthar tithíochta a mhéadú agus ligean do níos mó daoine a bheith níos gaire don fhostaíocht agus do dheiseanna áineasa, chomh maith le bheith in ann siúl nó rothaíocht níos mó agus an carr a úsáid níos lú.

Mar aon le héileamh ar iompar, laghdóidh dlúis níos airde agus faid taistil níos giorra an t-éileamh ar fhuinneamh agus beidh úsáid níos ísle dá bharr. Teastaíonn níos lú fuinnimh ó fhoirgnimh ilstóir agus sraithe atá cóngarach dá cheile agus is féidir córais bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite le haghaidh dáileadh fuinnimh ar nós téamh ceantair a dhéanamh níos indéanta.

Go traidisiúnta, bhí sé níos deacra forbairt níos dlúithe a chruthú in Éirinn ná próiseas leanúnach chun forbairt a bhrú amach, i dtreo suíomhanna 'na páirce glaise' agus is gá díriú ar cheithre phríomhréimse:

**1** **Caighdeán maireachtála na n-áiteanna uirbeacha mar 'áit chónaithe'** – an taithí a bhíonn ag daoine agus iad ina gcónaí i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte. Áirítear leis seo cáilíocht na timpeallachta thógtha, lena n-áirítear an réimse poiblí, saincheisteanna tráchta agus páirceála, rochtain ar thaitneamhachtaí agus iompar poiblí agus tuiscint ar shábháilteacht agus ar fholláine phearsanta;

**2** **Athghiniúint agus forbairt leanúnach ar cheantair thógtha atá ann cheana féin** agus iad a dhéanamh chomh tarraingteach agus chomh hinmharthana leis an bhforbairt úrnua. Chuige sin, ní mór níos mó cinnteachta agus cothromú costais mar thoradh ar sholáthar seasta de láithreáin agus talún agus infheistíocht i mbonneagar agus taitneamhachtaí trí bhainistíocht talún níos gníomhaí i gceantair uirbeacha;

**3** **Dul i ngleic le hoidhreacht** ar nós dlús mór míbhuntáistí i gceantair uirbeacha lárnacha trí shóisialú iomlánaíoch chomh maith le hathghiniúint fhisiceach agus trí thionacht mheasctha agus imeascadh a chur chun cinn;

**4** **Tionscnaimh athghiniúna agus athfhorbartha a nascadh** le gníomhaíocht ar son na haeráide, tacaíocht a thabhairt do lorg carbóin níos lú trí níos mó éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite.

Ar mhaithe le treochtaí fáis dlútha a thuiscint, ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhorbairt ar fud na gcathracha agus na mbailte. Forbrófar cur chuige nua chun faireachán a dhéanamh ar fhás uirbeach, ag díriú ar lorg tógtha na lonnaíochtaí atá ann cheana féin ina bhfuil ceantair atá faoi réir úsáidí talún uirbeacha atá ann cheana féin agus an 'tógáil talún' breise a bhaineann le forbairt lasmuigh den lorg tógtha. Tá uirlis á forbairt chun treochtaí forbartha uirbeacha ar fud na bpríomhlonnaíochtaí uirbeacha a rianú agus a chur i gcomparáid.

San fhadtéarma, cosnóidh an freastal ar riachtanais forbartha na hÉireann maidir le tithíocht, fostaíocht, seirbhísí agus taitneamhachtaí ar láithreacha úrnua den chuid is mó, iolraithe de chur chuige dlúth atá bunaithe ar fhás. Chuige sin, faoi réir pleanáil inbhuanaithe agus prionsabail chomhshaoil a chur chun feidhme, leagann an Creat Náisiúnta Pleanála amach na spriocanna seo a leanas maidir leis an bhforbairt uirbeach:

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 7

*Ar a laghad 40% de na tithe nua go léir, laistigh de lorg tógtha na lonnaíochtaí atá ann cheana féin, a sheachadadh go náisiúnta agus patrúin dhlútha agus sheicheamhacha fáis a chinntiú.*[12]

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 9

*Ar a laghad 30% de na tithe úra atá dírithe i lonnaíochtaí seachas na gCúig Chathrach agus a bhfo-bhailte, laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana féin.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 8

*Ar a laghad leath (50%) de na tithe úra ar fad ar fud na gCúig Chathrach agus fho-bhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a sheachadadh laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana féin.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 10

*Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) a sholáthar ar scála ag suíomhanna oiriúnacha, trí iompair poiblí ardacmhainne atá lonnaithe laistigh nó in aice le timpeallacht thógtha na gCúig Chathrach nó baile cathrach.*

Tá achoimre ar na príomhspriocanna náisiúnta maidir le struchtúrú an fháis náisiúnta foriomlán, paireacht réigiúnach a chur chun cinn, lárionaid ar scála inrochtana a thógáil agus dlúthfhás inbhuanaithe a chinntiú leagtha amach sa tábla thíos:

**Tábla 2.1 | An CNP ar aon amharc amháin: Patrún Spriocdhírithe Fáis, 2022 go 2040**

| Beartas Sprioc Náisiúnta | An tOirthear agus Lár na Tíre | Deisceart | An Tuaisceart agus an tIarthar |
|---|---|---|---|
| **1. Ag Fás Ár Réigiúin** | Thart ar 470,000 duine (3m san iomlán)<br><br>(690,000 duine le linn 2016) | Thart ar 330,000 duine (2m san iomlán)<br><br>(450,000 duine le linn 2016) | Thart ar 150,000 duine (1m san iomlán) (210,000 duine le linn 2016) |
| **2. Ag Tógáil Réigiúin Níos Láidre: Ionaid Inrochtana de Scála** | Cathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath: + 295,000 duine<br><br>(ar a laghad 1.56 milliún san iomlán)<br><br>Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún, ag tabhairt tosaíocht do phríomhról Bhaile Átha Luain i Lár na Tíre agus i líonra trasteorann Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an Iúir | Cathair Chorcaí agus a Bruachbhailte: + 96,000 duine<br><br>ar a laghad 320,000 san iomlán)<br><br>Cathair Luimnigh agus a Bruachbhailte: 44,000 duine (ar a laghad 150,000 san iomlán)<br><br>Cathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte: + 28,000 duine (ar a laghad 88,000 san iomlán)<br><br>Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta ar mhaithe le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún | Cathair na Gaillimhe agus a Bruachbhailte: + 36,000 duine (ar a laghad 122,000 san iomlán)<br><br>Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta ar mhaithe le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún, ag tabhairt tosaíocht do phríomhról Shligigh san Iarthuaisceart, do Bhaile Átha Luain i Lár na Tíre agus líonra trasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire. |
| **3. Fás Dlúth, Cliste agus Inbhuanaithe** | 50% de thithíocht chathrach nua laistigh den lorg atá ann cheana féin i gCathair agus i mBruachbhailte Bhaile Átha Cliath<br><br>30% tithíocht nua go léir in áiteanna eile, laistigh den lorg uirbeach atá ann cheana féin | 50% tithíocht chathrach nua laistigh den lorg atá i gCathair agus i mBruachbhailte Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge<br><br>30% tithíocht nua go léir in áiteanna eile, laistigh den lorg uirbeach atá ann cheana féin | 50% de thithíocht chathrach nua laistigh den lorg atá i gCathair agus i mBruachbhailte na Gaillimhe cheana féin<br><br>30% tithíocht nua go léir in áiteanna eile, laistigh den lorg uirbeach atá ann cheana féin |

12 Baineann an sprioc seo leis na 'ceantair thógtha' mar a shainítear ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Chun críocha ONR 7, 8 agus 9 sainmhínítear an lorg tógtha mar an limistéar a dtugtar le haghaidh úsáidí talún uirbeacha (i.e. dromchlaí saorga a bhaineann le húsáidí talún uirbeacha). Déanfar an lorg tógtha a shainiú go soiléir do gach lonnaíocht ar an léarscáil chriosaithe úsáide talún mar chuid den phróiseas reachtúil ina ndéantar plean.

## 2.7 An CNP a aistriú go Leibhéal na Cathrach agus an Chontae

Agus spriocanna á leagan síos d'fhás pleanáilte sa todhchaí, leagann an CNP amach conas is féidir linn ár gcuspóirí foriomlána náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach agus comhordaithe. Chun a chinntiú go dtugtar an fhís chomhroinnte ar aghaidh ó leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus go bhfuil próiseas éifeachtach ailínithe ann, foilseofar 'Treochlár Cur Chun Feidhme' nuashonraithe chun réamh-mheastacháin fáis atá pleanáilte go náisiúnta agus go réigiúnach a aistriú go leibhéil na cathrach agus an chontae.

Tacóidh na spriocanna athbhreithnithe le cur chuige bunaithe ar phlean maidir le cur i bhfeidhm an CNP ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, rud a cheadóidh cuspóirí fáis an CNP a ionchorprú i bpleananna forbartha cathrach agus contae de réir mar a dhéantar athbhreithniú orthu. Maidir leis seo, déantar cinneadh ar nithe a bhaineann leis an spriocdhaonra agus an líon tithíochta agus socraítear acmhainneacht mheasta do gach lonnaíocht le haghaidh fáis ag an gcéim ina ndéantar plean, de réir ordlathas na bPleananna faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt.

Tá fás pleanáilte ag leibhéal na lonnaíochta le léiriú i gcuspóirí an phlean forbartha reachtúil, lena n-áirítear spriocanna criosaithe úsáid talún, faoi réir eilimint chuí agus chomhréireach solúbthachta ag teacht le treoirlínte reachtúla, agus beidh sé de cheangal aird a thabhairt ar nithe ar nós na dlúis iomchuí a bheidh le cur i bhfeidhm, ag cur na gcúinsí agus an tsuímh faoi leith san áireamh

Dá réir sin, cé go mbeidh spriocanna plean-bhunaithe ag an leibhéal lonnaíochta mar bhonn eolais don phróiseas ina ndéantar plean agus, mar sin, beidh siad mar bhunús don chinnteoireacht, beidh aird a thabhairt ag breithniú ar thograí forbartha aonaracha ar thalamh forbartha criosaithe agus seirbhísithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt ar shraith breithnithe níos leithne thar na spriocanna amháin, lena n-áirítear nuair a d'fhéadfadh ceadanna pleanála a bheith ar fáil, ach nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go fóill.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 11

*Cinnfear fás pleanáilte ag leibhéal na lonnaíochta ag an gcéim ina ndéantar plean forbartha agus tabharfar aghaidh air laistigh de chuspóirí an phlean. Agus tograí forbartha ar leith á mbreithniú ar thalamh forbartha criosaithe agus seirbhísithe atá faoi réir próisis toilithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, tabharfar aird ar shraith breithnithe níos leithne thar na spriocanna lena n-áirítear acmhainneacht glactha an chomhshaoil go háirithe.*





# 3 Forbairt Réigiúnach Éifeachtach

## 3.1 Strategic Development of Ireland's Regions

**Tá ról lárnach ag rialachas áitiúil agus forbairt réigiúnach chun beartas náisiúnta a aistriú agus a sheachadadh ar scála áitiúil. Tá sé de chúram ar na trí Thionóil Réigiúnach pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe na réigiún a chomhordú, a chur chun cinn agus tacú leo.**

Tá ról ceannaireachta ag gach ceann de na Tionóil Réigiúnacha maidir le beartais réigiúnacha a aithint agus tionscnaimh a chomhordú a thacaíonn le seachadadh agus le cur i bhfeidhm an bheartais phleanála náisiúnta. Is é an príomhbhealach don chéim seo ná Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, atá ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027. Soláthraíonn na straitéisí seo pleanáil straitéiseach ar leibhéal réigiúnach agus beartas eacnamaíoch mar thaca le cur i bhfeidhm an Chreata Pleanála Náisiúnta agus soláthraíonn siad leibhéal níos mó fócais timpeall ar Chuspóirí an Bheartais Náisiúnta agus ar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta an CNP.

Cé gur réigiún ar leith iad gach ceann de na trí réigiún, ní fheidhmíonn siad ina n-aonar óna chéile agus tá go leor sócmhainní comhlántacha agus nasctha roinnte idir réigiúin. Maidir le Réigiúin an Oirthir agus Lár na Tíre agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair araon, tá idirghníomhaíocht le Tuaisceart Éireann ríthábhachtach. Mar gheall ar an nádúr straitéiseach náisiúnta agus réigiúnach i roinnt moltaí forbartha, beidh cur chuige comhsheasmhach beartais maidir le pleanáil réigiúnach agus eacnamaíoch tábhachtach chomh maith.

Ó glacadh an CNP in 2018 tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bearta institiúideacha agus beartais a thabhairt isteach atá dírithe ar thacú le forbairt réigiúnach éifeachtach lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- Glacadh le Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha do na trí limistéar tionóil réigiúnacha, ag teacht le beartas an CNP;
- Glacadh le Pleananna Fiontair Náisiúnta agus Réigiúnacha agus
- Foilsiú na Straitéise Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht (2022), ag díriú ar láidreachtaí réigiúnacha ar leith.

Méadaíonn na riachtanais a bhaineann leis na spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach an tábhacht a bhaineann le patrúin fháis níos inbhuanaithe a bhaint amach sna réigiúin agus sna cathracha. Laistigh de gach réigiún, tá príomhról ag na cathracha go háirithe maidir le héifeacht a thabhairt don aistriú mórscála go neodracht a theastaíonn faoi 2050 agus atá in ann tacú le gluaiseacht i dtreo maireachtála carbóin laghdaithe e.g. trí bhainistíocht níos fearr ar an éileamh ar fhuinneamh agus réitigh malartacha fuinnimh, soghluaisteacht inbhuanaithe agus foirgnimh níos lú carbóin. Ní mór do spriocanna forbartha réigiúnacha aistriú cóir chuig neodracht carbóin a chinntiú freisin, laistigh den chreat reachtúil níos leithne de ghníomhaíocht aeráide, tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht mhalartach in áit na dtionscal traidisiúnta, agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus do phobail a d'fhéadfadh an t-aistriú tionchar diúltach a imirt orthu.

Tá sé soiléir go mbeidh gá le socruithe institiúideacha agus rialachais a neartú chun cur feidhme an CNP ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus uirbeacha a chomhordú, ar fud na bpáirtithe leasmhara go léir lena mbaineann, má tá an straitéis le seachadadh go rathúil. Tá gá le leibhéal comhordaithe agus idirghníomhaíochta ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach i dtaobh an réimse leathan de pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis na heilimintí bonneagair sóisialta, pobail agus 'crua' a sheachadadh chun fás bunathraithe a éascú i limistéir uirbeacha lena n-áirítear, ní hamháin tionóil réigiúnacha agus comhairlí contae agus cathrach, ach freisin, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ar nós Uisce Éireann, Bonneagar Iompair Éireann (TII), An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus údaráis chalafoirt.

Sa chuid seo déantar cur síos ar phleanáil ardleibhéil agus ar bheartais cruthú áite agus ar chumasóirí chun cabhrú le forbairt straitéiseach ár réigiún a mhúnlú.

**Ó glacadh an CNP in 2018 tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bearta institiúideacha agus beartais a thabhairt isteach atá dírithe ar thacú le forbairt réigiúnach éifeachtach**

**Figiúr 3.1 | Tionóil Réigiúnacha na hÉireann agus Tuaisceart Éireann**





**Beidh Oirthear agus Lár na Tíre na hÉireann ina Réigiún de thart ar 3 mhilliún duine, faoi 2040, ar a laghad leathmhilliún níos mó ná mar atá ann inniu.**

# Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

## 3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Beidh Oirthear agus Lár na Tíre na hÉireann ina Réigiún de thart ar 3 mhilliún duine, faoi 2040, ar a laghad leathmhilliún níos mó ná mar atá ann inniu. Is é an dúshlán is suntasaí a bheidh ag an Réigiún maidir le háit a chruthú ná forbairt a phleanáil agus a sheachadadh amach anseo ar bhealach a fheabhsaíonn agus a threisíonn a struchtúr uirbeach agus tuaithe agus a ghluaiseann i dtreo níos mó féinchothabhála, in ionad gníomhaíocht comaitéireachta, mar sin de ag ligean dá chuid gnéithe éagsúla uirbeach, cathrach, baile, sráidbhailte agus tuaithe dul i bhfeidhm ar a láidreachtaí, agus thar aon rud eile, ag bogadh ar shiúl ó mhúnla forbartha atá bunaithe ar leathadh amach.

Tá codarsnachtaí suntasacha ag baint leis an Réigiún seo, ag cuimsiú Baile Átha Cliath agus a dhobharcheantar comaitéireachta níos leithne a shíneann isteach sna contaetha agus bailte mórthimpeall, cuid acu atá i ndiaidh fás go han-tapa le blianta beaga anuas go scála suntasach, go háirithe nuair atá siad suite feadh chonairí mótarbhealaigh agus iarnróid. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus na príomhchonairí iompair, tá an Réigiún de chineál níos tuaithe, le héagsúlacht laistigh de na contaetha in aice le Baile Átha Cliath agus idir contaetha an Lár-Oirthir agus Lár na Tíre. Tá gach contae sa Réigiún seo, mar aon lena bpríomhbhailte, suite go straitéiseach i gcomhthéacs náisiúnta.

Tá ceann de na hathruithe spásúil is suntasaí le blianta beaga anuas á dtiomáint ag acmhainneacht eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath atá ag ardú, ag feabhsú nascacht iompair agus saincheisteanna a bhaineann le seachadadh agus costas tithíochta sa Phríomhchathair. Dá bharr sin, tá idirghníomhartha níos déine idir Baile Átha Cliath agus bailte feadh na bpríomhbhealaí bóithre agus iarnróid isteach i mBaile Átha Cliath a fheidhmíonn mar ghréasán uirbeach líneach.

Chruthaigh sé seo forbairt féinchothaitheach eacnamaíochta agus forbairt bunaithe ar chomaitéireacht atá imithe ó smacht sna lonnaíochtaí seo. Léiríonn sonraí ó Dhaonáireamh 2022 go bhfuil líon méadaithe na n-oibrithe atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ag comaitéireacht achair níos faide anois, rud a chumasaíonn méadú ar an obair hibrideach agus ar an gcianoibre, ag leathnú réimse eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath.

I Réigiún níos leithne an Lár-Oirthir, ba í an tithíocht, seachas forbairt a bhí dírithe ar phoist, ba mhó a ba chúis leis an bhfás gasta a bhí ag go leor bailte le blianta beaga anuas. Is tosaíocht é cur chuige comhtháite i leith fhorbairt na mbailte seo agus bailte comhchosúla, ach ag imirt de réir láidreachtaí áitiúla agus ag aimsiú deiseanna fostaíochta chun forbairt féinchothabhála a chur chun cinn, seachas forbairt atá bunaithe ar thithíocht go príomha.

### An Lár-Oirthear

Mar thoradh ar an suíomh straitéiseach atá ag contaetha Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin agus iad suite cóngarach don Phríomhchathair, tá forbairt shuntasach i réigiún a shainmhínítear le ceannasaíocht Bhaile Átha Cliath. Tá leibhéil arda fáis daonra sa Lár-Oirthear le blianta beaga anuas, níos mó ná dhá oiread an ráta fáis náisiúnta. Léiríonn sonraí daonáirimh go bhfuil an patrún seo ag leanúint ar aghaidh agus an fás daonra sa Lár-Oirthear níos airde ná an meánráta náisiúnta sa tréimhse 2016 go 2022.

Tá sé ríthábhachtach don limistéar réigiúnach seo na dúshláin a bhaineann le fás sa todhchaí a bhainistiú. Ní mór tús áite a thabhairt do phatrún forbartha níos cothroime agus níos inbhuanaithe, ina ndírítear níos mó ar aghaidh a thabhairt ar chruthú fostaíochta, riachtanais bhonneagair áitiúil, lena n-áirítear bonneagar sóisialta agus pobail go háirithe i réimsí amhail oideachas agus taitneamhacht, agus aghaidh a thabhairt ar oidhreacht an fháis mhear.

Ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh forbairt tithíochta bunaithe ar bhonneagar agus bunaithe go príomha ar fhás fostaíochta, ar inrochtaineacht trí mhodhanna iompair inbhuanaithe agus ar cháilíocht na beatha, seachas ar phatrúin comaitéireachta neamh-inbhuanaithe.

## Lár na Tíre

Cuimsítear contaetha Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí i gceantar Réigiúnach Lár na Tíre. Níl na contaetha seo suite díreach in aice le Baile Átha Cliath, ach tá fás suntasach daonra ag ráta neamh-inbhuanaithe i roinnt lonnaíochtaí mar thoradh ar thionchar níos leithne an limistéir uirbeach, agus tá laghdú tagtha ar chinn eile.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le suíomh Lár na Tíre, atá ar theorainn Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt. Is féidir a shuíomh lárnach in Éirinn a ghiaráil chun infheistíocht straitéiseach shuntasach a chumasú níos mó ná mar a dhéantar faoi láthair, le tacaíocht ó phatrún inbhuanaithe d'fhás daonra, ina bhfuil béim ar fhostaíocht náisiúnta straitéiseach agus ar fhorbairt bonneagair, cáilíocht na beatha agus croílár na gceantar uirbeacha i mbailte contae agus i bpríomhlonnaíochtaí eile a neartú.

Mar gheall ar a shuíomh straitéiseach agus a scála daonra, fostaíochta agus seirbhísí, tá tionchar ag Baile Átha Luain a shíneann go cuid de na trí limistéar Tionóil Réigiúnaigh. Aithnítear na hidirspleáchais réigiúnacha tábhachtacha seo sna Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha do limistéir Thionóil Réigiúnacha an Oirthir agus Lár na Tíre agus an Tuaiscirt agus an Iarthair. Beidh sé riachtanach freisin straitéis chomhordaithe a ullmhú do Bhaile Átha Luain ag leibhéal na lonnaíochta, lena chinntiú go bhfuil an cumas ag an mbaile agus an ceantar timpeall air fás go hinbhuanaithe agus infheistíocht a chinntiú, mar phríomhionad réigiúnach i Lár na Tíre.

## Contae Lú/An t-Oirthuaisceart

Cé go bhfuil Contae Lú suite i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, is limistéar feidhme é an t-Oirthuaisceart ina bhfuil cuid den dá Thionól Réigiúnach lena n-áirítear an chuid is mó de Chontae an Chabháin agus Chontae Mhuineacháin i réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Is é an líonra trasteorann idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, atá dírithe ar Dhroichead Átha, Dún Dealgan agus an tIúr, an príomhspreagadh don limistéar réigiúnach seo.

Síneann tionchar suntasach Bhaile Átha Cliath agus an líonra trasteorann go dtí na bailte contae agus na lonnaíochtaí eile laistigh de limistéar réigiúnach an oirthuaiscirt chomh maith le Fine Gall agus páirteanna de Chontae na Mí. Agus deiseanna á n-aithint le haghaidh fostaíochta giaráilte agus fás inbhuanaithe daonra, ní mór tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt trí nascacht fheabhsaithe, cáilíocht beatha feabhsaithe, croílár na gceantar uirbeacha neartaithe agus tithíocht níos dlúithe i lonnaíochtaí uirbeacha. Déantar é seo chun acmhainn straitéiseach an bhonneagair iompair a chosaint agus a bhainistiú agus chun a chinntiú go gcoimeádtar sainiúlacht na lonnaíochtaí agus na gceantar tuaithe.

Aithnítear ról tábhachtach réigiúnach Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta do Cheantar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Beidh sé riachtanach freisin straitéisí comhordaithe a ullmhú do Dhún Dealgan agus do Dhroichead Átha ag leibhéal na lonnaíochta lena chinntiú go bhfuil an cumas acu fás go hinbhuanaithe agus infheistíocht a dhaingniú mar phríomhionaid ar líonra trasteorann Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an Iúir.



## Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha do Réigiún an Oirthir agus Lár na tíre tá:

- Forbairt chomhlántach na mbailte móra agus na mbailte contae i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i Lár na Tíre ar na príomhbhealaí iompair straitéiseacha agus poiblí a chumasú ar bhealach réigiúnach comhordaithe, le níos mó béime ar bhearta ar mhaithe le deiseanna forbartha geilleagracha agus fostaíochta féinchothabhála a chur chun cinn chun teacht suas ar an luas gasta de sholáthar tithíochta le blianta beaga anuas.
- Pleanáil straitéiseach níos éifeachtaí agus comhordú ar fhorbairt láithreacha straitéiseacha go náisiúnta agus go réigiúnach amach anseo ag pointí atá trasna teorainneacha idir seo agus réigiúin chomharsanacha sa sampla de Bhaile Átha Luain atá ina phointe fócasach do limistéar a shroicheann go leor de seo agus réigiúin chomharsanacha i dtéarmaí eacnamaíocha agus fostaíochta, iompair, oideachais agus seachadadh seirbhíse poiblí agus miondíola.
- Cur chuige dírithe ar fhorbairt dhlúth, sheicheamhach agus inbhuanaithe na gceantar uirbeach is mó feadh chonair eacnamaíoch agus iompair Bhaile Átha Cliath – Bhéal Feirste, ina bhfuil lonnaíochtaí le daonraí suntasacha ar nós Dún Dealgan agus Droichead Átha.
- Níos mó béime ar fhorbairt áiteanna a d'fhás go tapa le deich mbliana anuas nó mar sin, a dhaigniú le forbairt tithíochta ar scála mór faoi thiomáint comaitéirí le fócas ar leith ar infrastruchtúr agus ar sholáthar áiseanna pobail agus taitneamhachta áitiúla a aithint agus a chur in ord tosaíochta i go leor de na bailte comaitéireachta níos mó trí infheistíocht spriocdhírithe faoi Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta ábhartha an CNP.
- Forbairt turasóireachta agus brandáil a chur chun cinn lena chinntiú go ndéantar ceantair ar nós 'Sean-Oirthear na hÉireann' agus 'Croíthailte faoi Cheilt na hÉireann' a fhorbairt agus a chur chun cinn ar bhealach a d'fhéadfadh páirt iomlán a ghlacadh in acmhainneacht eacnamaíoch na gceantar réigiúnach agus tuaithe sa réigiún a thapú.
- Acmhainneacht an réigiúin a fhorbairt i dtéarmaí fuinnimh in-athnuaite, de réir na spriocanna leithdháilte acmhainne atá leagtha amach i gCaibidil a 9: An t-Aistriú Aeráide agus Ár dTimpeallacht, trasna an speictrim teicneolaíochta ó ghaoth agus ó ghrian go bithmhais agus, i gcás inarb infheidhme, fuinneamh tonnta, ag díriú go háirithe ar réimsí fairsinge d'asbhaint móna faoi úinéireacht phoiblí chun tacaíocht a thabhairt d'aistriú bainistithe ar gheilleagair áitiúla go fuinneamh níos glaise.
- Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gréasán comhtháite de ghlasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a fhorbairt a thacóidh le geilleagair tuaithe agus réigiúnacha a éagsúlú agus cineálacha taistil níos inbhuanaithe agus áineasa bunaithe ar ghníomhaíocht a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as canáil agus iar-iarnród agus bealaí eile.



## Cás-staidéar



# Glasbhealach Chonair an tSean-Iarnróid

**Is stráice 43km ar fad d'Iarnród Mór an Iarthair Lár Tíre é 'Glasbhealach Chonair an tSean-Iarnróid' idir Bhaile Átha Luain agus an Muileann gCearr. Ceanglaíonn an bealach Abhainn na Sionainne i mBaile Átha Luain leis an gCanáil Ríoga sa Mhuileann gCearr, agus téann sé trí limistéir uathúil bhithéagsúlachta agus oidhreachta feadh na slí.**






## Cathair Bhaile Átha Cliath agus an Limistéar Uirbeach

**Síneann raon feidhme Bhaile Átha Cliath thar na ceithre chomhúdaráis áitiúla agus mar phríomhchathair bíonn sé in iomaíocht go hidirnáisiúnta chun tallann agus infheistíocht a mhealladh.**

**Tá feidhmíocht leanúnach Bhaile Átha Cliath mar chathair mhórscála idirnáisiúnta den ardchaighdeán ríthábhachtach d'iomaíochas iomlán na hÉireann.**

Cé gur éirigh go maith le Baile Átha Cliath tríd is tríd le blianta beaga anuas, tá dúshláin ag baint leis i roinnt príomhréimsí lena n-áirítear soláthar tithíochta agus inacmhainneacht, iompar agus soghluaisteacht inbhuanaithe, taitneamhachtaí uirbeacha agus inmharthanacht.

Sa todhchaí, ní mór do Bhaile Átha Cliath freastal ar chomhréir níos mó den fhás a ghineann sé laistigh dá theorainneacha uirbeacha, agus ag an am céanna ag tairiscint rogha feabhsaithe tithíochta, soghluaisteacht iompair agus cáilíocht beatha. Chomh maith leis sin, is gá do Bhaile Átha Cliath a bheith níos glaise, níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ag teacht le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Beidh gá le fócas leanúnach ar scála uirbeach maidir le roinnt mórthionscadail athghiniúna agus athfhorbartha laistigh den limistéar tógtha atá ann cheana féin, agus foirm uirbeach níos dlúithe, a éascú trí fhorbairt ar ard dlús dea-dheartha.

Beidh gá le forbairt suntasach chomh maith, ar láithreacha a d'fhéadfadh iad a chomhthathú le limistéar foirgnithe na cathrach atá ann cheana ina mbíonn seirbhís ardlín iompair phoiblí reatha nó beartaithe ag freastal orthu, agus béim ar dheiseanna athfhorbraíochta agus úrnua ar scála mór bainte le Forbairt Dírithe ar Iompair (TOD), go háirithe feadh na ndorchlaí iarnróid ardacmhainne.

Tá deiseanna suntasacha laistigh de limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath, agus is féidir deiseanna breise a thabhairt chun cinn le haghaidh forbartha sa tréimhse go dtí 2040 i gcomhar leis an infheistíocht atá beartaithe sa ghréasán iompair phoiblí. Tá roinnt ceantar sainithe cheana féin mar Chriosanna Forbartha Straitéisí nó sainaithnítear iad sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta agus i bpleananna forbartha cathrach agus contae.

Tá gá le cur chuige iomlánaíoch d'fhás amach anseo chun a chinntiú go ndéantar forbairt chónaithe agus fostaíochta a chomhtháthú níos fearr agus go bhfreastalaíonn iompar, bonneagar agus taitneamhachtaí orthu. Ciallaíonn sé freisin a chinntiú go dtacaítear le deiseanna ar scála níos lú d'fhorbairt inlíonta agus athfhorbraíochta agus go spreagtar iad chun iad a bhaint amach.

Tá soláthar i dtaobh bonneagair straitéiseach criticiúil i réimsí amhail iompar, uisce, oideachas, sláinte agus seirbhísí pobail ríthábhachtach d'fhás inbhuanaithe Bhaile Átha Cliath amach anseo. Áirítear ar na príomhthosaíochtaí aerfort feabhsaithe agus rochtain ar chalafoirt agus acmhainneacht leathadh amach ar an ngréasán iompair phoiblí lena n-áirítear DART+, MetroLink, leathnadh amach Luas agus BusConnects a sheachadadh; agus uisce feabhsaithe agus cumas fuíolluisce trí thionscadail ar nós Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre. Tá roinnt tionscadal náisiúnta i soláthar na seirbhísí poiblí, ar nós Ospidéal na Leanaí, a dhéanfaidh freastal ar an tír ina hiomláine freisin.

## Cás-staidéar

# Tionscadal Imeall na Cathrach, Baile Átha Cliath

**Is tionscnamh bunathraithe é Tionscadal Imeall na Cathrach chun ceantair Bhóthar an Náis, Bhaile an Mhóta agus na Páirce Thiar i mBaile Átha Cliath a athshamhlú mar cheathrú uirbeach nua a sholáthraíonn suas le 40,000 teach agus 75,000 post (- Leabhrán Achoimre an Chreata Straitéisigh - Tionscadal Imeall na Cathrach).**

Tá tailte Imeall na Cathrach idir limistéir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) agus Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (CDCC) agus is comhpháirtíocht é an tionscadal idir an dá údarás áitiúil in iarracht chomhoibríoch chun an scéim athghiniúna mórscála seo a sheachadadh. Ar 700 heicteár, ciallaíonn scála an tionscadail gur rud uathúil é in Éirinn agus go bhfuil sé ar cheann de na deiseanna athfhorbartha is mó san Eoraip.

Tá na tailte athfhorbraíochta lonnaithe ar imeall thiar Chathair Bhaile Átha Cliath, laistigh den M50 agus 15 nóiméad ó Lár na Cathrach, ag cruthú deis uathúil le haghaidh dlúthfhás inbhuanaithe. Tá an poitéinseal ag an gceantar, mar a shamhlaítear anois, cur go mór leis an soláthar tithe nua agus poist nua a bhfuil géarghá leo, agus ag an am céanna buntáistí suntasacha eacnamaíocha, aeráide agus sóisialta a chruthú don tír.

Bronnadh maoiniú An Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) ar an tionscadal chun Creat Straitéiseach neamhreachtúil a foilsíodh i mí Lúnasa 2022 a ullmhú, ina leagtar amach fís ardleibhéil d'athghiniúint an cheantair go dtí 2070

(City-Edge-Strategic-Framework-August- 2022-Final.pdf (cityedge.ie)

**Tá raon Spriocanna Straitéiseacha uaillmhianacha ag tionscadal Imeall na Cathrach a bhfuil athléimneacht aeráide ina chroílár lena n-áirítear:**

- **Fás dlúth agus prionsabail 15 nóiméad na cathrach**
  - Timpeallacht dhlúth uirbeach a chruthú le fócas ar thaisteal gníomhach, a thacaíonn le sláinte agus folláine na gcónaitheoirí, trí rochtain ar dheiseanna, seirbhísí, acmhainní agus taitneamhachtaí nádúrtha.
- **Bonneagar glas agus gorm**
  - Bonneagar ilfheidhmeach glas agus gorm a chruthú ar mhaith le háiteanna a chruthú, áineasa, bithéagsúlacht, draenáil uirbeach atá inbhuanaithe agus draenáil uirbeach inbhunaitheach agus chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide ar nós priacal tuile.
- **Taisteal gníomhach agus iompar poiblí**
  - Forbairt atá dírithe ar iompar a chinntiú trí fhorbairt uirbeach nua ilchineálach agus dlúth a dhíriú ar chonairí feabhsaithe maidir le taisteal ghníomhach agus iompar poiblí.

Is deis uathúil é Imeall na Cathrach chun beartais an Rialtais maidir le fás dlúth agus forbairt atá dírithe ar iompar ar scála a bhaint amach, spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach, agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh chun an ghéarchéim tithíochta a réiteach, agus deiseanna suntasacha fostaíochta a chruthú ag an am céanna.





## Áirítear le príomhchumasóirí Bhaile Átha Cliath maidir le fás amach anseo:

- Roinnt ceantair uaillmhianacha athghiniúna ar mhórscála a shainaithint ar mhaithe tithe nua agus fostaíocht a sholáthar ar fud na cathrach agus an limistéir uirbeach agus na bearta is gá chun iad a éascú mar thionscadail chomhtháite forbartha inbhuanaithe;
- Forbairt inbhuanaithe ar na limistéir athfhorbraíochta agus úrnua a chur chun cinn ar mhaithe le tithíocht feadh chonair d'iompair phoiblí ardlín reatha nó beartaithe ag díriú ar dheiseanna bainte le Forbairt Dírithe ar Iompair (TOD), feadh na gconair iarnróid ardlín laistigh den cheantar uirbeach
- Líon teoranta de láithreacha inrochtana a chinneadh le haghaidh fostaíochta suntasach lán le daoine chun comhlánú a dhéanamh ar limistéir lár na cathrach agus ceantair na ndugaí;
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, de réir mar a tharlaíonn an fhorbairt agus an t-éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;
- Úsáidí nach bhfuil chomh dian a athlonnú lasmuigh d'fháinne an M50 go háirithe agus go ginearálta ón limistéar foirgnithe reatha;
- Na mórthionscadail iarnróid a sheachadadh a leagadh amach sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear DART+, MetroLink, leathadh amach an Luas, BusConnects Bhaile Átha Cliath agus príomhghnéithe de ghréasán rothaíochta an limistéir uirbigh, lena n-áirítear bealaí comaitéireachta agus glasbhealaí uirbeacha;
- A áirithiú go seachadtar príomhthionscadail soláthair uisce agus fuíolluisce a theastaíonn chun tacaíocht a thabhairt d'fhás fadtéarmach laistigh den limistéar uirbeach, lena n-áirítear Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, dramhaíola agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh;
- Tionscadail ríochta poiblí agus taineamhachtaí uirbeacha, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, sa limistéar idir na canálacha go háirithe, agus nasctha le tionscadail athnuachana sóisialta;
- Bearta chun an líonra reatha de spásanna glasa agus gorma a fheabhsú agus naisc níos fearr a chruthú eatarthu, lena n-áirítear Páirc an Fhionnuisce agus páirceanna eile, Cuan Bhaile Átha Cliath agus na canálacha, faoi réir staidéar ar na slí agus ar aon mheasúnachtaí timpeallachta riachtanacha a dhéanamh;
- An rochtain ar Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain feabhsaithe iompair poiblí, naisc ón ngréasán bóithre aniar agus aduaidh agus san fhadtéarma, machnamh ar rochtain tromiarnróid chun éascaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí díreacha ón ngréasán náisiúnta iarnród i gcomhthéacs leictriú féideartha amach anseo;
- Fás Chalafort Bhaile Átha Cliath a éascú trí éifeachtúlacht níos mó, lena n-áirítear roghanna feabhsaithe maidir le hiompar lastais iarnróid, nuashonruithe uathoibrithe agus teicneolaíochta, leathadh teoranta isteach i gCuan Bhaile Átha Cliath le bóthar rochtana níos fearr, go háirithe go dtí/ón limistéar calafoirt ó dheas;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.



# Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

**Tugann Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair údar leis an fhócas ar leith sa Chreat seo. Tá sé seo mar gheall ar leibhéal uirbithe stairiúil níos ísle i gcomparáid le réigiúin eile, a ghaire leis an teorainn le Tuaisceart Éireann atá siad agus dá bharr na dúshláin leanúnacha iar-Bhreatimeachta.**

## 3.3 Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

Tugann Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair údar leis an fhócas ar leith sa Chreat seo. Tá sé seo mar gheall ar leibhéal uirbithe stairiúil níos ísle i gcomparáid le réigiúin eile, a ghaire leis an teorainn le Tuaisceart Éireann atá siad agus dá bharr na dúshláin leanúnacha iar-Bhreatimeachta.

Léiríonn an tslí gur athainmníodh Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ó réigiún 'níos forbartha' go réigiún 'aistrithe' ag an gCoimisiún Eorpach do thréimhse Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2021 go 2027 na dúshláin ar leith atá roimh an réigiún seo.

Cé gur tháinig méadú ar dhaonra gach contae sa réigiún sa tréimhse 2016 go 2022, bhí an ráta fáis ab ísle as trí réigiún na hÉireann ag an réigiún ag 6.3% i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 8.1%. Laistigh den réigiún, tháinig méadú 6.7% ar an Iarthar (Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus Cathair na Gaillimhe) agus bhí ráta fáis níos ísle ag 5.8% i Réigiún na Teorann (Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach).

Leagann an chodarsnacht spásúil idir na cúig chathair reatha in Éirinn, agus iad go léir ó dheas den líne ó Bhaile Átha Cliath agus cathracha i dTuaisceart Éireann ar nós Béal Feirste agus Doire, béim ar an tearcfhorbairt seo agus ar an riachtanas straitéiseach de bheith ag cur leis an neart atá ag an gcuid seo den tír.

Faoi chur chuige dá leithéid seo níor mhiste na fíricí a aithint, agus tógáil orthu: gur sa Réigiún seo atá an chathair is sciobtha fás le 50 bliain anuas (Gaillimh), chomh maith le háiteanna ann a théann i gcion go mór agus go maith ar na limistéir thart orthu, i bhfad níos mó ná mar a thabharfadh a scála i dtéarmaí daonra le fios.

Feidhmíonn bailte suntasacha ar nós Sligeach mar a fheidhmíonn na cathracha níos mó ina réigiúin, ach ar scála eile. Feidhmíonn Leitir Ceanainn, mar aon le cathair Dhoire agus an Srath Bán i dTuaisceart Éireann, mar réigiún cathrach trasteorann.

Tacófar leis na feidhmeanna cathrach agus na feidhmeanna cathair-réigiúin sin, agus cuirfear leo, i gcaitheamh saolré an Chreata seo trí bheartais ábhartha agus le hinfheistíocht, ach béim láidir ar chur chuige forbartha faoina gcuirfí an fás dlúth chun cinn.

Trí bheartais dá leithéid, beidh breis is 1 mhilliún duine sa réigiún seo faoi 2040, sin 150,000 sa bhreis ar a raibh ann in 2022, an dúshlán is mó, gníomhartha a shainaithint agus a chur chun feidhme a chuirfidh lena struchtúr uirbeach, a dhéanfaidh a chuid limistéar tuaithe a éagsúlú agus a neartú de réir mar a aistríonn siad i dtreo meascán níos leithne de ghníomhaíochtaí eacnamaíochta. Cuirfidh sé seo bonn agus taca faoi phobail áitiúla féinchothaitheacha san fhadtéarma. Comhlánófar seo le rochtain fheabhsaithe.

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, a bunaíodh go foirmiúil in 2022 mar chumasc de thrí institiúid teicneolaíochta (ITanna) atá ann cheana féin – IT na Gaillimhe-Maigh Eo, IT Shligigh, agus IT Leitir Ceanainn – in aon ollscoil amháin is sampla é de chur chuige líonra comhoibríoch i leith forbairt réigiúnach a shíneann ar fud réigiún Thionól an Iarthuaiscirt san iomlán.

# Cás-staidéar

## Ionad AIM, Sligeach

**Tá Ionad AIM chun tosaigh maidir le teicneolaíocht a chur chun cinn don déantúsaíocht agus don slabhra soláthair; tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí ar fud na hÉireann ar a n-aistear dhigitiú ag cinntiú go bhfanann gnólachtaí iomaíoch, ag méadú táirgiúlachta agus ag cur le tionchar eacnamaíoch an réigiúin.**

D'oscail sé i mí Feabhra, 2024, agus léiríonn sé athchuspóirí agus athnuachan i Lár Bhaile Shligigh (Plás an Mhargaidh, Ceathrú na Mainistreach) trí mhaoiniú €5.4 milliún ó Fhiontraíocht Éireann, trí Chiste Forbartha Fiontar Réigiúnach na Teorann (BEDF).

Tionscnamh atá san Ionad AIM a cuireadh brí agus anam ann trí chomhpháirtíocht chomhoibríoch idir Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh, Comhairle Contae Shligigh agus Comhairle Contae Liatroma. Tugtar 'Tionscadail Forbartha Réigiúnacha DAC Shligigh agus Liatroma" ar an trí ghrúpa seo. Tá an chomhpháirtíocht tiomnaithe do thionscadail maoinithe ceannaireachta, atá dírithe ar fhorbairt an Réigiúin Iarthair agus Réigiún Iarthuaisceart na hÉireann. Tacóidh an Mol le FBManna réigiúnacha thar trí bliana agus beidh sé ceangailte le líonra de os cionn 200 EDI eile ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann EDIHanna rogha seirbhísí saor in aisce ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí éirí níos iomaíche trí ghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha. Beidh gnólachtaí a théann i ngleic leis na hionaid ilfhreastail seo do ghnólachtaí a bhfuil dúshláin dhigiteacha acu in ann saineolas a fháil ar thaighde agus ar fhorbairt i réimsí ar nós Intleacht Shaorga, Róbataic agus teicneolaíochtaí Blocshlabhra. Éascaíonn an tIonad spásanna Comhlonnaithe chomh maith leis na seirbhísí réamhluaite.




## Dún na nGall

Tá Dún na nGall uathúil in oileán na hÉireann ó thaobh spásúlachta de, lena chósta fada agus a ghargaol le Tuaisceart Éireann. Léirigh Iarthuaisceart an oileáin athléimneacht shuntasach go stairiúil, agus é san iomaíocht laistigh dá thimpeallacht imeallach agus a shainmhínítear leis na spleáchais trasteorann idir Dún na nGall agus Doire/an Srath Bán, agus baint acu le fostaíocht, oideachas, cúram sláinte agus an ghníomhaíocht mhiondíola.

Is tosaíocht é don limistéar réigiúnach seo aghaidh a thabhairt ar nascacht níos fearr, chomh maith le fás agus iomaíochas a chumasú chun tacaíocht a thabhairt do na naisc láidre idir Leitir Ceanainn agus Tuaisceart Éireann. Cé go bhfuil straitéis chomhordaithe ann, trí chur chuige comhordaithe Chomhpháirtíocht Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt, tá deis ann freisin an cur chuige sin a úsáid tuilleadh i gcomhthéacs pleanáil spásúil réigiúnach agus áitiúil, lena áirithiú go mbeidh d'acmhainn ag Leitir Ceanainn agus ag an gceantar máguaird fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Fás Straitéiseach an Iarthuaiscirt.

## An tIarthuaisceart

Mar lárionad réigiúnach, freastalaíonn Sligeach ar chúlchríoch mhór a shíneann amach ó Chontae Shligigh isteach sna contaetha mórthimpeall, áirítear páirteanna de chontaetha Dhún na nGall, Liatroma, Mhaigh Eo agus Ros Comáin agus na bailte móra in aice láimhe mar thaca acu. Is mó i bhfad tábhacht Shligigh mar lárionad fostaíochta agus seirbhísí ná a scála i dtéarmaí daonra.

Léiríonn earnálacha láidre fostaíochta ar nós Cógaisíocht (Pharma) agus Innealtóireacht, Institiúidí Ard-Oideachais (IAO), institiúidí cultúrtha agus seirbhísí sláinte acmhainn folaigh Shligigh cur lena ról réigiúnach. Is féidir é seo a dhéanamh trí thairseach chriticiúil daonra a thógáil agus tuilleadh fostaíochta a chur ar fáil, agus ag an am céanna an rochtain agus an caighdeán saoil a fheabhsú. I bhfianaise a thábhachtaí atá na hidirspleáchais réigiúnacha, is i bpáirt le háiteanna agus le hinstitiúidí eile a dhéanfar é.

Aithnítear an ról réigiúnach tábhachtach atá ag Sligeach sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta do Réigiún an Iarthair agus do réigiún an Tuaiscirt. Beidh gá le straitéis chomhordaithe a ullmhú do Shligeach ag leibhéal na lonnaíochta chun a chinntiú gur féidir leis an mbaile fás go hinbhuanaithe agus infheistíocht a dhaingniú mar phríomhionad réigiúnach.



## An Cabhán-Muineachán/An tOirthuaisceart

I réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair is mó a dhíríonn an chuid is mó de Chontae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin ar an taobh thoir ná mar a dhíríonn áiteanna eile. Is cuid iad de réigiún feidhmiúil Oirthuaiscirt a chuimsíonn Contae Lú freisin i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Is é an príomhspreagadh don limistéar réigiúnach seo ná líonra trasteorann Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste a síneann a thionchar isteach go Contae an Chabháin agus go Contae Mhuineacháin, chomh maith le limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath.

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha don limistéar seo a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, tá athléimneacht eacnamaíoch agus nascacht. Más féidir an taisteal trasteorann gan stró a chaomhnú do dhaoine, d'earraí agus do sheirbhísí, chomh maith le bonneagar digiteach agus fisiceach a fheabhsú cruthófar deiseanna chun fostaíocht a ghiaráil mar aon le méadú inbhuanaithe daonra atá dírithe ar na bailte contae. Bheadh suíomh straitéiseach faoin limistéar seo mar thoradh ar na ceangail a fheabhsú, é beagnach ar comhfhad ó réigiúin Bhaile Átha Cliath, Bhéal Feirste agus cathair Dhoire i dtéarmaí ama chomh maith le fad.

## An tIarthar

Contaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin atá i limistéar réigiúnach an Iarthair. Tá an-tionchar ag cathair na Gaillimhe ar chuid mhór de dheisceart an limistéir seo. Leagtar creat straitéiseach amach chun forbairt a threorú sa réigiún cathrach níos leithne, agus Plean Straitéiseach Limistéar Uirbeach (MASP) ullmhaithe do limistéar uirbeach na Gaillimhe mar chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Cinntítear leis an nascacht thuaidh theas a fheabhsú, agus í dírithe ar líonra sócmhainní réigiúnacha ar nós Institiúidí Ard-Oideachais, an M17 agus Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, agus le treisiú na struchtúr uirbeach agus fostaíochta i réigiún an Iarthuaiscirt i gcoitinne, go gcuirfear deiseanna nua ar fáil, agus iad ag comhlánú le rochtain feabhsaithe soir siar.

Tá tionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (féach an cás-staidéar) ag iarraidh tógáil ar an acmhainneacht sin, le tacaíocht ó fhorbairtí ar nós Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a bunaíodh le déanaí. Tá ról suntasach ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, i bhforbairt turasóireachta agus fiontraíochta agus acmhainneacht ann d'fhás breise nuair a chuirtear a ainmniú mar Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) san áireamh.

Feidhmíonn Contae Mhaigh Eo le hardleibhéal neamhspleáchais, é dírithe ar líon lárionad láidir fostaíochta agus seirbhísí, d'fhéadfadh freastal ar an daonra agus ar fhás post iontu. Feidhmíonn cuid mhór de Chontae Ros Comáin mar chuid de réigiún Lár na Tíre, é dírithe ar Bhaile Átha Luain ina bhfuil cuid de lonnaithe laistigh den chontae, cé go bhfuil tuaisceart an Chontae faoi thionchar Shligigh agus Liatroma atá in aice láimhe.

I bhfianaise a thábhachtaí atá na hidirspleáchais réigiúnacha, beidh cur chuige comhordaithe ag teastáil ag an leibhéal réigiúnach agus ag leibhéal an chontae/an bhaile mhóir, chun a áirithiú go mbeidh Baile Átha Luain agus an ceantar máguaird in ann fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú mar an príomh-lárionad réigiúnach i Lár na Tíre; ag síneadh isteach i bpáirteanna de Chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Maidir leis an Iarthar i gcoitinne, beidh sé tábhachtach na cuir chuige ó thaobh beartais de a oiriúnú agus leas a bhaint as an gcaighdeán saoil agus na buanna earnála ar nós agraibhia, fuinneamh, turasóireacht agus cúrsaí mara, agus beidh sé tábhachtach dlús a chur faoi athnuachan bailte móra agus sráidbhailte faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.



## Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair tá:

- Plean Straitéiseach Limistéar Uirbeach cuimsitheach do chathair na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ionas gur féidir leanúint dá forbairt straitéiseach ar bhonn claochlaitheach, dírithe ar an athnuachan uirbeach, le fócas ar leith ar leas a bhaint as láithreáin tearcúsáidte in úinéireacht phoiblí agus i láithreacha lárnacha, agus a n-acmhainneacht a ghníomhachtú chun treisiú leis an méadú daonra agus le leibhéil aschur eacnamaíoch na limistéar lárnach.

- Cur leis na feidhmeanna cathrach-réigiúnach atá á gcomhlíonadh ag Sligeach de réir a phlean forbartha reachtúil, an acmhainneacht athnuachan bhreise a ghníomhachtú agus an croí-réigiún a fheabhsú agus a nascacht a fheabhsú tuilleadh i gcomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach ionas gur fusa teacht ar sheirbhísí agus conláistí ábhartha.

- Cur le feidhmiú na comhpháirtíochta straitéisí idir údaráis áitiúla Dhún na nGall agus Dhoire i gcomhthéacs limistéar Réigiún na Cathrach Thiar Thuaidh, a sheachadann raon leathan feidhmeanna eacnamaíocha, bonneagair, pobail agus seirbhísí poiblí san iarthuaisceart i gcoitinne.

- Pleanáil straitéiseach agus comhordú níos éifeachtaí i leith forbairt áiteanna straitéiseacha amach anseo sa chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach, trasphointí teorann le réigiúin chomharsanachta san áireamh, ar nós Baile Átha Luain agus Leitir Ceanainn, ar fócasphointí iad do limistéir gheografacha mhóra a shíneann isteach i gcuid mhór dá réigiún agus de na réigiúin chomharsanachta ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, fostaíochta, iompair agus oideachais de, agus ó thaobh seachadadh seirbhísí poiblí agus cúrsaí miondíola.

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach an líonra áiteanna uirbeacha agus tuaithe a bheith ag obair as láimh a chéile, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal pobail ar mhaithe le sochar réigiúnach faoi thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, comhaontais ollscoile, ardoideachais agus taighde san áireamh, agus nascacht fheabhsaithe.

- Pleanáil chomhtháite, bainistiú agus forbairt na limistéar trína ngabhann Slí an Atlantaigh Fhiáin, ar mhaithe le caighdeán agus ionracas an eispéiris chuartaíochta araon a uasmhéadú mar aon le sochar breise i dtéarmaí eacnamaíochta, do phobail tuaithe agus áitiúla go háirithe.

- Tosaíochtaí athnuachana sa chathair, i mbailte tuaithe, i sráidbhailte agus faoin tuath a mhúnlú, agus bonn eolais a chur faoina seachadadh, le tacaíocht as na Cistí um Athghiniúint Tuaithe agus Uirbeach, leas a bhaint as talamh in úinéireacht phoiblí agus as sócmhainní eile nach bhfuiltear á n-úsáid go gníomhach faoi láthair ar nós iarláithreacha sláinte, míleata, iompair agus eile agus a n-acmhainneacht de shócmhainní den tsórt sin, a nascadh le tacaíocht agus infheistíocht ón bpobal agus ón earnáil phríobháideach agus phoiblí i gcoitinne chun claochlú na limistéar tuaithe agus uirbeacha araon a thabhairt i gcrích ar bhealach comhtháite.

- Acmhainneacht an réigiúin a shaothrú ó thaobh fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir leis na spriocanna leithdháileadh acmhainne a leagtar amach i gCaibidil a 9: Aistriú Aeráide agus Ár dTimpeallacht fud fad speictream na teicneolaíochta, ó ghaoth agus grian, chomh maith le bithmhais agus fuinneamh tonnta.

- Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le forbairt líonra comhtháite glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a thacóidh le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus a chothóidh modhanna níos inbhuanaithe iompair mar aon le caitheamh aimsire gníomhaíochta ag baint leas as canálacha agus bealaí eile.

## Case Study

# Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh

**Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA) a thugtar ar líonra líneach feadh bhord farraige an Iarthair, a shíneann ó Chiarraí go Dún na nGall agus a bhfuil d'acmhainneacht inti feidhmiú mar phríomhchumasóir do chuspóirí réigiúnacha fáis an Chreata Náisiúnta Phleanála.**

Tá cuid den chonair i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus cuid eile i Réigiún an Deiscirt, agus d'fhéadfadh sí a scóip a leathadh tuilleadh trí thógáil ar an gcaidreamh trasteorann idir Leitir Ceanainn agus Tuaisceart Éireann, agus isteach go Cathair agus Contae Chorcaí ó dheas.

Is é móraidhm thionscnamh CEA ná an bonneagar, an tallann agus na sócmhainní fiontraíochta feadh bhord farraige an iarthair a uasmhéadú agus na moil eacnamaíocha, na braislí agus na ceantair sa limistéar a chumasc chun infheistíocht a mhealladh, tacaíocht a thabhairt do chruthú post agus cuidiú le caighdeán saoil níos fearr a chruthú do na daoine atá ina gcónaí ann. Is bac an-mhór é an easpa nascachta ardchaighdeáin idir réigiúin CEA ar a fhorbairt i bhfrith-chothromaíocht le Baile Átha Cliath agus an cósta Thoir.

Is tionscadal trí bliana é Tionscadal Mhoil Fiontraíochta an CEA chun gréasán comhphobail idirnasctha a chruthú ó níos mó ná 100 mol ó Dhún na nGall go Ciarraí a aithnítear a bheith ag feidhmiú nó á bhforbairt, i réigiún an CEA.

Is tionscnamh comhoibríoch í CEA, faoi thionchar ionadaithe gnó agus na bpobal, agus tacaíocht aici ón rialtas náisiúnta agus áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit agus Institiúidí Tríú Leibhéil. Aithníonn an Rialtas an méid a d'fhéadfadh tionscnamh CEA a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí CNP a bhaint amach, agus leanfar dá thacaíocht le forbairt an tionscnaimh seo.





## Cathair na Gaillimhe agus an Limistéar Uirbeach

Is í Gaillimh an limistéar uirbeach is tapúla fás in Éirinn le leathchéad bliain anuas, agus í ina príomhspreagadh d'iarthar na hÉireann.

Tá an Chathair suite in ionad ríthábhachtach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, óna síneann tionchar chathracha dheisceart na hÉireann (Corcaigh agus Luimneach) ó thuaidh.

Baineann go leor de na dúshláin chéanna le limistéar Uirbeach na Gaillimhe is atá ag cathracha eile atá níos mó, de thoradh ar fhás agus rath eacnamaíoch. Ar nós Bhaile Átha Cliath, ní mór do Ghaillimh níos mó den fhás a ghineann sí a choinneáil laistigh dá teorainn uirbeacha, ar bhealach níos glaise agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil. Ar na dúshláin nach mór dul i ngleic leo tá an soláthar tithíochta agus inacmhainneacht, iompar agus soghluaisteacht inbhuanaithe agus an caighdeán saol uirbeach, go háirithe lasmuigh de chroílimistéar na cathrach.

Ní mór do Ghaillimh dul i ngleic le saincheisteanna oidhreachta de thoradh ar shraoilleáil uirbeach agus spleáchas ar charranna príobháideacha agus tógáil ar phríomhbhuanna, ar nós braisle teicneolaíochta/leighis den scoth, institiúidí Tríú Leibhéil neadaithe sa Chathair, saol beoga ealaíon agus cultúir, turasóireacht ar feadh na bliana agus suíomh tarraingteach nádúrtha. Cuireann na nithe sin ar fad lena dea-cháil naisiúnta.

Ar scála uirbeach, beidh gá le díriú ar sholáthar an bhonneagair chriticiúil atá ag teastáil chun na spriocanna fáis uaillmhianacha atá léirithe sa CNP a chomhlíonadh, lena n-áirítear iompar poiblí feabhsaithe agus roghanna maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe.

Beidh sé riachtanach díriú ar thionscadail athghiniúna agus athfhorbartha laistigh den limistéar foirgnithe atá ann cheana féin, agus foirm uirbeach níos dlúithe a fhorbairt, arna éascú trí fhorbairt dea-dheartha ar mheándlús agus ar dhlús níos airde. Beidh sé riachtanach freisin láithreáin forbartha úrnua inbhuanaithe a aithint ar féidir iad a chomhtháthú le limistéar foirgnithe na cathrach atá ann cheana féin agus a fhreastalóidh ar iompar poiblí ardchumais.

**Ghaillimh tógáil ar phríomhbhuanna, ar nós braisle teicneolaíochta/leighis den scoth, institiúidí Tríú Leibhéil neadaithe sa Chathair, saol beoga ealaíon agus cultúir, turasóireacht ar feadh na bliana agus suíomh tarraingteach nádúrtha.**



## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Ghaillimh amach anseo tá:

- Líon tionscadal athnuachana a sheachadadh chun cur le lár na cathrach agus é a neartú, i limistéir an Stáisiúin, na nDuganna, Bhóthar Áth Cinn agus Bhóthar an Ghainimh san áireamh;
- Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar fhorbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud na limistéar bruachbhailteach inmheánach;
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a bhrú chun cinn, agus bonneagar agus iompar poiblí a fhorbairt di, ar nós mar atá sna hArdáin;
- Na naisc rochtana agus iompair inbhuanaithe go dtí na limistéir fhostaíochta reatha in oirthear na cathrach ag an bPáirc Mhór, Baile an Bhriotaigh agus An Baile Bán a fheabhsú agus a chomhtháthú;
- Forbairt leanúnach institiúidí Tríú Leibhéil na cathrach, agus comhtháthú leis an gcathair agus leis an réigiún;
- Tionscadail straitéiseach athnuachana agus athfhorbartha a fhorbairt agus tograí don Chathair lena n-áirítear:
  - ‘Tionscadal Sráideanna agus Spásanna Poiblí na Gaillimhe’;
  - Ceantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta na Gaillimhe;
  - Suíomh Aerfort na Gaillimhe.
- Líonra iompair poiblí a sholáthar a théann ar fud na cathrach, le rochtain fheabhsaithe idir limistéir chónaithe reatha agus molta agus Lár na Cathrach, na hinstitiúidí Tríú Leibhéil agus limistéir fostaíochta in oirthear na cathrach;
- Tionscadail ríochta poiblí agus conláiste uirbeach, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, chun cur le limistéar lár na cathrach go háirithe, agus mar is féidir limistéir chónaithe agus fostaíochta a nascadh le bealaí coisithe;
- Líonra straitéiseach rothaíochta a fhorbairt ina mbeidh bealaí suaitheanta ardacmhainne;
- Cuarbhóthar na Gaillimhe a sheachadadh; Scéim Príomhdhraenála Ghaillimh Thoir a sheachadadh mar chuid den Staidéar Draenála Mhórcheantar Uirbeach na Gaillimhe;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta chun soláthar uisce na Gaillimhe a fheabhsú agus chun cur leis an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.



# Réigiún an Deiscirt

## 3.4 Réigiún an Deiscirt

Ar na príomhghnéithe den Réigiún seo tá na trí chathair, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge agus a gcuid calafort agus na haerfoirt idirnáisiúnta i gCorcaigh agus Sionainn, líonra bailte móra, bailte contae san áireamh agus róil fostaíochta agus feidhmiúla ag cuid díobh atá i bhfad níos mó ná an scála daonra; líonra fairsing bailte beaga agus sráidbhailte, róil straitéiseacha ag cuid mhaith díobh, go háirithe sna páirteanna is iargúlta den réigiún agus sna leithinsí agus taobh tíre tuaithe codarsnach ó bhord farraige an Atlantaigh fad le tailte talmhaíochta agus gleannta abhann méithe agus táirgiúla.

Príomhacmhainn sa réigiún iad na trí réigiún chathracha, astu féin agus mar ghrúpa beidh ról suntasach acu mar spreagadh agus mar sholáthraí cóiríochta do chion suntasach de 300,000 duine sa bhreis a bhfuiltear ag súil leo sa réigiún iomlán idir 2022 agus 2040, agus daonra beagnach 2 mhilliún acu.

Tháinig méadú 45,000 (6.6%) ar dhaonra Réigiún an Deiscirt le linn na tréimhse 2016 go 2022 agus tháinig méadú ar dhaonra gach contae sa réigiún le linn na tréimhse seo. Laistigh de Réigiún an Deiscirt, bhí an méadú is mó i réigiún an Oirdheiscirt (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Port Láirge) agus bhí an ráta fáis is ísle ag réigiún an Mheán-Iarthair (Clár, Luimneach, Tiobraid Árann) ag 5.8%.

An dúshlán mór don Réigiún sa tréimhse go dtí 2040, ná na cathracha a shocrú ar bhonn suntais scála, iad níos dlúithe agus níos tarraingtí agus ag feidhmiú mar spreagthaí uirbeacha don réigiún i gcoitinne agus ina gcomhlántaigh ar neart eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath. Beidh sé mar thosaíocht chomh maith cur chuige cothromaithe i leith acmhainneacht thearcúsáidte eile i mbailte faoin tuath agus sna pobail scaipthe a ghníomhachtú agus a réadú.

### An tIarthar Láir

Tá limistéar réigiúnach an Iarthair Láir comhdhéanta de Chontaetha an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann, Cathair Luimnigh agus inbhear na Sionainne an príomhfhócas, agus síneann cuid den réigiún chomh maith isteach i dtuaisceart Chontae Chiarraí. Ullmhófar Plean Straitéiseach Limistéar Uirbeach (MASP) do limistéar uirbeach Luimnigh agus na Sionainne san áireamh, trí phróiseas na Straitéise Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Cé go bhfuil an limistéar réigiúnach seo dírithe ar Chathair Luimnigh agus ar na príomhacmhainní fostaíochta agus bonneagair i Sionainn agus i bhFaing, faigheann sé an-tacaíocht ó gheilleagar láidir tuaithe agus ó líonra éagsúlaithe bailte agus sráidbhailte. Tá ról seanbhunaithe ag Aerfort na Sionainne mar phríomh-mhol taistil agus fiontraíochta sa réigiún, agus acmhainn fás breise ann. Leagann Tuarascáil neamhspleách Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne, a foilsíodh in 2023[13], amach moltaí don rialtas maidir le hacmhainn forbartha eacnamaíochta réigiún Inbhear na Sionainne.

Beidh an fás amach anseo bunaithe ar ghiaráil na nascachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar acmhainn ardoideachais agus caighdeán saoil chun an infheistíocht straitéiseach a dhaingniú. Ní mór fostaíocht inbhuanaithe agus forbairt tithíochta a bheith mar bhonn agus thaca leis, i gcás mórcheantar uirbeacha Luimnigh-Sionainne i gcoitinne agus croí uirbeach na mbailte contae agus na bpríomhlonnaíochtaí á neartú, chomh maith le limistéir thuaithe.

### An tOirdheisceart

Áirítear Contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Phort Láirge, agus Loch Garman sa limistéar réigiúnach seo. Cé go bhfuil struchtúr láidir uirbeach ann, tá nádúr tuaithe ag baint le cuid mhór den limistéar seo agus áirítear cuid den talamh talmhaíochta is táirgiúla in Éirinn ann.

13 https://enterprise.gov.ie/en/publications/shannon-estuary-economic-taskforce-report-july-2023.html

Ullmhaíodh Plean Straitéiseach Limistéar Uirbeach (MASP) do cheantar uirbeach Phort Láirge trí phróiseas na Straitéise Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Tá an t-oirdheisceart suite go straitéiseach idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath, le gréasán de bhailte móra, agus tá acmhainn aige le haghaidh fás feabhsaithe, ach ní raibh fócas dóthanach ó thaobh scála aige chun forbairt inbhuanaithe an réigiúin ina iomláine a thiomáint.

Ar na deiseanna réigiúnacha chun an fás a ghiaráil tá nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí na calafoirt i ngar do Mhór-roinn na hEorpa go háirithe, ar nós Belview agus Ros Láir-Europort, na IAO a neartú, tuilleadh fostaíocht chothromaithe agus forbairt tithíochta sna príomhlonnaíochtaí agus sna bailte contae. Ní mór é a bhunú ar an mbonneagar agus ar an gcaighdeán saoil, seachas ar chianchomaitéireacht go Baile Átha Cliath, mar is léir i bpáirteanna de chontaetha Cheatharlach agus Loch Garman go háirithe.

## An tIardheisceart

Is iad Contaetha Chorcaí agus Chiarraí agus cathair Chorcaí atá i limistéar réigiúnach an Iardheiscirt. Faoin Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (MASP) do Cheantar Uirbeach Chorcaí, lena n-áirítear Cuan Chorcaí, déanfar Plean Straitéiseach Limistéar uirbeach a ullmhú.

Baineann cosúlachtaí idir Tuaisceart agus Iarthar Chorcaí agus Contae Chiarraí, a gcomharsan in aice láimhe, iad suite taobh amuigh de limistéar feidhmiúil Chathair Chorcaí, cuma níos tuaithe orthu ina gcuid tréithe, agus cósta leathan acu agus bailte móra agus beaga ina thimpeall. Baineann ardleibhéal féinspleáchais le cuid mhaith de na lonnaíochtaí seo, iad ag feidhmiú mar lárionaid shuntasacha áitiúla fostaíochta agus seirbhíse do chúlchríoch mhór tuaithe.

Cé gur tosaíochtaí iad fostaíocht, bonneagar agus na bailte beaga agus pobal tuaithe ar fud an limistéir réigiúnaigh seo a neartú, beidh fócas freisin ar fhás níos cothroime agus níos dlúithe. Ciallaíonn sé sin gur chóir an fhorbairt tithíochta a bheith bunaithe ar fhás na fostaíochta, ar dhlúis níos airde, rochtain ar chonláistí agus modhanna iompair inbhuanaithe chun an chianchomaitéireacht a sheachaint agus na tionchair ar an gcaighdeán saoil.

Baineann an méid sin leis na bailte is mó sa limistéar réigiúnach seo freisin ach in áiteanna eile, dála contaetha bhord farraige an iarthair, beidh tábhacht freisin le cuir chuige ó thaobh beartais de a oiriúnú agus leas a bhaint as an gcaighdeán saoil agus ar bhuanna earnála ar nós agraibhia, fuinneamh, turasóireacht agus cúrsaí mara, agus athnuachan bailte móra agus sráidbhailte a dhreasachtú leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

### Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha don Réigiún amach anseo tá:

- **Pleananna straitéiseacha limistéir uirbeacha a chur chun feidhme do chathracha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge a dhaingníonn forbairt cathrach fhadtéarmach chlaochlaitheach, dírithe ar an athnuachan, agus béim ar leith ar thapú acmhainneacht láithreán tearcúsáidte in úinéireacht phoiblí agus i láithreacha lárnacha, agus a n-acmhainneacht a ghníomhachtú ar mhaithe le borradh a chur faoin daonra agus faoi leibhéil aschuir eacnamaíoch na limistéar lárnach mar spreagthaí do na mór-réigiúin.**
- **Mar aon le straitéisí chun forbairt níos dlúithe a sheachadadh sna mórchathracha, chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nasc iompair idir na cathracha a fheabhsú, iad a chumasú chun feidhmiú i gcomhar, agus a gcuid buanna comhlántacha a shaothrú ionas go mbeidh níos mó den líonrú i gceist.**
- **Bearta tacaíochta d'fhorbairt chomhtháite na bpáirteanna is iargúlta den réigiún seo, limistéir thuaithe na leithinsí agus na mbailte ar an mbord farraige thiar, go háirithe infheistíocht leanúnach i réimse an iompair agus na cumarsáide, go háirithe i bhfeidhmiú scéim náisiúnta leathanbhanda agus pointí tarraingteachta a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh chun leas a bhaint as acmhainneacht thearcúsáidte i réimsí na turasóireachta agus na fiontraíochta áitiúla.**
- **Pleanáil chomhtháite, bainistiú agus forbairt na limistéar trína ngabhann Slí an Atlantaigh Fhiáin, ar mhaithe le caighdeán agus ionracas an eispéiris chuartaíochta araon a uasmhéadú mar aon le sochar breise i dtéarmaí eacnamaíochta, do phobail tuaithe agus áitiúla go háirithe.**
- **Acmhainneacht an réigiúin a shaothrú ó thaobh fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir leis na spriocanna leithdháileadh acmhainne a leagtar amach i gCaibidil a 9: Aistriú Aeráide agus Ár dTimpeallacht fud fad speictream na teicneolaíochta, ó ghaoth agus grian, chomh maith le bithmhais agus fuinneamh tonnta.**
- **Níos mó béime ar fhorbairt áiteanna a d'fhás go tapa le deich mbliana nó mar sin anuas a dhaingniú le forbairt tithíochta ar scála mór faoi thiomáint comaitéirí le fócas ar leith ar infreastruchtúr agus ar sholáthar áiseanna pobail agus taitneamhachta áitiúla a aithint agus a chur in ord tosaíochta i go leor de na bailte comaitéireachta níos mó trí infheistíocht spriocdhírithe faoi Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta ábhartha an CPN.**
- **Líonra níos comhtháite glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a fhorbairt a thacóidh le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus a chothóidh modhanna iompair níos inbhuanaithe mar aon le caitheamh aimsire trí ghníomhaíocht.**



## Cathair Chorcaí agus an Limistéar Uirbeach

Feidhmíonn Corcaigh go maith mar mhórionad uirbeach in Éirinn cheana féin agus tá an Chathair tar éis í féin a chur in iúl mar lárionad meánmhéide fáis agus nuálaíochta Eorpach atá ag teacht chun cinn. Tá sé ríthábhachtach tógáil ar an acmhainneacht seo chun cur le híomhá uirbeach na hÉireann.

Chuige sin beidh fís uaillmhianach de dhíth ar Chorcaigh, agus timpeallacht inbhuanaithe uirbeach ina lár atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta. Sa todhchaí, ní mór do Chorcaigh freastal ar chomhréir níos mó den fhás a ghineann sé laistigh dá theorainneacha uirbeacha, agus ag an am céanna rogha tithíochta feabhsaithe, soghluaisteacht iompair agus cáilíocht beatha a chur ar fáil.

Ciallaíonn sé seo raon bonneagair chriticiúil a sholáthar chun fás uirbeach ar mhórscála a sholáthar le haghaidh tithíochta, iompair, taitneamhachtaí agus córais fhuinnimh i gcomhthéacs dea-chleachtas Eorpach.

Ar scála uirbeach, beidh gá le fócas ar roinnt mórthionscadail athghiniúna agus athfhorbartha laistigh den limistéar tógtha atá ann cheana féin, agus foirm uirbeach níos dlúithe, arna éascú trí fhorbairt ard dlús dea-dheartha. Teastóidh forbairt shuntasach uaidh freisin, ar láithreacha ar féidir iad a chomhtháthú isteach i gceantar tógtha na cathrach atá ann cheana nó atá pleanáilte agus a ndéantar seirbhísiú orthu ag iompar poiblí ardacmhainneachta, lena n-áirítear deiseanna Forbartha athfhorbraíochta agus úrnua ar scála mór atá Dírithe ar Iompar.

Ar na dúshláin is mó don fhás suntasach a bhaint amach agus réigiún uirbeach Chorcaí a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile tá dul i ngleic le ceist dhaonra uirbeach na Cathrach é ag meath san fhadtéarma. Tá fianaise dhearfach air i nDaonáireamh 2016 agus 2022 agus beidh sé i gcónaí tábhachtach daoine breise agus poist bhreise a mhealladh go dtí páirteanna seanbhunaithe na Cathrach atá ann cheana féin.

Is den riachtanas é freisin bonn fostaíochta Chorcaí a fhás agus a éagsúlú. Ciallaíonn sé seo dálaí a chruthú chun nuálaithe cliste agus fiontraithe a mhealladh agus a choinneáil, agus a bheith inrochtana d'infheisteoirí.

Is príomhghné den cheist sin an timpeallacht uirbeach fheabhsaithe, ina mbeadh rogha tithíochta níos fearr agus caighdeán tithíochta níos fearr, ionaid fostaíochta nua, spásanna poiblí feabhsaithe agus iompar poiblí feabhsaithe chomh maith le roghanna sábháilte taitneamhacha don siúl agus don rothaíocht.

Tá an poitéinseal ag forbairt an mhórthionscadail athghiniúna atá maoinithe ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach i nDugaí Chathair Chorcaí tithe agus poist a sholáthar do na mílte duine i gceathrú uirbeach nua i gcroílár na Cathrach.

Tá sé tábhachtach an nascacht réigiúnach a fheabhsú freisin in éineacht le straitéisí fás uirbeach do Chorcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Ba chóir go mbeadh na meánamanna turais sa km de bhóthar ó Chorcaigh go Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh ar aon dul leo siúd ó Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair bíonn na meánamanna turais sa km ó Chorcaigh níos moille sa km taistealta ná ó Bhaile Átha Cliath go dtí na Cathracha eile.

Maidir le Scéim Abhainn na Laoi um Maolú Tuilte a thabhairt i gcrích, caithfear dul i ngleic le bainistiú tuilte mar chuid d'aon straitéis fáis do Chorcaigh, go háirithe maidir le limistéir Chathrach in aice abhainn na Laoi.

# Cás-staidéar

## Duganna Chathair Chorcaí

**Tá an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach ag cabhrú le roinnt tionscadail straitéiseacha a mhaoiniú i gCathair Chorcaí agus tá maoiniú suntasach leithdháilte go sealadach do dhá thionscadal; ceann amháin do Dhuganna Chathair Chorcaí agus ceann do Shráid an Chapaill Bhuí. Áirítear i measc na dtionscadal seo oibreacha tábhachtacha ríochta poiblí agus oibreacha caipitiúla a athróidh an dá cheantar seo de Chathair Chorcaí go ceantair bheoga den ardchaighdeán.**



### Ar na Príomhchumasóirí fáis do Chorcaigh amach anseo tá:

- **Tionscadail athnuachana uaillmhianacha mórscála a sheachadadh chun fostaíocht nua, tithíocht agus bonneagar tacaíochta a sholáthar i gceantar na nDuganna i gCorcaigh (Duganna na Cathrach agus Tivoli) mar fhorbairtí comhtháite inbhuanaithe, agus dhá shuíomh 'Seveso' ó Dhuganna na cathrach;**
- **Córas iompair poiblí feabhsaithe ar fud na Cathrach a fhorbairt atá bunaithe ar Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí (CMATS), chun conair soir-siar a ionchorprú ó Mhachain, trí Lár na Cathrach go Baile an Chollaigh agus conair thuaidh-theas le nasc leis an Aerfort;**
- **BusConnects Chorcaí agus clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí a sheachadadh. Forbairt inbhuanaithe ar na limistéir athfhorbraíochta agus úrnua a chur chun cinn ar mhaithe le tithíocht feadh chonair d'iompair phoiblí ardlín reatha nó beartaithe ag díriú ar dheiseanna bainte le Forbairt Dírithe ar Iompair (TOD), feadh na gconair iarnróid ardlín laistigh den cheantar uirbeach**
- **Deiseanna a aithint d'inlíonadh agus athnuachan chun treisiú ar an bhforbairt tithíochta sa chathair istigh agus sna bruachbhailte istigh, le tacaíocht ón ríocht phoiblí agus ó thionscadail conláiste poiblí;**
- **Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, de réir mar a tharlaíonn an fhorbairt agus an t-éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;**
- **Páirc nua eolaíochta agus nuálaíochta a fhorbairt in iarthar na Cathrach, a bhfuil rochtain ar iompar poiblí;**
- **Institiúidí Tríú Leibhéil na Cathrach le leanúint de bheith ag forbairt agus ag comhtháthú lena n-áirítear Coláiste Ollscoile Chorcaí agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, ina bhfuil trí as sé champas lonnaithe i gCathair Chorcaí;**
- **Rochtain feabhsaithe ar Chuan Rinn an Scidígh;**
- **Nascacht fheabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar;**
- **Príomhthionscadail a theastaíonn chun athghiniúint Cheantar Duganna Chathair Chorcaí a éascú, lena n-áirítear M28 Chorcaí go tionscadal Rinn an Scidígh a chríochnú agus an Scéim Nascachta an Oileáin Mhóir a sheachadadh chun nascacht iompair a fheabhsú ón mórthír go dtí an tOileán Mór agus an Cóbh;**
- **Amanna níos fearr turas iarnróid go Baile Átha Cliath agus plé maidir le naisc feabhsaithe gréasán díreach ar aghaidh;**
- **A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Chorcaí agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce**
- **An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.**

## Cathair Luimnigh agus an Ceantar Uirbeach

Is é Luimneach an lárionad uirbeach is mó in Iarthar Láir na hÉireann, le fócas ar dhobharcheantar íochtair na Sionainne. Áiríonn an réigiún Aerfort na Sionainne agus na háiseanna calafoirt agus fuinnimh in inbhear na Sionainne, chomh maith le páirteanna tadhlach de Chontae an Chláir agus Chontae Thiobraid Árann.

Mar lárionad réigiúnach atá suite leathbhealach idir Corcaigh agus Gaillimh ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, tá nascacht mhaith aige le Baile Átha Cliath, agus tá d'acmhainneacht ag Luimneach a bheith ina fhócas suntasach d'fhás fostaíochta agus tithíochta, agus iad a ghiniúint.

Tá sé riachtanach do Luimneach a ionad a threisiú a thuilleadh mar phríomhfhócas laistigh den Réigiún agus leanúint de bheith ag tabhairt aghaidh ar oidhreacht an fháis réigiúnaigh a tharla taobh amuigh de limistéar na Cathrach. Cuireadh sraith beart nuálach, praiticiúil agus institiúideach i bhfeidhm le blianta beaga anuas lena thabhairt i gcrích agus tá fianaise ann ar athrú chun feabhais ó thaobh fás an daonra de agus fás na fostaíochta.

Ba mhór a chuir Athnuachan Luimnigh, cónascadh Cathair agus Contae Luimnigh agus le déanaí, an tionscnamh Luimneach 2030; uile chun acmhainn fáis Luimnigh a fheabhsú. Ach oibriú i gcomhair le hInstitiúidí Tríú Leibhéil na Cathrach, Aerfort na Sionainne agus comhlachtaí ar nós Forbairt na Sionna agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, d'fhéadfaí tógáil ar na dea-thorthaí deireanacha agus cur leis an bhfís uaillmhianach do Luimneach.

Ní miste bonn fostaíochta na cathrach a fhás agus a éagsúlú, agus a thuilleadh daoine a mhealladh le bheith ina gcónaí sa Chathair, istigh i Lár na Cathrach agus i limistéir úrnua inrochtana.

Ag scála uirbeach, beidh gá le fócas ar thionscadail athghiniúna agus athfhorbartha laistigh den limistéar foirgnithe atá ann cheana féin, agus foirm uirbeach níos dlúithe, arna éascú trí fhorbairt dea-dheartha ar mheándlús agus ar dhlús níos airde. Beidh gá le forbairt shuntasach freisin, ar láithreacha ar féidir iad a chomhtháthú le limistéar faoi fhoirgnimh reatha na cathrach agus a bhfuil seirbhís iompair phoiblí reatha nó pleanáilte ag baint leo. Tá seachadadh an bhonneagair straitéisigh ríthábhachtach i réimsí ar nós iompar, uisce, oideachas, sláinte agus seirbhísí pobail eile ina phríomh-chumasóir d'fhás inbhuanaithe Luimnigh agus tá sé riachtanach chun réigiún na cathrach a fhás ag an scála atá beartaithe faoin CPN.

Caithfear dul i ngleic leis an nascacht réigiúnach freisin, go Corcaigh agus Port Láirge go háirithe agus ní miste na meánamanna turais sa km a fheabhsú.



## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Luimneach amach anseo tá:

- Straitéis eacnamaíoch Luimneach 2030, a bhfuil nuashonrú déanta uirthi, a chur chun feidhme agus cóiríocht oifige nua-aimseartha i lár na cathrach a thógáil, mar aon le sraith tionscadal claochlaitheach ríochta poiblí do lár na cathrach;
- Méara Dírthofa Luimnigh na feidhmeanna a fhorordaítear faoin Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) Forálacha Ilghnéitheacha 2024 a sheachadadh;
- Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar fhorbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud na limistéar bruachbhailteach istigh, lena n-áirítear athghiniúint Stáisiún Colbert mar cheathrú cathrach inbhuanaithe úsáide measctha le hidirmhalartú feabhsaithe iompair
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, de réir mar a tharlaíonn an fhorbairt agus an t-éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a bhrú chun cinn, agus bonneagar agus iompar poiblí tacaíochta a fhorbairt ag gabháil léi, ar nós mar atá i Mungairit;
- Líonra iompair poiblí a sholáthar ar fud na Cathrach, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Iompair Luimnigh Sionainne le hinrochtaineacht fheabhsaithe ag nascadh Stáisiún Colbert, Ollscoil Luimnigh, Lár Bhaile na Sionainne agus ionaid uirbeacha eile;
- BusConnects Luimnigh a sheachadadh chun seirbhísí bus agus iompar inbhuanaithe a fheabhsú ar fud réigiún Chathair Luimnigh;
- Cur le Líonra Rothaíochta Uirbeach Luimnigh chun gréasán rothaíochta cuimsitheach a sheachadadh do Cheantar Cathrach Luimnigh na Sionainne;
- Nascacht fheabhsaithe de bhóthar chuig Port na Sionainne agus Fhainge, seachbhóithre áitiúla san áireamh;
- Nascacht fheabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar go Corcaigh agus Port Láirge;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Luimnigh agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.

## Cathair Phort Láirge agus an Limistéar Uirbeach

I bhfianaise comhdhéanamh uirbeach uathúil an oirdheiscirt agus an cuspóir Cathair Phort Láirge a bheith ina cathair réigiúnach scála, teastaíonn straitéis forbartha chomhaontaithe chun cur go suntasach le daonra Phort Láirge agus lena bhonn fostaíochta agus, ag an am céanna, na lárionaid uirbeacha mórthimpeall a chumasú chun rólanna comhlántacha a chomhlíonadh.

Ó thaobh pheirspictíocht náisiúnta de, dá mbeadh níos mó forbartha déanta ar Chathair Phort Láirge, bheadh sé ina threoraí ar fhorbairt an oirdheiscirt i gcoitinne, atá tar éis aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha le blianta anuas.

Tá freastal maith ar an gCathair ó thaobh an mhótarbhealaigh de agus na naisc iarnróid go Baile Átha Cliath; ach tá naisc bhóthair níos fearr de dhíth go dtí mórlimistéir uirbeacha eile, Corcaigh agus Luimneach go háirithe, agus laistigh den réigiún freisin chuig bailte nach bhfreastalaíonn an mótarbhealach orthu. Déantar freastal ar Port Láirge agus ar réigiún an oirdheiscirt i gcoitinne le haerfort réigiúnach agus calafort Phort Láirge ag Belview agus Ros Láir-Europort, atá i ngar, go geografach, do pháirtithe trádála AE agus a mbeidh tábhacht leo i bhfreagra na hÉireann ar an mBreatimeacht, agus ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt.

Is é an príomhdhúshlán do Phort Láirge ná scála a thógáil agus cáilíocht uirbeach a fheabhsú le fás faoi thionchar fostaíochta. Sa bhonn fostaíochta tá cógaisíocht, leigheas/teicneolaíocht agus innealtóireacht/ earnálacha ard-déantúsaíochta, chomh maith le fiontair dhúchais atá ag teacht chun cinn.

Tá an acmhainn ann chun tógáil ar na láidreachtaí seo go léir agus ag an am céanna cur le tarraingteacht Phort Láirge mar chathair bheag, agus lena chaighdeán saoil. Áirítear leis seo leas a baint as nascacht mhaith agus fheabhsaithe go háirithe go Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

Cuireann Port Láirge deiseanna ar fáil freisin mar shuíomh le haghaidh feidhmeanna tacaíochta i réimsí mar sheirbhísí airgeadais nó gairmiúla ar mhian leo ceantair uirbeacha níos mó a sheachaint. Is ionad turasóireachta atá ag teacht chun cinn é freisin, lonnaithe ar an mbealach ó Ros Láir go Corcaigh agus an Iardheisceart agus mar cheann scríbe do thrácht cúrsála.

### Ar na Príomhchumasóirí fáis do Phort Láirge amach anseo tá:

- **Tionscadal athnuachana na gCéanna Thuaidh SDZ a sheachadadh ar mhaithe le forbairt chomhtháite inbhuanaithe mar aon le bonneagar tacaíochta, mol iompair chomhtháite a chur san áireamh, stáisiún traenach Phort Láirge a athlonnú go suíomh níos áisiúla, agus droichead iompair inbhuanaithe nua;**
- **Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar an bhforbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud lár na cathrach agus na limistéir bhruachbhailteacha inmheánacha;**
- **Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, de réir mar a tharlaíonn an fhorbairt agus an t-éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;**
- **Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a chur chun cinn, agus iompar poiblí agus bonneagar a fhorbairt;**
- **Tionscadail ríochta poiblí agus conláiste uirbeach, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe i lár na cathrach agus sa limistéar uirbeach istigh ag tabhairt tacaíochta do dhianfhorbairt ard-dlúis uirbeach**
- **Forbairt agus leathnú ar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) a bunaíodh in 2022 ó chónascadh an dá institiúid teicneolaíochta sa réigiún – IT Phort Láirge agus IT Cheatharlach agus a chomhtháthú leis an gCathair agus leis an réigiún;**
- **Iompar poiblí a fhorbairt ar fud na Cathrach mar aon le líonraí straitéiseacha rotharbhealaí;**
- **Nascacht fheabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar go Corcaigh, Luimneach agus calafoirt laistigh den réigiún;**
- **A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Phort Láirge agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce**
- **An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.**




# 4 Áiteanna Uirbeacha níos Láidre a Dhéanamh

## 4.1 An Fáth a bhfuil Tábhacht le hÁiteanna Uirbeacha

**Mar thoradh ar aoiseanna éagsúla d'fhás agus d'athrú, cuimsítear i gceantair uirbeacha na hÉireann éagsúlacht shaibhir d'áiteanna atá uathúil agus scaipthe go forleathan. Ag gach scála, tairgeann ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte raon deiseanna d'idirghníomhaíocht phobail agus shóisialta, poitéinseal do nuálaíocht agus rathúnas agus tacaíocht, agus cumasaíonn siad na ceantair thuaithe mórthimpeall orthu.**

Leagtar amach sna Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta i gCaibidil 1 agus sna Cuspóirí Beartais Náisiúnta i gCaibidil 2, creat chun a chinntiú go roghnaíonn níos mó daoine cónaí in, mar aon le hoibriú agus cuairt a thabhairt ar ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte, faoi 2040.

Dá réir sin, is é an aidhm atá leis an gCreat seo eispéireas daoine ar a bheith ina gcónaí in agus ar cuairt a thabhairt ar áiteanna uirbeacha in Éirinn a fheabhsú. Trí na gníomhartha agus na beartais atá leagtha amach thíos, ní mór go mbeadh ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte níos mealltaí agus níos 'inchónaithe', agus ní mór dóibh cáilíocht saoil a thairiscint a mbeidh níos mó daoine sásta a roghnú sna blianta amach romhainn.

### Pobal

Is áiteanna tábhachtacha iad lonnaíochtaí uirbeacha chomh fada is a bhaineann le hearraí, seirbhísí agus smaointe a thrádáil, d'fhaisnéis, foghlaim agus nuálaíocht, agus do riarachán, siamsaíocht, cúram sláinte agus adhradh freisin. Tairgeann siad rogha agus deis mar aon le nascacht agus pobal.

D'ainneoin é seo uile, tá daoine anois den tuairim gur áiteanna mítharraingteacha chun cónaí iontu iad páirteanna dár gcathracha agus roinnt bailte, áiteanna nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh earnálacha áirithe den tsochaí nó le haghaidh cineálacha áirithe forbartha. I gcásanna eile, tá imill cathracha agus bailte níos lú atá laistigh d'achar comaitéireachta ionad níos mó atá rófhorbartha ag luas a bhain an bonn de na pobail a bhí sna háiteanna seo cheana féin. I dteannta a chéile, tá an bonn bainte ag an bpatrún seo de go leor dár n-áiteanna uirbeacha.

Ciallaíonn luach agus poitéinseal ár gcathracha, bailte agus sráidbhailte go bhfuil deiseanna ann chun an treo a athrú, go háirithe i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois mar aon le méid teaghlaigh níos lú agus patrúin nua oibre agus stíleanna maireachtála. Sa chomhthéacs seo, beidh níos mó tábhachta ná riamh ag baint le hidirghníomhaíocht pobail agus tacaíocht agus rochtain ar raon seirbhísí. Dá réir sin, is cuspóir de chuid Thionscadal Éireann 2040 an méid seo a leanas a dhéanamh:

> **Cuspóir Beartais Náisiúnta 12**
>
> *Áiteanna uirbeacha a bheidh mealltach, ina mbeifear ábalta cónaí, a bheidh dea-dheartha, agus ar ardchaighdeán a chruthú ina gcónóidh pobail éagsúla agus chomhtháite a mbeidh caighdeán beatha agus folláine ardchaighdeáin acu.*

### Geilleagar/Rathúnas

Chomh maith leis sin, tá an cineál comhfhorbartha áite thuasluaite ríthábhachtach i ndáil le rathúnas geilleagrach de réir mar a leanann domhandú le héifeacht chomhchruinnithe a bheith aige. Is léir de réir a chéile ó threochtaí fostaíochta gurb iad réigiúin chathrach an pointe fócais d'infheistíocht atá soghluaiste ar leibhéal idirnáisiúnta. Bíonn seirbhísí ard-bhreisluacha dírithe go príomha ar cheantair uirbeacha, agus tá cathracha ag dul in iomaíocht le cathracha idirnáisiúnta eile.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé de nós ag go leor earnálacha, go háirithe na hearnálacha sin a bhaineann leis an ngeilleagar faisnéise agus forbairt eolais, a bheith dírithe ar áit shonrach. Bailíonn daoine aonair ardoilte le chéile, de réir mar a bhíonn gnólachtaí 'ag ceirtleánú' sna margaí saothair níos mó, níos dlúithe agus níos oilte i gceantair uirbeacha.

Le cois scála agus dlúis, tosca ríthábhachtacha i ndáil le hinfheistíocht isteach agus mealladh daoine oilte iad cáilíocht agus mealltacht ár n-áiteanna uirbeacha mar aon le sruth seasta de dhaoine oilte áitiúla agus nuálaíocht a bhaineann le hinstitiúidí taighde tríú leibhéal. Tá tábhacht ag baint le nascacht idirnáisiúnta chomh maith céanna, agus is toisc ríthábhachtach iad amanna taistil gearra chuig aerfort ag a bhfuil rogha mhaith ceann scríbe.

De ghnáth, bíonn cuideachtaí atá ag trádáil ar leibhéal náisiúnta níos scaipthe óna chéile agus lonnaithe in áiteanna ina bhfuil éileamh áitiúil/réigiúnach ar a gcuid seirbhísí, ach ciallaíonn imthosca domhanda athraitheacha nach mór dóibh sin a bheith sofhreagrúil freisin agus a bheith in ann oiriúnú trí nuálaíocht luath. Tarraingíonn sé sin béim ar an ngá atá le díriú ar uasoiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar fud na réigiún, mar aon le tacú le speisialtóireacht earnálach atá tagtha chun cinn ag suíomhanna difriúla.

I ré ina bhfuil nádúr na n-áiteanna uirbeacha ríthábhachtach i ndáil le fás geilleagrach agus le forbairt réigiúnach a chinneadh, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil raon áiteanna uirbeacha ar ardchaighdeán ar fáil a bheidh á roghnú ag daoine chun maireachtáil iontu, chun a bheith ag obair iontu agus chun infheistiú iontu.

> **Cuspóir Beartais Náisiúnta 13**
>
> *Cathracha agus bailte a bheidh de mhéid agus de cháilíocht imleor a chruthú chun dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus chun bheith ina spreagthaí d'fhás, infheistíocht agus rathúnas náisiúnta agus réigiúnach.*



# Tá dearadh agus comhfhorbairt áite ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh áiteanna mealltach agus sainiúil

## An Timpeallacht

Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le forbairt uirbeach níos dlúithe is ea go laghdóidh sí tionchair dhíobhálacha ar an timpeallacht tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tógáil talún a laghdú, talamh talmhaíochta agus gnáthóga a chaomhnú;
- Úsáid a bhaint as bonneagar, foirgnimh agus láithreáin atá ar fáil cheana agus an gá atá le hachar fada a thaistil a laghdú, rud a bheidh mar bhonn le hídiú fuinnimh agus le hastaíochtaí carbóin a laghdú;
- Inmharthanacht seirbhísí iompair phoiblí agus bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe agus leictreach a fheabhsú;
- Soláthar agus inmharthanacht seirbhísí uisce a fheabhsú, agus
- Sláinte phoiblí a fheabhsú trí stíleanna maireachtála níos gníomhaí a spreagadh agus a éascú trí thimpeallacht uirbeach níos insiúlta agus níos oiriúnaí do rothaithe a chruthú.

Tá sineirgí ag gach scála agus cineál áiteanna uirbeacha leis an gceantar mórthimpeall orthu agus tá siad comhtháite lena gcúlchríoch go pointe áirithe. Lena chois sin, tá tionchar ag gníomhaíocht atá ag tarlú sa cheantar trí chéile orthu, go háirithe i gcás na lonnaíochtaí níos lú. Sa chás go bhfuil siad níos gaire do chathracha nó bailte móra, tá go leor acu dírithe ar chomaitéirí, ach in áiteanna eile tá deiseanna fiontraíochta á dtapú in ionad feidhmeanna seirbhíse níos traidisiúnta, bunaithe ar shócmhainní áitiúla, nuálaíocht agus cáilíocht saoil, e.g. earnáil acmhainní atá ag forbairt nó taitneamhacht turasóireachta nua cosúil le glasbhealach a sheirbhísiú, a bhfuil nascacht feabhsaithe ag tacú leo.

Is féidir le samhlacha inbhuanaithe d'fhorbairt agus d'athghiniúint uirbeach tacú le cáilíocht agus lántairbhe a bhaint as na buntáistí agus as na deiseanna a bhaineann le fás níos dlúithe, bunaithe ar dhaonra agus ar dhlús fostaíochta méadaithe. Tá dearadh agus comhfhorbairt áite ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh áiteanna mealltach agus sainiúil. D'fhéadfadh gluaiseacht inbhuanaithe agus éifeachtúil, meascán agus dáileadh úsáidí, cosaint agus feabhsú bonneagair ghlais agus ghoirm, foirm thógtha shofhreagrúil agus spásanna dea-dhheartha, ár gceantar uirbeach a fheabhsú agus áiteanna inmhianaithe a chruthú ar mian le daoine maireachtáil iontu, a bheith ag obair iontu agus cuairt a thabhairt orthu, agus cur le cáilíocht saoil agus folláine leanúnach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 14

*Cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineáil agus scála a athghiniúint agus a athbheochan mar acmhainní timpeallachta, ar féidir leo freastal ar róil agus ar fheidhmeanna athraitheacha, méadú ar ghníomhaíocht na gcónaitheoirí agus na fostaíochta, agus leibhéil feabhsaithe taitneamhachta agus deartha agus cáilíochta comhfhorbartha áite, chun tionchar a imirt ar bhealach inbhuanaithe agus chun tacú leis an gceantar mórthimpeall a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn i dtreo bhaint amach náisiúnta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.*

## 4.2 Struchtúr Uirbeach na hÉireann

### Daonra

**Tá tásc maith ar struchtúr uirbeach na hÉireann le fáil i nDaonáireamh 2022[14]:**

Glacann foireann na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) leis gurb ionann lonnaíocht ina bhfuil níos mó ná 1,500 duine agus lonnaíocht 'uirbeach'.

- In 2022, bhí 218 lonnaíocht uirbeach ann (sin méadú de 18 nó 8% de lonnaíochtaí den chineál sin ó 2016), a raibh, i dteannta a chéile, 3.3 milliún daoine, nó 63% de dhaonra na hÉireann, ina gcónaí iontu.
- Is é seo a leanas an comhaontú ar 'chathair' a bhfuil glactha ag an AE/an ECFE leis - lonnaíocht atá mórthimpeall ar chroílár agus ina bhfuil daonra de 50,000 duine, ar a laghad.
- Le fáil sna cúig chathair seo a leanas - Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge - agus sna bruachbhailte mórthimpeall orthu, bhí thart ar 1.7 milliún daoine, nó díreach os cionn aon trian (33%) de dhaonra na hÉireann.
- Is ionann beagnach trí cheathrú de chónaitheoir cathrach na hÉireann agus an 1.3 milliún daoine, nó aon cheathrú (25%) den daonra, a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath.
- Seachas na cúig chathair, tá cónaí ar 1.5 milliún daoine breise, nó 30% de dhaonra na hÉireann, i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil ar a laghad 1,500 duine nó níos mó.
- Bhí daonra de 10,000 nó níos mó daoine ar a laghad in 49 Baile (sin méadú de 8 nó 16% ó rinneadh Daonáireamh 2016), áit a raibh cónaí ar 18% de dhaonra na hÉireann.
- Tá daonra uirbeach na hÉireann níos mó ná riamh agus tá níos mó ná leath den daonra, nó beagnach 2.7 milliún daoine, anois ina gcónaí i gcathracha nó bailte móra ina bhfuil 10,000 duine, ar a laghad.
- Tá an struchtúr uirbeach trí chéile réasúnta lag agus dírithe ar Bhaile Átha Cliath agus ar dheisceart agus oirthear na hÉireann. Go háirithe, tá daonra Bhaile Átha Cliath cothrom le beagnach daonra an chéad 40 cathair agus baile eile i dteannta a chéile.
- Glacann foireann na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) leis gurb ionann lonnaíocht ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine agus lonnaíocht 'thuaithe'.
- In 2022, bhí cónaí ar 37% de dhaonra na hÉireann i lonnaíochtaí ina raibh níos lú ná 1,500 duine nó teach aonair i gceantair thuaithe.

### Ról Fostaíochta

Níl sa daonra ach gné amháin chun struchtúr uirbeach na hÉireann a mhíniú. Toisc thábhachtach eile í fostaíocht, nó níos sonraí, an áit a bhfuil poist lonnaithe, agus bíonn tionchar aici ar phatrúin lonnaíochta. Tá céatadán suntasach, nó níos mó ná leath de na bailte is mó in Éirinn ó thaobh daonra de, lonnaithe laistigh de réigiúin chathair Bhaile Átha Cliath nó Chorcaí. Ainneoin go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ag tarlú sna bailte seo, tá go leor acu ag feidhmiú mar lonnaíochtaí comaitéireachta d'fhostaithe atá ag obair i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus tá cóimheas íseal post acu i gcomparáid le foireann chónaithe.

Ainneoin nach bhfuil mórán bailte móra i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe, is nós le bailte san Iarthuaisceart agus i gceantair eile lasmuigh de na réigiúin chathrach níos mó, cosúil le Lár na Tíre, feidhmeanna suntasacha fostaíochta agus seirbhíse a chomhlíonadh i gcoibhneas lena ndobharcheantar réigiúnach agus áitiúil.

Chomh maith leis sin, tá cóimheasa an-ard de phoist i gcoibhneas le foireann oibre[15], rud a chiallaíonn go bhfuil oibrithe á mealladh acu ó dhobharcheantar fairsing. Tá sonraí maidir le gach lonnaíocht uirbeach le fáil in Aguisín 2.

Díol suntais is ea, as líon iomlán 164 lonnaíocht in Éirinn ina bhfuil níos lú ná 10,000 duine, in 2022, go raibh daonra de níos mó ná 5,000 i 41 de na lonnaíochtaí seo, ach ní raibh níos mó ná 2,500 post le fáil ach i 16 de na lonnaíochtaí seo. Ar lámh amháin, tarraingíonn sé seo aird ar líon suíomhanna ina bhfuil lonnaíochtaí beaga, mar gheall ar inrochtaineacht, fostaíocht agus seirbhísí áitiúla, ag comhlíonadh ról tábhachtach do cheantar fairsing, go leor mar bhailte contae, ach ar an lámh eile, cabhraíonn sé chun míniú a thabhairt ar an gcúis ar laghdaigh nó ar fhan an daonra sa chatagóir baile seo mar an gcéanna le blianta beaga anuas[16].

Al líon lonnaíochtaí níos mó ina bhfuil breis is 10,000 duine tá cóimheasa an-íseal idir poist agus lucht oibre cónaitheora, a raibh thart ar 2,500 post nó níos lú ar fáil iontu in 2016, lonnaíochtaí comaitéireachta den chuid is mó ar tharla forbairt chónaithe thapa iontu le blianta beaga anuas. Tá an cineál seo d'fhorbairt chónaitheach chomaitéirlárnach le tabhairt faoi deara freisin i ndáil le go leor bailte níos lú, atá suite laistigh de na réigiúin chathrach níos mó.

Chomh maith leis sin, tá catagóir de bhailte níos mó go stairiúil, i gCúige Laighean den chuid is mó, inar tugadh fás suntasach cónaitheora comaitéirlárnach

14 Daonáireamh (2022) Próifíl 1 - Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra - POS

15 Is ionann an 'cóimheas post' le haghaidh lonnaíochta agus líon iomlán na bpost roinnte ar an lucht oibre cónaitheora. Ciallaíonn cóimheas 1.0 go bhfuil post amháin do gach oibrí cónaithe i lonnaíocht agus léiríonn sé cothromaíocht, cé nach bhfuil sé comhoiriúnach, toisc go mbeidh roinnt oibrithe cónaithe fostaithe in áiteanna eile agus vice-versa. Ciallaíonn cóimheasa de níos mó ná 1.0 glan-insreabhadh oibrithe agus ciallaíonn cóimheasa de níos lú ná 1.0, glan-eis-sreabhadh oibrithe. Léiríonn a mhéad is a mbíonn an cóimheas níos mó nó níos lú ná 1.0, a mhéad is go bhfuil ról seirbhíse agus fostaíochta limistéir níos leith ag baile, seachas lonnaíocht comaitéireachta.

16 Daonáireamh 2022 Próifíl 7 - Fostaíocht, Gairmeacha agus Comaitéireacht - POS.

faoi deara i rith na tréimhse céanna, ach nár tugadh fás ar phoist faoi deara iontu, i bpáirt mar gheall ar laghdú ar fhostaíocht thraidisiúnta thionsclaíoch agus phróiseasbhunaithe. Ina measc seo, mar shampla, tá Baile Brigín, an Uaimh agus Port Laoise, trí cinn de na bailte móra is tapa fáis in Éirinn idir 1996 agus 2022, áit ar fhás an daonra go tapa, ach nár tugadh méaduithe coibhéiseacha ar phoist faoi deara iontu.

I gcodarsnacht leis sin, tá roinnt lonnaíochtaí móra ar fud na hÉireann, ina bhfuil an cóimheas idir poist agus lucht oibre cónaitheora fós ard, mar gheall ar chothromaíocht níos inbhuanaithe idir fostaíocht agus fás daonra. Chomh maith leis sin, tá roinnt bailte móra ann ina bhfuil cothromaíocht mhaith idir poist agus daonra in 2022, ach ina bhfuil, go ginearálta, cóimheas níos ísle idir oibrithe agus poist, ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear cóngaracht d'ionaid mhóra fostaíochta, agus gairmeacha traidisiúnta áirithe a bheith á gcailleadh.

## 4.3 Pleanáil d'Fhás Uirbeach na hÉireann

**Tugann nádúr uathúil agus casta struchtúr uirbeach na hÉireann le fios go bhfuil gá le raon straitéisí comhlántacha i gcomhthéacs na pleanála d'fhás amach anseo. Ar mhaithe le forbairt níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chinntiú, ní mór do roinnt lonnaíochtaí daonra níos mó a mhealladh, agus beidh níos mó post, taitneamhachtaí nó naisc iompair níos fearr ag teastáil i lonnaíochtaí daonra eile fós.**

Beidh meascán díobh sin ag teastáil i roinnt lonnaíochtaí, ach beidh cur chuige saincheaptha ag teastáil iontu ar fad, ar féidir iad a nascadh go cuí le hinfheistíocht, tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta, lena n-áirítear infheistíocht tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, dhá Chiste a bunaíodh chun tacú leis an gCreat seo:

- Le cois díriú ar ról Bhaile Átha Cliath agus ar an bpoitéinseal suntasach a bhaineann leis na ceithre chathair eile in Éirinn, tá sé riachtanach struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann a threisiú, go háirithe san Iarthuaisceart agus i Lár na Tíre agus leanúint ar aghaidh le líonraí trasteorann a fheabhsú;
- Tá sé riachtanach fás daonra a spreagadh i mbailte de gach méid ar ionaid láidre fostaíochta agus seirbhíse iad, áit a bhfuil poitéinseal ag baint le fás inbhuanaithe, agus ina bhfuil fás fostaíochta ag tacú leis;
- Tá sé riachtanach stad nó meath go leor ionad uirbeach níos lú a iompú droim ar n-ais, lena n-áirítear sainaithint agus bunú ról agus feidhmeanna nua agus feabhsú an bhonneagair agus na dtaitneamhachtaí áitiúla;
- Tá sé riachtanach déileáil le hoidhreacht an fháis neamhbheartaithe thapa i lonnaíochtaí comaitéara forbartha de gach méid, trí fhorbairt taitneamhachtaí agus seirbhísí a éascú, mar aon le fás post agus/nó naisc iompair inbhuanaithe feabhsaithe leis na cathracha, i dteannta le rátaí inbhuanaithe i bhfad níos moille, níos inbhuanaithe d'fhás daonra i gcomparáid leis an méid atá tarlaithe le blianta beaga anuas;
- I lonnaíochtaí níos neamhspleáiche de gach méid, ina bhfuil cothromaíocht mhaith idir daoine agus poist, tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh le fás daonra agus fostaíochta cothromaithe.

Dá réir sin, is cuspóir den Chreat Náisiúnta Pleanála é:

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 15

*Cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm maidir le forbairt uirbeach, a bheidh nasctha leis na Cistí um Athghiniúint Tuaithe agus Uirbeach, agus ina mbeidh béim ar leith á leagan ar:*

- *Baile Átha Cliath*
- *Na Ceithre Chathair seo - Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge;*
- *Struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann a neartú, go háirithe i Réigiún an Tuaiscirt, i Réigiún an Iarthair agus i Réigiún Lár na Tíre, lena n-áirítear ionad réigiúnach Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart, Baile Átha Luain i Lár na Tíre agus líonraí trasteorann a bheidh dírithe ar chonair Réigiún Iarthuaisceart Leitir Ceanainn-Dhoire agus ar chonair Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an Iúir ar chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste;*
- *Fás daonra a spreagadh in ionaid láidre fostaíochta agus seirbhís de gach méid, a bheidh tacaithe ag fás fostaíochta;*
- *Marbhántacht nó meath an chuid mhór ionad uirbeach níos lú a aisiompú, trí róil agus feidhmeanna úra a bhunú agus feabhas a chur ar bhonneagar agus taitneamhachtaí áitiúla;*
- *Dul i ngleic le toradh an fháis thapa neamhbheartaithe, trí éascaíocht a dhéanamh do chúiteamh taitneamhachtaí agus seirbhísí, poist agus/nó naisc iompair inbhuanaithe níos fearr leis na cathracha, mar aon le ráta níos moille fáis ar an daonra i lonnaíochtaí comaitéireachta de gach uile chineál a leathnaíodh le déanaí;*
- *I lonnaíochtaí níos féinchuimsitheacha de gach uile chineál, tacú le leanúnachas fáis chothromaithe daonra agus fostaíochta.*

## Cathracha na hÉireann

Mar phríomhghné den straitéis CNP chun na trí réigiún in Éirinn a fhorbairt, níos mó ionad inrochtana ar scála a fhorbairt agus foirmeacha níos dlúithe agus níos inbhuanaithe d'fhorbairt a chinntiú a mbeidh infheistíocht spriocdhírithe ag tacú leo, agus socruithe rialachais nua, beidh sé riachtanach leibhéal níos airde d'fhás daonra, go comhréireach, a spreagadh.

Is cathair ar scála atá iomaíoch ar leibhéal domhanda é Baile Átha Cliath agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le fás na tíre trí chéile. Tá Corcaigh á forbairt mar ionad idirnáisiúnta ar scála agus tá ar a cumas cur go mór leis an méid atá ag tarlú i mBaile Átha Cliath, ach teastaíonn fás a bhfuil breis luais faoi agus atá dírithe ar an gceantar uirbeach chun an ról sin a chomhlíonadh.

Dá réir sin, ba cheart do cheantar Chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar fo-uirbeach taobh leis pleananna a dhéanamh chun fás ag ráta spriocdhírithe atá díreach os cionn an mheáin náisiúnta idir seo agus 2040, i.e. idir 20% agus 25%.[17]. Ba cheart go mbeadh an ráta fáis i gCathair Chorcaí agus sa cheantar fo-uirbeach cothrom le thart ar 40%), sa tréimhse chéanna.

I bhfianaise scála Bhaile Átha Cliath, ciallaíonn sé seo pleanáil a dhéanamh do 296,000 duine breise ar a laghad sa Chathair agus sna bruachbhailte faoi 2040, lena cois pobal inbhuanaithe nua ag suíomhanna athfhorbraíochta agus úrnua feadh chonairí iompair phoiblí ardlín pleanáilte sa tréimhse i ndiaidh 2030. Chomh maith leis sin, ciallaíonn an ráta spriocdhírithe fáis níos airde do Chorcaigh pleanáil a dhéanamh do líon suntasach daoine, i.e. 96,000 níos mó daoine, ar a laghad, faoin mbliain 2040[18].

Tá ról tábhachtach ag cathair Luimnigh, ag cathair na Gaillimhe agus ag cathair Phort Láirge i ndáil le fás náisiúnta freisin agus mar phríomhionaid réigiúnacha. Tá infheictheacht idirnáisiúnta ag na cathracha seo ar fad go pointe áirithe agus tá scála níos mó ag teastáil uaithi. Mar chuid de straitéis an Chreata Náisiúnta Pleanála chun dlús a chur le forbairt na gCathracha seo agus iad a neartú, ba cheart go mbeadh sé beartaithe ag na trí chathair fás sa bhreis ar 40% a dhéanamh idir seo agus 2040[19].

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 16

*A chinntiú go bhfuil an patrún spriocdhírithe d'fhás daonra i gcathracha na hÉireann go 2040 de réir na spriocanna atá leagtha amach i dTábla 4.1.*

**Tábla 4.1 | Éire 2040: Patrún Spriocdhírithe d'Fhás Dhaonra na Cathrach**

| Cathair | Daonra 2022 | 2018 CNP | Fás Daonra go dtí 2040[20] | | Sprioc Íosta Daonra 2040 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Raon % 2016-2040 | Raon % 2022-2040 | Daoine | |
| **Baile Átha Cliath** - Cathair agus Bruachbhailte | 1,263,000 | 20-25% | 20-25% | 296,000 | 1,560,000 |
| **Corcaigh** - Cathair agus Bruachbhaile | 223,000 | 50-60% | 40% | 96,000 | 320,000 |
| **Luimneach** - Cathair agus Bruachbhailte | 102,000 | 50-60% | 40% | 44,000 | 150,000 |
| **Gaillimh** - Cathair agus Bruachbhailte | 86,000 | | 40% | 36,000 | 122,000 |
| **Port Láirge** - Cathair agus Bruachbhailte | 60,000 | | 40% | 28,000 | 88,000 |

17 Chun críocha comparáide, bhí an ráta fáis ar an daonra i gCathair Bhaile Átha Cliath agus ina fo-bhailte go díreach faoi thrí cheathrú den mheán náisiúnta idir 1996 agus 2022.

18 Bhí an ráta d'fhás daonra i gCathair Chorcaí agus sna bruachbhailte faoi bhun an mheáin náisiúnta idir 2016 agus 2022.

19 Tháinig fás 12% ar dhaonra Chathair Phort Láirge agus a bruachbhaile idir 2016 agus 2022 agus 9%, maidir le Cathair Luimnigh agus a bruachbhaile, an dá cheann acu níos airde ná an meán náisiúnta. Níor fhás an daonra i gCathair na Gaillimhe agus sna bruachbhailte ach 7%, díreach faoi bhun an mheáin náisiúnta.

20 Is iad spriocanna fáis daonra na cathrach an t-íosphointe den raon agus slánaítear iad go dtí an 1,000 is gaire.



## Bailte na hÉireann

Tá scóip ag baint le fás poitéinseal i ngach baile in Éirinn. I gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Pleanála, beidh sé seo bunaithe ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch ábhartha do gach ceantar Tionóil Réigiúnaigh, agus cuirfear san áireamh freisin an poitéinseal a bhaineann le lonnaíochtaí níos lú agus ceantair thuaithe.

Cuirtear san áireamh i gCuspóir Beartais Náisiúnta 5 agus i gCuspóir Beartais Náisiúnta 15 na príomhróil réigiúnacha atá ag Baile Átha Luain i Lár na Tíre, Sligeach san Iarthuaisceart agus gréasáin thrasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire agus Dhroichead Átha-an Iúir, agus beidh siad mar bhonn leis an Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha ábhartha. Chomh maith leis sin, aithnítear i gCuspóir Beartais Náisiúnta 15 an gá atá le fás daonra a spreagadh in ionaid láidre fostaíochta agus seirbhísí, le tacaíocht ó fhás fostaíochta, lena n-áirítear príomhbhailte. Déanfar cinneadh maidir leis an méid ba cheart do na bailte seo fás amach anseo a spriocdhíriú ar leibhéal réigiúnach i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chreata seo.

Ainneoin go mbeidh ról ceannaireachta ag fás spriocdhírithe sna hionaid réigiúnacha agus sna príomhbhailte i gcomhthéacs réigiúnach agus i gcás Bhaile Átha Luain, comhthéacs idir-réigiúnach, ní mór cothromaíocht a chinntiú idir an méid atá spriocdhírithe in áiteanna eile.

I ngach cás, ní mór d'údaráis phleanála réigiúnacha agus áitiúla breithniú a dhéanamh ar phoitéinseal fáis éagsúil na gcineálacha lonnaíochta de réir Chuspóir Beartais Náisiúnta 15, mar aon le ceantair thuaithe, agus straitéis a shaincheapadh chun cothromaíocht a chinntiú sa chomhthéacs seo. Níltear ag súil go mbeidh gach baile, mór nó beag, ag díriú ar an leibhéal céanna fáis idir seo agus 2040 agus déanfar spriocanna atá sonraithe de réir an Chreata agus na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha a athbhreithniú bunaithe ar fheidhmíocht. Ach is féidir le agus ní mór do gach baile fás i rith na tréimhse seo agus sainaithneofar go bhfuil acmhainn ag roinnt bailte fás ag leibhéil níos airde ná na meánleibhéil.

I ngach ceantar Tionóil Réigiúnaigh, ina bhfuil sé beartaithe fás suntasach a spriocdhíriú, i.e. ag ráta de 30% nó níos airde ná leibhéil daonra 2022 faoin mbliain 2040, in aon lonnaíocht nach bhfuil sainaitheanta mBeartas 4 nó i mBearta 5 den Chreat seo, mar shampla áit a mbeidh infheistíocht mhór fostaíochta nó bonneagair, déanfar é sin ar bhonn comhaontaithe, a bheidh ailínithe le hinfheistíocht i mbonneagar agus/nó soláthar fostaíochta, i dteannta le taitneamhachtaí agus seirbhísí tacaíochta:

**Tá scóip ag baint le fás poitéinseal i ngach baile in Éirinn. I gcomhthéacs an Chreata Náisiúnta Pleanála, beidh sé seo bunaithe ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch ábhartha do gach ceantar Tionóil Réigiúnaigh**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 17**

*I ngach ceantar Tionóil Réigiúnaigh, féadfar lonnaíochtaí nár sainaithníodh i mBeartas 4 nó i mBeartas 5 den Chreat seo a shainaithint le haghaidh rátaí suntasacha (i.e. 30% níos mó nó os cionn leibhéil daonra 2022) d'fhás daonra ag na céimeanna pleanála réigiúnacha agus áitiúla, ar an gcoinníoll go mbeidh sé sin faoi réir:*

- *Comhaontú (tionól réigiúnach, limistéar cathrach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí);*
- *Cothromaíocht le straitéisí eile le haghaidh ceantar uirbeach agus tuaithe eile (tionól réigiúnach, ceantar uirbeach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí), a chiallaíonn go gcaithfidh iomláine an fháis daonra bheartaithe a bheith ag teacht leis an sprioc fáis fhoriomláin; agus*
- *Straitéis chomhordaithe a chinntíonn ailíniú le seachadadh infheistíochta i mbonneagar agus i soláthar fostaíochta, i dteannta le taitneamhachtaí agus seirbhísí tacaíochta*

Ainneoin go mbeidh na breithniúcháin phleanála thuas ábhartha do gach ceantar uirbeach agus tuaithe, tá sé beartaithe go gcinnteoidh an fhoráil shonrach seo, i lonnaíochtaí atá sainaitheanta d'fhás daonra suntasach, go bhfuil sí ailínithe le soláthar fostaíochta agus/nó bonneagair agus saoráidí tacaíochta, chun cáilíocht saoil mhaith a chinntiú do chónaitheoirí anois agus amach anseo.

Díreofar sna Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha do gach ceantar Tionóil Réigiúnach ar phoitéinseal bailte agus a ndobharcheantar i dteannta le breithniúchán ar spriocanna fáis do chathracha agus do cheantair thuaithe. Fad is a bheidh cur chuige saincheaptha á chur i bhfeidhm i ndáil le forbairt uirbeach, ar féidir í a nascadh leis na Cistí um Athghiniúint Tuaithe agus Uirbeach, cuimseofar sna príomhbhreithniúcháin a bhainfidh le CNP 15:

- A mhéid is atá lonnaíocht suite laistigh nó lasmuigh de cheann amháin den chúig dhobharcheantar shainithe Cathrach- Réigiúin agus a d'fhéadfaí a shainiú mar lonnaíocht chomaitéirlárnach nó lonnaíocht níos neamhspleáiche[21];
- Scála an tsoláthair fostaíochta agus glansreafaí comaitéireachta;
- Méid an tsoláthair seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla i.e. riarachán, oideachas – institiúidí ardoideachais, sláinte, fóillíocht agus miondíol go háirithe;
- A mhéid is féidir turais a dhéanamh ar mhodhanna iompair inbhuanaithe, i.e. siúl, rothaíocht nó iompar poiblí, agus scála na hinfheistíochta atá beartaithe a dhéanamh ina leithéid;
- Ráta agus luas na forbartha idir 2002-2022 agus a mhéid atá ceanglais gan réiteach ann a bhaineann le bonneagar agus taitneamhachtaí;
- Inrochtaineacht agus tionchar i gcomhthéacs réigiúnach nó foréigiúnach;
- Idirspleáchas foréigiúnach ar leith, mar shampla, sa chás go bhféadfadh lonnaíocht a bheith suite i gcoibhneas le líon lonnaíochtaí in aice láimhe agus go bhféadfadh scóip a bheith ag baint le comhoibriú agus le comhlántacht;
- Dea-theist maidir le feidhmíocht agus seachadadh, mar aon le huaillmhian agus tionscnamh agus scóip chun tairbhe a bhaint as infheistíocht;
- Tiomantas maidir le dlúthfhás a chinntiú.

## 4.4 Pleanáil le haghaidh Fás Fostaíochta Uirbí

**Tá an patrún d'fhás uirbeach atá spriocdhírithe sa Chreat Pleanála Náisiúnta bunaithe ar dhaonra agus ar fhostaíocht, agus aitheantas a thabhairt don phointe go dtarlaíonn forbairt gnólachtaí agus fiontar i suíomhanna uirbeacha mar gheall ar fhórsaí margaidh cosúil le ceirtleánú, inimirce agus speisialtóireacht a bhraitheann ar thosca cosúil le scála, inrochtaineacht, nuálaíocht a bhfuil institiúidí ardoideachais agus cáilíocht saoil ag tacú leo.**

Tá an fhás fostaíochta réamh-mheasta in Éirinn go dtí 2040, ainneoin go bhfuil sé suntasach, faoi réir ár gcumais freastal air. Bíonn rath ar fhiontraíocht inbhuanaithe i dtimpeallachtaí gnó tacúla a fheabhsaíonn iomaíochas agus táirgiúlacht ina bhfuil bonneagar tacaíochta maith. Chomh maith leis sin, tá naisc ríthábhachtacha idir cáilíocht na comhfhorbartha áitiúla uirbí agus infheistíocht ghnó/ cruthú post. Sainaithnítear comhfhorbairt áite mar phríomhdhifreálaí i bPáipéar Bán Fiontraíochta 2022 - 2030 an Rialtais.

Leagtar béim i straitéis CNP ar chéatadán suntasach d'fhás daonra i gCathracha na hÉireann, agus déantar iarracht freisin an bonneagar agus na taitneamhachtaí, inchónaitheacht/ cáilíocht saoil agus cáilíocht na timpeallachta tógtha a fheabhsú. Is é an aidhm atá leis an gcur chuige seo a chinntiú go leanaimid ar aghaidh ag soláthar raon mealltach deiseanna forbartha fiontraíochta fad is atá an ghníomhaíocht agus na hearnálacha fostaíochta ag athrú.

21 The standardised EU/OECD definition of a city region is the commuter catchment from which at least 15% of the relevant city area workforce is drawn. This will vary from Census to Census, but has been expanding in recent years.




Ag scála uirbeach, i gcathracha agus i mbailte go ginearálta, tá sé tábhachtach suíomhanna a shainaithint inar féidir le fiontair tailte forbartha, fóntais agus réadmhaoin thráchtála a aimsiú ar phraghas iomaíoch, atá ag na caighdeáin is airde atá ar fáil go hidirnáisiúnta. Ba cheart go mbreithneofaí an méid seo a leanas sa phleanáil a dhéanfar chun freastal ar fhás fostaíochta straitéiseach ar leibhéal réigiúnach, cathrach agus áitiúil:

- An suíomh fostaíochta reatha, an dlús oibrithe, tógáil talún agus spleáchas acmhainní/bonneagair, lena n-áirítear lár bailte, páirceanna gnó, eastáit thionsclaíocha, fiontair shingile aonair agus tailte ag a bhfuil ardleibhéil d'inrochtaineachta iompair phoiblí, lena n-áirítear a bhfuil poitéinseal d'Fhorbairt Dírithe ar Iompar (FDI) luaite leo;
- Beidh méid agus scála lonnaíochta mar bhonn lena hacmhainn freastal ar fhorbairt fiontair ag scála cuí;
- Suíomhanna chun forbairt a dhéanamh ar fhiontair atá bunaithe cheana féin lena n-áirítear infhaighteacht spáis do thionscal éadrom ionas go mbeidh deis ag gnóthaí beaga forbairt ag scála;
- Suíomhanna d'fhiontair nua, bunaithe ar an méid daoine a theastaíonn lena n-aghaidh (i.e. fostaithe/custaiméirí), an méid spáis (i.e. talamh), an méid a bhfuil siad nasctha le hacmhainní, an méid a bhfuil siad ag brath ar infhaighteacht cineálacha difriúla bonneagair (e.g. teileachumarsáid, cumhacht, uisce, bóithre, aerfort, calafort etc.) nó an méid a bhfuil siad ag brath ar infhaighteacht scileanna;
- Suíomhanna d'athlonnú poitéinsil fiontar a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnú i suíomhanna malartacha agus ina gcuirfeadh a leithéid de bhogadh, má éascaítear a leithéid, talamh uirbeach ar fáil do chuspóirí níos éifeachtúla a rachadh chun tairbhe d'athghiniúint agus d'fhorbairt an cheantair uirbigh trí chéile, go háirithe i gceantair chathrach agus i mbailte móra.

Le cois na gcúig chathair, tá deiseanna ann do cheantair uirbeacha eile agus go háirithe do bhailte dea-nasctha atá inrochtana do dhobharcheantar daonra shuntasaigh agus/nó ar féidir leo cáilíocht saoil mhaith a thairiscint, chun freastal ar fhás fostaíochta.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 18

*Déanfaidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla suíomhanna a shainaithint agus a cháilíochtú le haghaidh forbairt fostaíochta straitéisí sna cathracha atá sainaitheanta ar Thábla 4.1.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 19

*Sainaithneoidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla agus cainníochtóidh siad suíomhanna d'fhorbairt fostaíochta straitéiseach, más cuí, i gceantair uirbeacha agus thuaithe go ginearálta.*

Ainneoin gur cheart do phleananna réigiúnacha agus áitiúla a bheith ag súil le agus pleanáil a dhéanamh d'fhás post agus d'fhorbairt eacnamaíoch, gach seans go mbeidh deis nua agus gan choinne ar fáil d'fhorbairt fiontair le haghaidh cúiseanna áirithe a bhaineann le suíomh, cosúil le hacmhainní áitiúla, scileanna, sócmhainní, nuálaíocht nó cáilíocht saoil. Ba cheart go mbeadh beartais phleanála réigiúnacha agus áitiúla sách solúbtha chun cuntas cuí a dhéanamh ar na féidearthachtaí seo ar fad, chun freastal ar thairiscintí bailí d'fhorbairt fiontair a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus a bhfuil tiomántóirí suímh láidre ar fáil lena n-aghaidh nach bhfuil chomh suntasach céanna i suíomh éigin eile.

Soláthraíonn beartas ‘speisialtóireachta cliste’ agus ‘braislithe’ deis chun cur le huathúlacht áitiúil agus le láidreachtaí réigiúnacha. Is beartas nuálaíochta áitbhunaithe é speisialtóireacht chliste, a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le nuálaíocht réigiúnach agus le bunathrú eacnamaíoch trí chabhrú le réigiúin díriú ar a bpríomhláithreachaí earnálacha. D’fhéadfaí go n-áireofaí anseo saintréithe nó cumas uathúil a sholáthraíonn buntáistí don réigiún sin in earnálacha áirithe. Mar shampla, i measc na réimsí a d’fhéadfaí a áireamh anseo tá fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí leighis, bithchógaisíocht nó TFC. Tá ardoideachas, eagraíochtaí taighde agus gnó ag teastáil, mar aon le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, chun na láidreachtaí seo a shainaithint, cur le buntáistí iomaíocha agus tús áite a thabhairt do thacaíocht atá bunaithe ar na háiteanna ina bhfuil deiseanna poitéinsiúla agus margaidh áitiúla le fáil. Tá sé sin ailínithe leis an mbéim atá á leagan sa CNP ar chathracha agus ar ionaid réigiúnacha mar phríomhthiománaithe d’fhás inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, treisíonn speisialtóireacht chliste an caidreamh idir naoi bPlean Fiontair Réigiúnacha RFTF, na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, agus an beartas náisiúnta fiontair agus nuálaíochta.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cur chuige lárnach, comhordaithe, tras-Rialtais a dhearadh agus a bhunú i ndáil le braisliú in 2024 a spreagfaidh bunú agus treisiú eagraíochtaí braisle náisiúnta, a bhainfidh tairbhe as na buntáistí a bhaineann le cóngaracht agus le comhshuíomh chun táirgiúlacht a spreagadh. Beidh measúnú ar láidreachtaí iomaíocha agus deiseanna féideartha in aghaidh raon fachtóirí, lena n-áirítear scála an tionchair fhéideartha, déine nuálaíochta, agus cumas taighde, mar aon le treo an mhargaidh, mar thaca le sainaithint na réimsí tosaíochta le haghaidh cnuasaigh feabhsaithe.

## 4.5 Forbairt Inlíonta Uirbeach/ Athfhorbraíochta a Bhaint Amach

**Spriocdhíríonn an Creat Náisiúnta Pleanála ar chéatadán suntasach d’fhorbairt uirbeach amach anseo ar láithreáin forbartha inlíonta/ athfhorbraíochta laistigh de lorg tógtha na gceantar uirbeach atá forbartha cheana féin. Baineann sé seo le gach scála lonnaíochta, idir an chathair is mó agus an sráidbhaile is lú.**

Ciallaíonn sé seo níos mó daoine, post agus gníomhaíochta go ginearálta a spreagadh laistigh dár gceantair uirbeacha atá forbartha cheana féin, seachas forbairt ‘úrnua’ agus éilíonn sé athrú meoin. Go háirithe, éilíonn sé forbairt dea-dheartha, ar ardchaighdeán a bheidh in ann níos mó daoine a spreagadh, agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú laistigh de chathracha, bailte agus sráidbhailte atá forbartha cheana féin. Tarlóidh sé sin má chomhlíonann an fhorbairt sin caighdeáin oiriúnacha chun spriocleibhéil fáis a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, éilíonn sé bainistíocht ghníomhach talún agus láithreán i gceantair uirbeacha.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 20

*Agus riachtanais forbartha uirbí á gcomhlíonadh, beidh toimhde i bhfabhar forbairt lenar féidir níos mó daoine a spreagadh, agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú laistigh de na cathracha, bailte agus sráidbhailte atá ann cheana, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an fhorbairt na caighdeáin chuí phleanála agus go mbainfear an spriocfhás amach.*

**Ciallaíonn sé seo níos mó daoine, post agus gníomhaíochta go ginearálta a spreagadh laistigh dár gceantair uirbeacha atá forbartha cheana féin, seachas forbairt ‘úrnua’ agus éilíonn sé athrú meoin.**



# Cás-staidéar

## Athghiniúint agus Forbartha Uirbeach – Baile Shligigh

**Mar phríomhghníomhachtóir CNP, tacaíonn an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) le tionscadail a thacóidh le dlúthfhás inbhuanaithe agus forbairt réigiúnach éifeachtach agus a chabhróidh déileáil le saincheisteanna oidhreachta na tearcfhorbartha i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair mar shampla.**

Tá ár straitéis chun ár réigiúin a fhorbairt dírithe ar ionaid scála a fhorbairt, tionscnaimh athghiniúna agus athfhorbartha a nascadh chun tairbhe a bhaint as poitéinseal fáis ár gcathracha agus ár mbailte réigiúnacha. Chun é sin a dhéanamh, tá an CAFU ag cabhrú chun maoiniú a chur ar fáil do roinnt tionscadal bonneagair ríochta poiblí agus phoiblí i bpríomhionad réigiúnach Shligigh, chun lár an bhaile a athghiniúint agus a athnuachan agus chun feidhmiú mar spreagthóir d'fhás inbhuanaithe daonra agus eacnamaíoch i réigiún an iarthuaiscirt trí chéile.

Tá CAFU agus an Roinn Iompair ag maoiniú droichid nua a chruthóidh nasc idir na pobail ó thuaidh agus ó dheas de An Gharbhóg, príomhchuspóir beartais i bPlean Straitéiseach Ionad Réigiúnach Shligigh sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE). Chomh maith leis sin, tá an CAFU ag tacú le, i dteannta le Fáilte Éireann agus le Comhairle Contae Shligigh, le hathfhorbairt charrchlós Shráid Stiofáin mar spás poiblí do choisithe amháin ar a dtugtar Cearnóg Mhéabha, a bheidh in úsáid d'imeachtaí itheacháin agus cultúrtha amuigh faoin aer agus beidh deis ag daoine a bheith ag breathnú amach ar An Gharbhóg. I dteannta le forbairt Champas na Cathrach – Mol Cultúrtha agus Foghlama agus Tionscadail Feabhsúcháin Shráid Uí Chonaill, agus cur chun feidhme straitéis Ríocht Phoiblí Shligigh, tá an CAFU ag tacú le bunathrú, athghiniúint agus athfhorbairt láithreán tearcúsáidte straitéiseacha i lár Shligigh.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Ag croílár fhís CNP a sheachadadh tá cur chuige atá níos dírithe ar bheartas poiblí maidir le forbairt amach anseo a sheachadadh agus suíomh na forbartha sin, lena n-áirítear tithíocht a bheidh ag teastáil ónár ngeilleagar agus ónár sochaí as seo go ceann deich mbliana agus sa tréimhse ina dhiaidh sin.

Tá go leor ceantar inár gcathracha, bailte agus sráidbhailte ina bhfuil tailte agus foirgnimh nach bhfuil forbartha nó úsáidte ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. Tá céatadán suntasach de na tailte seo faoi úinéireacht phoiblí, cosúil le ceantair mhóra i lár na cathrach a bhí ag feidhmiú mar dhugaí nó mar stáisiúin lasta iarnróid roimhe seo i bpríomhshuíomhanna (lena n-áirítear lár chathair Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge) agus feadh chonairí iompair phoiblí nua atá inrochtana mar thoradh ar thionscadail bhonneagair cosúil le líne Thraschathrach Luas i mBaile Átha Cliath.

Úsáidfear infheistíocht i dtithíocht phoiblí ar thailte údaráis áitiúil agus ar thailte ginearálta an Stáit, ar leibhéal amháin, chun dlús a chur le hathbheochan agus le hathnuachan, freastal ar riachtanais tithíochta daoine i bhfad níos cóngaraí do chórais iompair, seirbhísí agus taitneamhachtaí, seachas leanúint leis an tsraoilleáil amach, áit nach mór bonneagar tithíochta agus tacaíochta a chur ar fáil ón tús.

Ag am nuair is mian le daoine a bheith ina gcónaí gar dá n-áit oibre agus do na seirbhísí agus taitneamhachtaí atá riachtanach chun taitneamh a bhaint as cáilíocht saoil mhaith, tá siad ag streachailt de bhrí go bhfuil an margadh tithíochta uirbeach teoranta. Ní mór níos mó tithe agus níos mó tithe inacmhainne a chur ar fáil inár gceantair uirbeacha mar chuid de phobail tionachta measctha a chruthú.

Trí infheistíocht CNP spriocdhírithe i mbonneagar agus seirbhísí cumasúcháin ar láithreáin faoi úinéireacht phoiblí, tairbhe a bhaint as luach na talún chun forbairtí tionachta measctha a sholáthar agus solúbthacht maidir le dearadh agus dlús, go háirithe inár gcroíláir uirbeacha, is féidir linn tógáil níos costéifeachtúla agus éagsúlacht tithíochta a chur ar fáil, laistigh d'fhorbairtí tithíochta nua agus trí athfhorbairt ceantar atá foirgnithe cheana féin.

Tá sé riachtanach a chinntiú gur féidir le beartas poiblí tionchar díreach a imirt ar fhorbairt straitéiseach tithíochta don leas coiteann. Chun é sin a dhéanamh, leanfaidh an Rialtas ar aghaidh le bearta a bhunú chun soláthar na talún forbartha a bhainistiú ar bhealach níos fearr, chun freastal ar riachtanais talún tithíochta, brú ar thalamh tógála agus costais tithíochta a laghdú agus gnóthachain a chinntiú i ndáil le luach talún ón bpróiseas forbartha chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar poiblí riachtanach. Ó 2018, tá bearta gníomhachtaithe talún cosúil le Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe agus tograí chun bearta Comhroinnte Luach Talún a bhunú forbartha chun bainistíocht ghníomhach talún forbartha a éascú.

Cás-staidéar



# Caisleán Sheangánaí – An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

**Is é Caisleán Sheangánaí an chéad mhórthionscadal Seachadta Dhírigh a chuir an Ghníomhaireacht Forbartha Talún i gcrích. Chun cloí lena mhisean maidir le talamh stáit a dhíghlasáil agus tionscadail tithíochta inacmhainne ar scála mór a sheachadadh, d'oibrigh an Ghníomhaireacht i gcomhpháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin, chun beagnach 600 baile a thógáil in Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath.**

Cuireadh tús leis an obair thógála ar an láithreán i mí Mheán Fómhair 2022 agus beidh na heochracha do na chéad tithe á dtabhairt dá n-úinéirí nua san fhómhar in 2024. Baineann croíchuspóir an GFT le níos mó ná tithe a thógáil, tá sé ag cruthú pobal inbhuanaithe bisiúil, a bhfuil tionchar sochaíoch dearfach acu.

Tá Seangánach deartha de réir na gcaighdeán comhshaoil idirnáisiúnta is airde agus is ionann é agus treo nua i modhanna tógála inbhuanaithe. Nuair a bheidh an obair críochnaithe, glacfar leis mar an fhorbairt is mó san Eoraip a bheidh tógtha de réir caighdeáin tí éighníomhaigh.

Is Príomhbhreithniú é an taisteal gníomhach agus comhtháthú pobail, agus dírítear go mór ar pháirceáil rothar a sholáthar, ar ghnéithe oibre ón mbaile, ar spásanna glasa pobail agus ar spásanna súgartha, agus ar naíolanna tiomnaithe, caifé agus áiseanna pobail. Chomh maith leis sin, tá an córas iompair phoiblí atá ann faoi láthair ag freastal go cuí ar an bhforbairt, ar an N11 agus ní thógfaidh sé ach 10 nóiméad siúl chomh fada leis an stáisiún DART atá beartaithe a forbairt ag Sruthán an Coille mar aon le bealach nua BusConnects.

I measc na dtithe tá 546 árasán stiúideo, aon, dhá, trí agus ceithre sheomra agus 51 teach sraithe dhá agus trí leaba. Beidh na scéimeanna seo ar fáil faoi scéimeanna sóisialta, cíosa de réir costais agus inacmhainne.

D'éirigh go breá le roinnt iarrachtaí athghiniúna agus athbheochana uirbí in Éirinn. Sa lá inniu ann, tá Ceantar an nDugaí i mBaile Átha Cliath, ceann de na páirteanna den Chathair a bhí faoin míbhuntáiste is mó agus a raibh drochbhail air tráth dá raibh, ag freastal ar na mílte duine atá ag obair in agus ina gcónaí i gceantar mealltach agus inmhianaithe, atá athghinte ag caighdeán den chéad scoth. Tá go leor samplaí maithe eile ann d'athnuachan uirbeach, baile, sráidbhaile agus tuaithe.

Ó 2018, pháirtmhaoinigh an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) tionscadail athghiniúna agus athnuachana sna cúig chathair in Éirinn agus i mbailte móra eile. I láthair na huaire, cuireann CAFT páirtmhaoiniú ar fáil do 132 tionscadal, ina gcuimsítear beagnach 400 fothionscadal, ar fud na tíre.

Baineann forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe le cion níos mó d'fhorbairt chónaithe agus ilchineálach laistigh de loirg thógtha reatha ár gcathracha agus ár mbailte. Cinnteoidh sé sin go mbeidh níos mó codanna dár gceantair uirbeacha ina n-áiteanna tarraingteacha bríomhara inar féidir cónaí, oibriú, cuairt a thabhairt agus infheistíocht a dhéanamh iontu.

Trí fhoghlaim ón rath a bhí orainn roimhe seo, in 2021 chinn an Rialtas an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) a bhunú mar chomhlacht tráchtála, Státurraithe chun talamh faoi úinéireacht phoiblí a chomhordú chun tithe inacmhainne agus sóisialta a chur ar fáil, agus chun oibriú le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun dlús a chur le deiseanna athnuachana straitéiseacha agus chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hÉireann.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 21

*Tacóidh an Rialtas leis an GFT, i dteannta leis na hÚdaráis Áitiúla, chun a sainordú reachtúil a chomhlíonadh ar mhaithe le líon suntasach tithe a chur ar fáil ar thailte Stáit i mórfhorbairtí tionachta measctha, le béim ar leith ar láithreán uirbeacha athfhorbraíochta agus inlíonta sna cúig phríomhchathair agus na hionaid réigiúnacha mar thosaíochta.*

## Caighdeáin Dearaidh Feidhmíochtbhunaithe

Tá níos mó dúshlán ag baint le forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta a sheachadadh i gcomparáid le forbairt láithreán úrnua le haghaidh cúiseanna difriúla, lena n-áirítear bainistíocht talún agus an dúshlán a bhaineann le comhtháthú le pobail atá san áit cheana féin, a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh an status quo a choimeád, fiú amháin dá bhféadfadh sé sin deiseanna athbheochana a laghdú agus forbairt uirbeach a bhrú amach.

Chun forbairt athfhorbraíochta a chumasú, ní mór go mbeadh beartais agus caighdeáin phleanála solúbtha, dírithe ar dhearadh agus ar thorthaí feidhmíochtbhunaithe, seachas ceanglais absalóideacha a shonrú i ngach cás. Ainneoin uaireanta go mbíonn sé riachtanach cosaint i gcoinne droch-chaighdeáin dearaidh, ba cheart caighdeáin phleanála a chur i bhfeidhm go solúbtha mar fhreagairt do thograí forbartha dea-dheartha ar féidir leo cuspóirí forbartha inlíonta agus athfhorbraíochta uirbeacha a chomhlíonadh i lonnaíochtaí de gach méid.

Go háirithe, b'fhéidir nach mbeadh srianta ginearálta maidir le hairde foirgnimh nó caighdeáin uilíocha do charrchlóis, fad deighilte nó méid gairdín infheidhme i gceantair uirbeacha agus ba cheart critéir fheidhmíochtbhunaithe a úsáid ina n-ionad atá oiriúnach don suíomh ginearálta, e.g. lár cathrach/ baile/ sráidbhaile, comharsanacht uirbeach, idirmhalartú iompair phoiblí, suíomh fo-uirbeach nó imeallach etc.

Chomh maith leis sin, cuirfidh cur chuige feidhmíochtbhunaithe níos dinimiciúla ar chumas an leibhéil seirbhíse iompair feabhsú freisin de réir mar a dhéanfar níos mó forbartha agus vice versa.

Tá treoir mhionsonraithe agus caighdeáin le fáil sna Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgnimh a eisíodh in 2018 agus sna Treoirlínte d'Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus do Dlúthlonnaíochtaí a eisíodh in 2024 faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), chun tacú le CNP 22.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 22

*I gceantair uirbeacha, beidh caighdeáin phleanála agus ghaolmhara, go háirithe iad siúd a bhaineann le hairde foirgnimh agus carrchlóis bunaithe ar chritéir fheidhmíochta a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí dea-dheartha ar ardchaighdeán a bhaint amach chun fás spriocdhírithe a chinntiú.*

Cuirfear an cur chuige níos dinimiciúla seo i bhfeidhm freisin i ndáil le húsáid talún uirbí, sa chás go bhféadfadh carachtar na talamhúsáide reatha i gceantar uirbeach a bheith faoi réir athraithe. Go ginearálta, ba cheart glacadh leis seo mar chuid de cheantar foriomlán nó de mháistirphlean agus/nó go mbeadh sé oiriúnach le cur i bhfeidhm ar bhonn incriminteach. land 20



# 5 Pleanáil d'Áiteanna Tuaithe Éagsúla

## 5.1 An Fáth a bhfuil Tábhacht le hÁiteanna Tuaithe

Cuireann ceantair tuaithe go mór le haitheantas na hÉireann agus le forbairt náisiúnta fhoriomlán ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, an chultúir agus an chomhshaoil de.

Tá cuid mhór d'acmhainní nádúrtha, de bhithéagsúlacht, de cháilíochtaí comhshaoil agus de thírdhreach na hÉireann i gceantair thuaithe, lena n-áirítear i réigiúin Ghaeltachta agus ar oileáin áitrithe amach ó chósta na hÉireann, agus cuireann siad ar bhealach uathúil le cultúr na hÉireann. Tá cónaí ar níos mó ná trian de mhuintir na hÉireann lasmuigh de chathracha agus bhailte agus méadaítear an cion sin go leath den daonra, má thógtar san áireamh bailte beaga agus sráidbhailte.

Is áit spéise chomh maith iad ceantair tuaithe le haghaidh oibre agus gníomhaíochtaí caithimh aimsire. Fostaíonn na hearnálacha agraibhia agus turasóireachta, atá tábhachtach go háirithe do gheilleagair thuaithe, níos mó ná 430,000 duine (18% den lucht oibre náisiúnta). Bhí dúshláin le sárú ag Tuath na hÉireann le blianta beaga anuas, ar nós chailliúint tionscal traidisiúnta agus fostaíochta, imirce agus drochnaisc. Le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus feabhas ar nascacht idirchultúrtha, tugtar deiseanna um éagsúlú isteach in earnálacha fostaíochta nua chomh maith le deiseanna chun cur le rath go leor cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus eachtrach a thacaíonn le fostaíocht i gceantair thuaithe.

Leagtar béim shuntasach ar cheantair thuaithe sa chomhthéacs seo a leanas sa Chreat Náisiúnta Pleanála:

- Tacú le creatlach tuaithe na hÉireann agus tacú leis na pobail a bhfuil cónaí orthu inti;
- Pleanáil i gcomhair fhás agus fhorbairt ceantar tuaithe sa todhchaí, lena n-áirítear déileáil le meath, agus béim speisialta curtha ar leas a bhaint as an deis um athnuachan agus forbairt bailte agus sráidbhailte beaga;
- Beartais phleanála agus infheistíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le cruthú post sa gheilleagar tuaithe;
- Déileáil le raon bearnaí nascachta;
- Comhordú níos fearr ar chláir infheistíochta reatha a bpléann le cuimsiú sóisialta, le forbairt tuaithe agus le hathnuachan bailte agus sráidbhailte.

Ó foilsíodh an CNP in 2018, aitheantas don tábhacht a bhaineann le hailíniú beartais ar fud an Rialtais chun aidhmeanna agus cuspóirí an CNP a chomhlíonadh, d'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) beartais chomhlántacha lena n-áirítear beartas forbartha tuaithe an Rialtais *Ár dTodhchaí Tuaithe 2021-2025* agus beartas na n-oileán Ár nOileáin Bheo: Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033.

Leagtar amach *Inár dTodhchaí Tuaithe* fís do cheantar tuaithe na hÉireann a bheidh faoi bhláth. Tá an fhís sin bunaithe ar chumas, scileanna agus cruthaitheacht daoine i bpobail thuaithe, ar an tábhacht a bhaineann le háiteanna tuaithe ata bríomhar agus lán le daoine agus ar an bpoitéinseal a bhaineann le poist ar ardchaighdeán a chruthú agus tacú lenár dtimpeallacht chomhroinnte. Cuirtear san áireamh sa chreat go bhfuil bailte agus sráidbhailte ag croílár na gníomhaíochta sóisialta agus eacnamaíche faoin tuath in Éirinn. Tá príomhbhéim á leagan sa bheartas ar athghiniúint, athdhaonrú agus forbairt bailte agus sráidbhailte tuaithe go háirithe chomh fada is a bhaineann le hathúsáid réadmhaoin fholamh. Chuige sin, tá bearta beartais á gcur chun feidhme chun lántairbhe a bhaint as nascacht dhigiteach, tacú le fostaíocht, bailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan, rannpháirtíocht a fheabhsú, ceannaireacht agus teacht aniar i bpobail thuaithe, seirbhísí poiblí a fheabhsú, aistriú chuig sochaí aeráidneodrach, tacú leis na hearnálacha talmhaíochta, muirí agus foraoiseachta ar bhealach inbhuanaithe, agus tacú le pobail na nOileán agus an chósta.

Tá fianaise le fáil in *Ár nOileáin Bheo* ar an uaillmhian a chinntiú go leanann ár n-oileáin amach ón gcósta ag tacú le pobail inbhuanaithe agus bhríomhara agus go dtacaíonn siad le táirge turasóireachta inbhuanaithe leantach. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta 2023 – 2026, an chéad phlean beartais, roinnt gníomhartha faoin gcúig chuspóir straitéiseacha:

- Leibhéil daonra ar na hoileáin a athbheochan;
- Eacnamaíocht oileáin a éagsúlú;
- Seirbhísí sláinte agus folláine a fheabhsú;
- Pobail Oileáin a chumhachtú;
- Gnéithe inbhuanaithe cliste a fhorbairt.

## 5.2 Creatlach Thuaithe na hÉireann a Neartú agus Tacú le Pobail Tuaithe

Tá ceangal láidir ag daoine in Éirinn le ceantair thuaithe ar chúiseanna éagsúla. Do chuid acu, is í an áit inar roghnaigh siad a bheith ag obair agus ina gcónaí, áit ina bhfuil ní hamháin baile á chur ar fáil ag an talamh ach ioncam chomh maith.

Tá go leor samplaí ann de phobail tuaithe bhríomhara ar fud na hÉireann, i mbailte, sráidbhailte agus faoin tuath agus ar ár gcuid oileán chomh maith. Tá difríochtaí soiléire idir na cineálacha ceantar tuaithe agus pobal tuaithe, mar scála, inrochtaineacht, tionchar ionad uirbeach in aice láimhe, sócmhainní acmhainne nádúrtha agus rochtain ar bhonneagar agus sheirbhísí.

Inár gcuid oileán agus ceantar cósta tá cuid dár bpobail is bríomhaire agus is sainiúla ó thaobh cultúir, agus an chuid is mó dár gcuid oileán suite amach ó imeallbhord thiar Chontaetha; Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh. Is dlúthchuid iad d'oidhreacht na hÉireann agus tá tábhacht speisialta ag gabháil leo i gcultúr na hÉireann.

Ainneoin go bhfuil na céadta oileán beag amach ó chósta na hÉireann, lena n-áirítear oileáin Ghaeltachta, tá thart ar[22] 65 acu ag tacú le daonraí lonnaithe. Mar thoradh ar an áit a bhfuil siad suite, braitheann siad go mór ar thurasóireacht, ar thalmhaíocht agus ar iascaireacht, ach tá siad neamhspleách freisin agus tá féiniúlacht láidir acu (féach ar rannóg 6.3: An Ghaeilge agus An Ghaeltacht).

Tá go leor dul chun cinn déanta maidir le rochtain shábháilte agus rialta ar na hoileáin amach ón gcósta le blianta beaga anuas trí sheirbhísí farantóireachta paisinéara agus lasta nó áiseanna cé agus tuirlingthe atá nua nó atá uasghrádaithe go mór. Tacaíonn an infheistíocht chaipitiúil sin, i mbonneagar agus seirbhísí araon, fós le hinbhuanaitheacht phobail oileáin.

Tá pobail tuaithe ag dul i ngleic le dúshláin chomh maith, áfach. I measc na ndúshlán sin tá brú a thagann ó áiteanna uirbeacha i roinnt áiteanna, daonra atá ag dul i léig agus ag dul in aois, struchtúr an gheilleagair agus easpa rochtana ar bhonneagar ardchaighdeáin agus theicneolaíochtaí nua, in áiteanna eile. Mar fhreagairt do na dúshláin sin, leagtar amach i ndoiciméad beartais agus i bPleananna Gníomhaíochta Ár dTodhchaí Tuaithe agus Ár nOileáin Bheo cur chuige an Rialtais maidir le háiteanna tuaithe agus pobail oileáin in Éirinn chun a chinntiú go n-éireoidh leo fás agus dul in oiriúint trí bhearta tacaíochta a spreagann nuálaíocht agus a chuireann le láidreachtaí reatha na bpobal tuaithe in Éirinn.

Tá an Rialtas tiomanta do roghanna soghluaisteachta iontaofa agus réalaíocha a chur ar fáil do gach saoránach, agus tá ról tábhachtach ag iompar poiblí i seachadadh na sprice seo go háirithe i gcomhthéacs pobal tuaithe agus saoránach níos sine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta. Bhunaigh an Roinn Iompair Plean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire á Nascadh' rud a chiallaíonn go mbainfidh breis is 100 sráidbhaile tuaithe tairbhe as seirbhís iompair phoiblí mhinic (trí thuras fillte in aghaidh an lae ar a laghad) den chéad uair. Chomh maith leis sin, beidh an Plean mar bhonn le méadú foriomlán 25% ar sheirbhísí bus tuaithe, agus breis is 60 nasc nua le cathracha réigiúnacha ó na ceantair mhórthimpeall. Táthar ag leanúint ar aghaidh le Nasc Áitiúil a chur ar fáil chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta tuaithe. Méadaíodh an maoiniú atá ar fáil do Nasc Áitiúil ó €12 milliún in 2016 go dtí €57 milliún in 2023. Mhéadaigh líon na bpaisinéirí ó 1.76 milliún paisinéir in 2015 go dtí 3.2 milliún paisinéir in 2023.

Oibríonn pobail tuaithe, agus go háirithe iad siúd atá ag gabháil don fheirmeoireacht, mar chaomhnóirí an tírdhreacha trí thabhairt faoi bhainistíocht talún talmhaíochta ag scálaí éagsúla. Mar sin féin, ciallaíonn inmharthanacht go leor gabháltas, áfach, go mbraitheann thart ar 57% de theaghlaigh feirme ar fhostaíocht lasmuigh den fheirm anois, fostaíocht a bhfuil go leor di dírithe ar lonnaíochtaí uirbeacha[23]. Tá bealaí úsáide malartacha talún mar fhoraoiseacht agus forbairt bainteach le fuinneamh in-athnuaite ag éirí níos coitianta freisin.

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 23

*Ómós áite agus cultúr agus cáilíocht, carachtar agus uathúlacht thírdhreach tuaithe na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn lena n-áirítear pobail na n-oileáin a chinntíonn gur áiteanna barántúla agus mealltacha iad ceantair thuaithe na hÉireann chun maireachtáil iontu, chun oibriú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. Cinnteoidh aon doiciméad beartais comharba a bhaineann le beartas náisiúnta do cheantair thuaithe agus do na hoileáin ailíniú agus comhsheasmhacht leantach le Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata seo.*

## 5.3 Pleanáil i gcomhair Fhás agus Fhorbairt na gCeantar Tuaithe sa Todhchaí

Níl gach ceantar tuaithe ná gach pobal atá mar chreatlach na tuaithe in Éirinn díreach mar an gcéanna. Tá ceantair thuaithe difriúil agus éagsúil ó na ceantair uirbeacha agus ceantair uirbeacha amuigh inár gcuid bailte agus cathracha. Mar thoradh air, is gá cur chuige difriúil a ghlacadh iontu i gcomparáid le forbairt uirbeach nó bruachbhailte.

Léiríonn na difríochtaí spásúla, sóisialta agus eacnamaíocha idir ceantair thuaithe an fhíric gur gnách go mbíonn ceantair tuaithe láidre suite in áit atá buntáisteach ó thaobh suímh gheografaigh, agus go mbíonn an caipiteal daonna agus sóisialta acu chomh maith, chun déileáil lena gcuid riachtanas agus freagairt go héifeachtach do dheiseanna agus straitéisí nua a thagann chun cinn. Feidhmíonn ceantair thuaithe ar fud na hÉireann i bhfad thar a gcuid abhantrach díreach agus tá idirghaol láidir acu le bailte agus sráidbhailte in aice láimhe, thar theorainneacha contae ná réigiúnacha de ghnáth.

Sainíonn an Phríomhoifig Staidrimh (POS) ceantair thuaithe, mar na ceantair lasmuigh de lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 1,500 duine nó níos mó. Cuimsítear ansin lonnaíochtaí beaga ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine, áit a bhfuil cónaí ar thart ar 18% de dhaonra na gceantar tuaithe[24], agus teaghaisí aonair faoin tuath, ina raibh, i dteannta a chéile, thart ar 36% den daonra in 2022[25]. Léiríonn sé sin patrún lonnaíochta stairiúil na hÉireann faoin tuath agus i sráidbhailte.

Tá sé tábhachtach freisin a chur san áireamh go bhfuil go leor bailte agus sráidbhailte ann ina bhfuil daonraí de níos mó 1,500 duine a bhfuil ról ríthábhachtach acu i ndáil le pobail thuaithe inmharthana a chothú agus nach bhfuil ag feidhmiú go neamhspleách óna gcúlchríoch tuaithe.

22 Úsáidtear an téarma 'Gaeltacht' mar chur síos ar na ceantair in Éirinn ina bhfuil, nó ina raibh go dtí le déanaí, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag líon an-mhór den daonra áitiúil.
23 Athbhreithniú agus Forléargas Bliantúil ar Chúrsaí Talmhaíochta, Bia agus Mara 2023
24 350,461 duine i nDaonáireamh 2022 (18% de dhaonra na gceantar tuaithe).
25 1,869,099 duine i nDaonáireamh 2022 (36% den daonra in 2022)



**Feidhmíonn bailte tuaithe mar spreagthóirí áitiúla do na ceantair mórthimpeall orthu trí fheidhmeanna fadbhunaithe eacnamaíocha, riaracháin agus sóisialta. Tacaíonn siad le braislí seirbhísí, tá sciar suntasach tithe agus post acu, agus feidhmíonn siad mar mhoil do phobal tuaithe i bhfad níos forleithne.**

Fad is atá pleanáil á déanamh d'fhás agus d'fhorbairt chomhtháite amach anseo, tá lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 10,000 nó níos lú duine, incháilithe i gcomhair infheistíochta faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe nó Uirbeach, faoi réir an chineáil togra[26].

Mar thacaíocht don phatrún foriomlán d'fhorbairt tuaithe agus bailte beaga in Éirinn, féachtar sa Chreat seo chuig ceantair a chosaint atá faoi thionchar láidir uirbeach ó ró-fhorbairt neamhinbhuanaithe ar taobh amháin den scéal, agus cothú an daonra a spreagadh i gceantair atá lag ó thaobh struchtúir, inar tharla méid beag fáis nó meath le blianta beaga anuas, ar an taobh eile den scéal, agus pobail tuaithe bhríomhara á gcothú.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 24

*Tacú le forbairt inbhuanaithe ceantar tuaithe trí fhás a spreagadh agus stad a chur le meath i gceantair inar tharla fás beag ar dhaonra nó meath le blianta beaga anuas nó trí fhás a bhainistiú i gceantair atá faoi thionchar láidir uirbeach, chun ró-fhorbairt a sheachaint, agus pobail tuaithe bhríomhara á gcoimeád.*

## Bailte Tuaithe

Feidhmíonn bailte tuaithe mar spreagthóirí áitiúla do na ceantair mórthimpeall orthu trí fheidhmeanna fadbhunaithe eacnamaíocha, riaracháin agus sóisialta. Tacaíonn siad le braislí seirbhísí, tá sciar suntasach tithe agus post acu, agus feidhmíonn siad mar mhoil do phobal tuaithe i bhfad níos forleithne.

Tá difríocht idir na ceantair tuaithe atá suite laistigh d'abhantrach comaitéara na gcúig réigiún cathrach agus na mbailte móra agus iad siúd atá lasmuigh d'abhantracha comaitéara. I gceantair tuaithe atá inrochtana do chathracha agus bhailte bhí éifeacht ag tithíocht cruthaithe ag comaitéirí ar charachtar agus ar chomhtháthú roinnt ionad. I gceantair tuaithe eile nach bhfuil chomh hinrochtana, bhí sé deacair áiseanna pobail agus sóisialta agus bonneagar áitiúil a choimeád agus/nó a fhorbairt agus daonraí ag dul i léig.

Mar thoradh ar athrú ar phatrúin lonnaíochta in Éirinn, tá foirgnimh fhoilmhe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe tar éis éirí níos coitianta, agus is é an toradh air sin ná meath ar bheogacht agus bhríomhaire stairiúil na láir bhaile agus sráidbhaile. Is spreagthaí riachtanacha iad athúsáid agus athnuachan na bhfoirgneamh sin ó thaobh acmhainn bailte agus sráidbhailte beaga in Éirinn a athrú ó bhonn.

Tá an Rialtas tiomanta do thacú le folúntas i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe agus tá roinnt tionscnamh bunaithe anois chun tacú leis seo. Ceann de chuspóirí *Ár dTodhchaí Tuaithe* é bailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch, a mhéadaíonn líon na gcustaiméirí, a spreagann maireachtáil i lár an bhaile agus a théann i ngleic le folúntas agus le dearóiliú.

26 Féach ar Chaibidil 10: Cur chun feidhme.

# Cás-staidéar



## An Ríoga, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin

### Bronnadh maoiniú CAFT luach € 2,565,491 ar thionscadal Athghiniúna Mhainistir na Búille do thionscadal a chosnóidh €3,420,655 faoin gcéad ghairm ar iarratais faoi CAFT.

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an príomhpháirtí atá i gceannas ar an obair agus i measc na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta tá Foireann Bhaile Mhainistir na Búille agus Comhlachas Tráchtála Mhainistir na Búille, a chuir cistiú meaitseála ar fáil don tionscadal.

Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal ná déileáil le dearóiliú agus tairiscint bhríomhar a sholáthar i lár an bhaile.

San áireamh sa tionscadal bhí an Royal Hotel i Mainistir na Búille, óstán dearóil, a fhorbairt mar spás ilchuspóireach agus oibreacha a dhéanamh ar an bPromanáid Chois Abhann in aice láimhe. Tá mol pobail, cultúrtha agus gnó curtha ar fáil aige sa Royal Hotel sa bhaile a bhí dearóil roimhe seo agus tá Promanáid Chois Abhann nua forbartha taobh leis an bhfoirgneamh ina bhfuil spás amuigh faoin aer d'imeachtaí agus do thaibhithe.

**Cuimsítear i bhfoirgneamh athfhorbartha trí stór an Royal Hotel:**

- Spás taispeántais;
- Eolas do Thurasóirí / Mol eolais;
- Asraon do tháirgí ceardaíochta /ceardaí;
- 12 spás oibre lena n-áirítear spás cruinnithe agus seomraí oiliúna;
- Ceaintín agus seomraí folctha.

San áireamh sa phromanáid cois abhann tá spás imeachtaí / taibhithe amuigh faoin aer.

Is cuid de Mháistirphlean don bhaile, "Mainistir na Búille 2040" é an tionscadal seo. I láthair na huaire, tá dhá thionscadal bhreise CAFT á bhforbairt sa bhaile, Lár Baile Mhainistir na Búille a Fhuinnmhiú, agus Teach King agus Leabharlann Mhainistir na Búille.



Soláthraíonn *Tús Áite do Lár an Bhaile - Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann* beartas comhordaithe, uile-Rialtais chun déileáil ar bhealach réamhghníomhach leis an meath ar shláinte bailte ar fud na hÉireann agus tacaíonn sé le bearta chun iad a athghiniúint agus a athbheochan. Leagann sé béim ar an gcaoi ar féidir le hathúsáid agus athghiniúint foirgneamh folamh agus tréigthe a bheith ina spreagadh riachtanach chun acmhainn agus cumas na mbailte beaga in Éirinn a athrú ó bhonn. Seoladh an beartas in 2022 agus sainaithníodh 26 'baile Pathfinder' ar leibhéal náisiúnta chun Plean Tús Áite do Lár an Bhaile pobalbhunaithe a fhorbairt ina leagfar amach fís don bhaile, agus ina sainaithneofar tionscadail athghiniúna tosaíochta d'iarratais mhaoinithe oiriúnacha ina dhiaidh sin agus do sheachadadh. Sa bhreis ar thionscadal píolótach bunaithe ar 26 baile a mhaoiniú, seolfar pacáiste tacaíochtaí nua in 2024 chun forbairt a dhéanamh ar sheachadadh na gcuspóirí atá sonraithe laistigh de *Tús Áite do Lár an Bhaile*.

Le cois an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT), bainistíonn an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhailte (SABS) thar ceann údarás áitiúil. Tugann an Scéim SABS, tríd an bpríomhscéim agus in 2022 agus 2023, an Beart Éadála Foirgneamh, deis d'údaráis áitiúla foirgnimh fholmha agus dhearóile cosúil le seanstáisiúin an Gharda Síochána, scoileanna, oifigí poist, hallaí paróiste, bialanna, tithe tábhairne agus láithreáin fholmha a úsáid mar spásanna ilchuspóireacha inár mbailte agus inár sráidbhailte.

Chomh maith leis sin, tarraingítear aird i bPlean Gníomhaíochta na dTithe Folmha[27] ar bhunú scéimeanna agus deontas nua atá dírithe ar ghníomhachtú réadmhaoin fholamh cosúil le Deontas Athchóirithe na Réadmhaoine Foilmhe agus scéim phíolótach chun deontais a sholáthar do shainchomhairle chaomhantais d'úinéirí tithe feirme folmha faoi úinéireacht phríobháideach, an Scéim Réidh le Tógáil agus an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe.

Mar atá leagtha amach i gCuspóir Beartais Náisiúnta 14 agus 15, dírítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar bhailte tuaithe a neartú agus a éagsúlú ionas go mbeifear ag díriú orthu chun críche tithíochta áitiúla agus fáis fostaíochta, bunaithe ar athnuachan agus ar fhorbairt a chuimseoidh athrú ó bhonn ar láithreáin dhearóile agus teicneolaíocht nua, cosúil le héifeachtúlacht ísealcharbóin agus fuinnimh agus nascacht dhigiteach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 25

*Díriú ar mheath tuaithe i láir bhailte agus sráidbhailte beaga a chasadh thart trí bhearta spriocdhírithe inbhuanaithe a phléann le háitribh fhoilmhe agus a bhaineann amach torthaí ó thaobh athúsáide agus athnuachana inbhuanaithe*[28].

Is féidir le cáilíochtaí agus carachtar ár n-oidhreachta tógtha nádúrtha i gceantair tuaithe, bailte agus sráidbhailte san áireamh, sainiúlacht a chur le déanamh áite le himeacht ama agus spéis speisialta a chothú trína cháilíocht nádúrtha. Tá an 'mothú áite' sin ag éirí níos tábhachtaí mar chúinse chun infheistíocht dhíreach eachtrach agus daoine oilte aonair a tharraingt go hÉirinn.

Is acmhainn neamh-inathnuaite iad sócmhainní oidhreachta tógtha na hÉireann ar fiú iad a chothú ar bhealach atá oiriúnach dá dtábhacht mar chúnamh leis an am atá thart a thuiscint, agus iad ag cur le leas an phobail agus le caighdeán na beatha chomh maith le forbairt eacnamaíoch réigiúnach.

Tá ár gcuid bailte margaidh agus sráidbhailte suite taobh le lonnaíochtaí atá níos nua-aimseartha ach díreach chomh sainiúil a nascann ailtireacht nua-aimseartha an lae inniu leis an oidhreacht stairiúil uirbeach atá ann cheana. Is fachtóirí lárnacha iad infheistíocht inár gcuid bailte agus sráidbhailte trí hathghiniúint, feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus athrú agus athúsáid oiriúnach ár n-oidhreachta tógtha, ó thaobh mothú áite a fhorbairt, a chur chun cinn, infheistiú ann agus na cuspóirí ó thaobh caighdeán ard a chruthú a chur aon dul le cuspóirí na pleanála spásúla.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 26

*Luach speisialta fisiciúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus cultúrtha na sócmhainní oidhreachta tógtha a fheabhsú, a chomhtháthú agus a chosaint lena n-áirítear sráid-dreacha, teaghaisí dúchasacha agus foirgnimh agus séadchomharthaí stairiúla eile, trí infheistíocht agus trí chaomhnú oiriúnach agus íogair.*

I gcás cónaí i mbailte tuaithe, teastaíonn cur chuige comhréireach agus saincheaptha maidir le forbairt chónaithe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go mbeadh sé riachtanach scála, dearadh agus leagan amach tithíochta i mbailte tuaithe a chur in oiriúint chun déanamh cinnte nach gcuirtear cur chuige bruachbhailte ná cur chuige uirbeach ard-dlúis i bhfeidhm ar shuíomh tuaithe agus go bhfreagraíonn an fhorbairt sin do charachtar, scála agus do dhlús an bhaile.

Tá deiseanna ann na coinníollacha a chruthú chun tacú le forbairt chónaitheach i mbailte tuaithe, cibé acu trí fheabhsúcháin ar pháirceáil, ar shráid-dreach, cur tráchta ar mhalairt slí, soláthar áiseanna uirbeacha ar scála beag, ar nós spásanna oscailte nó clós súgartha, fáil ar láithreáin lárnacha agus/nó oscailt nó cónascadh 'cúlchríoch' um forbairt chónaitheach agus soláthar seirbhísí ar nós cóireáil ar fhuíolluisce.

27 Plean Gníomhaíochta na dTithe Folmha 2023 - 2026
28 Tagair do Threoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe agus Dlúthlonnaíochtaí d'Údaráis Phleanála



## Cuspóir Beartais Náisiúnta 27

*Tacú le fás comhréireach agus forbairt atá deartha go cuí i mbailte tuaithe a chuirfidh lena n-athghiniúint agus lena n-athnuachan, lena n-áirítear idirghabhálacha sa ríocht phoiblí, soláthar taitneamhachtaí, éadáil láithreán agus soláthar seirbhísí.*

I gceantair thuaithe na hÉireann, bíonn go leor daoine ag lorg deise a gcuid tithe féin a thógáil ach bíonn sé deacair orthu é seo a dhéanamh i lonnaíochtaí beaga mar gheall ar easpa láithreán agus seirbhísí. D'fhonn cabhrú leis seo, ceadaíonn an Scéim Réidh le Tógáil d'údaráis áitiúla chun láithreáin seirbhísithe a chur ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte seirbhísithe do cheannaitheoirí aonair poitéinsiúla (féintógálaithe) i gcomhair margadhluach lascainithe. Tacaítear le hÚdaráis Áitiúla leis an éadáil talún riachtanach, le hullmhú láithreáin agus le soláthar bonneagair áitiúil chun roghanna forbartha féintógála a chur ar fáil i mbailte/i sráidbhailte níos lú.

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 28

*Leanúint ar aghaidh ag tacú le cláir do 'thithe nua i mbailte agus i sráidbhailte beaga' le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bonneagair phoiblí cosúil le Uisce Éireann agus le pobail áitiúla chun láithreáin seirbhísithe a chur ar fáil chun daoine a mhealladh chun a dtithe féin a thógáil agus chun maireachtáil i mbailte agus i sráidbhailte beaga.*

I ngach cineál lonnaíochta tuaithe, ba cheart go mbeadh tithe nua saincheaptha do scála, foirm agus carachtar na lonnaíochta agus ba cheart don dearadh freagairt ar bhealach dearfach don chomhthéacs bunaithe d'fhonn a chinntiú nach gcuirtear cur chuige fo-uirbeach nó uirbeach ard-dlúis i bhfeidhm laistigh de shuíomh tuaithe[29].

## Faoin Tuath

Is tírdhreach beo é ceantar tuaithe na hÉireann agus is tírdhreach é a bhfuil daoine ina gcónaí ann, tírdhreach atá dírithe ar riachtanais na ngeilleagar tuaithe agus na bpobal tuaithe, atá bunaithe ar thalmhaíocht, foraoiseacht, turasóireacht, fuinneamh, uiscebhealaí intíre, cúrsaí mara, turasóireacht agus fiontraíocht tuaithe, agus ag an am céanna tá acmhainn na timpeallachta á cosaint agus tá forbairt ribíneach agus sceite ó cheantair uirbeacha á seachaint.

Aithnítear go bhfuil gá leanúnach le soláthar tithíochta chun gur féidir le daoine cónaí agus oibriú i dtuath na hÉireann. Teastaíonn pleanáil chúramach chun éileamh a bhainistiú sna háiteanna is inrochtana faoin tuath, timpeall cathracha agus bailte, ag díriú ar na gnéithe a theastaíonn chun tacú le fás inbhuanaithe ar geilleagair tuaithe agus ar pobail tuaithe..

Baineann tábhacht le hidirdhealú a dhéanamh idir, ar lámh eile, ceantair thuaithe atá lonnaithe laistigh de dhobharcheantar comaitéireachta na gcúig chathair agus ár mbailte agus ionaid fostaíochta is mó agus, ar an lámh eile, ceantair thuaithe atá lonnaithe lasmuigh de na dobharcheantair seo.

Beidh sé riachtanach fós riachtanas feidhmiúil eacnamaíoch nó sóisialta a léiriú i gcomhair riachtanas tithíochta i gceantair faoi thionchar uirbeach, i.e. abhantrach comaitéara cathracha agus bailte móra agus ionaid fhostaíochta. Beidh sé sin faoi réir chomaoineacha suímh agus deartha freisin.

Glacfar cur chuige níos solúbtha, a bheidh bunaithe go príomha ar shuíomh agus dhearadh, i dtreo tithíochta tuaithe i gceantair nach bhfuil faoi bhrú ó fhorbairt uirbeach. Cabhróidh sé sin le pobail tuaithe leochaileacha a chothú, agus ar an iomlán, beidh sé riachtanach go mbeidh sé bainteach le hinmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe.

29 Refer to Section 3.0 Sustainable Residential Development and Compact Settlements Guidelines for Planning Authorities.

Tagann sé sin chun cinn mar gurb amhlaidh i roinnt ionad, go bhfuil beagnach gach tithíocht shingil is déanaí faoin tuath, forbartha go príobháideach, agus tithíocht shóisialta curtha ar fáil i lonnaíochtaí den chuid is mó. I go leor áiteanna i dtuath na hÉireann, áit a bhfuil formhór an aschur tithíochta faoin tuath, chuir sé sin le héagothrom spásúil agus sóisialta agus le meath ar dhaonra lonnaíochtaí beaga. Mar thoradh air sin, dúnadh go léir seirbhísí lárnacha, mar gheall ar mheath an daonra i bpáirt, agus fágadh saoránaigh imeallaithe agus leochaileacha gan rochtain ar na seirbhísí sin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 29**

*Déanamh cinnte, agus soláthar á dhéanamh um forbairt tithíochta tuaithe, go ndéantar deighilt idir áiteanna faoi thionchar uirbeach, i.e. laistigh d'abhantrach comaitéara cathracha agus bailte móra agus ionaid fhostaíochta agus áiteanna eile*

- *I gceantair thuaithe faoi thionchar uirbeach, soláthar tithe singile faoin tuath a éascú bunaithe ar chomaoin lárnach an riachtanais eacnamaíoch nó sóisialta cruthaithe, cónaí i gceantar tuaithe agus critéir suímh agus deartha um thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe;*
- *I gceantair thuaithe in áiteanna eile, soláthar tithíochta aonair a éascú faoin tuath bunaithe ar chritéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha do thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte agus na lonnaíochtaí tuaithe níos lú.*

Ar leibhéal áitiúil, déantar cuntas i gcroístraitéis na bpleananna forbartha contae don éileamh atá ar thithíocht aonair faoin tuath. Baineann sé seo le Measúnú Foriomlán ar Riachtanas Tithíochta (MFRT) an údaráis áitiúil, measúnú ar gá é a dhéanamh. Trí chainníochtú a dhéanamh ar an ngá atá le tithíocht aonair ar bhonn fianaise, cabhrófar le straitéis chuimsitheach tithíochta agus le beartais talamhúsáide ghaolmhara a ullmhú.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 30**

*An gá atá le tithíocht aonair faoin tuath a réamh-mheas trí uirlis Mheasúnú Foriomlán ar Riachtanais Tithíochta (MFRT) an údaráis áitiúil agus trí phróisis chroístraitéise an phlean forbartha contae.*

## 5.4 Pleanáil agus Infheistíocht chun Tacú le Cruthú Post faoin Tuath

Beidh cruthú timpeallachta chun tacú le cruthú post i gceantair tuaithe ina phríomhghné cumasaithe maidir le bailte agus sráidbhailte tuaithe a athnuachan, pobail tuaithe bhríomhara a chothú agus laghdú daonra a chasadh thart.

Tacaíonn ceantair thuaithe le meascán de ghnóthais de mhéideanna éagsúla, a oibríonn i raon leathan earnálacha ó na hearnálacha traidisiúnta ar nós talmhaíocht agus turasóireacht, agus na tionscail níos nua-aimseartha mar sheirbhísí airgeadais agus tionscail chruthaitheacha. Baineann gnó faoin tuath freisin le micrifhiontair agus fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), atá i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta neamhthraidisiúnta. Déanann na gnóthais sin go léir freastal ar raon leathan margaí, ó leibhéal áitiúil go hidirnáisiúnta.

Tá earnálacha seirbhísí áitiúla, turasóireacht agus déantúsaíocht ar scála beag ina measc, ina gcuid thábhachtach den gheilleagar tuaithe agus is fostóirí áitiúla tábhachtacha iad chomh maith. Tá sé riachtanach, áfach, tacú le héagsúlú an gheilleagair tuaithe, ní hamháin chun poist bhreise a chruthú i gceantair thuaithe, ach freisin chun an deis a uasmhéadú chun fostaíocht a nascadh le saincheisteanna mar athrú aeráide agus úsáid inbhuanaithe talún a bhainistiú.

Tá athrú tagtha ar an gcaoi a bhfuilimid ag maireachtáil agus ag obair mar gheall ar fhorbairt teicneolaíochta agus feabhsuithe ar nascacht, agus tá deiseanna nua ar fáil trí rochtain níos fearr ar oideachas, earraí agus seirbhísí. Tugann Connectedhubs.ie le chéile thart ar 340 mol oibre agus fiontair, ar a laghad, ar fud na tíre chun tacú le hoibrithe agus le gnóthaí cianda agus le rolladh amach leantach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, chun deiseanna suntasacha a thairiscint do phobail tuaithe.

Le haghaidh thuath na hÉireann, is bonneagar cumasaithe riachtanach é leathanbhanda a thugann na deiseanna céanna do phobail tuaithe bheith rannpháirteach sa gheilleagar digiteach is a thugann dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu inár gcuid cathracha agus bailte. Cheana féin, tá líon suntasach mol cianoibre lonnaithe ar fud na tíre a thugann deis don Stát ailíniú leis na saoráidí seo trí bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, siúil agus rothaíochta a fhorbairt. Chomh maith leis sin, cruthaíonn ailíniú idir cianobair agus athnuachan lár bailte, cothú sláinte agus saorálaíochas pobail deiseanna iontacha.

# Cás-staidéar



## Mol oibre comhionaid i nDún na nGall

**Is mol pobail agus fiontair é gteic@An Termon atá suite in An Tearmann, sráidbhaile beag tuaithe i gcontae Dhún na nGall agus cuid d'ionad pobail bríomhar a bhfuil naíolann le fáil ann mar aon le saoráid oibre comhionaid.**

Osclaíodh an mol oibre comhionaid in 2018 agus tá sé páirteach in ardán na Moil Nasctha ó mhí Bealtaine 2021. I measc na saoráidí atá le fáil sa mhol tá spásanna oifige príobháideacha, deasca sealaíochta, spás oibre comhionaid agus seomraí cruinnithe. Ó osclaíodh an mol in 2018 tá sé ag feidhmiú mar mhol bríomhar ina bhfuil meascán de chianoibrithe ag obair. Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le bheith ag obair i mol (seachas ón mbaile) dar le hoibrithe, an nasc sóisialta, go háirithe i suíomh tuaithe ina bhfuil an daonra scaipthe áit a bhfuil sé deacair bualadh le daoine áitiúla eile. Chomh maith leis sin, fachtóir tábhachtach ba ea na roghanna íocaíochta solúbtha a thairgeann an mol seo.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 31

*Forbairt an gheilleagair thuaithe a éascú, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráide náisiúnta, trí thacú le hearnáil talmhaíochta agus bhia atá inbhuanaithe agus éifeachtúil go heacnamaíoch, chomh maith leis na tionscail seo a leanas - foraoiseacht, iascaireacht, dobharshaothrú, fuinneamh agus eastóscadh, an bithgheilleagar agus éagsúlú i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm agus lasmuigh den fheirm, agus ag an am céanna aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis an tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha atá ríthábhachtach don turasóireacht tuaithe a chothabháil.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 32

*Tacú le cur i gcrích an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus é a éascú mar bhealach le tuilleadh deiseanna a fhorbairt don fhiontraíocht, don fhostaíocht, don oideachas, do nuáil agus d'fhorbairt scileanna dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair i gceantair thuaithe.*

Éileoidh deiseanna fostaíochta amach anseo i gceantair thuaithe bearta chun tacú le fiontraíocht tuaithe agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) nuálacha thuaithe. Is clár infheistíochta é Ceantair Laga Ardriachtanais, nó CLÁR, do thionscadail bhonneagair ar scála beag i gceantair thuaithe dhídhaonraithe. Tacaíonn CLÁR le forbairt ceantar sainaitheanta trí dhaoine a mhealladh chun cónaí iontu agus chun oibriú iontu. Ó 2016, thacaigh an Clár dar teideal CLÁR le raon leathan beart agus tá maoiniú de bhreis ar €70 milliún ceadaithe do bheagnach 2,400 tionscadal.

Chun forbairt fiontar agus geilleagar tuaithe a éascú le gur féidir raon níos leithne de dheiseanna fostaíochta a chruthú, beidh sé riachtanach leas a bhaint as sócmhainní áitiúla, sócmhainní daonna, nádúrtha agus cultúrtha ina measc, trí chomhtháthú feabhsaithe beartais, chun acmhainn ceantar tuaithe a mhéadú agus cur le fás áitiúil agus uirbeach. Beidh deiseanna um breisoiliúint lena n-áirítear trí chúrsaí cumaiscthe ar líne, páirtaimseartha nó for-rochtana, tábhachtach chun fostaíocht a fháil agus rochtain a fháil uirthi i gceantair thuaithe.

Tá acmhainní nádúrtha na hÉireann i measc na n-acmhainní is fearr dá bhfuil againn agus trí fhorbairt a dhéanamh ar na hearnálacha seo a leanas - talmhaíocht, bia, foraoiseacht, turasóireacht, bithgheilleagar agus fuinneamh in-athnuaite, ní hamháin go gcoimeádfar fostaíocht faoin tuath, ach cabhrófar chun príomhról a imirt i dtacú leis an ngeilleagar náisiúnta.

Tá acmhainn shuntasach phoitéinsiúil ag ceantair thuaithe sna hearnálacha sin, agus de réir mar a leanann naisc dhigiteacha agus deiseanna cianoibre agus fiontar nua ag fás, gach seans go méadóidh fostaíocht i réimsí cosúil le teicneolaíocht talmhaíochta, TFC, ilmheáin agus na hearnálacha cruthaitheacha, turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite agus bithgheilleagar breisluacha agus an geilleagar ciorclach.

Éileoidh deiseanna fostaíochta amach anseo i gceantair thuaithe bearta chun tacú le fiontraíocht tuaithe agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha thuaithe. Trí chur le straitéisí éagsúlaithe agus nuachóirithe, feabhas a chur ar shamhaltacha rialachais agus tacú le slabhraí luacha bia agus neamh-bhia is féidir cabhrú le forbairt eacnamaíoch, seirbhísí éiceachórais agus nuáil fhiontraíocht a spreagadh.

Tá forbairt cultúir láidir fiontraíochta agus nuálaíochta ag croílár na beogachta eacnamaíche agus sochaíche i bpobail tuaithe, pointe a bhfuil aird tarraingthe air in An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027. Tá forbairt micrifhiontar (iad siúd ina bhfuil níos lú ná 10 fostaithe) ábhartha ach go háirithe d'inbhuanaitheacht bailte beaga agus ceantar tuaithe. Cuireann an líonra Oifigí Fiontair Áitiúla, agus an líonra mol náisiúnta a bunaíodh le blianta beaga anuas, tacaíochtaí tiomanta ar fáil do ghnóthaí atá ag obair san earnáil sin.

## Cás-staidéar




# Ionad Fiontraíochta Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin

**Ceadaíodh maoiniú CAFT luach €3,418,127 do thionscadal Ionad Gnó, Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Ridge do thionscadal a chosain €4,351,484.32 faoin gcéad ghairm ar iarratais faoin CAFT in 2019.**

Ba í Comhairle Contae Mhuineacháin a bhí i mbun an tionscadail a stiúradh agus i measc chomhpháirtithe an Tionscadail bhí Forbairt Fiontar Bhaile na Lorgan Teoranta, Bord Fiontar Contae Mhuineacháin, Coiste Athghiniúna Bhaile na Lorgan.

Bhí sé mar aidhm ag Ionad Gnó, Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Ridge spás oifige agus saoráidí cianoibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil do ghnóthaí nua agus do ghnóthaí a bhí bunaithe cheana féin. Tá láithreán an tionscadal lonnaithe i lár an bhaile agus san áireamh ann tá ionad fiontraíochta nua 1356 sq. /m a mbeidh an pobal freagrach as, a thógfar ar láithreán neamhúsáidte gar do lár an bhaile. Soláthrófar an méid seo a leanas san ionad

- **18 n-aonad Fiontar a bheidh idir 23 méadar cearnach agus 35 méadar cearnach;**
- **Ceithre haonad tionscail éadroim/oifige 46 méadar cearnach.**

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 33

*Feabhas a chur ar iomaíochas ceantar tuaithe trí thacú le nuáil i bhforbairt eacnamaíoch tuaithe agus san fhiontraíocht trí héagsúlú an gheilleagair thuaithe isteach in earnálacha agus i seirbhísí nua, agus ina measc tionscail atá bunaithe ar TFC agus iad siúd atá ag plé le hathrú aeráide agus le hinbhuanaitheacht.*

## Talmhaíocht

Tá ról lárnach fós ag an earnáil agraibhia i ngeilleagar na hÉireann agus is é seo an tionscal dúchasach is mó atá againn, tionscal a chabhraíonn le 165,000 post díreach a chur ar fáil agus a chruthaigh 9% d'onnmhairí marsantachta in 2023[30]. Ba í talmhaíocht go traidisiúnta an tionscal ba mhó a chuir le geilleagair tuaithe agus tá sí tábhachtach fós mar fhoinse mór ioncaim agus fostaíochta dírí agus indírí araon. Ní mór don talmhaíocht, áfach, dul in oiriúint do na dúshláin a bhaineann le nuachóiriú, le hathstruchtúrú, le forbairt margaidh agus le tábhacht mhéadaitheach na saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide agus an chaillteanais bithéagsúlachta.

Tá níos mó deiseanna ag baint leis an athrú aeráide chun fiontair feirmeoireachta a éagsúlú lena n-áirítear béim a leagan ar réimsí cosúil le táirgeadh bithmheatáin agus foraoiseacht (féach freisin ar Chaibidil 9).

Tá cuid mhór de na tairbhí eacnamaíocha san earnáil agraibhia scaipthe ar fud na tíre, rud a chiallaíonn go bhfuil sé tábhachtach ach go háirithe do cheantair thuaithe agus don fhorbairt eacnamaíoch go ginearálta. Tacófar le forbairt leantach na hearnála agraibhia trí chur i bhfeidhm Fís don Bhia 2030.

Is Straitéis deich mbliana í Straitéis Fís don Bhia 2030 d'earnáil agraibhia na hÉireann (a áirítear inti próiseáil agus déantúsaíocht phríomhúil talmhaíochta, bia agus dí, iascaigh, dobharshaothrú agus próiseáil éisc, foraoiseacht agus próiseáil foraoiseachta agus an earnáil eachaí).

Tá 22 Sprioc sa Straitéis, atá grúpáilte i gceithre Mhisean ardleibhéil ar féidir leis an earnáil díriú orthu:

1) Earnáil Agraibhia atá Aeráidchliste agus Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de;
2) Táirgeoirí Príomhúla Inmharthana agus Athléimneacha a bhfuil a bhFolláine Feabhsaithe;
3) Bia atá Sábháilte, Cothaitheach agus Mealltach, Iontaofa agus a bhfuil Luach air sa Bhaile agus Thar Lear;
4) Earnáil Agraibhia atá Nuálach, Iomaíoch agus Athléimneach atá Bunaithe ar Theicneolaíocht agus ar Thallann.

Is creat straitéiseach é Fís don Bhia 2030, a bhfuil beartais, pleananna agus cláir eile laistigh de a fhorbrófar.

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 34

*Tacú leis an tionscal agraibhia chun slándáil bhia leantach na hÉireann a chur chun cinn ar bhealach a chinntíonn inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta agus dul chun cinn á chinntiú ag an am céanna maidir le spriocanna a bhaint amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta agus sa Phlean Bainistíochta Abhantraí.*



30 Athbhreithniú agus Forléargas Bliantúil ar Chúrsaí Talmhaíochta, Bia agus Mara 2023.



## Foraoiseacht

Tá ról tábhachtach agus méadaitheach ag tionscal na foraoiseachta, a chuimsíonn fás, baint agus próiseáil tháirgí foraoise i ngeilleagar na hÉireann. Measadh go bhfuil an ranníocaíocht dhíreach agus indíreach don gheilleagar cothrom le díreach os cionn €2 bhilliún in aghaidh na bliana agus go bhfuil tuairim is 9,500 post ag brath ar an earnáil[31]. IÓs rud é gur minic gur fachtóir chinntitheach é cáilíocht talún agus cinntí á ndéanamh faoi úsáid talún, d'fhéadfadh go bhféadfaí talamh ar chaighdeán íseal, a bhfuil dúshláin ag baint leis faoi láthair ó thaobh talmhaíochta eacnamaíche, a úsáid le haghaidh foraoisithe. Is dóchúil go leanfaidh cumhdach foraoiseachta ar aghaidh ag díriú ar thalamh talmhaíochta oiriúnach a d'fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca é a thiontú go foraoisiú mar gheall ar úsáid theoranta le haghaidh na talmhaíochta.

Is í an aidhm atá i gceist agus talamh talmhaíochta á fhoraoisiú, le tacaíocht ó dhreasachtaí Rialtais, ná méadú a dhéanamh ar an soláthar fadtéarmach adhmaid chun tacú le forbairt earnáil inbhuanaithe próiseála agus tá acmhainn mhór um cheapadh carbóin ag gabháil leis, rud a chuirfeadh leis na spriocanna náisiúnta um maolú gás ceaptha teasa agus leis an mbithgheilleagar.

Moltar sa Straitéis agus Plean Feidhmithe Foraoise, lena n-áirítear Clár Foraoiseachta 2023- 2027, curtha i dtoll a chéile agus curtha chun feidhme ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, go mbeadh foraoisiú méadaithe á dhreasú le haghaidh 8,000 ha sa bhliain.

In 2023, measadh sa cheathrú Fardal Foraoise Náisiúnta (FFN) go bhfuil an limistéar foraoise cothrom le 808,848 heicteár nó 11.6% den limistéar talún. Meastar go mbeidh clúdach foraoise ag an leibhéal is airde le breis agus 350 bliain.[32] Braithfidh plandú méadaithe agus baint amach spriocanna coillteoireachta ar infhaighteacht talún go ginearálta agus, go sonrach, ar athrú in úsáid talún ó thalmhaíocht go foraoiseacht.

Chomh maith leis sin, spreagtar coillearnacha mealltacha, inrochtana, gar do bhaile, a fhorbairt ar féidir le pobail áitiúla úsáid agus taitneamh a bhaint astu. Is léir go bhfuil tionchar inbhraite ag rochtain ar a leithéid de shaoráidí agus d'eispéiris ar shláinte agus ar fholláine daoine óg agus aosta. Is féidir le coillearnacha freastal ar raon leathan gníomhaíochtaí, e.g. siúlóidí teaghlaigh sa tráthnóna, oiliúint corpacmhainne, staidéar ar an dúlra. Cabhraíonn an bhaint ghaolmhar a bhíonn ag daoine áitiúla le dearadh agus le bainistíocht, agus le ceiliúradh na hoidhreachta áitiúla trí úsáid a bhaint as comharthaí eolais, bileoga, etc., le saol sóisialta an phobail áitiúil agus cuireann siad leis an 'ómós áite'. Tá maoiniú ar fáil chun coillearnach conláistí nua a bhunú, chun feabhas a chur ar an bhforaois atá ann cheana chun a chinntiú gur féidir leanúint ar aghaidh á húsáid mar choillearnach conláistí, agus do shuiteáil saoráidí éagsúla atá oiriúnach don suíomh coillearnaí, chun rochtain a thabhairt do dhaoine de gach aois agus de gach cumas.

Tacaíonn roinnt scéimeanna atá á riar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear an Scéim Foraoisithe, an Scéim Limistéar Crann Dúchasach, an Scéim um Chruthú Coillearnach ar Thailte Poiblí, an Scéim Feabhsaithe Comhshaoil - Scéim Phíolótach agus Foraoisí Oidhreachta - Scéim Phíolótach leis na cuspóirí seo.

## Tourism

Tá turasóireacht agus talmhaíocht fite fuaite le chéile i gceantair thuaithe, ós rud é gurb í an talmhaíocht, i go leor áiteanna, a chruthaíonn agus a choimeádann na tírdhreacha ar a bhfuil gnó na turasóireachta bunaithe. Tá coimeád rochtana ar ár gcuid tírdhreach agus cruthú rochtana nua ag brath ar dhea-naisc a choimeád leis an earnáil talmhaíochta.

Ar an gcaoi chéanna, tá na sócmhainní tógtha, cultúrtha agus nádúrtha a dhéanann suas 'amhábhar' an tionscail turasóireachta riachtanach um 'chumas táirgthe' na hearnála. Tá an cumas ag an turasóireacht pobail a chothú go díreach agus go hindíreach, fostaíocht a chruthú agus fíorthairbhí sóisialta a bhaint amach do cheantar tuaithe na hÉireann.

31 Staidéar COFORD, 2021
32 Staitisticí foraoise na hÉireann 2023, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Le forbairt glasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna, tugtar bealach uathúil malartach do thurasóirí agus cuairteoirí le rochtain a fháil ar thuath na hÉireann agus taitneamh a bhaint aisti. Tugtar tús áite d'fhorbairt líonra straitéisigh náisiúnta de na conairí sin agus tacóidh sé le forbairt pobal tuaithe agus le cruthú post sa gheilleagar tuaithe, chomh maith le cosaint agus cur chun cinn sócmhainní nádúrtha agus bithéagsúlachta. D'fhoilsigh an Roinn Iompair agus Spóirt Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo in 2018 agus bhunaigh an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe scéim chomhlántach dar teideal an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh in 2022, a sholáthraíonn maoiniú do bhonneagar caithimh aimsire lasmuigh nua agus do dheisiúchán, feabhsú nó promóisean riachtanach bonneagair chaithimh aimsire lasmuigh i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann.

Mar gheall ar an nádúr trasearnála, tionchar fairsing agus na gnéithe de thógáil talún a ghabhann le straitéis náisiúnta um ghlasbhealaí, ghormbhealaí, agus bealaí móna, beidh tacaíocht ó agus glacadh ag pobail áitiúla, úinéirí talún, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit ríthábhachtach um chur i bhfeidhm rathúil, nach mór tacú leis le plean infheistíochta agus comhordaithe. Ligfeadh líonra den sórt sin rochtain níos mó ar cheantair níos iargúlta den tír agus tá deiseanna ag gabháil leis um forbairt turasóireachta ghaolmhar i gceantair thuaithe.

Is cineál díol spéise eile do thurasóirí a thaispeánann conas is féidir leas a bhaint as poitéinseal na gceantar ar fad iad Páirceanna agus Tearmainn 'Spéir Dhorcha', atá dírithe ar cheantair "a bhfuil cáilíocht eisceachtúil nó oirirce d'oícheanta réaltacha acu agus timpeallacht oíche atá cosanta go sonrach dá cuid oidhreacht eolaíochta, nádúrtha, oideachais, cultúrtha, agus/nó taitneamh poiblí".[33] Tá sé seo fíor go háirithe maidir le limistéir sléibhtiúla agus tailte portaigh nach bhfuil mórán truaillithe solais ann nó nach bhfuil aon truailliú solais ann, a dhéanann pobail tuaithe in aice leo freastal orthu. Faoi láthair tá dhá cheantar Spéire Dorcha in Éirinn atá aitheanta go hidirnáisiúnta, Páirc atá suite i gContae Mhaigh Eo agus Tearmann atá suite i gContae Chiarraí.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 35**

*Leanúint ar aghaidh le forbairt turasóireachta a éascú agus go háirithe an Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo, agus Straitéis Glasbhealaí agus Móinbhealaí, a thugann tús áite do thionscadail bunaithe ar thionchar uasta a chinntiú agus nascacht ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus iad ag cinntiú go bhfuil a bhforbairt ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, leis an gcuspóir náisiúnta um athrú aeráide agus leis na ceanglais maidir le measúnachtaí comhshaoil.*

## 5.5 Infheistíocht Tuaithe a Chomhordú

Tá comhordú na hinfheistíochta, i dteannta le comhordú taighde agus nuála, ina fhachtóir tábhachtach chun dúbláil iarrachta agus úsáid neamhéifeachtach acmhainní a chosc. Réimse beartais ilghnéitheach atá i bhforbairt tuaithe agus dá réir sin tá go leor struchtúr cistithe agus infheistíochta ann a thacaíonn le tosaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Ar leibhéal AE, tá ról suntasach le himirt ag an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) i bhforbairt agus i gcothabháil cheantar tuaithe na hÉireann. Tá Plean Straitéiseach CBT na hÉireann 2023 – 2027, a bhfuil €2.3 billiún leithdháilte lena aghaidh i gcistí náisiúnta, mar bhonn le forbairt inbhuanaithe earnáil talmhaíochta na hÉireann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú le hioncam feirme inmharthana agus iomaíochas a fheabhsú
(ii) cabhrú le cuspóirí comhshaoil agus aeráide a bhaint amach ar leibhéal náisiúnta agus AE; agus
(iii) creatlach shocheacnamaíoch ceantar tuaithe a neartú.

Ó foilsíodh CNP 2018 tá cláir infheistíochta shuntasacha bunaithe do cheantair thuaithe cruthaithe. Soláthraíonn an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT), arna riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, maoiniú d'fhorbairt agus do thógáil tionscadal caipitil bunathraitheach ar scála mór i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe ar fud na hÉireann. Faoi iarratais CAFT go dáta, tá maoiniú de €413 milliún ceadaithe le haghaidh 215 tionscadal a chosain €565 milliún.

Tá sé mar aidhm le *Tús Áite do Lár an Bhaile: Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann*, a foilsíodh in 2022, beartais a ailíniú agus tacar tacaíochtaí agus sruthanna maoinithe a ailíniú chun bailte tuaithe a athshamhlú agus a athbheochan. Faoin mbeartas, cumasaítear pobail áitiúla chun Plean Tús Áite do Lár an Bhaile a ullmhú, le tacaíocht ó Oifigeach Athghiniúna Baile, tiomnaithe údaráis áitiúil, inar leagfar amach gníomhartha agus idirghabhálacha sonracha agus cabhraítear le tairbhe a bhaint as maoiniú náisiúnta cosúil leis an CAFT agus an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhailte.

Tá an tríú babhta de thacaíocht maoinithe CAFT, príomhghníomh i bPlean Gníomhaíochta na dTithe Folmha 2023 an Rialtais, deartha go sonrach chun déileáil le folúntas agus dearóiliú i gcathracha agus i mbailte incháilithe, agus chun dlús a chur le soláthar cóiríocht chónaithe. Chomh maith leis sin, tá an tionscnamh seo ag tacú le cuspóirí faoi bheartas athbhreithnithe Tithíocht do Chách agus Tús Áite do Lár an Bhaile. Is é an aidhm atá leis an gcúigiú gairm de CAFT ag tús 2024 tacú le tionscadail a chabhraíonn chun ár mbailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan, de réir chur chuige an bheartais Tús Áite do Lár an Bhaile.

33 International Dark Sky Association.




Beidh sé seo mar bhonn le líon na gcustaiméirí a mhéadú agus déileáil le folúntas agus le dearóiliú, agus tacú le tionscadail chun cabhrú le daoine a mhealladh ar ais chun cónaithe i gceantair thuaithe agus chun tacú le forbairt eacnamaíoch áitiúil.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an clár dar teideal CLÁR agus an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhailte (SABS) le hathghiniúint bailte agus sráidbhailte tuaithe.

Tá dhá scéim faoi Chiste Bailte Croí Cónaithe á seachadadh ag údaráis áitiúla. Soláthraíonn an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh deontas do dhaoine chun tacú le hathchóiriú réadmhaoine foilmhe agus dearóile. Faoin scéim Réidh le Tógáil, cuireann údaráis áitiúla láithreáin seirbhísithe ar fáil do dhaoine aonair nó do theaghlaigh ar mian leo teach dá gcuid féin a thógáil i mbaile nó i sráidbhaile, chun rogha inmharthana agus mhealltach a sholáthar do dhaoine ar mian leo a dteach féin a thógáil agus cónaí i gceantar tuaithe, agus a bheith in ann siúl nó taisteal ar an rothar chuig raon seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla, lena n-áirítear scoileanna, siopaí, moil phobail agus clubanna spóirt. Tá an scéim seo, i dteannta leis an scéim athchóirithe do réadmhaoin fholamh, ag tacú le bailte agus le sráidbhailte ar fud na hÉireann chun tithe nua a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais agus d'uaillmhianta a bpobal.

Chomh maith leis sin, is uirlis éifeachtach a bheidh in LEADER chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta pobal tuaithe, agus chun creatlach shocheacnamaíoch de cheantair thuaithe a threisiú, trí acmhainní riachtanacha a chur ar fáil do phobail chun tacú lena bhforbairt inbhuanaithe féin.

Tá Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, Ciste na nDéanmhas Stairiúil agus Ciste na Séadchomharthaí Pobail ag infheistiú caipitil bhunriachtanaigh inár n-oidhreacht sheandálaíoch chun cabhrú le húinéirí agus le caomhnóirí séadchomharthaí seandálaíocha iad a chosaint amach anseo chun tairbhe pobal agus an phobail agus cabhrú le tacú lenár gceantair thuaithe agus lenár ndéanmhas stairiúil.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 36

*Leanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile, ar aghaidh ag infheistiú i dtuath na hÉireann, lena n-áirítear tríd an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe, agus oibreoidh siad as lámh a chéile chun comhordú a dhéanamh ar struchtúir um maoiniú forbartha tuaithe chun í a chur ar aon dul le straitéisí náisiúnta eile.*

# Cás-staidéar



Roimh



## Gairdín Domhanda na hÉireann - Eastát Bhruachaille, Co. Phort Láirge

**Bronnadh maoiniú CAFT luach €4,975,838 ar thionscadal Ghairdín Domhanda na hÉireann - Eastát Bhruachaille do thionscadal a chosain €6,859,406. Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Phort Láirge a bhí i mbun an tionscadail i gcomhpháirt le Fáilte Ireland.**

### Aidhm

Cruthóidh an tionscadal eispéireas aitheanta agus tumthach do chuairteoirí a thugann scéal Bhruachaille chun beochta trí thurais threoraithe, eispéireas nua idirghníomhach do chuairteoirí, conair ghairdín idirghníomhach, conair ghairdín bhogaigh, mar aon le léiriú agus le treochomharthaíocht ilteangach le léaráidí. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích bhí:

- Athchóiriú 'sciathán thoir an tí atá ann cheana féin chun ionad miondíola/do chuairteoirí a chruthú a mheallfaidh cuairteoirí i rith na bliana;
- Seirbhísí tacaíochta coimhdeacha do chuairteoirí lena n-áirítear spásanna bia agus dí agus miondíola den chéad scoth. Ceann scríbe bia agus miondíola a chruthú a mheallann cuairteoirí áitiúla, a ghineann ioncam, líon custaiméirí agus fostaíocht;
- An bonneagar láithreáin a uasghrádú chun rochtain feabhsaithe do chuairteoirí a chur san áireamh, saoráid cóireála fuíolluisce nua agus carrchlós/clós cóistí nua le haghaidh 200 carr agus 10 gcóiste; agus
- Athbheochan na ngairdíní agus athchóiriú an Tí Gloine Seoirsí ornáideach (700m²). Tá an Teach Gloine Seoirseach ag cur go mór leis an eispéireas do thurasóirí, ag tairiscint léargas tumthach ar na gairdíní agus ar na plandaí uathúla atá ag fás ann.

### Torthaí

Tá líon na gcuairteoirí bliantúla ar an ngairdín a íocann táille isteach méadaithe go dtí 70,000 (sin méadú ar an líon is airde cuairteoirí a d'íoc táille isteach roimh Covid - 40,000 in 2019). Tá na figiúirí foriomlána (i.e. lena n-áirítear iad siúd a thug cuairt díreach ar an ionad miondíola/ar an gcaife) don tréimhse idir Márta agus Samhain 2023 gar do 150,000.

I láthair na huaire tá 28 fostaí lánaimseartha ann, sin méadú ó 12 fostaí lánaimseartha ó cuireadh tús leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, tá 16 mhac léinn Gairneoireachta ag glacadh páirt i gCúrsa Leibhéal 6 nuabhunaithe.

I ndiaidh







# 6 Daoine, Bailte agus Pobail

## 6.1 Cáilíocht Saoil agus Áite

**Le blianta beaga anuas, tá muintir na hÉireann éirithe níos oilte, níos leathanaigeanta, níos dírithe ar theicneolaíocht, níos táirgiúla agus níos éagsúla. Leis an tsolúbthacht agus an athrú sin tá muid níos rathúla agus níos dianseasmhaí mar náisiún.**

Má leanann rath eacnamaíoch ar aghaidh déanfar cinnte go dtiocfaidh feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar chaighdeán na beatha dár gcuid saoránach go léir. Tugann sé an t-ardán is fearr chomh maith, ónar féidir bheith sa tóir ar spriocanna lárnacha sóisialta agus comhshaoil, ar nós dul i ngleic le míbhuntáiste agus freagairt d'athrú aeráide

De réir mar a thiocfaidh athrú ar ár sochaí, tiocfaidh athrú ár gcuid riachtanas agus roghanna, go háirithe agus níos mó againn ag éirí níos sine. Braitheann cáilíocht saoil ar chúinsí daoine, ach go ginearálta, is fianaise ar na gnéithe i bhfíor 6.1 atá ann.

Beidh an chaoi a ndéanfar forbairt in Éirinn sa todhchaí a phleanáil fós ina fachtóir chinntitheach thábhachtach maidir le caighdeán beatha daoine. Tá tionchar tábhachtach ag suíomh agus áit ar an gcaighdeán beatha a bhíonn ag daoine.

Cé nach féidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála athrú a bhaint amach i ngach gné a chuireann le caighdeán na beatha, tá roinnt gnéithe lárnacha a mbeidh tionchar díreach aige orthu, agus an ceann is tábhachtaí ná 'an timpeallacht nádúrtha agus chónaithe'.

Sin an fáth go bhfuil áit ina cuid bhunúsach maidir le dea-chaighdeán beatha a bhaint amach - maidir le caighdeán na timpeallachta mórthimpeall orainn, ár gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí agus áiseanna, ar nós oideachas agus cúram sláinte, siopaí agus páirceanna, na hidirghníomhuithe caithimh aimsire agus sóisialta a bhíonn ar fáil dúinn, agus an deis fostaíocht a fháil, bíonn tionchar mór acu go léir ar shaol daoine.

Agus roghanna á ndéanamh faoi cá háit ar cheart cónaí, oibriú agus infheistiú, is ábhar machnaimh bunúsach é an leibhéal soláthar seirbhíse. I bhFíor 6.2 tugtar léargas ar an leibhéal soláthair seirbhíse a bhaineann le lonnaíochtaí de mhéideanna difriúla in Éirinn. Luíonn sé le réasún gurb iad ár gcathracha na háiteanna ina mbíonn leibhéal ard soláthar seirbhíse ar fáil ar fud raon earnálacha agus ina mbíonn rochtain ar na seirbhísí. Ar an gcaoi chéanna, déantar soláthar cuí do sholáthar seirbhíse níos áitiúla ar scála lonnaíocht baile bhig nó sráidbhaile.

**Beidh an chaoi a ndéanfar forbairt in Éirinn sa todhchaí a phleanáil fós ina fachtóir chinntitheach thábhachtach maidir le caighdeán beatha daoine. Tá tionchar tábhachtach ag suíomh agus áit ar an gcaighdeán beatha a bhíonn ag daoine.**

**Fíor 6.1 | Gnéithe a Thacaíonn le Cáilíocht Saoil**





## 6.2 Pobail Shláintiúla

**Tá ár sláinte agus ár dtimpeallacht fite fuaite lena chéile. I measc na rioscaí sláinte sonracha ar féidir le pleanáil spásúil dul i bhfeidhm orthu tá galar croí, galar riospráide, murtall agus díobhálacha. Trí chur chuige uilechórais a ghlacadh i dtreo déileáil leis na fachtóirí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus fholláine agus a chuireann le míchothromachtaí sláinte, agus daoine agus pobail a chumasú chun roghanna níos folláine a dhéanamh, beifear in ann feabhas a chur ar thorthaí sláinte, go háirithe don chéad ghlúin eile de shaoránaigh..**

Is é Sláintecare agus córas sláinte agus cúraim shóisialta uilíoch an fhís uileghabhálach agus an treo beartais do chóras cúraim sláinte na hÉireann. Is é an cuspóir atá ann go mbeidh rochtain ag gach duine “ar an gcúram ceart, san áit cheart agus ag an am ceart”.

Bíonn éifeacht ag cinntí maidir le húsáid talún agus maidir leis an timpeallacht thógtha, iompar san áireamh, ar na rioscaí sláinte sin ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí dhul i bhfeidhm ar cháilíocht aeir agus uisce, ar shábháilteacht tráchta, deiseanna um ghníomhaíocht fhisiceach agus idirghníomhú sóisialta chomh maith le rochtain ar áiseanna agus seirbhísí ionaid oibre, oideachais, cúram sláinte agus eile ar nós siopaí bia agus alcóil.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 37

*Tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí lena n-áirítear Creat Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla, trí bheartais den sórt sin a chomhtháthú, áit is cuí agus ag an scála ábhartha, sa bheartas pleanála.*

Mar gheall ar nádúr athraitheach na sochaí, tá níos mó daoine ag brath ar ghluaisteáin agus tá laghdú tagtha le himeacht ama ar na leibhéil ghníomhaíochta fisicí ag daoine. Bíonn éifeacht ag dearadh fisiceach ar iompar daoine ag gach scála - foirgnimh, pobail, sráidbhailte, bailte, cathracha agus réigiúin. Is féidir leis na háiteanna ina bhfuil muid inár gcónaí, ina mbíonn muid ag obair agus ag súgradh dul i bhfeidhm ar ár leas fisiceach agus meabhrach araon.

I bpobail atá deartha ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht fhisiciúil, e.g. comharsanachtaí dea-nasctha le seirbhísí agus taitneamhachtaí laistigh d’achar siúil ghairid nó turas gairid ar an rothar chuig tithe, cosáin mhóra, lánaí rothaíochta sábháilte agus limistéir chaithimh aimsire inrochtana, spreagtar cónaitheoirí chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus chun saol níos sláintiúla a chaitheamh. I dtíortha ina bhfuil bonneagar fairsing rothaíochta tuairiscítear go mbíonn na leibhéil rothaíochta níos airde agus na leibhéil mhurtaill níos ísle. Cruthaíonn áiteanna folláine, faoi seach, luach eacnamaíoch trí fhórsa oibre oilte agus cuideachtaí nuálacha a tharraingt.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 38

*A chinntiú go gcomhtháthaítear roghanna sábháilte agus áisiúla seachas an carr i ndearadh ár bpobal, trí thús áite a thabhairt d’inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí reatha agus beartaithe, agus saoráidí gníomhaíochta fisiciúla do dhaoine de gach aois a chomhtháthú.*

**Fíor 6.2**

# Ordlathas Lonnaíochtaí agus Bonneagair Bhaintigh






Lonnaíochtaí níos Lú agus Limistéir Thuaithe

Bailte agus Sráidbhailte Níos Lú

Bailte Móra

Cathracha

Foinse: Faighte ón Strategic Investment Board Limited, 2008

## 6.3 Éire Éagsúil agus Chuimsitheach

Chomh fada is a bhaineann le bogadh i dtreo sochaí níos éagsúla le 50 bliain anuas. tá daonra na hÉireann níos éagsúla ná mar a bhí riamh, agus é déanta suas de raon eitneachtaí agus náisiúntachtaí. I dteannta le luachanna sóisialta athraithe a ghlacann le cearta pósta sibhialta agus chomhdhéanamh teaghlaigh, tá iarrachtaí agus gníomhartha forásacha na hÉireann chun comhionannas a thabhairt do gach saoránach mar chuid de shochaí chóir agus chothrom fós ina dtosaíocht.

Ní cleachtadh teoranta atá i gceist le rochtain ar dheiseanna a thabhairt do shaoránaigh na hÉireann, áfach, go háirithe áit a bhfuil gá le réitigh shaincheaptha chun freastal i gcónaí ar riachtanais ár saoránach, go háirithe iad siúd atá leochaileach nó imeallaithe fós.

Le pleanáil tugtar deis sochaí atá níos cuimsithí go sóisialta a éascú agus a chur ar fáil trí chomhtháthú níos fearr agus inrochtaineacht níos fearr ag gach céim den saolré. Ceithre réimse lárnach inar féidir feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta ná tithíocht, oideachas, sláinte agus iompar; mar shampla trí dhearadh uilíoch foirgneamh chun inrochtaineacht níos fearr a thabhairt do chách, nó comhshuíomh áiseanna agus bealaí úsáide pobail chun déanamh cinnte go mbíonn pobail gníomhach le linn an lae agus san oíche.

Tacaíonn an Creat Náisiúnta Pleanála le dul chun cinn leantach i dtreo sochaí níos cuimsithí a bhaint amach a thacaíonn le cearta daonna bunúsacha ár saoránach agus a chabhraíonn le daoine rochtain a fháil ar chaighdeán na beatha níos fearr.

### Daoine faoi Mhíchumas

Bhí thart ar 407,342 duine le míchumas trom agus marthanach in Éirinn in 2022 agus bhí 702,215 duine eile ag déileáil le míchumas de chineál éigin, sin 22% den daonra. Beidh taithí ar mhíchumas ag cion mór den daonra ag uair éigin dá saoil, go háirithe agus an daonra ag dul in aois.

Tá go leor saincheisteanna maidir le pleanáil atá ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas ar aon dul leo siúd a mbíonn éifeacht acu ar dhaoine breacaosta, lena n-áirítear an gá le maireachtáil neamhspleách a éascú, rochtain agus soghluaisteacht maidir le foirgnimh agus timpeallachta agus lánpháirtíocht sa tsochaí go ginearálta. Ós rud é go bhfuil go leor daoine faoi mhíchumas d'aois oibre, tá rochtain ar fhostaíocht agus gaire di tábhachtach freisin.

Agus í ag bogadh i dtreo sochaí níos éagsúla le caoga bliain anuas, tá daonra na hÉireann níos éagsúla ná mar a bhí riamh, agus é déanta suas de raon eitneachtaí agus náisiúntachtaí.

### An Lucht Taistil

Aithnítear an lucht taistil mar mhionlach eitneach. Meastar go bhfuil thart ar 33,000 Éireannach a bhaineann den lucht taistil. Cé nach mbíonn an stíl mhaireachtála chéanna ag gach ball den lucht taistil, bíonn riachtanais tithíochta áirithe a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch agus gaol ag roinnt ball den lucht taistil. Bíonn sé riachtanach fánaíocht a thógáil san áireamh, ar feadh cuid den bhliain ar a laghad i roinnt cásanna.

Leanfaidh údaráis áitiúla atá ag obair leis an lucht taistil ar aghaidh ag plé le riachtanais sonracha an lucht taistil, agus ag déanamh cinnte go mbaintear amach soláthar spriocdhírithe i gcomhréir leis na riachtanais sin agus go gcuimsítear sé sin freisin i straitéisí tithíochta agus cóiríochta don lucht taistil, i bpleananna forbartha cathrach agus contae agus i bpleananna ceantair áitiúil.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 39**

*Pleanáil i gcomhair sochaí níos éagsúla agus níos cuimsithí ina ndírítear ar chomhionannas deiseanna agus ar chaighdeán beatha níos fearr do gach saoránach, trí chomhtháthú agus inrochtaineacht níos fearr i soláthar pobal inbhuanaithe agus seirbhísí gaolmhara.*

### An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Is í an Ghaeilge, an chéad theanga oifigiúil na hÉireann agus tá stair chultúrtha shaibhir ag gabháil léi agus tá cosaint bhunreachtúil agus reachtaíochta shuntasach tugtha ag Stát na hÉireann di ó bunaíodh é. Tráth dá raibh bhí an Ghaeilge á labhairt ag go leor daoine ar oileán na hÉireann, ach anois níl ach 2% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí i gceantair Ghaeltachta (Daonáireamh 2022). Tá ról lárnach ag na ceantair ina bhfuil an Ghaeilge beo mar theanga phobail maidir le forbairt sochaí dhátheangaí in Éirinn, agus cuirtear timpeallacht ar fáil, inar féidir leis an teanga forbairt go nádúrtha i suíomh nua-aimseartha.

Is ionann an próiseas pleanála teanga, a forordaíodh in Acht na Gaeltachta, 2012, agus príomhthiománaí chun tacú le gealltanas an Rialtais chun na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a chomhlíonadh. San áireamh anseo tá cur chun feidhme na bpleananna teanga ar leibhéal pobail i Limistéir Phleanála Teanga ainmnithe agus breis aitheantais a thabhairt do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta.

Foráiltear san Acht freisin le Líonraí Gaeilge a shainiú de cheantair atá lasmuigh den Ghaeltacht agus ina bhfuil tairseach chriticiúil de bhonneagar bainteach le teanga ar nós naíonraí agus bunscoileanna agus meánscoileanna lán-Ghaeilge.

Tá sé ríthábhachtach ó thaobh choimeád na Gaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus an teanga a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht go gcuirfí tacaí leanúnacha ar fáil don phróiseas pleanála teanga agus go ndéanfaí tacaíocht a neartú don údarás forbartha Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 40**

*Tacú le cur i bhfeidhm phleananna teanga i gCeantair Phleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge.*

## 6.4 Pobail Aoisbhácha

### Daoine Breacaosta

Tugtar le fios i réamh-mheastacháin ITES go méadóidh líon na ndaoine atá níos sine ná 65 thart ar 66% go dtí 1.3 milliún daoine faoi 2040, sin thart ar 21% den daonra. Is 15% den daonra a bhí i gceist in 2022. Ina theannta sin, meastar go méadóidh an daonra atá níos sine ná 85 bliain d'aois breis is 140%. De réir mar a éiríonn daoine níos sine is dóchúla go mbeidh riachtanais sláinte níos casta acu, agus gá le seirbhísí agus áiseanna chun tacú le cúram oiriúnach agus riachtanach.

Beidh impleachtaí ag an méadú ar an daonra agus an tsochaí atá ag dul in aois ar an earnáil sláinte agus ar na seirbhísí atá riachtanach chun an déimeagrafach seo a éascú.

Tríd is tríd, tá níos mó daoine in Éirinn agus tá daoine ag maireachtáil i bhfad níos faide ná mar a bhí roimhe seo. Beidh an daonra seo atá ag fás mar bhonn le méadú ar an éileamh foriomlán ar sheirbhísí cúraim sláinte. Tá tábhacht ag baint le struchtúr aoise an daonra de bhrí go n-athraíonn úsáid seirbhíse sláinte i rith na saolré. Ní mór go mbeadh riachtanais seirbhíse níos airde ag aoiseanna níos sine, sa chéad chéim den saol agus i rith blianta máithreachais do mhná. Mhéadaigh daoine atá breis is 65 bliain d'aois go dtí 15% den daonra (776,315 duine), i gcomparáid le 12% in 2011. Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis na treochtaí seo sna blianta amach romhainn.

De réir mar a bheidh saol níos faide á chaitheamh ag níos mó daoine, beidh siad ag iarraidh a bheith sláintiúil agus neamhspleách, cónaí ina dtithe féin agus gan mórán riachtanais a bheith acu maidir le seirbhís ar nós ospidéil othair chónaithigh agus othair sheachtraigh. Is é beartas an Rialtais ná tacú le daoine breacaosta le gur féidir leo maireachtáil le dínit agus neamhspleáchas ina gcuid tithe agus pobal féin chomh fada agus is féidir.

Trí chontanam níos réidhe agus oiriúnaí de roghanna tithíochta a chur ar fáil agus tacaí iontu do dhaoine breacaosta agus timpeallacht thógtha atá tarraingteach, inrochtana agus sábháilte, beidh tacaíocht ag daoine breacaosta agus beidh siad spreagtha chun taitneamh a bhaint as saol gníomhach, folláin agus nasctha agus dul in aois go muiníneach agus go compordach ina bpobal.

Neartaíonn sé sin níos mó an gá le forbairt inlíonta agus athfhorbraíocht atá deartha go maith, inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil agus gar do sheirbhísí agus d'áiseanna reatha, agus é tacaithe ag dearadh uilíoch agus áiseanna uirbeacha feabhsaithe, a chuimsíonn áiteanna agus páirceanna poiblí chomh maith le bealaí siúil díreacha agus inrochtana. Le soláthar na cóiríochta sin is féidir deiseanna a thabhairt do dhaoine breacaosta a dtithe móra a dhíol ina gcuid pobal reatha. D'fhéadfaí é sin a chomhtháthú le cóiríocht chomhroinnte agus sainchúraim níos tacúla a bheidh ag teastáil ó roinnt daoine breacaosta.

Leis an Tionscnamh 'Aoisbhá Éireann' tugtar ceannaireacht agus treoir ó thaobh riachtanais agus deiseanna daonra atá ag dul in aois a aithint agus tá sé cumhdaithe sa chóras rialtais áitiúil, agus is aige sin, agus tacaíocht aige ón Rialtas, is fearr atá in ann freagairt d'athrú ar leibhéal áitiúil.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 41**

*Forbrófar beartais áitiúla phleanála, tithíochta, saoráidí agus seirbhísí sláinte, iompair/ inrochtaineachta agus caithimh aimsire agus leagfar béim ar fhreastal ar riachtanais agus ar dheiseanna daonra atá ag dul in aois, chomh maith le cuimsiú réamh-mheastachán sonrach, a mbeidh tograí soiléire ag tacú leo a bhaineann le pobail atá ag dul in aois mar chuid de chroístraitéis na bpleananna forbartha cathrach agus contae.*

**De réir mar a mhaireann níos mó daoine saolta níos faide, beidh siad ag iarraidh a bheith sláintiúil agus neamhspleách, ag maireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin.**

# Cás-staidéar




*Baile na Lorgan - Ailtirí Boyd Cody*



*Cill Dara - Ailtirí Shay Cleary*



*Ros Cré – Ailtirí JFOC*

## Comórtas Ailtireachta Tithíochta Sóisialta

**Chun tacú leis an mbeartas Tús Áite do Lár an Bhaile, i mí Eanáir 2023 sheol an tAire O'Brien, comórtas ailtireachta do thithíocht shóisialta ar láithreáin i lár bailte, a d'fheidhmeodh mar eiseamláirí chun forbairt phríobháideach láithreán dea-lonnaithe cosúil eile i mbailte Éireannacha a spreagadh.**



*Sligeach - Ailtirí TAKA*

I ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar an haighneachtaí a fuarthas ó Údaráis Áitiúla, roghnaíodh ceithre láithreán, ceann i mBaile na Lorgan, ceann i gCill Dara, ceann i Ros Cré agus Sligeach. Ba é IRAÉ a reáchtáil an comórtas agus fuarthas beagnach 100 iarratas, a raibh dearadh nuálach agus léargas luachmhar le fáil in go leor acu d'fhorbairtí eile i lár an bhaile. I ndiaidh meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh, d'fhógair an tAire na scéimeanna duaisbhuaiteacha i mí Iúil 2023. Bhí na tionscadail ar fad pleanáilte mar thionscadail bheo, agus tá tuilleadh forbartha á déanamh ar an dearadh buaiteach i ngach suíomh i gcomhairle leis na hÚdaráis áitiúla agus le roinnt acu beagnach nó gar don chéim ceadaithe pleanála.




**Nuair a chuirtear in éineacht leis an daonra breacaosta é, tá sé tuartha go méadóidh an ráta spleáchais (iad siúd atá níos óige ná 16 bliana d'aois agus níos sine ná 65 bliana d'aois) go 65% den daonra iomlán faoi 2040, méadú ó 53% i 2016.**

## Leanaí agus Daoine Óga

Tugann réamh-mheastacháin an ITES le fios go laghdóidh líon na ndaoine atá 15 bhliain d'aois nó níos óige beagán, thart ar 6% faoi 2040, agus go mbeidh siad mar thart ar 17% den daonra méadaithe. Is féidir é sin a cur i gcomparáid le 25% den daonra in 2022, rud a chiallaíonn go méadóidh meánaois daoine in Éirinn, tríd is tríd, ach nach laghdóidh líon foriomlán na ndaoine óga go suntasach.

Leanfaidh líon na ndaoine atá 15 bhliain d'aois nó níos óige ar aghaidh ag dul i méid go dtí lár na 2020idí agus is laghdú mall a bheidh le tabhairt faoi deara ina dhiaidh sin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá fós le soláthar agus feabhsú leantach saoráidí do leanaí agus do dhaoine óga, cosúil le seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí, scoileanna, clóis súgartha, páirceanna agus faichí spóirt, agus go mbeidh gá le hinfheistíocht leantach chun ailíniú le riachtanais amach anseo a chinntiú.

Ciallaíonn sé freisin, má tharlaíonn cion mór d'fhás daonra sa todhchaí laistigh de nó gar do lorg reatha lonnaíochtaí ina bhfuil go leor tógála déanta mar atá spriocdhírithe, go mbeifear in ann an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as áiseanna reatha gar don áit ina bhfuil cónaí ar leanaí agus dhaoine óga. Is ceanglas a bheidh ann fós go ndéanfaí tograí d'fhorbairt chónaithe foráil do luathfhoghlaim agus do chúram leanaí agus do shúgradh leanaí de réir bheartais an phlean forbartha áitiúil.

Tá gá fós le soláthar agus feabhsú leantach áiseanna do leanaí agus dhaoine óga, mar chúram leanaí, scoileanna, clóis súgartha, páirceanna agus faichí spóirt, riachtanach fós agus go mbeidh gá lena choimeád ag na leibhéil chéanna go ceann i bhfad ina dhiaidh sin.

Dar leis an Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), tá tionchar mór ag caighdeán na tithíochta ina bhfuil cónaí ar leanaí ar a sláinte, a ndul chun cinn oideachasúil agus a bhfolláine ar an iomlán. Déantar tuilleadh plé thíos ar thithíocht. Nuair a chuirtear in éineacht leis an daonra breacaosta é, tá sé tuartha go méadóidh an ráta spleáchais (iad siúd atá níos óige ná 16 bliana d'aois agus níos sine ná 65 bliana d'aois) go 65% den daonra iomlán faoi 2040, méadú ó 53% i 2016.

Agus áiteanna de chaighdeán ard á ndéanamh féachann an CNP chuig tacú le beartas agus cuspóirí náisiúnta do leanaí agus dhaoine óga, a bhfuil ina measc 'Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile' tríd na beartais sin a chuimsiú, áit is cuí agus ag an scála bainteach, i mbeartas pleanála.

## 6.5 Cúram Leanaí, Oideachas agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

### Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí

Is riachtanas bunúsach é rochtain ar luathfhoghlaim agus ar chúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán do shochaí chothrom, do gheilleagar rathúil agus do phobail inbhuanaithe agus is cuid ríthábhachtach de bhonneagar ár náisiúin é. Tá an fhoráil luathfhoghlama agus cúraim leanaí in Éirinn beagnach lán do roinnt aoisghrúpaí agus i gcodanna áirithe den tír, agus beidh gá le cuir chuige phleanála nua agus le hinfheistíocht leantach, go háirithe chomh fada is a bhaineann le míbhuntáiste agus le fás daonra, agus le tacú le forbairt tithíochta inlíonta agus athfhorbraíochta i lonnaíochtaí atá forbartha cheana féin mar atá leagtha amach sa Chreat seo, chun acmhainn a mhéadú agus chun cur ar chumas seirbhísí reatha ceanglais rialála agus cháilíochta a chomhlíonadh.

Tá infheistíocht i luathfhoghlaim agus i gcúram leanaí ar ardchaighdeán agus inacmhainne ríthábhachtach mar thacaíocht oideachais do leanaí, agus mar chumasóir rannpháirtíocht tuismitheoirí sa mhargadh fostaíochta.

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ag forbairt acmhainne i ndáil le pleanáil chun cinn chun faireachán, anailís agus réamh-mheastachán a dhéanamh ar éileamh agus ar sholáthar luathfhoghlama agus cúraim leanaí chun réimsí neamhréire a shainaithint agus chun cuir chuige a fhorbairt a fhreastalaíonn ar an mbealach is fearr ar riachtanais, lena n-áirítear trí infheistíocht chaipitil. Scrúdóidh an fheidhm seo sonraí a bhfuil tionchar acu ar éileamh, cosúil le fás daonra agus patrúin fostaíochta, agus soláthar, cosúil leis an rialúchán feighlithe leanaí atá le foilsiú. Chomh maith leis sin, oibreoidh RLCMLÓ leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le húdaráis áitiúla chun a chinntiú go bhfuil leibhéil oiriúnacha de sholáthar luathfhoghlama agus cúraim leanaí inrochtana do theaghlaigh mar ghné lárnach den phróiseas forbartha foriomlán.

### Oideachas

Tá oideachas ríthábhachtach san athrú ó bhonn atá tagtha in Éirinn le blianta beaga anuas. Is príomhghnéithe cumasaithe iad oideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil a bhfuil sochaí chothrom agus náisiún rathúil bunaithe orthu. Tá siad go léir ríthábhachtach chun rath eacnamaíoch a choimeád agus pobail láidre a thógáil.

I ngeilleagair eolasbhunaithe, tacaíonn oideachas le fás mar gurb é is mó a spreagann nuáil agus táirgiúlacht theicniúil. Is tosaíocht é rochtain a fháil ar chaighdeán ard oideachais anois agus sa todhchaí, agus tionchar mór aici ar cháilíocht beatha daoine. Nuair ata easpa scileanna agus inniúlachtaí cuirtear teorainn le rochtain ar phoist mhaithe agus rath eacnamaíoch, méadaítear baol an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta, agus d'fhéadfadh go dtiocfaí salach ar rannpháirtíocht iomlán i gcúrsaí sibhialta agus polaitíochta

Tá brú suntasach ar an gcóras scoileanna chomh fada is a bhaineann le freastal ar líon breise mac léinn i gcodanna áirithe den tír áit a bhfuil ardleibhéal d'fhás daonra tugtha faoi deara. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh ceist faoi inmharthanacht roinnt scoileanna in áiteanna eile ina bhfuil an daonra ag dul i laghad.

Tá ról lárnach ag scoileanna i ndáil le forbairt pobal inbhuanaithe; feidhmíonn siad mar phríomhchumasóir d'fhorbairt tithíochta agus, dá réir sin, do chomhtháthú oideachais agus do phleanáil talamhúsáide agus do riachtanais seachadta atá le cur i gcrích ar bhealach comhordaithe agus straitéiseach chun brú ar áiteanna scoile a sheachaint, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar fhorbairt tithíochta.

Sa chás go bhfuil treochtaí déimeagrafacha ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach ábhartha, tá ceanglais maidir le háiteanna scoile bunaithe ar dhéimeagrafaic an cheantair áitiúil. D'ainneoin go bhfuil líon na rolluithe ar leibhéal bunscoile ag titim go náisiúnta, níor tugadh an treocht seo faoi deara i gceantair ina bhfuil ardleibhéil de ghníomhaíocht tógála chónaithe le blianta beaga anuas. Ar an gcuma chéanna, ainneoin go bhféadfadh cláruithe iar-bhunscoile a mbuaicphointe a bhaint amach i lár na tréimhse deich mbliana amach romhainn, beidh gá leantach le scoileanna nua agus le háiteanna scoile breise i gceantair ina bhfuil an ráta ard fáis[34].

Breithniú tábhachtach eile é áiteanna scoile oiriúnacha a chur ar fáil do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Tiomántóir suntasach de cheanglais bhonneagair scoile ba ea an gá a bhí le níos mó infheictheachta i ndáil le socrúcháin oiriúnacha i gceantair áitiúla a chinntiú, mar gheall ar leitheadúlacht mhéadaithe riachtanas speisialta oideachais, agus soláthar, agus tá ról tábhachtach go háirithe ag áiteanna i ranganna speisialta agus forbairt an líonra scoileanna speisialta i ndáil le tacú le pobail inbhuanaithe. Tá sé seo tábhachtach ní hamháin de bhrí go laghdaíonn sé an gá go mbeadh leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu ag taisteal achar fada chun rochtain a fháil ar áit scoile oiriúnach (a mbíonn tionchar aige ar a gcumas rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh lena scoileanna) ach cabhraíonn sé freisin le hiompar scoile a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mbíonn réitigh iompair shaincheaptha ag teastáil uathu go ginearálta. Chomh maith leis sin, is féidir le scoileanna ról tábhachtach a bheith acu mar mhoil, go háirithe do phobail nua agus do phobail atá ag fás, sa bhreis ar oideachas a sholáthar. D'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc, mar shampla, an úsáid a d'fhéadfadh an pobal trí chéile a bhaint as bonneagar scoile nua (do chúrsaí spóirt, do shaoráidí ilchuspóireacha etc.). Sa chás go bhfuil acmhainn bhreise i scoil, is féidir le scoileanna saoráidí a chur ar fáil cosúil le crèche, saoráidí cúraim leanaí nó seirbhísí réamhscoile. Mar aitheantas air seo, tá nósanna imeachta nuashonraithe foilsithe ag an Roinn Oideachais maidir le húsáid áitribh scoile agus saoráidí spóirt scoile lasmuigh d'uaireanta scoile.

34 *Foinse:* An Roinn Oideachais

Rinneadh athchóiriú agus comhdhlúthú ar na healaíona breisoiliúna agus breisoideachais chun raon leathan de chláir solúbtha ardchaighdeáin a thairiscint le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí le gur féidir leo scileanna a fhorbairt a chuirfidh le dámhachtainí ó leibhéal 1 go 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus le dul chun cinn chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas. Leis an soláthar tugtar deis d'fhoghlaimeoirí breisoiliúint a dhéanamh, athoiliúint a dhéanamh agus scileanna nua a shealbhú chun tacú le haistriú agus dul chun cinn gairme. San earnáil Ardoideachais, is féidir le forbairt Ollscoileanna Teicneolaíochta níos mó deiseanna a thabhairt do mhic léinn sna réigiúin a bhfuiltear ag freastal orthu, do baill foirne a bheidh ag obair iontu, agus don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne. Achtaíodh reachtaíocht na nOllscoileanna Teicneolaíochta i mí Márta 2018, (Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018). Tá cúig Ollscoil Teicneolaíochta bunaithe i láthair na huaire. Trí hinstitiúidí scála láidre a chruthú, beidh níos mó tairbhí sóisialta agus eacnamaíochta le baint ag a réigiúin ó ollscoileanna teicneolaíochta ilchampais trí ról neartaithe sa taighde agus na nuáil agus trí raon leathan oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar i ngach ceann dá gcuid campas.

Tacaíonn soláthar breisoideachais agus ardoideachais agus scileanna, lena n-áirítear na hollscoileanna teicneolaíochta nua, le taighde, eolas agus nuálaíocht agus le forbairt braislí réigiúnacha mar príomh-chúltacaí do réigiúin inbhuanaithe. Trí chomhoibriú leis an tionscal agus le fiontair, agus forbairt braislí teicneolaíochta agus saineolais, soláthraíonn an earnáil ardoideachais agus scileanna deiseanna gnó ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

Tá pleanáil straitéiseach ar sholáthar chúram leanaí, oideachais agus oiliúna agus infheistíocht iontu ríthábhachtach chun soláthar pobal inbhuanaithe a threisiú, cuimsiú a chur chun cinn agus rogha agus rochtain a thairiscint ar chaighdeán ard oideachais agus fostaíochta. Ciallaíonn sé sin go bhféachfar sa Chreat Náisiúnta Pleanála chuig tús áit a thabhairt d'fhás spriocdhírithe agus pleanáilte daonra agus fostaíochta a chur ar aon dul le hinfheistíocht san oideachas:

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 42

***Tús áit a thabhairt d'fhás spriocdhírithe agus pleanáilte daonra agus fostaíochta a chur ar aon dul le hinfheistíocht:***

- *Feidhm pleanála chúram leanaí/COLÓ chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus iad a thuar, lena n-áirítear tosaíochtaí réigiúnacha a aithint;*
- *Soláthar agus seachadadh tráthúil saoráidí cúraim leanaí agus scoileanna nua agus athchóirithe ar láithreáin dea-lonnaithe laistigh de nó gar do limistéir faoi fhoirgnimh, lena n-áirítear chun tacú le forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla daonraí áitiúla agus a fheidhmíonn mar phríomhchumasóir d'fhorbairt tithíochta, agus ar an tslí sin, a chuireann le forbairt pobal inbhuanaithe;*
- *Méadú agus comhdhlúthú shaoráidí Ardoideachais, go háirithe nuair a chuirfidh sé sin le forbairt réigiúnach níos leithne, agus*
- *Cláir um foghlaim fadsaoil, go háirithe i réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus breisoiliúna ina n-aithnítear bearnaí scileanna.*

**San earnáil Ardoideachais, is féidir le forbairt Ollscoileanna Teicneolaíochta níos mó deiseanna a thabhairt do mhic léinn a bheadh ag freastal orthu, le baill foirne bheadh ag obair sna hinstitiúidí, agus leis an ngeilleagar agus an tsochaí i gcoitinne.**



## 6.6 Tithíocht

**Is é atá i dtithe ná na háiteanna ina bhfuil cónaí orainn agus an bhunchloch óna gcruthaítear pobail níos leithne agus a gcaighdeán beatha. Tá riachtanas iomlán tuartha chun freastal ar 50,000 teaghlach eile sa bhliain go dtí 2040.**

Seoladh Tithíocht do Chách, Plean Tithíochta an Rialtais d'Éirinn go dtí 2030, i mí Mheán Fómhair 2021 agus cuimsíodh an aidhm fhoriomlán seo a leanas ann, *"Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach duine sa Stát ar theach le ceannach nó ag praghas inacmhainne, tógtha ag caighdeán ard agus san áit cheart, a thairgeann cáilíocht saoil ar ardchaighdeán"*.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 43**

*Spriocdhíriú ar sheachadadh tithíochta chun freastal ar thart ar 50,000 teaghlach breise sa bhliain go dtí 2040.*

San fhís fhadtéarmach do thithíocht in Éirinn sa todhchaí is í an aidhm atá i gceist ná cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar tithíochta dea-chaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra éagsúil, ar bhealach a dhéanann áiteanna maithe um chónaí dár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe anois agus sa todhchaí chomh maith.

### TOSAÍOCHTAÍ AGUS PRIONSABAIL

**Ar leibhéal náisiúnta, seo a leanas na tosaíochtaí beartais ardleibhéil san earnáil tithíochta go dtí 2040:**

- Ionad Tithe - Aghaidh a thabhairt ar scaipeadh spásúil fadtéarmach na tithíochta.
- Dianseasmhacht Foirgneamh - Athúsáid, inoiriúnaitheacht agus inrochtaineacht inár soláthar tithíochta, comhtháthú a chinntiú chun pobail bhríomhara inbhuanaithe a chur ar fáil.
- Próifíl Riachtanais agus Éilimh - Brúnna tithíochta náisiúnta a leagan amach go dtí 2040.
- Riachtanais Tithíochta don Todhchaí a Thabhairt le Chéile go hÉifeachtach - Bonn fianaise cuimsitheach a bhunú chun tacú le beartais tithíochta agus bearta forfheidhmithe agus chun bheith mar bhonn eolais fúthu.
- Pobail inbhuanaithe a chruthú ina mbeidh roghanna tithíochta éagsúla.

### TÁ PRIONSABAIL LÁRNACHA NÁISIÚNTA LEAGTHA AMACH CHUN SOLÁTHAR TITHÍOCHTA AMACH ANSEO A THREORÚ AG GACH LEIBHÉAL RIALACHAIS:

- Caighdeán ard beatha a chinntiú do chónaitheoirí amach anseo chomh maith le tithíocht agus déanamh áite atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí trí phleanáil chomhtháite agus dearadh a bhíonn ar fheabhas i gcónaí.
- Ceadú do rogha maidir le hionad tithíochta, cineál, tionacht agus cóiríocht agus freastal á dhéanamh ar riachtanais.
- Tús áite a thabhairt d'ionad sholáthar nua tithíochta i lonnaíochtaí reatha mar bhealach leis an leas is fearr a bhaint as caighdeán beatha níos fearr do dhaoine trí rochtain a fháil ar sheirbhísí, déanamh cinnte go mbaintear úsáid níos éifeachtúlaí as talamh, agus comhtháthú níos mó leis an mbonneagar reatha a cheadú.
- Scála agus nádúr an tsoláthair tithíochta sa todhchaí a chuir in oiriúint do mhéid agus chineál na lonnaíochta a bhfuil sé beartaithe é a shuíomh inti.
- Straitéisí tithíochta a chomhtháthú áit a bhfuil lonnaíochtaí ar dhá thaobh teorainneacha (teorainneacha contae agus/nó réigiúnach).
- Úsáid a bhaint as an soláthar reatha mar mhodh chun freastal ar éileamh sa todhchaí.

> **San fhís fhadtéarmach do thithíocht in Éirinn sa todhchaí is í an aidhm atá i gceist ná cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar tithíochta dea-chaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra éagsúil, ar bhealach a dhéanann áiteanna maithe um chónaí dár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe anois agus sa todhchaí chomh maith.**

## Ionad Tithe

Is gá tithe na todhchaí a shuíomh in áiteanna ina bhfuil na deiseanna is fearr ag daoine caighdeán ard beatha a bheith acu.

In Éirinn, tá suíomh tithíochta scaipthe agus scoilte anois agus mar gheall air sin tá daoine ina gcónaí níos faide óna gcuid post agus is minic go mbíonn siad píosa fada ó sheirbhísí tábhachtacha cosúil le seirbhísí oideachais agus seirbhísí cúraim sláinte. Tá síneadh forbartha ar gach leibhéal lonnaíochta tagtha chun cinn mar fhorbairt scaipthe, léim chun tosaigh, bruachbhaile leanúnacha agus patrúin líneacha de stráice nó d'fhorbairt ribíneach.

Mar gheall ar an gcineál sin forbartha bhí sé costasach don Stát agus dodhéanta soláthar bonneagair a ailíniú agus infheistiú ann áit nach féidir údar a thabhairt leis. Tháinig sé salach chomh maith ar fhreagairtí éifeachtacha ar athrú aeráide, rinne sé níos measa fadhbanna ar nós brú tráchta agus truailliú, mhéadaigh sé amanna comaitéireachta agus bhí tionchar diúltach aige ar an iomlán ar shláinte agus leas daoine.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 44

*Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe nua in áiteanna ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe agus ar scála cuí soláthair i gcoibhneas le háit.*

## Beidh tithe na hÉireann sa todhchaí:

- suite in áiteanna ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe - is féidir le háiteanna a thacaíonn le fás, nuáil agus le soláthar éifeachtúil bonneagair, atá inrochtana do raon seirbhísí áitiúla, úsáid iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a spreagadh agus cabhrú chun déileáil leis an athrú chuig sochaí charbóin níos ísle;
- curtha ar fáil inár gcuid cathracha agus bailte (áit a bhfuil éileamh mór ar thithíocht), áit ar féidir na tithe agus na seirbhísí tacaíochta cuí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúlaí agus níos éifeachtaí ar chostas níos ísle don Stát san fhadtéarma, agus
- fós suite inár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe, faoin tuath chomh maith, ach ar scála cuí nach mbainfidh ó acmhainn ár gcuid bailte móra agus cathracha chun bailte a sholáthar ar bhealach níos inbhuanaithe.

Chun tacú le soláthar méadaithe tithíochta ar bhealach pleanáilte agus inbhuanaithe agus athghiniúint tailte folmha agus díomhaoine a spreagadh i suíomhanna uirbeacha, bunaíodh an Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe in an tAcht Airgeadais, 2021, mar cháin nua a bhfuil sé mar aidhm léi talamh forbartha cónaithe criosaithe agus seirbhísithe a ghníomhachtú.

Baineann an beart cánach le tailte, atá criosaithe laistigh de phleananna talamhúsáide reachtúla mar shuíomhanna oiriúnacha do thithíocht agus mar shuíomhanna a bhain tairbhe as infheistíocht sna príomhsheirbhísí bonneagair atá riachtanach chun tacú le seachadadh tithíochta. Sainaithníonn údaráis áitiúla na tailte a chuimsítear do cháin ar léarscáileanna a fhoilsítear go bliantúil. Tá dliteanas don cháin, do bhainistiú agus d'fhorfheidhmiú a mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as, le tosú i mí Feabhra 2025.

Chomh maith leis sin, éascaíonn an próiseas léarscáilithe faireachán a dhéanamh ar thalamh idir an criosú agus an fhorbairt, agus sainaithint tailte a éilíonn infheistíocht i mbonneagar chun forbairt tithíochta a chumasú.

## Dianseasmhacht a Chothú sa Tithíocht

Is féidir le soláthar foirgneamh atá i staid folúntais agus dearóile roghanna bunathraitheacha a thairiscint do thithíocht agus mar chuid de chreatlach bhunaidh roinnt lonnaíochtaí is féidir leis feidhmiú chun oidhreacht agus féiniúlacht chultúrtha áite a chaomhnú tuilleadh. Ní mór athúsáid soláthar foirgneamh reatha a thógáil san áireamh agus a mheas mar chuid de bhonn fianaise ar bith um cheapadh beartais tithíochta agus ar leibhéal áitiúil, beidh sé sin mar chuid de straitéisí lárnacha pleananna forbartha.

Ainneoin go bhféadfadh athúsáid oiriúnaitheach an stoic reatha dúshláin shuntasacha a chruthú, go háirithe i ndáil le costais chaipitil agus breithniúcháin theicniúla shonracha, tá buntáistí fadtéarmacha na hathúsáide soiléir ó thaobh sóisialta, cultúrtha agus carbóin chorpraithe. Chomh fada is a bhaineann le soláthar tithíochta, tá buntáistí níos ginearálta freisin ag baint le seachadadh breis poitéinsiúil, comhdhlúthú an tsoláthair fholaimh atá ar fáil agus buntáistí athghiniúna uirbeacha níos ginearálta.

Beidh ar theach nua ar bith freastal ar riachtanais athraithe le linn a shaolré. Is é atá i bhforbairt tithíochta ar féidir cónaí inti agus ar féidir a chur in oiriúint ná forbairt a fhéadann freastal go héifeachtach ar na riachtanais sin go léir agus gan ghá le hathruithe costasacha atá dian ar fhuinneamh. Tá ár ndaonra ag athrú go tapa, agus an meánteaghlach ag éirí níos lú agus ag dul in aois anois agus méadú ag teacht ar an líon daoine ar féidir leo maireachtáil go neamhspleách agus iad breacaosta. Chomh maith leis sin, leagann an chothromaíocht idir saol baile agus oibre éilimh éagsúla ar ár dtithe de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar chianobair agus ar obair chumaisc ó phaindéim COVID-19 de bhrí go bhfuil níos mó daoine ag obair ón mbaile.



## Cuspóir Beartais Náisiúnta 45

*Tacú le soláthar tithe atá inoiriúnaithe ar feadh a saolré agus ar féidir leo freastal ar riachtanais athraithe teaghlaigh le himeacht ama.*

Go stairiúil, tá forbairt tithíochta íseealdlúis mar ghné de thírdhreach na hÉireann i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus faoin tuath. Chun sraoilleáil uirbeach a sheachaint chomh maith leis an mbrú a chuireann sí ar an timpeallacht agus ar an mbonneagar, tá gá le dlúth-thithíocht agus le dlús cónaitheach méadaithe inár gceantair uirbeacha.

**Cabhróidh ard-dlúis agus meándlúis atá dea-dheartha agus dea-lonnaithe le:**

- Le ceantair uirbeacha atá ag dul i méid go tapa scála a bhfuil géarghá leis a bhaint amach;
- Le ceantair uirbeacha meánmhéide bealach a aimsiú i dtreo cáilíochta i gcreat iomaíoch nua;
- Le gach ceantar uirbeach bríomhaire agus beocht a mhéadú;
- Le héifeachtúlacht agus le hinbhuanaitheacht mhéadaithe in úsáid fuinnimh agus bonneagair phoiblí.

Chun na spriocanna inlíonta/athfhorbraíochta a chomhlíonadh atá leagtha amach in CBN 7,8,9, den Chreat seo, beidh gá le méadú mór agus leanúnach ar aschur tithíochta uirbí agus ar fhorbairt árasáin agus tithíochta meándlúis i suíomhanna oiriúnacha, má táimid ag iarraidh síneadh amach na gcathracha agus na gceantar uirbeach mór a sheachaint.

Cé go raibh 13% de gach teaghlach áitithe in Eirinn agus 38% de gach teaghlach áitithe i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2022 déanta suas d'árasáin (sonraí Daonáirimh), tá muid i bhfad taobh thiar de mheáin na hEorpa ó thaobh líon agus céatadán na dteaghlach a bhfuil cónaí orthu in árasáin, inár gcuid cathracha agus bailte móra ach go háirithe. I go leor tíortha Eorpacha, is gnáthrud é go mbeadh cónaí ar 40%-60% de theaghlaigh in árasáin.

Chun déileáil ar bhealach níos éifeachtaí leis an dúshlán atá ann freastal ar riachtanais tithíochta daonra atá ag dul i méid agus ag éirí níos éagsúla inár gcuid príomhcheantar uirbeach, is léir gur gá dúinn tógáil isteach agus suas, seachas amach. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar árasáin agus shamhlacha tithíochta dlútha a bheith níos coitianta, go háirithe i gcathracha na hÉireann.

Tá sé sin tacaithe ag fás leanúnach ar dhaonra, ag bogadh fadtéarmach i dtreo mheánmhéid teaghlaigh níos lú, daonra atá ag dul in aois agus atá níos éagsúla, níos mó soghluaisteachta sa mhargadh saothair agus cion níos airde de theaghlaigh in earnáil na cóiríochta ar cíos.

Léirítear sna Treoirlínte maidir Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Dlúthlonnaíochtaí a eisíodh mar Threoirlínte Aireachta i mí Eanáir 2024 conas is féidir ard-dlús agus patrúin lonnaíochtaí níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a bhaint amach trí idirghníomhaíocht idir dlús cónaithe, caighdeáin tithíochta sholúbtha agus dearadh agus comhfhorbairt áite ar ardchaighdeán.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 46

*Dlús cónaithe a mhéadú i lonnaíochtaí, trí raon beart, lena n-áirítear laghduithe ar fholúntas, ar athúsáid foirgneamh atá tógtha cheana féin, ar scéimeanna forbartha inlíonta, ar athghiniúint bunaithe ar cheantar nó ar láithreán, agus ar fhoirmeacha forbartha níos dlúithe.*

## Éileamh Tithíochta

Idir agus 2040, beidh gá le thart ar 50,000 teach nua ar an meán a chur ar fáil in Éirinn gach bliain chun freastal ar riachtanais daoine le haghaidh tithíochta dea-lonnaithe agus inacmhainne, mar aon le méadú ar an ngá atá le freastal ar theaghlaigh ina bhfuil duine amháin nó beirt daoine. Laistigh den fhigiúr sin, tá raon leathan de riachtanais éagsúla tithíochta a bheidh sé riachtanach a chomhlíonadh ag aithint nach seachadfar gach teach ar láithreán úrnua.

Chun freastal ar fhás daonra agus eacnamaíoch tuartha chomh maith le méadú ar bhunú teaghlach, beidh sé riachtanach an t-aschur bliantúil tithíochta a mhéadú go dtí thart ar 50,000 teach in aghaidh na bliana sna blianta idir seo agus 2040 agus beidh sé seo faoi réir faireacháin agus athbhreithnithe.

## Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Tá soláthar thacaí tithíochta ag an Rialtas dóibh siúd nach bhfuil in ann soláthar a dhéanamh do chóiríocht lena gcuid acmhainní féin mar bheartas sóisialta lárnach agus bíonn tionchar aige ar chion mór den daonra. Is féidir le gníomhartha a ghlacann comhlachtaí sóisialta i ndáil le tithíocht shóisialta dul i bhfeidhm go mór ar an margadh tithíochta iomlán, agus ar an gcaoi chéanna, is féidir le bearta airgeadais nó rialála maidir leis an margadh tithíochta dul i bhfeidhm ar fháil tithíochta sóisialta.

Tá na Pleananna Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta atá á n-ullmhú ag údaráis áitiúla ó 2022 ag cabhrú le líon na dtithe a bheidh le tógáil agus leis an talamh a bheidh ar fáil don obair thógála sin a shainaithint.

## Cás-staidéar



# Iostáin Chois Abhann, Teach Mealóg, Scéim Inlíonta

**Forbairt Tithíochta Sóisialta**

*Ailtirí - Roinn Ailtirí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas*

# Cás-staidéar



# 17 – 20 Bóthar na gCeannaithe Íochtarach, Cathair na Gaillimhe

**Is sampla é seo de chomhdhlúthú agus d'inlíonadh athghiniúnach i Lár na Cathrach ar láithreán athfhorbraíochta lena mbaineann go leor srianta.**

Tá forbairt mheasctha cúig stór beartaithe, ina mbeidh ionad cultúrtha agus caifé ar an urlár íochtarach le 11 áitreabh sóisialta i meascán aonad aon agus dhá sheomra leapa os a chionn, ar scála níos comhsheasmhaí leis an suíomh feiceálach seo i lár na cathrach agus áitribh in aice láimhe, a chur in ionad na ceithre theach dhá stór atá ann faoi láthair, atá folamh.

*Ailtirí:- Hall and McKnight*



## Cás-staidéar



# Curragower Corner, Luimneach

**Curragower Corner, scéim árasáin inlíonta, inacmhainne i dTrá Mhic Fhlanncha, Cathair Luimnigh. 1 aonad saoráide pobail ag amharc amach ar spás poiblí le 7 n-aonad chónaitheacha os a chionn.**

Trí scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le tógáil cruach tanaí, nó hibrid le tógáil Traslannaithe, le cur chuige measta déantúsaíochta lasmuigh den láthair, is é an aidhm atá ann an tionscadal a chur i láthair forbróirí ag pointe iarphleanála gan córas tógála réamhshainithe. Ligeann sé seo solúbthacht d'fhorbróirí an dearadh a roghnú agus a mhionsonrú, agus úsáid a bhaint as a saineolas i réimse na Modhanna Tógála Nua-aimseartha (MTN).

*Ailtirí: Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht Tithíochta*

Má chuirtear níos mó aonad réadmhaoine ar fáil in áiteanna ina bhfuil go leor tithíochta sóisialta cheana féin, nó i gceantair nach bhfuil in ann tacú le daonra breise, is féidir fadhbanna tromchúiseacha a chruthú i bpobail. Is iad comharsanachtaí éagsúla ina bhfuil cothromaíocht idir tithíocht phoiblí agus phríobháideach a chothaíonn pobail atá níos inbhuanaithe agus níos sláintiúla.

Foráladh in Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021, do na socruithe reachtúla do thithíocht inacmhainne, bunaíodh foirme nua de thionacht chíosa trí 'chíos costais' agus leathnaíodh ceanglais Chuid V chun an ranníocaíocht chéatadánach a mhéadú ó 10% go dtí 20% agus cuireadh é seo i bhfeidhm i ndáil le tithíocht inacmhainne sa bhreis ar thithíocht shóisialta.

Ó foilsíodh Tithíocht do Chách, tá raon scéimeanna maoinithe forbartha chun tacú le seachadadh na tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear an scéim ceannaigh inacmhainne cothromais chomhroinnte An Chéad Bhaile do thithe nuathógtha i bhforbairtí príobháideacha, Scéim Ceannaigh Inacmhainne Údaráis Áitiúil agus Scéim Iasachta Tithíochta Údaráis Áitiúil forbartha. Tá ról treorach ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) i seachadadh tithíochta sóisialta ar thalamh poiblí taobh le tionscnaimh nua, cosúil le Tionscnamh Tosaigh.

Tá maoiniú á chur ar fáil d'fhonn a chinntiú gur féidir le húdaráis áitiúla seirbhísí um chosc easpa dídine a sholáthar, mar aon le cóiríocht éigeandála agus le seirbhísí eile chun a chinntiú gur féidir le daoine seirbhísí do dhaoine gan dídean a fhágáil agus tairbhe a bhaint as tionóntachtaí chomh tapa agus is féidir. Foráiltear i bPlean Feidhmithe Náisiúnta Tithíocht ar dTús do 2022-2026, a foilsíodh i mí na Samhna 2021, do 1,319 tionóntacht bhreise a mbeidh Tithíocht ar dTús ag tacú leo thar an tréimhse seo do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreis chasta acu.

## Folúntas

Is gné ríthábhachtach de bheartas tithíochta inmharthana é uasmhéadú ár stoc tithíochta reatha, go háirithe sna bailte agus sna cathracha. Ailínithe le cur chun feidhme *Cur Chuige Beartais Tús Áite do Lár Bailte Éireannacha*, foilsíodh Plean Gníomhaíochta na dTithe Folmha in 2023 chun sruthanna oibre a chomhdhlúthú chun déileáil le folúntas cónaithe.

Tá raon beart fioscach bunaithe chun tacú le cuspóirí an Phlean, lena n-áirítear an Scéim Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus Cáin na dTithe Folmha a tháinig i bhfeidhm in 2023. Is é gníomhachtú na réadmhaoin fholamh cuspóir lárnach Ghairm 3 den Chiste um Ghiniúint agus Forbairt Tuaithe, lena mbaineann ciste imrothlach nua luach €150 milliún do thionscadail a bhaineann le folúntais atá á ndéanamh ag údaráis áitiúla.

## Easpa Dídine

Tá méadú ar an soláthar tithíochta fós ar an bpríomhréiteach chun an easpa dídine a réiteach. Soláthraíonn Tithíocht do Chách ceithre bhealach chun ceithre chuspóir uileghabhálacha a bhaint amach, ar cheann acu sin Deireadh a chur le hEaspa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Tacú le hUilechuimsitheacht Shóisialta. Tá sraith chuimsitheach gníomhartha i ngach ceann de na bealaí chun na Cuspóirí Beartais Tithíochta seo a bhaint amach.

## Athrú ar Mhéid Teaghlaigh

I láthair, tá beagnach 50% de gach duine sa Stát ina gcónaí i dteaghlaigh ina bhfuil triúr nó níos lú, agus tá an mheánmhéid teaghlaigh cothrom le 2.74 duine. Is gnách go mbíonn méideanna teaghlaigh i gceantair uirbeacha níos lú ná mar a bhíonn sna bruachbhailte nó in áiteanna tuaithe na tíre. I gcathair Bhaile Átha Cliath, tá beagnach 60% de na daoine ina gcónaí i dteaghlaigh ina bhfuil duine amháin, beirt agus triúr iontu. Tá an soláthar tithíochta in Éirinn, áfach, déanta suas den chuid is mó de thithe scoite agus leathscoite ina bhfuil trí nó cheithre sheomra codlata.

## Mic Léinn

Leis an éileamh ar chóiríocht do mhic léinn déantar níos measa an brú éilimh ar an soláthar cóiríochta ar cíos atá ar fáil i gceantair uirbeacha ach go háirithe. Sna blianta amach romhainn, meastar go mbeidh an brú ar chóiríocht do mhic léinn ag méadú. Is gá go mbeadh cóiríocht shaintógtha do mhic léinn chomh gar agus is féidir don ionad oideachais, agus ceangailte le bonneagar inrochtana mar shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Chomh maith leis sin, cuireann cóiríocht do mhic léinn le creatlach airgeadais, chultúrtha agus shóisialta réigiún, cathracha agus bailte. D'fhéadfadh athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh reatha agus láithreán athfhorbraíochta do chóiríocht do mhic léinn cabhrú le folúntas agus le dearóiliú, agus ar an tslí sin tacú le beocht agus le fuinneamh i lonnaíochtaí, chun tacú le prionsabail Thús Áite do Lár an Bhaile. Tacaíonn an Straitéis Náisiúnta Cóiríochta do Mhic Léinn leis na cuspóirí sin.

## Riachtanais Tithíochta na Todhchaí a Réiteach go hÉifeachtúil

Ó 2018, tá modheolaíochtaí agus treoirlínte reachtúla feabhsuithe bunaithe chun riachtanais tithíochta na todhchaí a réiteach go héifeachtúil, ag cur san áireamh na riachtanais tithíochta éagsúla nach mór a chomhlíonadh, lena n-áirítear riachtanais tithíochta daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, pobal an lucht siúil, tithíocht shóisialta agus inacmhainne, teaghlaigh de mhéideanna difriúla agus leibhéil ioncaim agus mic léinn.

Chun suíomh, tíopeolaíocht agus tionacht tithíochta a bhainistiú amach anseo teastaíonn bonn fianaise agus cur chuige láidir maidir le cur chun feidhme. De réir a chéile, tá níos mó sonraí tithíochta níos fearr ar fáil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus lonnaíochta chun cabhrú le lucht déanta beartas coinníollacha tithíochta a thuiscint chomh maith le riachtanais tithíochta daoine in Éirinn, chun beartais, cláir agus tionscnaimh mhaoinithe eolacha agus chostéifeachtacha a fhorbairt.

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 47

*Leanúint ar aghaidh le modheolaíochtaí agus le foinsí sonraí a fhorbairt chun bonn fianaise, éifeachtacht agus comhsheasmhacht an phróisis phleanála do sholáthar tithíochta ag leibhéil réigiúnacha, uirbeacha agus údaráis áitiúil a fheabhsú. San áireamh anseo beidh ceanglais chaighdeánaithe do thaifeadadh sonraí pleanála agus tithíochta á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla chun bonn fianaise comhsheasmhach agus dianseasmhach a chur ar fáil do cheapadh beartais tithíochta.*

## Measúnú ar Éileamh Riachtanais Tithíochta

Chun a chinntiú go mbeidh an córas déanta pleananna ag fáil tacaíocht ó mhodheolaíocht agus ó shonraí stuama chun bonn eolais a chur ar fáil do bheartais agus do thionscnaimh mhaoinithe i ndáil le tithíocht agus ceanglais talún ghaolmhara, forbróidh gach Údarás Áitiúil Measúnuithe ar Éileamh Riachtanais Tithíochta (MÉRT) a nuashonrófar chun ailíniú le foinsí sonraí nuashonraithe, chun tacú le hullmhú straitéisí tithíochta agus gach aschur bainteach le beartas tithíochta, e.g. pleananna forbartha cathrach agus contae, pleananna ceantair áitiúil, pleananna cóiríochta don lucht siúil etc.

Is é cuspóir an Mheasúnú ar Éileamh Riachtanais Tithíochta ná:

- **Cabhrú le húdaráis áitiúla dearcaí straitéiseacha fadtéarmacha a fhorbairt maidir le riachtanas tithíochta ar fud gach tionachta.**
- **Bonn fianaise daingean a chur ar fáil chun tacú le cinntí faoi sholáthar nua tithíochta, seirbhísí níos leithne bainteach le hinfheistíocht agus tithíocht a bheidh mar bhonn eolais don phróifíl náisiúnta tithíochta.**
- **Bonn eolais a chur faoi bheartais maidir le cion na tithíochta sóisialta agus inacmhainne a theastaíonn, lena n-áirítear an gá le cineálacha agus méideanna difriúla soláthair.**
- **Fianaise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi bheartais maidir le soláthar sainseirbhísí tithíochta agus bainteach le tithíocht.**

Is bunachar sonraí spásúil lárnach é an MÉRT, a ligeann d'údaráis áitiúla roinnt cásanna difriúla a léiriú chun eolas a dhéanamh do phríomhchinntí maidir le riachtanas agus soláthar tithíochta. Tá MÉRTanna deartha chun meastacháin ghinearálta, fhadtéarmacha a thabhairt maidir leis an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar thithíocht amach anseo, seachas meastacháin bheachta. Tá bunachar sonraí spásúil lárnach MÉRT ag fáil tacaíocht ó aonad comhordúcháin agus faireacháin laistigh den RTRÁO agus nuashonrófar é ionas go mbeidh sé ailínithe le taighde ITES faoi Éileamh Tithíochta Réigiúnach, Déimeagrafach agus Struchtúrtha a fhoilseofar in 2024.

### Tá roinnt ionchur lárnach fianaise atá mar bhonn eolais don samhail MÉRT agus a stiúrann í, mar seo a leanas:

1. **Treochtaí déimeagrafacha, inacmhainneachta agus treochtaí eacnamaíocha níos leithne.**
   Tacaíonn úsáid réamhaisnéisiú eacnamaíoch nó obair eacnaiméadrach leis an gcuid seo. I measc na riachtanais sonraí tá comhdhéanamh/réamh-mheastacháin teaghlaigh, praghsanna tí, cíosanna, líon na gceannaitheoirí céaduaire (CCUnna) agus rátaí morgáiste idir iasacht agus luach, gníomhaíocht eacnamaíoch agus rátaí fostaíochta etc.
2. **Brú ar Phróifíl an tSoláthair Tithíochta 2040 (agus riachtanas reatha) agus saincheisteanna bainistíochta.**
   Tabhairt faoi phróifíl shonrach ar sholáthar tithíochta áitiúla agus ar bhrú soláthair, tithíocht údaráis áitiúil san áireamh, chun na príomhréimsí brú a aithint maidir le soláthar agus éileamh, soláthar neamhéifeachtach agus riocht foriomlán chomh maith le tosaíochtaí um bainistíocht soláthar sa todhchaí. Teastaíonn faisnéis faoi mhéid teaghaise, cineál teaghaise, riocht teaghaise agus brú soláthair (áitíocht/ tearc-áitíocht, láimhdeachas soláthair etc.).
3. **Riachtanas agus Éileamh Tithíochta na Todhchaí a Mheas.**
   Tá sé sin briste síos mar seo: áitiú úinéara, earnáil phríobháideach, faoi chíos margaidh agus cíos sóisialta. Tugtar treoir shonrach faoi conas an obair sin a dhéanamh, lena n-áirítear conas toimhdí a bhunú faoi inacmhainneacht maoine, ó thaobh úinéireacht tí agus na gcatagóirí éagsúla cíosa.

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 48

*Tabharfar faoi 'Mheasúnú ar Éileamh Riachtanas Tithíochta' (MÉRT) le haghaidh gach ceantar Údaráis Áitiúil chun riachtanais tithíochta amach anseo a chomhghaolú agus a athailíniú go cruinn:*

- *tabharfar faoi ag Údaráis Áitiúla agus tabharfaidh na Tionóil Réigiúnacha cúnamh le comhordú, agus ar scála Cathrach freisin, go háirithe áit a bhfuiltear chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair idirghníomhuithe idirchontae agus idir-réigiúnacha agus iad a bhainistiú;*

  *agus*
- *beidh sé mar bhonn eolais phríomhúil do bheartais tithíochta, straitéisí tithíochta agus beartais ghaolmhara i ndáil le criosú talamhúsáide chomh maith le cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir le cá háit a bhfuiltear chun réimsí beartais nua nó cláir infheistíochta nua a fhorbairt.*



# 7 Ár bPoitéinseal Oileán agus Mara a Aithint

Tá baint láidir ag geilleagar, cultúr agus sochaí na hÉireann leis an bhfarraige. Is sócmhainn náisiúnta í ár dtimpeallacht mhuirí a bhfuil réimse leathan tairbhí tráchtála agus sochaíocha ag baint

## 7.1 Pleanáil Chomhtháite Talún agus Mara

**Tá baint láidir ag geilleagar, cultúr agus sochaí na hÉireann leis an bhfarraige. Is sócmhainn náisiúnta í ár dtimpeallacht mhuirí a bhfuil réimse leathan tairbhí tráchtála agus sochaíocha ag baint léi trí ghníomhaíochtaí amhail iascaireacht tráchtála, iompar, turasóireacht, caitheamh aimsire, fuinneamh in - athnuaite agus oidhreacht chultúrtha, chomh maith le ról ríthábhachtach a bheith aici i dtacú le saol na mara agus leis an mbithéagsúlacht ar bhonn níos ginearálta.**

Beidh tionchar suntasach ag an úsáid inbhuanaithe a bhaintear as acmhainní muirí na hÉireann ar cé chomh rathúil agus is féidir linn pleanáil spásúil fhadtéarmach a ailíniú dár gceantair talún agus mara tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála agus Plean Náisiúnta Spásúlachta Muirí na hÉireann - an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (CNPM). Foilsithe in 2021, is é an CNPM an plean straitéiseach uileghabhálach don limistéar muirí ar fad, a chuimsíonn thart ar 490,000 km2. Mar sin féin, de réir mar a úsáidtear cumais an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí (PLM), lena n - áirítear Ráitis Bheartais Pleanála Muirí agus Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (creataí pleanála ar féidir tabhairt fúthu le haghaidh úsáidí, earnálacha nó limistéir spásúla shainithe ar leith agus treoir shonrach), léireoidh beartas pleanála muirí an sofaisticiúlacht is gá chun cothromaíocht a bhaint amach idir raon na n - úsáidí, na ngníomhaíochtaí agus an chomhshaoil sa limistéar muirí. Tá go leor aidhmeanna comhroinnte agus réimsí comhordaithe agus gníomhaíochta forluiteacha idir pleanáil limistéar talún agus muirí, lena n - áirítear forbairt fuinnimh in - athnuaite agus forbairt thionsclaíoch ghlas ghaolmhar, ag tacú le feabhas a chur ar ár mbonneagar calafoirt, turasóireacht agus comhordú comhshaoil. (féach figiúr 7.1).

Éileoidh cur chun feidhme rathúil leanúnach oibriú le riaracháin chomharsanachta, amhail an Ríocht Aontaithe agus ár gcomhpháirtithe AE, maidir le saincheisteanna imchuach farraige trasteorann agus comhroinnte chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach beartais agus rialála a chinntiú i leith pleanáil mhuirí agus talún. Tá cur chuige mar sin riachtanach chun leas a bhaint as acmhainn ár n-aigéan agus farraigí chun tacú le pobail áitiúla, bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ár gcuid acmhainní mara agus intuarthacht fhadtéarmach infheistíochta um forbairt agus gníomhaíochta inar gceantar mara.

Mar gheall ar ghaoil chasta idir gníomhaíocht talún agus mara teastaíonn comhordú idir go leor earnálacha agus gníomhairí éagsúla. Tá roinnt earnálacha agus gníomhaíochtaí ar féidir leo bheith ar talamh agus i dtimpeallacht mhara agus a theastaíonn áiseanna agus bonneagar a thrasnaíonn an dá cheantar.

Tá ról tábhachtach ag an gcóras pleanála maidir leis an mbonneagar is gá chun fuinneamh den sórt sin a ghabháil, a stóráil agus a tharchur chuig tomhaltóirí a cheadú, agus ar an gcaoi sin, cur ar chumas na hÉireann a gaoth ollmhór inbhuanaithe amach ón gcósta agus acmhainní fuinnimh eile a úsáid. Is féidir le táirgeadh fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta an poitéinseal a thabhairt freisin tionscail ghlasa nua a bhfuil riachtanais ardfhuinnimh acu a mhealladh chuig na láithreacha sin.

I mí Iúil 2023, bunaíodh an tÚdarás Rialála Limistéar Muirí (MARA) go foirmiúil faoi fhorálacha an Achta um Pleanáil Limistéar Muirí 2021 chun cabhrú le bainistiú inbhuanaithe limistéar muirí ilchineálach na hÉireann. I measc fheidhmeanna an Údaráis tá próiseas toilithe an limistéir mhuirí a riar, ceadúnú muirí le haghaidh gníomhaíochtaí sceidealta, punann toilithe urthrá atá ar marthain a riar, agus comhoibriú idir rialtóirí muirí a chur chun cinn.



**Éileoidh cur chun feidhme rathúil leanúnach oibriú le riaracháin chomharsanachta, amhail an Ríocht Aontaithe agus ár gcomhpháirtithe AE, maidir le saincheisteanna imchuach farraige trasteorann agus comhroinnte chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach beartais agus rialála a chinntiú i leith pleanáil mhuirí agus talún.**

Fíor 7.1 | Aidhmeanna Coitianta agus Réimsí Coitianta maidir le Pleanáil Talún agus Mhara

PLEANÁIL TALÚN

## Common Aims

- An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Creat Náisiúnta Pleanála Muirí.
- Léiriú spásúil ar an mbeartas náisiúnta; treoir agus tosaíochtaí náisiúnta.
- Cinnteoireacht straitéiseach agus creat comhtháite um chead forbartha.
- Úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe ceantar atá inbhuanaithe, atá ceannródaíoch san fhadtéarma.
- Comhordú ar Ranna agus ar shaincheisteanna Earnála faoi threoir plean.
- Comhréireacht idir pleanáil mhara agus talún sna réimsí comhleasa.
- Pleanáil chomhtháite trasteorann.

## Réimsí Coitianta um Chomhordú

| | |
|---|---|
| **Earnála** | • Forbairt Pobail & Comhchomhairle Phoiblí;<br>• Forbairt Eacnamaíoch<br>• Iompar – Calafoirt agus Cuanta;<br>• Fuinneamh – Leictreachas & Fuinneamh Inathnuaite<br>• Iascaireacht<br>• Dobharshaothrú agus Muirshaothrú;<br>• Sóisialta agus Cultúrtha<br>• Turasóireacht agus Áineasa<br>• Cosaint Tuile<br>• Asbhaint<br>• Bonneagar a chumasú<br>• Sláinte agus Sábháilteacht<br>• Cumarsáid |
| **Comhshaol** | • Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní<br>• Oiriúnú Athrú Aeráide<br>• Cáilíocht an Uisce<br>• Creimeadh & Fuilleamh Cósta;<br>• Láithreáin Chósta agus Ceantair atá Íogair ó thaobh Comhshaoil;<br>• Tuilte;<br>• An Bhithéagsúlacht<br>• Tírdhreach agus Muirdhreach |
| **Rialachas, Rialú & Ceadúnú** | • Próiseas ceada um forbairt agus ghníomhaíochtaí ar an gcósta agus amach ón gcósta;<br>• Freagrachtaí as gníomhaíochtaí a bhainistiú i réimsí idirghníomhaithe talún-farraige |
| **Sonraí** | • Sonraí Taighde lena n-áirítear bainistíocht ar shonraí spásúla;<br>• éifeachtaí carnacha;<br>• Bonn fianaise;<br>• Próifílí socheacnamaíocha |

PLEANÁIL MHARA

**Fíor 7.2 | Gaoil idir Beartas Pleanála agus Beartas Mara**

| Beartas Pleanála | Ordlathas | Beartas Mara |
|---|---|---|
| **Náisiúnta** | | |
| An Creat Náisiúnta Pleanála | Aidhmeanna & Cuspóirí Ardleibhéil<br>Díriú Náisiúnta | Muirí Náisiúnta<br>Plean Spásúil |
| **Réigiúnach** | | |
| Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha | Beartais a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag baint leo agus Béim Réigiúnach ag gabháil leo maidir le comhar agus cur i bhfeidhm | Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAPanna)- soláthraíonn siad creat fo - náisiúnta chun cinntí a dhéanamh maidir le cinntí a dhéanamh d'úsáideacha ar leith i limistéir spásúil sainithe. |
| **Plean** | | |
| Forbartha Áitiúil agus Plean Ceantair Áitiúil | Cuspóirí agus cuir chuige bunaithe ar cheantair áitiúla | Idirghníomhaíocht áitiúil ar muir agus ról na n - údarás áitiúil cois cósta chun an gar - chladach a bhainistiú (limistéar na farraige 5km nó 3 mhuirmhíle ón gcladach). Féadfar DMAPanna a ullmhú do na codanna sonraithe den limistéar gar don chladach. |

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 49**

*Tógfar san áireamh i bpleananna forbartha réigiúnach, cathrach agus áitiúil saincheisteanna ábhartha maidir le pleanáil spásúil mhara agus beidh siad cuimsithe iontu.*

## 7.2 Geilleagar Mara

Tá ról lárnach chomh maith ag an earnáil mhara sa gheilleagar mar gheatabhealach um ghluaiseacht daoine agus lastais idir Éire agus a cuid comhpháirtithe trádála. I measc earnálacha seanbhunaithe aigéin agus cósta tá fiontar bainteach le bia mara mar iascaireacht ghnó agus dobharshaothrú, táirgí bith-theicneolaíochta agus bithfhionnachtana mara, turasóireacht mhara, taiscéalaíocht agus táirgeadh fuinnimh, iompar mara, tógáil long agus léasú long. Tá deiseanna suntasacha ann chun poist inbhuanaithe agus infheistíocht isteach a fhás amach anseo dár réigiúin agus dár bpobail chósta san earnáil fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta agus i ngníomhaíochtaí sa slabhra soláthair.

Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil bia mara i bhforbairt inbhuanaithe chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta na bpobal cósta. Tá tionchar ar leith ag an bhfostaíocht san earnáil seo toisc go gcoinníonn sí daonraí oibre i gceantair iargúlta cois cósta ina raibh níos lú deiseanna ann d'fhorbairt tráchtála nó tionsclaíoch go stairiúil. Tacaíonn earnáil bia mara na hÉireann le hinmharthanacht eacnamaíoch go leor pobal den sórt sin, agus meastar i dTuarascáil BIM Gnó Bia Mara 2022 go bhfuil os cionn 2,700 duine fostaithe in iascaigh agus os cionn 15,000 duine i bpoist bhia mara dhíreacha agus indíreacha.

In 2022, bhí luach thart ar € 1.3 billiún ar an earnáil bia mara. Foráiltear i bplean straitéiseach Fís don Bhia 2030 de chuid an Rialtais go leanfaidh an earnáil bia mara ar aghaidh ar chonair na forbartha inbhuanaithe eacnamaíche agus comhshaoil. Tá sé mar aidhm ag an straitéis infheistíocht a spreagadh i bpobail bhia mara chun fás agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta fhadtéarmach a cheadú. Tacóidh sé seo le hearnáil bia mara áitiúil atá bríomhar agus ag fás agus tacóidh sé le beocht eacnamaíoch agus déimeagrafach na bpobal cósta tuaithe.



# Mar náisiún oileánda, is príomhshócmhainní bonneagair náisiúnta iad calafoirt na hÉireann agus tá ról fíor - riachtanach acu maidir le gluaiseacht daoine agus earraí araon a éascú

Baineann tionscal dobharshaothraithe reatha na hÉireann leas margaidh cheana féin as an aitheantas leathan ar fud an domhain ar ár n-uiscí atá sách fíorluachmhar agus ar na cleachtais inbhuanaithe atá in úsáid ag go leor saothróirí, ach tá an tionscal beag fós i gcoibhneas lena chumas. Is féidir le pleanáil spásúil fás inbhuanaithe a chumasú ionas nach gcuirfear gnáthóg, cáilíocht uisce, agus acmhainní muirí eile i mbaol.

Tá roinnt Lárionad Cuain Iascaigh a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo in Éirinn cheana féin mar na Cealla Beaga, Baile Chaisleáin Bhéarra, Dún Mór, An Daingean, Ros an Mhíl agus Binn Éadair, chomh maith le saoráidí riachtanacha ag raon áiseanna níos lú timpeall an chósta. Tá gá le hinfheistíocht leantach in Ionaid Iascaigh Cuain chun feabhas a chur agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas an leas is mó a bhaint as ról ár gcuid acmhainní mara i bpobail tuaithe agus chósta. Tá ról tábhachtach ag an gcóras pleanála maidir lena chinntiú go dtarlaíonn sé seo ar bhealach inbhuanaithe agus é ar an eolas faoin ngá le cothromaíocht chothrom a bhaint amach a fhreastalaíonn freisin ar riachtanais páirtithe leasmhara eile sa limistéar muirí.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 50

*Tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe an gheilleagair mhara agus leanúint ar aghaidh ag infheistiú san earnáil bhia mara agus inár gcuid Ionad Iascaigh Cuain go háirithe i bpobail tuaithe iargúlta agus ar oileáin.*

## 7.3 Calafoirt

Ní féidir ró - mheas a dhéanamh ar thábhacht straitéiseach sheirbhísí calafoirt agus loingseoireachta na hÉireann maidir le tacú le trádáil idirnáisiúnta agus fás eacnamaíoch a chumasú, agus thart ar 90% dár dtrádáil idirnáisiúnta ag gluaiseacht de mhuir. Gníomhaíonn calafoirt chomh maith mar mhoil loighistice agus dáileacháin. Díríodh go háirithe ar ról earnálacha na gcalafort agus na loingseoireachta le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach toisc gur léirigh na hearnálacha a n - aclaíocht agus an - athléimneacht trí bhealaí nua a fhorbairt chuig mór - roinn na hEorpa.

Is é atá i gceist le bonneagar calafoirt ná forbairt ar thalamh agus sa cheantar mara (cladach) agus gar do cheantair a bhfuil tábhacht agus cosaint chomhshaoil ag gabháil leo go minic, chomh maith le héiceachórais éagsúla. Féachtar i mbeartas náisiúnta[35] margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú do sheirbhísí iompair mhuirí agus déanann sé catagóiriú ar chalafoirt na hÉireann de réir sraithe de réir na ról straitéiseach éagsúla a imríonn gach ceann acu.

Mar náisiún oileáin, braitheann muid ar cháilíocht agus éifeachtach ár gcalafort i bhfad níos mó nár mar a bhraitheann cuid mhór dár gcomhpháirtithe trádála. Mar gheilleagar beag oscailte le fócas láidir ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar fhás faoi stiúir onnmhairiúcháin, ní mór dúinn a bheith in ann acmhainn bhreise calafoirt a sheachadadh ar bhealach tráthúil agus intuartha.

35 Beartas Náisiúnta Calafort, 2013. Tá tús curtha ag an Roinn Iompair le hathbhreithniú ar a Beartas Náisiúnta Calafort. Is é an cuspóir ná dréachtbheartas nua a chur faoi bhráid an Rialtais in 2025 tar éis comhairliúcháin.

Tugann beartas náisiúnta calafort le fios go bhfuil acmhainneacht shoiléir ag na trí Chalafort Shraith 1 a bhfuil tábhacht Náisiúnta ag baint leo (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Faing na Sionainne) forbairt acmhainne calafoirt amach anseo a threorú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, nuair is gá agus de réir mar is gá. Aithníodh go bhfuil acmhainneacht inléirithe ag Calafoirt Shuntasacha Náisiúnta Leibhéal 2 (Port Láirge agus Calafort Ros Láir) méideanna níos airde tráchta aonadaithe a láimhseáil, agus go bhfuil na naisc iompair atá ann cheana acu chun freastal ar mhargadh náisiúnta níos leithne lasmuigh dá ngar - réigiún.

Le blianta beaga anuas rinneadh infheistíocht shuntasach chun calafoirt na hÉireann a shuíomh le haghaidh fáis amach anseo agus tá feabhsuithe suntasacha i dtéarmaí acmhainne agus cumais mar thoradh air sin. Tá na calafoirt á dtreorú den chuid is mó ag pleananna fadtéarmacha aonair agus físeanna straitéiseacha a chinntíonn cur chuige faoi threoir an phlean.

Aistríodh na cúig Chalafort a bhfuil tábhacht Réigiúnach leo a sainaithníodh sa bheartas chuig rialú na n - údarás áitiúil, lena chinntiú gur féidir leis na sócmhainní seo leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais áitiúla agus réigiúnacha. Tá ról tábhachtach ag na calafoirt agus na cuanta seo maidir le soláthar a dhéanamh d'fhostaíocht réigiúnach agus do sheirbhísí réigiúnacha agus freastalaíonn go leor acu ar phobail tuaithe agus oileáin. Chomh maith le gníomhaíocht tráchtála, tacaíonn na saoráidí seo freisin le hearnálacha muirí eile amhail iascach, fuinneamh in - athnuaite, agus turasóireacht mhuirí.

Is é an treocht idirnáisiúnta fadtéarmach i gcalafoirt agus sa loingseoireacht ná treocht i dtreo chomhdhlúthú acmhainní chun na héifeachtúlachtaí scála is mó a bhaint amach. Bíonn éifeachtaí aige sin ó thaobh méid soithí de, an doimhneacht uisce a theastaíonn sna calafoirt agus cineál agus scála na gceangal iompair i gcúlchríoch an chalafoirt. Meastar go dtiocfaidh dúshláin bhreise chomhshaoil, theicneolaíocha, dhéimeagrafacha agus gheopholaitiúla chun cinn sna deich mbliana amach romhainn.

Tá calafoirt Shraith 1 agus 2 suite gar do Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh agus Luimneach agus tógfar san áireamh agus pléifear le ról na gcalafort sin i dteannta le ceanglais bhonneagair fhadtéarmacha mar chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch atá ábhartha agus an réimse de phróisis phlean forbartha cathrach/ contae atá comhthráthach nó ar siúl ina dhiaidh sin.

Ba cheart go mbeadh pleananna straitéiseacha um chalafoirt Shraith 1 agus 2 agus na straitéisí comhréireacha um fás cathrach i gcomhréir leis na haidhmeanna agus beartais fhairsinge um fás éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe na réigiún cathrach.

Baineann Éire tairbhe as uiscí doimhne atá ann go nádúrtha sa deisceart agus sa iardheisceart, ar féidir leo glacadh leis na soithigh aigéin is mó, agus a bhfuil deis iontu um forbairt tionscail a bhraitheann faoi láthair, nó a bheidh ag brath sa todhchaí, ar bhearta uisce dhomhain.

Tá ról tábhachtach ag calafoirt eile atá tábhachtach go réigiúnach, ar nós Gaillimh agus Droichead Átha, ó thaobh fostaíochta agus seirbhísí réigiúnacha agus tá go leor cuanta beaga ag freastal ar phobail tuaithe agus oileáin. Chomh maith le lastas tráchtála, tacaíonn na calafoirt sin le hearnálacha mara atá ag freastal ar acmhainní nádúrtha áitiúla, mar iascaigh, fuinneamh inathnuaite mara agus turasóireacht mhara.

I bhfianaise gur sainaithníodh fuinneamh in - athnuaite amach ón gcósta mar phríomhghné den chur chuige maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú ar fud líon na n - earnálacha, lena n - áirítear iompar agus giniúint leictreachais, tá buntáiste nádúrtha ag calafoirt inár réigiúin agus iad cóngarach do shuíomhanna fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta féideartha agus beidh ról ríthábhachtach acu maidir le cothabháil agus oibriú forbartha na hearnála a éascú trí bhonneagar tacaíochta a chur ar fáil.



Tacaíonn beartas an Rialtais le cur chuige ilphort i leith áiseanna bonneagair calafoirt riachtanacha a fhorbairt chun fuinneamh in - athnuaite amach ón gcósta a chumasú (Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fuinneamh In - athnuaite amach ón gCósta a Éascú ag Calafoirt Tráchtála in Éirinn (2021), a dtacaíonn an CNP leis.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 51**

*Go ndéileáiltear le riachtanais forbartha straitéisí Chalafort Shraith 1 agus Shraith 2, calafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo agus calafoirt bheaga mar chuid de Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, pleananna forbartha cathrach/contae, chun fás éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe na réigiúin cathrach agus na gceantar réigiúnach agus tuaithe a chinntiú.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 52**

*Tacú le seachadadh inbhuanaithe bhonneagar calafoirt agus cuanta chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt, ar chothabháil agus ar oibriú forbairtí giniúna leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta.*

## 7.4 Timpeallacht Chósta agus Pleanáil maidir le hAthrú Aeráide

Mar gheall go bhfuil cathracha agus na bailte is mó in Éirinn suite ar an gcósta, tá cónaí ar sciar an-suntasach den daonra náisiúnta cois farraige. Cuireann sé seo deiseanna i láthair le haghaidh caitheamh aimsire, agus idirghníomhaíocht leis an timpeallacht nádúrtha, atá tábhachtach don fholláine agus do cháilíocht na beatha.

Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (RCAC, 2021-2023) go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht tuilte agus creimthe cósta de bharr méaduithe ar leibhéil na farraige agus ar bhorradh stoirme, agus go mbeidh tionchar suntasach aige ar shuímh chósta agus oidhreachta atá suite cóngarach don chósta agus ar inbhir. Léirítear leis an bhfianaise atá ann faoi láthair ardú céimseach ar leibhéal na farraige suas le méadar amháin go dtí an bhliain 2100 mar gheall ar athrú aeráide.

Athróidh sé seo ár gcósta a thuilleadh agus go suntasach agus d'fhéadfadh sé drochthionchar a bheith aige ar ár ngeilleagar cósta, ar an tsochaí, ar an mbithéagsúlacht, ar ár n-oidhreacht, ar ár gcultúr agus ar an gcomhshaol, mura ndéantar an t-athrú sin a bhainistiú go cuí. Tá cathracha móra na hÉireann, beagnach gach pobal cósta daonra chomh maith le bonneagar, gnáthóga agus speicis chosanta, taitneamhachtaí, tionscal agus fóntais i mbaol ó athrú cósta amach anseo.

Chun freagairt ar thionchar an athraithe aeráide ar chósta na hÉireann, teastaíonn cur chuige déach de bhearta maolaitheacha (ag dul i ngleic leis an gcúis) agus oiriúnuithe (na hiarmhairtí agus cumas oiriúnaitheach agus athléimneacht a laghdú) araon.

I bhfianaise chineál na rioscaí a eascraíonn, an raon leathan páirtithe leasmhara a bhfuil freagracht orthu as na rioscaí seo a bhainistiú, agus an creat casta dlíthiúil agus rialaitheach a gcaithfear é seo a bhaint amach, is léir go bhfuil gá le freagairt chomhtháite agus chomhordaithe.

Mar thoradh ar athrú aeráide is saincheisteanna lárnacha iad leibhéil fharraige, patrúin fhuillimh agus creimthe um pleanáil agus measúnú ar riosca tuilte, go háirithe agus forbairt leanúnach ár gcuid cathracha agus bailte á bainistiú. Beidh idirghabhálacha faoi threoir an phlean i gceist le freagairtí den sórt sin ar oiriúnú don athrú aeráide.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 53**

*A chinntiú go ndéantar acmhainn chósta na hÉireann a bhainistiú chun a carachtar fhisiceach agus cáilíocht chomhshaoil a choimeád.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 54**

*I gcomhréir le haidhmeanna comhchoiteanna an bheartais náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na n-athruithe ar leibhéal farraige agus thuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le freagairtí oiriúnaithe i gceantair leochaileacha.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 55**

*Tacú le forbairt phleananna bainistíochta cósta chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí dóchúla athruithe ar leibhéal na farraige agus tuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le freagairtí oiriúnaithe a chur i bhfeidhm i gceantair leochaileacha.*

Cás-staidéar

# DMAP an Chósta Theas

**Tá Plean Limistéar Muirí Ainmnithe an Chósta Theas (SC - DMP) á ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi láthair le haghaidh Fuinneamh In - athnuaite amach ón gCósta (ORE).**

Is é an SC - DMAP an chéad réamhphlean spásúil fo - náisiúnta in Éirinn faoin Acht um Pleanáil Limistéar Muirí 2021. Mar an chéad phlean spásúil chun tosaigh fo - náisiúnta a cruthaíodh faoi réimeas nua an Stáit d'fhorbairt ORE faoi threoir plean in Éirinn amach anseo, is cloch mhíle shuntasach é bunú an SC - DMP in aistriú leanúnach fuinnimh na hÉireann.

Ainmneoidh an SC - DMP limistéir mhuirí amach ó Chósta Theas na hÉireann le haghaidh imscaradh inbhuanaithe agus bainistithe amach anseo de ghaoth sheasta amach ón gcósta. Cumasóidh sé cur i gcrích luathaithe acmhainneacht fuinnimh in - athnuaite na hÉireann, agus cuirfidh sé foinse fhadtéarmach fhuinnimh dhúchasaigh atá slán, inbhuanaithe agus costéifeachtach ar fáil do na glúnta teaghlach agus gnólachtaí Éireannacha atá le teacht. Deis shuntasach le haghaidh fáis eacnamaíoch ar fud na gcontaetha cósta ar an gcósta theas is ea leas a bhaint as lánacmhainneacht eacnamaíoch ORE agus gheilleagar na mara.

Áirítear ar ghnéithe an phróisis SC-DMAP an cur chuige bunaithe ar éiceachórais agus aird iomlán á tabhairt ar chosaint na timpeallachta muirí agus na bithéagsúlachta agus úsáideoirí agus gníomhaíochtaí muirí atá ann cheana, lena n-áirítear iascaireacht tráchtála agus turasóireacht. Tá comhairliúchán poiblí lárnach do bhunú SC-DMAP. Ó shamhradh na bliana 2023 i leith, tá a fhorbairt bunaithe ar phróiseas leathan agus bríoch de rannpháirtíocht phoiblí. Foilsíodh Ráiteas Rannpháirtíochta Poiblí a leagann amach na deiseanna a bhfuiltear ag súil leo do rannpháirtíocht an phobail le linn bhunú an phlean agus déantar é a uasdátú go minic.

Tacaíonn an SC-DMAP le comhordú na pleanála talún agus mara. Cabhróidh comhtháthú agus ailíniú na pleanála talún agus farraige le seachadadh an bhonneagair ar an gcladach agus an ghníomhaíocht a theastaíonn chun an plean a chur i bhfeidhm, mar áiseanna le haghaidh ORE i gcalafoirt agus cuanta, naisc eangaí tarchuir agus gníomhaíocht fiontar slabhra soláthair. Cumasóidh sé seo lánacmhainneacht gheilleagar na mara agus fuinnimh in-athnuaite ar bhealach inbhuanaithe.

Tar éis an SC-DMAP a bhunú, féachfaidh an Rialtas le suas le 900 MW d'acmhainn ghaoithe seasta amach ón gcósta laistigh den limistéar SC-DMAP a fháil tríd an gcéad cheant iomaíoch gaoithe amach ón gcósta eile in Éirinn, le bheith nasctha leis an gcóras tarchuir leictreachais ar tír mór. Déanfaidh buaiteoir dara ceant gaoithe amach ón gcósta na hÉireann – ar a dtugtar ORESS 2.1 – an tionscadal seo a fhorbairt, ag tosú in 2024/25, agus beidh sé mar aidhm leis, é a imscaradh faoi 2030, nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin, ag brath ar na toilithe riachtanacha a bhaint amach go rathúil agus cead pleanála.




## 7.5 Fuinneamh In-athnuaite Eischósta

Thar an tréimhse go 2040, is dócha go gcuirfidh dul chun cinn teicneolaíochta dlús le cur i bhfeidhm, forbairt agus imscaradh tráchtála earnáil fuinnimh in - athnuaite mhuirí chun cabhrú le hÉirinn a gealltanais faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chomhlíonadh.

Faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, tá an Rialtas tiomanta 80% dár n - éileamh ar leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in - athnuaite faoi 2030, lena n - áirítear 5 GW ar a laghad d'acmhainn fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach faoin dáta sin. Is ionann fuinneamh in - athnuaite amach ón gcósta agus deis earnála atá ag teacht chun cinn do réigiúin chósta agus is deis forbartha eacnamaíochta ar leith é an cumas tacú le huaillmhianta gaoithe amach ón gcósta na hÉireann a sheachadadh. Beidh gá le bonneagar cumasúcháin chun a chinntiú go bhfuil na réigiúin sin suite chun leas a bhaint as an acmhainneacht fáis seo.

Ós rud é go mbíonn mórthionscadail bhonneagair chaipitil, forbairtí fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta, agus gaoth amach ón gcósta, go háirithe, agaí tionscanta fada roinnt blianta de ghnáth ó chéimeanna deartha go céimeanna coimisiúnaithe. Soláthraíonn an Creat Náisiúnta Pleanála Muirí, mar an chéad phlean cuimsitheach spásúil muirí in Éirinn, creat beartais cuimsitheach chun forbairt sa réimse seo amach anseo a threorú.

Rinne an tAcht um Pleanáil Limistéar Muirí 2021 foráil freisin do chóras nua ceadúnaithe agus bainistíochta forbartha sa limistéar muirí ar a dtugtar Toiliú Limistéir Mhuirí, a bheidh le riar ag an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA). De réir an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021, beidh forbairtí gaoithe amach ón gcósta amach anseo lonnaithe laistigh de Phleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAPanna) arna mbunú ag an Rialtas.

Tá forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ag brath go mór ar fhorbairt an bhonneagair chumasúcháin, lena n-áirítear saoráidí eangaí chun an fuinneamh a thabhairt i dtír agus chun nascadh le foinsí móra éilimh ar fhuinneamh chomh maith le bonneagar calafoirt chun comhpháirteanna tuirbíní gaoithe a mhaisiú agus a chóimeáil. Ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Straitéis Tarchuir Amach ón gCósta agus Creatbheartas um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta sa Todhchaí. Chomh maith leis sin, tá Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Tionsclaíochta Gaoithe Amach ón gCósta na hÉireann a d'fhorbair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun a chinntiú go n - uasmhéadaíonn Éire an tairbhe eacnamaíoch a bhaineann le spriocanna fuinnimh in - athnuaite amach ón gcósta an Rialtais. Tá fócas sa Straitéis seo ar an bpoitéinseal chun éileamh tionsclaíoch nua a fhorbairt ar fhuinneamh in-athnuaite, a mbeidh forbairt bonneagair mar phríomhchumasóir dó. Ina theannta sin, sainaithníodh sa Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022 -2027 an tábhacht agus an acmhainneacht shuntasach a bhaineann le giniúint agus dícharbónú leictreachais amach ón gcósta i gcomhthéacs an gheilleagair mhuirí i gcoitinne.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 56

*Chun tacú le forbairt fhorásach chumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta na hÉireann, le forbairt inbhuanaithe bhonneagar cumasúcháin ar an gcladach lena n-áirítear feabhsuithe ar nascacht greille intíre agus idirnáisiúnta, bonneagar tarchurtha neamh-eangaí, chomh maith le bonneagar calafoirt chun comhpháirteanna tuirbíní gaoithe a mhaisiú agus a chóimeáil agus le haghaidh oibriú agus cothabháil tionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.*



# 8 Ag Obair lenár gComharsana

## 8.1 Éire agus an tAontas Eorpach

**Agus an Creat Náisiúnta Pleanála á chur i bhfeidhm ní mór seasamh athraitheach na hÉireann i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda a thógáil san áireamh agus aghaidh a thabhairt air.**

Tá an domhan ag éirí níos éagsúla agus níos idirnasctha. Tá Éire ar cheann de na geilleagair is domhandaithe ar an domhan, agus naisc sheanbhunaithe trádála agus infheistíochta aici le margaí na hEorpa, SAM, na hÁise agus an domhain mhóir. Mar thoradh air sin tharla athrú ó bhonn agus aistriú tapa ar ár ngeilleagar ó thaobh post, scileanna agus nuála.

D'éascaigh ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach go mór an claochlú seo go geilleagar atá á thiomáint go príomha ag tionscal ardteicneolaíochta agus onnmhairí domhanda. Is ceann scríbe mór infheistíochta isteach san AE í Éire anois ó SAM agus ó chomhthéacsanna domhanda níos leithne mar gheall ar ár suíomh straitéiseach, ár aclaíocht eacnamaíoch, ár mbonneagar feabhsaithe agus timpeallacht ina labhraítear Béarla atá fabhrach do ghnó.

Ós rud é gur geilleagar oscailte atá againn, tá Éire ag brath ar thrádáil lenár gcomhpháirtithe trádála móra agus tá onnmhairí ina ngné lárnach d'fhás eacnamaíoch. Beidh orainn leanúint ar aghaidh ag feabhsú dhiansheasmhacht an gheilleagair chun déileáil le hathruithe féideartha ar an timpeallacht airgeadais dhomhanda agus ar rátaí úis, iomaíocht níos láidre i gcomhair infheistíochta ón gcoigríoch, agus athruithe ar choinníollacha oibriúcháin na gcuideachtaí ilnáisiúnta. Chun é sin a dhéanamh, beidh orainn Éire a shuíomh ar bhealach go mbeidh sí solúbtha maidir le hathruithe agus tionchair sheachtracha.

Beidh tionchar mór freisin ag an gcaoi a n-idirghníomhaíonn muid lenár gcomhpháirtithe san AE agus lenár gcomharsana is gaire dúinn i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, ar ár n-ionchais chomhroinnte maidir le dul chun cinn agus forbairt.

Baineann tábhacht níos mó le naisc dhíreacha na hÉireann le Ballstáit eile an AE trí naisc fuinnimh aeir agus farraige agus fomhuirí, mar gheall ar na buntáistí atá ann ó thaobh athléimneacht agus éascaíocht gluaiseachta trasna teorainneacha inmheánacha de. Mar thoradh air sin, ní mór calafoirt agus aerfoirt a éascaíonn amanna iompair níos tapúla idir Éire agus an AE a nascadh go héifeachtach lenár gcórais iompair ar an talamh.

Chruthaigh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach raon dúshlán d'Éirinn ach tá tacaíocht leanúnach don chomhar Thuaidh-Theas agus don gheilleagar uile-oileáin, chomh maith le caidreamh éifeachtach trádála agus comhair a chothabháil leis an mBreatain Mhór, ag croílár an chur chuige tras-Rialtais chun impleachtaí Brexit a bhainistiú.

Cruthaíonn sé seo deiseanna agus dúshláin shuntasacha araon, lena n-áirítear an poitéinseal d'infheistíocht eacnamaíoch mhéadaithe in Éirinn, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag baint leasa as acmhainneacht an gheilleagair uile-oileáin agus ag cothabháil na nasc trádála, bonneagair agus go leor eile lenár gcomharsana is gaire.

Baineann tábhacht níos mó le naisc dhíreacha na hÉireann le Ballstáit eile an AE trí naisc fuinnimh aeir agus farraige agus fomhuirí, mar gheall ar na buntáistí atá ann ó thaobh athléimneacht agus éascaíocht gluaiseachta trasna teorainneacha inmheánacha de. Mar thoradh air sin, ní mór calafoirt agus aerfoirt a éascaíonn amanna iompair níos tapúla idir Éire agus an AE a nascadh go héifeachtach lenár gcórais iompair ar an talamh.

## 8.2 Éire agus Tuaisceart Éireann

**Leag an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta fís dhearfach amach do thodhchaí oileán na hÉireann.**

In 2021, shocraigh an Plean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe[36] leibhéal feabhsaithe uaillmhéine maidir le hinfheistíocht chomhoibríoch trasteorann, chun oileán níos nasctha, níos rathúla agus níos inbhuanaithe a thógáil.

Tá an Rialtas ag obair trí chomhpháirtíochtaí uile-oileáin chun infheistíochtaí a chomhdhearadh, a chómhaoiniú agus a chomhsheachadadh chun an t-oileán comhroinnte a fheabhsú agus chun dul i ngleic le hábhair imní straitéiseacha coitianta. Soláthraíonn cur chuige comhpháirtíochta le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na RA, tríd an gclár PEACEPLUS, agus trí oibriú le comhpháirtithe údaráis áitiúil, oideachais agus sochaí sibhialta ar fud an oileáin, bonn láidir chun cuspóirí pleanála straitéiseacha agus infheistíochta a sheachadadh.

Maidir le 2021-2030, tá gealltanas infheistíochta uile-oileáin iomlán de níos mó ná €4 billiún tríd an gCiste Oileán Comhroinnte, trí chistí Tionscadal Éireann 2040, maoiniú bliantúil an Rialtais do chomhoibriú Thuaidh/Theas agus an clár PEACEPLUS, arna sheachadadh leis an Aontas Eorpach, Rialtas na RA agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.

36 Tagair don rannán 'Ag Breathnú ar 2040', leathanach 161

Tá beagán os cionn 7 milliún duine ina gcónaí ar oileán na hÉireann, 5.15 milliún duine in Éirinn (73% den iomlán) agus 1.9 milliún duine i dTuaisceart Éireann (27% den iomlán) (Daonáireamh 2022[37]). POS agus NISRA). Faoi 2040, beidh cónaí ar thart ar 8 milliún duine ar an oileán a roinneann muid.

Pleanáil do bheagnach 1.4 milliún duine breise, a dtithe agus a n-áiteanna oibre agus an bonneagar a theastaíonn chun tacú leis an bhfás seo, agus ag an am céanna torthaí maithe a chinntiú i dtéarmaí forbartha fisiceacha agus pobail agus cáilíochta comhshaoil, cruthaítear dúshláin agus deiseanna comhroinnte, lena n-áirítear:

- Ár bhfás a bhainistiú go straitéiseach um thairbhe fhadtéarmach maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta; agus
- Oibriú le chéile ar mhaithe le comhbhuntáiste i réimsí mar fhorbairt agus cur chun cinn eacnamaíoch, soláthar bonneagair shóisialta agus fhisiciúil a chomhordú, gníomhaíocht aeráide, caomhnú bithéagsúlachta agus bainistíocht comhshaoil eile.

Cuidíonn cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála i gcomhar leis an Straitéis Forbartha Réigiúnaí (RDS) do Thuaisceart Éireann le dul i ngleic leis na dúshláin seo. Tacaíonn an Creat um Chomhoibriú ar Straitéisí Spáis idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann leis an obair chomhoibríoch seo, a dhéanfar a nuashonrú agus a athbhreithniú de réir mar is gá.

I gcomhthéacs an chomhoibrithe leanúnach Thuaidh-Theas thar raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas agus Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas, tá trí phríomhchatagóir de chomhoibriú praiticiúil idir na Ranna ábhartha agus na húdaráis áitiúla in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a thacóidh le feidhmiú leanúnach an CNP agus a gheobhaidh tacaíocht uaidh freisin.

**Fíor 8.1 | Dúshláin Phleanála Roinnte in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann**




37 Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 57**

*Oibriú leis na Ranna cuí i dTuaisceart Éireann ar mhaithe le comhbhuntáiste i réimsí mar phleanáil spásúlachta, forbairt agus cur chun cinn an gheilleagair uile-oileáin, comhordú soláthar bonneagair shóisialta agus fhisiciúil agus cosaint agus bainistíocht comhshaoil.*

## 8.3 Oibriú le Chéile ar mhaithe le Buntáiste Eacnamaíoch

Tugann naisc láidre eacnamaíocha agus trádála, ar fud oileán na hÉireann agus idir Éire agus an Ríocht Aontaithe buntáistí suntasacha don dá dhlínse, ag cuidiú le poist, fiontair agus ioncam cánach a chruthú a chuireann le rathúnas agus le seirbhísí níos fearr don tsochaí i gcoitinne. Tacaítear go suntasach leis na caidrimh agus deiseanna eacnamaíocha láidre seo agus forbraítear iad trí phleanáil, infheistíocht agus comhoibriú beartais thar raon réimsí, Thuaidh/Theas agus Thoir/Thiar, agus fanfaidh sé seo ina fhócas láidir don Rialtas faoin CNP, lena n-áirítear trí:

- Infheistíocht a dhéanamh i gComhionaid Taighde agus Nuálaíochta arna stiúradh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag obair le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann agus sa RA chun taighdeoirí agus tionscal a thabhairt le chéile chun taighde den scoth a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht fhrithpháirteach eacnamaíoch, sochaíoch, sláinte agus comhshaoil ag baint leo;
- Comhpháirtíochtaí taighde uile-oileáin a bheith ag leanúint ar aghaidh agus ag fás leis na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear Clár Comhpháirtíochta T&F SAM-na hÉireann;
- Tacú le leathnú an tsoláthair Ardoideachais agus comhoibriú institiúideach níos doimhne san Iarthuaisceart agus ar fud an oileáin, lena n-áirítear trí infheistíocht i dtógáil i bhfoirgneamh nua teagaisc agus seirbhísí mac léinn ar champas Dhoire Ollscoil Uladh;
- Comhoibriú idir institiúidí breisoideachais a dhoimhniú agus cláir printíseachta trasteorann a fhorbairt;
- Cláir mhalairte cuimsitheacha a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann, do thaighdeoirí agus do nuálaithe institiúidí in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór, chun chur leis an gclár Erasmus agus chun tógáil ar infheistíocht taighde tríd an gComhionad agus na Cláir Taighde Thuaidh Theas;
- Tacú le hobair IdirThrádáil Éireann chun cabhrú le gnólachtaí ar fud an oileáin trádáil uile-oileáin a fhás agus infheistíocht a dhéanamh in obair idirghníomhaireachta ar chuspóirí comhbheartais fiontair lena n-áirítear fiontraíocht ban, cnuasú agus nuálaíocht agus infheistíocht inbhuanaitheachta; agus,
- Tacú le cineálacha cur chuige trasteorann chun infheistíocht a mhealladh agus chun deiseanna uile-oileáin a shaothrú chun forbairt inbhuanaithe na hearnála Agraibhia a chur chun cinn.

### Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus Réigiún na Teorann Thoir

Is í an chonair ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste an comhcheirtliúchán eacnamaíoch is mó ar oileán na hÉireann, agus cónaí ar 2 mhilliún duine sna cathracha agus bailte ar an gconair, gan abhantracha níos mó san áireamh. Nascann an chonair an dá chathair is mó agus go leor de na bailte is mó ar an oileán trí naisc ardacmhainne bóthair agus iarnróid náisiúnta agus tá ról ríthábhachtach aici i dtacú le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas.

Is é an conair freisin an bealach isteach náisiúnta chuig an oileán trína cuid aerfort agus calafort. Bainistíonn trí mhóraerfort, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste agus Aerfort Chathair Bhéal Feirste, breis is c. 39.5 milliún paisinéir gach bliain agus tá sé seo le leanúint ar aghaidh ag ardú.

Tugadh spreagadh úr do Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste nuair a sheol na hocht gComhairle le dhá Ollscoil i mí an Mhárta 2021, tionscnamh chun oibriú le chéile chun na buntáistí a bhaineann le forbairt bhreise an réigiúin ina iomláine a bhaint amach.

I mí an Mheithimh 2021, d'aontaigh agus d'fhoilsigh Comhairlí Réigiún na Teorann Thoir (EBR) Cairt um thosaíochtaí réigiúnacha comhair, d'fhonn Réigiún na Teorann Thoir a shuíomh mar "réigiún trasteorann cliste, iomaíoch, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach" agus sainaithníodh raon gníomhartha léiriúcháin chun na tosaíochtaí seo a sheachadadh.

# Cás-staidéar



## Fiontar, seirbhís iarnróid trasteorann ar oileán na hÉireann

**Soláthraíonn Fiontraíocht, mar an t-aon seirbhís iarnróid trasteorann ar oileán na hÉireann, nasc iompair poiblí luachmhar a fhreastalaíonn ar an dá chathair is mó daonra ar an oileán.**

Tá breis is dhá mhilliún duine ina gcónaí ann faoi láthair, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an daonra feadh Chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste sna blianta amach romhainn. Méadóidh an chéad tionscadal gearrthéarmach faoin tionscnamh Oileán Comhroinnte, a bhainfidh leas as na traenacha atá ar an gcóras cheana féin, minicíocht na seirbhíse idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste ó thart ar gach dhá uair an chloig faoi láthair go dtí seirbhís in aghaidh na huaire.

Comhlánófar an tseirbhís mhinicíochta mhéadaithe seo níos déanaí ag an tionscadal nuachóirithe cabhlaigh atá gaolmhar agus níos uaillmhianaí a chumasóidh tionchar fadtéarmach dearfach ar an gcomhshaol, trí sheirbhís trí-mhód agus níos déanaí uile-leictreacha.

Comhlánóidh na tionscadail seo tionscnamh na nOileán Comhroinnte trí chuidiú le taisteal idir réigiúin, trí gheilleagair a threisiú trí amanna turais níos tapúla agus trí sheirbhís níos tarraingtí a thairiscint.

Is tionscadal comhoibríoch é an Tionscadal Athsholáthair Flít Fiontair arna fhorbairt ag Iarnród Éireann agus Translink Northern Ireland Railways - le tacaíocht mhaoinithe ón Aontas Eorpach PEACEPLUS, an Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Iompair in Éirinn.

Trí mhinicíocht mhéadaithe na seirbhíse a chinntiú agus rath an tionscadail Athsholáthair Flít Fiontraíochta beifear in ann na naisc eacnamaíocha idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann a neartú tuilleadh, ag tacú leis na comhlimistéir taistil, ag díchóimeáil bóithre, ag laghdú astuithe carbóin agus ag cur turasóireacht uile-oileáin chun cinn ar aon dul le an Creat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Gníomhaíochta Aeráide

Mar chuid den Chreat Pleanála Náisiúnta, leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag baint leas as, agus ag tacú agus ag cur chun cinn acmhainn eacnamaíoch bhunúsach na conaire, ag tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin. Chun é sin a dhéanamh, díreofar ar an gconair a fhorbairt mar cheantar spásúil ar leithligh ag a bhfuil infheictheacht idirnáisiúnta trí:

- Ionaid mhóra daonra agus fostaíochta a phleanáil agus a fhorbairt go héifeachtach ar an bpríomhchonair eacnamaíoch, go háirithe Droichead Átha agus Dún Dealgan;
- Príomhchonairí iompair agus feidhm straitéiseach an ghréasáin bóithre ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste a fheabhsú agus a chosaint ó fhorbairt agus ó shraoilleáil nach bhfuil gá leo;
- Seirbhís iarnróid in aghaidh na huaire a thabhairt isteach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, ag scrúdú leictriú an bhealaigh agus infheistíocht i bhflít traenach nua Fiontraíochta inbhuanaithe, le maoiniú faoin gclár PEACEPLUS agus ón Rialtas agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.
- Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht nasc iarnróid ar luas níos airde idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath agus Corcaigh, mar a sainaithníodh sa Dréacht-Athbhreithniú Iarnróid Straitéiseach Uile-Oileáin; agus
- Tírdhreacha sainiúla agus gníomhaíochtaí tuaithe a chosaint a ghníomhaíonn mar spásanna glasa lárnacha agus ceantair.
- Droichead sainchomhartha an Chaol Uisce a thógáil chun Sléibhte Bheanna Boirche agus leithinis Chuaille a nascadh, ag soláthar treisithe turasóireachta agus nascachta sa réigiún, agus ag éascú taisteal gníomhach trasteorann feabhsaithe lena n-áirítear féarbhealaí, cosáin siúil agus áiseanna páirce

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 58**

*I gcomhoibriú le Ranna agus Údaráis Áitiúla ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacaíocht agus forbairt bhreise a dhéanamh ar chumas eacnamaíoch Chonair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus go háirithe croíghréasán Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an Iúir agus a infheictheacht idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fheabhsú*

## Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas um Fás Straitéiseach

Tá forbairt réigiún cathrach an Iarthuaiscirt, agus í dírithe ar Chathair Dhoire, Leitir Ceanainn agus An Srath Bán, riachtanach chun acmhainn an Iarthuaiscirt a chomhlíonadh agus chun go mbeadh a ról i bhfás eacnamaíoch réigiúnach agus uile-oileáin chomh mór agus is féidir. Le tacaíocht ón Rialtas in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, forbraíodh socruithe comhoibritheacha trasteorann chun ceannaireacht straitéiseach a sholáthar i bhforbairt an réigiúin.

Déanann Comhpháirtíocht an Iarthuaiscirt, agus í ag obair leis an dá Rialtas, le pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach, comhar réigiúnach a chur chun cinn maidir le pleanáil, cosaint agus bainistíocht chomhshaoil, seirbhísí pobail agus infheistíocht i mbonneagar, lena n-áirítear:

- Cur le mais chriticiúil na n-ionad uirbeach lárnach sa réigiún níos leithne;
- Trádáil agus turasóireacht, nuáil, caipiteal daonna, foghlaim fadsaoil agus forbairt ghnó a chur chun cinn;
- Feabhas a chur ar bhonneagar iompair idir-uirbeach, lena n-áirítear trí infheistíocht €600m in uasghrádú conair iompair an A5 Thiar Thuaidh agus cur chun cinn ar uasghrádú gaolmhar N2 agus bóithre i Muineachán agus Dún na nGall, agus scrúdú a dhéanamh ar mholtaí sa Dréacht Iarnróid Straitéiseach Uile-Oileáin agus
- Comhordú níos fearr ar sheirbhísí poiblí mar áiseanna sláinte agus oideachais.

D'fhorbair Comhairlí Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt ráiteas nuashonraithe ar thosaíochtaí réigiúnacha don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas i mí Feabhra 2021. I measc na dtosaíochtaí do Réigiún Iarthuaisceart na Cathrach mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta tá:

- Naisc feabhsaithe iompair d'ardchaighdeán don réigiún de bhóthar, d'iarnród, d'aer agus de mhuir;
- Infheistíocht i nuálaíocht agus scileanna trí rochtain agus comhoibriú neartaithe ar oideachas tríú leibhéal;
- Straitéis Fáis Ghlas a chur i bhfeidhm, ag forbairt acmhainneacht an réigiúin i bhfuinneamh glan agus in-athnuaite; agus
- Soláthar feabhsaithe cúram sláinte trasteorann lena n-áirítear abhantrach othar roinnte agus deiseanna ríomhshláinte.




## Cuspóir Beartais Náisiúnta 59

*I gcomhoibriú le Ranna agus Údaráis Áitiúla ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacú le forbairt Réigiún na Cathrach Thiar Thuaidh agus é a chur chun cinn mar limistéir idirnasctha de thábhacht straitéiseach in Iarthuaisceart na hÉireann, trí struchtúir chomhoibríocha agus cur chuige comhcheangailte maidir le pleanáil spásúlachta*

## Lárcheantar Teorann

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála leagtar amach treochlár soiléir um forbairt ionad uirbeach láidir san Iarthuaisceart agus ar feadh Chonair ó Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste. Idir an dá cheantar sin, ceantar tuaithe den chuid is mó atá ar an lárcheantar teorann, agus cuimsítear freisin roinnt bailte contae agus lonnaíochtaí eile a chomhlíonann róil thábhachtach eacnamaíocha agus seirbhíse, idir róil réigiúnacha agus trasteorann le haghaidh na gceantar tuaithe mórthimpeall orthu.

Cruthóidh feabhsuithe suntasacha ar bhonneagar digiteach agus fisiceach, ar nós an N2/A5 go háirithe, deiseanna nua, agus limistéar na teorann láir ceangailte go straitéiseach, suite beagnach ar comhchéim idir réigiúin Bhaile Átha Cliath, Bhéal Feirste agus Iarthuaisceart na Cathrach.

Tacaíonn an CNP le tuilleadh fáis agus le tuilleadh infheistíochta sna bailte contae i gcontae an lárcheantair teorann agus le hinrochtaineacht a neartú ón lárcheantar teorann agus chuige. Ó thaobh oidhreachta agus turasóireachta de, táirgeann an lárcheantar teorann cúlraí sceirdiúla uathúla, ina bhfaightear droimníní, lochanna, portaigh agus foraoiseacha talaimh aird, a chuimsíonn geolaíocht, litríocht, ealaíon, oidhreacht réamh-Chríostaí agus tionscail i dteannta le líonra bailte beaga agus sráidbhailte ar an dá thaobh den teorainn.

D'fhoilsigh Líonra Cheantar Teorann Láir na hÉireann ina bhfuil ochtar Údarás Áitiúil ina mball, Creat de Thosaíochtaí Réigiúnacha i mí an Mhárta 2021, inar sainaithníodh cúig cholún straitéiseacha idircheangailte lena n-áirítear: forbairt eacnamaíoch; bonneagar agus nascacht; caipiteal daonna; pobail inchónaithe; agus, glasú an réigiúin. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Líonra Cheantar Teorann Láir na hÉireann:

- Príomhthionscadail bhonneagair lena n-áirítear uasghrádú bóithre, nascacht leathanbhanda feabhsaithe agus moil dhigiteacha réigiúnacha;
- Tionscnaimh agus criosanna bonneagair nádúrtha, ag cur le cumas turasóireachta inbhuanaithe agus folláine an réigiúin lena n-áirítear trí ghréasán glasbhealaí agus gormbhealaí trasteorann; rothaíocht sléibhe, bia agus cosáin oidhreachta; agus tionscadail dobharcheantair agus bainistíochta uisce a fhorbairt.
- Infreastruchtúr a chumasú chun leas a bhaint as acmhainn agus acmhainneacht an réigiúin, lena n-áirítear sna hearnálacha bithgheilleagar agus agraibhia agus láidreachtaí fo-earnála[38].

## Tionscnaimh Áitiúla Trasteorann

Cruthaíonn athchumrú struchtúir na n-údarás áitiúil agus na comhairle ar an dá thaobh den teorainn deiseanna le haghaidh comhoibrithe, go háirithe do cheantair mar Réigiún an Iarthuaiscirt, conair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus i limistéir na teorann láir. Tacófar le forbairt na gceangal eacnamaíoch, bonneagair agus forbartha trí cheannaireacht áitiúil agus shocruithe comhair mar chomhordú ar fheidhmeanna pleanála straitéisí agus infheistíocht chomhfhreagrach sa bhonneagar

I measc trí réimsí lárnacha béime tá:

- Socruithe um chomhar réigiúnach;
- Comhthionscnaimh; agus
- Pleanáil spásúlachta chomhordaithe.

38 An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030, Caibidil 17 Oileán Comhroinnte.

**Fíor 8.2 | Réimsí um Chomhordú Áitiúil Trasteorann**




## 8.4 Comhordú na hInfheistíochta

**Cuireann an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Forbartha Réigiúnaí um Thuaisceart Éireann bonn ar fáil um chomhar fadtéarmach i leith fhorbairt bonneagair, lena gcuimsítear iompar, fuinneamh agus teileachumarsáid agus bonneagar sóisialta agus pobail.**

Soláthraíonn Ciste Oileán Comhroinnte an Rialtais, clár PEACE PLUS an AE, agus cuir chuige comhpháirtíochta le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na RA, bonn láidir chun tosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha a sholáthar d'oileán comhroinnte go dtí 2030.

Tá gealltanas infheistíochta uile-oileáin de níos mó ná €4billiún san iomlán tríd an gCiste Oileán Comhroinnte, cistí Tionscadal Éireann 2040 agus maoiniú bliantúil an Rialtais do chomhoibriú Thuaidh/Theas, agus an clár PEACE PLUS[39].

### Cúram Sláinte agus Oideachas

Tá an deis ann, maidir le seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta, rochtain réigiúnach ar sheirbhísí diagnóiseacha agus eile a mhéadú ar bhonn trasteorann, réitigh r-Shláinte a sheachadadh trí líonra uile-oileáin a fhorbairt sa tsláinte dhigiteach, sainseirbhísí sláinte a sholáthar ar bhonn uile- bhonn an oileáin agus áiseanna seirbhísí otharchairr a uasghrádú i réigiúin teorann.

39 Tá an clár PEACE PLUS (2021 – 2027) ag cur maoiniú ar fáil, ina leith seo..

Cás-staidéar



# Athchóiriú Chanáil Uladh

**Tá Uiscebhealaí Éireann ag dul ar aghaidh faoi láthair le hathchóiriú an 13.5 ciliméadar de Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtair i gContae Fhear Manach go bunfhoirgneamh Stórais na Canálach i gCluain Eois, Contae Mhuineacháin.**

Críochnaíodh Céim 2 agus osclaíodh go hoifigiúil í ar an 19ú Meitheamh 2024. Soláthraíodh maoiniú de €6m ón gCiste Oileán Comhroinnte, agus €5.6m ón gCiste Athghiniúna Tuaithe. Áiríodh leis an obair ar an gcéim seo foinse uisce inbhuanaithe, fána nua agus bonneagar muiríne a éascaíonn rochtain ar an gcanáil d'árthaí beaga, dhá dhroichead rochtana nua, deisiúcháin ar dhroichead áirse saoirseachta atá ann cheana féin, lintéir faoisimh tuilte, soláthar bloc áis nua seirbhíse, thart ar 1km de chanáil athchóirithe agus cosán tarraingthe le siúlóid lúbtha agus limistéar taitneamhachta.

Tá Uiscebhealaí Éireann, Fáilte Éireann agus Comhairle Contae Mhuineacháin ag comhoibriú ar phlean taithí cuairteoirí chun Céim 2 a bheochan agus a chur i ngníomh. Is é an sprioc ná *"Muiríne a fhorbairt a bheidh mar áit uathúil leis an uisce agus leis an oidhreacht áitiúil a thaiscéaladh: príomhmhol a chruthú ar an uiscebhealach, a ritheann go díreach isteach i gcroílár Chluain Eois, agus a chuireann geata ar fáil go dtí Co Mhuineacháin."*

Tá maoiniú de €40 milliún curtha ar fáil ag an Rialtas, tríd an gCiste Oileán Comhroinnte, do Chéim 3 le maoiniú meaitseála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Soláthrófar taitneamhacht inbhuanaithe turasóireachta agus áineasa do cheantar na teorann láir nuair a chríochnófar gach Céim de thionscadal athchóirithe Chanáil Uladh.

Féachfaidh an Rialtas le bheith ag obair leis an bhFeidhmeannas, lena n-áirítear tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, chun straitéis uileghabhálach a fhorbairt le chéile do chomhoibriú cúram sláinte ar fud an oileáin.

Tá sé tábhachtach dár n-oileán comhroinnte go leathnófar agus go gcuirfear ar fáil naisc oideachais uile-oileáin. Leanfar le deiseanna chun taithí agus acmhainní a roinnt ar thearcghnóthachtáil oideachais, riachtanais speisialta oideachais, luathbhlianta agus oideachas comhtháite. Díríonn an Clár Foghlama Comhroinnte le Chéile ar dheiseanna comhoibríocha do shuíomhanna oideachais faoi mhíbhuntáiste, úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga agus comhpháirtíochtaí iar-bhunscoile agus eagraíochtaí óige, i gcontaetha teorann thuaidh agus theas agus trasna an oileáin[40].

Tá sé ríthábhachtach leanúint ar aghaidh ag tacú le comhar agus comhoibriú idir institiúidí ardoideachais agus breisoideachais ar bhonn trasteorann.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 60

*Tacú le comhar trasteorann agus le maoiniú do sheirbhísí agus d'áiseanna sláinte agus oideachais.*

## Iompar

Cé go bhfuil infheistíocht shuntasach san iompar le 20 bliain anuas, cuirfidh daonra an oileáin atá ag dul i méid mar aon leis an bhfás leanúnach ar líon na dturasóirí agus ar an trácht lasta éilimh bhreise ar bhonneagar iompair, agus beidh gá le dícharbónú a dhéanamh ar na gréasáin iompair nasctha ar fud an oileáin, agus beidh pleanáil agus infheistíocht shuntasach agus chomhcheangailte ag teastáil. Thar shaolré an CNP, nascacht mhéadaithe iompair, lena n-áirítear seirbhísí bus agus iarnróid, ag cur san áireamh an Dréacht-Athbhreithnithe Iarnróid Straitéisigh Uile-Oileáin, féidearthacht maidir le nascacht aeir mhéadaithe agus leathnú agus cothabháil calafoirt a éascú, muirearú trasteorann Feithicle Leictreach a chur chun cinn agus a chabhróidh le líonraí agus bonneagar, gormbhealaí, féarbhealaí, móinbhealaí agus cosáin siúil chun oileán níos nasctha a chruthú.

Tá €600m geallta ag an Rialtas d'uasghrádú chonair iompair an A5 Thiar Thuaidh, agus obair ar uasghrádú gaolmhar N2 agus bóithre i Muineachán agus Dún na nGall a chur ar aghaidh chun nascacht bóithre Thiar Thuaidh a thabhairt cothrom le codanna eile den oileán, Thuaidh agus Theas.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 61

*I gcomhoibriú le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, nascacht iompair inbhuanaithe feabhsaithe idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear bóithre agus iarnróid trasteorann, bonneagar feithiclí leictreacha, bealaí rothaíochta agus siúil, chomh maith le gormbhealaí, féarbhealaí agus móinbhealaí.*

## Fuinneamh

Le comhar san earnáil fuinnimh, agus é stiúrtha ag an margadh leictreachais singil agus tógtha in éineacht le forbairt idirnaisc ar nós an Idirnascaire Thoir Thiar (INTT) in Éirinn agus Idirnascaire na Maoile i dTuaisceart Éireann laghdaíodh praghsanna fuinnimh, cuireadh feabhas ar dhianseasmhacht chórais fhuinnimh, bogadh amach ó a bheith ag brath beagnach go hiomlán an bhreoslaí iontaise, agus tacaíodh le geilleagar an oileáin.

D'admhaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann go bhfuil gá le hidirnascaire nua idir eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hÉireann, agus tá an tionscadal seo á chur chun cinn ag oibreoirí córais. Feabhsóidh seachadadh an Idirnascaire Thuaidh/Theas feidhmíocht an Mhargaidh Aonair Leictreachais, agus éascóidh sé comhtháthú leictreachais in-athnuaite isteach sa chóras cumhachta. Tá Éire ag obair freisin le tíortha eile ar nós an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe chun idirnasc leictreachais a fhorbairt agus leanfaidh sí ag tacú le caidrimh lenár gcomharsana Eorpacha chun ár nascacht idirnáisiúnta a fheabhsú.

Ar an gcaoi chéanna, beidh gá le huasghrádú agus neartú ar an gcóras eangaí freisin le hidirnasc méadaithe leis an bhFrainc, leis an Ríocht Aontaithe agus le tíortha eile. Tá Oibreoir an Chórais Tarchuir, Eirgrid, ag forbairt córas eangaí amach ón gcósta, a mbeidh gá le forbairt mhór agus leanúnach ar an bhfarraige chun tacú leis an gCreat Pleanála Náisiúnta.

Teastaíonn cur chuige comhcheangailte idir pleanáil spásúlachta talún agus mhuirí chun ár gcumas fuinnimh amach ón gcósta a bhaint amach. Ní mór deiseanna eacnamaíocha nua a fhéachann le leas a bhaint as ORE a ailíniú go spásúil chun cás gnó a thacaíonn lena chéile agus cinnteacht infheisteora a chinntiú.

Chun tacú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, beidh gá le neartú breise ar eangacha leictreacha le haghaidh codanna den teorainn faoi réir na gceadanna pleanála is gá chun slándáil fuinnimh a fheabhsú trí laghduithe breise ar a bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise, bogadh i dtreo na gaoithe, gáis, le gabháil agus ceapadh carbóin, bithmhais agus foinsí inathnuaite eile

40 Tá an clár PEACE PLUS (2021 – 2027) ag cur maoiniú ar fáil, ina leith seo.

# Cás-staidéar



# Tionscadal Comhoibrithe Taithí Chuilceach

**Rinne Comhairle Contae an Chabháin forbairt agus seachadadh ar son Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) an Chabháin i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí thar ceann LAG Fhear Manach agus na hÓmaí.**

Is é Sliabh Chuilceach (666 méadar) an pointe fócasach do Gheopháirc Dhomhanda Thailte Locha Cuilceach atá ainmnithe ag UNESCO, atá á comhbhainistiú ag Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí. Clúdaíonn an Gheopháirc réimse mór d'Iarthar an Chabháin agus d'Fhear Manach Thiar, 3,222km2 san iomlán agus ainmníodh é ar an gcéad Gheopháirc trasteorann ar domhan. Díríonn éiteas na nGeopháirceanna ar chur chuige ón mbun aníos a bhfuil pobail ina n-spreagthaí agus ina dtabhartóirí don ainmniúchán.

Mar thoradh air seo beidh táirge turasóireachta áineasa agus oidhreachta den scoth do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. Spreagfaidh sé cuairteoirí chun blaiseadh a fháil ar na ceantair seo den Gheopháirc nach bhfuil mórán aithne orthu agus meas a bheith acu ar oidhreacht nádúrtha an tírdhreacha ollmhór seo. Bhí forbairt clár rannpháirtíochta gnó don cheantar lárnach don iarratas seo. Is é an toradh a bheidh air sin ná soláthar méadaithe turasóireachta, rannpháirtíocht fheabhsaithe le pobail áitiúla, trí straitéis chumarsáide na Geopháirc agus an clár ambasadóra atá ann cheana féin, agus cruthú clár rannpháirtíochta inláimhsithe agus buan le gnólachtaí áitiúla chun forbairt inbhuanaithe na láithreach trasteorann uathúil seo a chur chun cinn.

Idir an dá linn, cabhraíonn an phíblíne Theas-Thuaidh, idirnasc Thoir-Theas feabhsaithe idir líonraí gáis an oileáin, an RA i gcoitinne agus na hEorpa chun socruithe tarchurtha gáis a chomhchuibhiú ar an oileán, le ceanglais an AE um chomhtháthú margaí gáis a chomhlíonadh.

Tacófar freisin le feabhas a chur ar shlándáil agus athléimneacht fuinnimh amach anseo chun tacú le daonra de 8 milliún duine trí idirnascadh breise thuaidh-theas de ghreillí leictreachais a chur chun cinn (féach Caibidil 9).

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 62

*I gcomhoibriú le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, infreastruchtúr fuinnimh uile-oileáin agus acmhainn idirnaisc a neartú, lena n-áirítear líonraí dáileacháin agus tarchurtha chun slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú, agus iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do chomhoibriú straitéiseach ar fhorbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta.*

## Cumarsáid

In aois an eolais, tá ról ríthábhachtach ag teileachumarsáid maidir le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chumasú. Le forbairt Project Kelvin, soláthar fairsing cáblaí fomhuirí agus talún a cheanglaíonn Tuaisceart Éireann le Meiriceá Thuaidh, cuirtear bonneagar teileachumarsáide ríthábhachtach ar fáil do bhailte agus do chathracha ar fud réigiún na teorann.

Tacóidh gníomhaíocht bhreise chun naisc chumarsáide a neartú i gcomhthéacs oileánach agus teorann leis an CNP, mar naisc idir mór-roinn Mheiriceá Thuaidh agus oileán na hÉireann agus an Eoraip a fheabhsú tuilleadh, rochtain dhíreach ar chórais sonraí cnámh droma idirnáisiúnta agus rolladh amach leanúnach d'idirghabhálacha cuí beartais phoiblí agus infheistíochta cosúil leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 63

*I gcomhar leis na Ranna cuí i dTuaisceart Éireann, infreastruchtúr cumarsáide agus seirbhísí digiteacha atá cobhsaí, nualaíoch agus slán a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin.*

## Turasóireacht

Tá Éire agus Tuaisceart Éireann araon tarraingteach den cheithre mhargadh céanna is mó ó chuairteoirí lasmuigh de mhargaí intíre, agus Fáilte Éireann, Turasóireacht Thuaisceart Éireann agus Turasóireacht Éireann ag iarraidh spéis idirnáisiúnta a ghabháil trí tharraingtí scála straitéiseacha a chur chun cinn chomh maith le tarraingtí turasóra aitheanta mar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Ceathrú an Titanic i mBéal Feirste.

Tá deiseanna breise ann chun nochtadh an mhargaidh a uasmhéadú trí chomhoibriú agus 'bearta brandála' téamaí lena n-áirítear Cósta an Tóchair a nascadh le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus réigiún teorann thailte locha le branda Oirthear Ársa na hÉireann. Le forbairt gormbhealaí mar Ghormbhealach na Sionainne - na hÉirne agus glasbhealaí mar Glasbhealach Canála Uladh, tugtar deis um thairiscint turasóireachta fheabhsaithe ar fud cheantar na teorann. Tá na trí ghníomhaireacht turasóireachta ag dul ar aghaidh le tionscnamh ilbhliantúil um chomhoibriú branda agus margaíochta trasteorann arna thacú ag Ciste na nOileán Comhroinnte.

Cuireann comhóstáil ar mhórimeachtaí spóirt, lena n-áirítear Craobhchomórtas UEFA EURO2028 ag Éirinn agus an RA, deiseanna móra ar fáil chun an tairiscint turasóireachta agus spóirt den scoth sa dá dhlínse a thaispeáint go hidirnáisiúnta.

Táthar ag súil go dtabharfar dhá thionscadal Glasbhealaí Trasteorann chun críche in 2024, is iad sin Féarbhealach Loch Cairlinn idir Lú agus an Dún agus Gréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt idir Dún na nGall agus Doire. Is iad na tionscadail seo, arna maoiniú trí scéimeanna maoinithe an Oileáin Chomhroinnte agus an AE, na bealaí fada rothaíochta/siúil a nascann Tuaisceart Éireann agus Éire. Ina theannta sin, is ionann Féarbhealach Chanáil Uladh a théann trí chontaetha Mhuineacháin, an Chabháin, Ard Mhacha agus Fhear Manach agus 12 chuid a ritheann go príomha in aice le canáil nach bhfuil in úsáid. Tá codanna ag céimeanna éagsúla seachadta agus osclaíodh cuid 11km idir Cluain Eois agus Cluain Fada i mí an Mheithimh 2024, arna mhaoiniú ag Ciste na nOileán Comhroinnte agus ag an gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe. Tá an poitéinseal ann go nascfadh conairí slímharcáilte laistigh de limistéir teorann in Éirinn le conairí seanbhunaithe i dTuaisceart Éireann chun gréasán féarbhealaí a chruthú ar fud an oileáin.

Tá sócmhainní agus tírdhreacha nádúrtha ar nós na n-áiseanna talaimh aird agus locha a shíneann trasna na teorann, na rianta litríochta agus líonraí na mbailte stairiúla tábhachtach ní hamháin don turasóireacht ach freisin le haghaidh oidhreacht thógtha agus nádúrtha roinnte. Tá feabhsú na n-áiteanna agus na ngnéithe sin tábhachtach don fhorbairt réigiúnach agus áitiúil sna ceantair teorann agus don líonra bailte beaga agus sráidbhailte agus pobail cheilte ar an dá thaobh den teorainn.



Tacóidh infheistíocht in oidhreacht thógtha agus nádúrtha an oileáin agus tionscadail a aithníonn traidisiúin éagsúla pobail, chultúrtha agus teanga an oileáin le tairiscint turasóireachta oidhreachta nasctha. Tá eispéireas cuairteoirí athnuaite do shuíomh Chath na Bóinne á chur chun cinn chun próifíl oidhreachta agus turasóireachta an tsuímh a bhfuil tábhacht stairiúil agus pobail uathúil aige ar an oileán a ardú. Tá páirceanna oidhreachta trasteorann mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO na n-Uaimheanna Marmair i bhFear Manach agus i gCabhán á bhforbairt a thuilleadh agus tá obair agus comhoibriú leanúnach ar siúl idir Údaráis na hÉireann agus Thuaisceart Éireann i ndáil le tairiscint trasteorann um Shuíomhanna Ríoga na hÉireann um Oidhreacht Dhomhanda agus Réadlanna Réalteolaíocha na hÉireann feidhm Liosta Sealadach Oidhreachta Domhanda trasteorann.

Leanfaidh an Rialtas freisin ag cur le maoiniú do raon leathan tionscnamh trasteorann sna healaíona agus sa chultúr agus cosaint agus forbairt a dhéanamh ar thraidisiúin na Gaeilge agus Albainis Uladh ar fud an oileáin lena n-áirítear trí na comhlachtaí teanga Thuaidh Theas.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 64**

*Tacú le comhordú agus cur chun cinn tionscnamh turasóireachta uile-oileáin trí chomhoibriú leanúnach idir na gníomhaireachtaí turasóireachta ábhartha agus Turasóireacht Éireann, leanúint le forbairt bhreise spóirt, agus infheistíocht a dhéanamh in oidhreacht, ealaíona agus traidisiúin chultúrtha agus teanga an oileáin éagsúla.*

## 8.5 Ár dTimpeallacht Roinnte a Bhainistiú go Freagrach

**Is aonán éiceolaíochta amháin é oileán na hÉireann. Tá cineálacha cur chuige trasteorann dea-chomhordaithe ríthábhachtach le haghaidh gníomhaíochtaí pleanála agus infheistíochta éifeachtacha, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ó ghlúin go glúin a bhaineann le cliseadh aeráide agus le géarchéim na bithéagsúlachta, agus chun acmhainní coiteanna comhshaoil an oileáin a chosaint.**

Leanfaidh Margadh Glas na hEorpa ar aghaidh ag múnlú cur chuige na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil, agus oibreoidh an Rialtas leis an bhFeidhmeannas tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas agus le Rialtas na RA chun cur chuige a chomhordú agus a bharrfheabhsú d'oileán na hÉireann ina iomláine.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus gníomhaireachtaí eile ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann. Tá rannpháirtíocht níos leithne - lena n-áirítear taighdeoirí, páirtithe leasmhara comhshaoil, eacnamaíocha agus sochaí sibhialta ar an oileán - ríthábhachtach freisin don ghníomh sochaí iomlán is gá chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus caomhnú comhshaoil agus tacófar leis.

Is tosaíochtaí straitéiseacha iad pleanáil chomhordaithe agus comhar maidir le gréasáin iompair inbhuanaithe agus bonneagar fuinnimh in-athnuaite a sheachadadh. Leanfaidh an Rialtas freisin cur chuige comhordaithe uile-oileáin lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, cosaint ár gcomhshaoil mhuirí agus chósta agus cosaint na bithéagsúlachta. Tá Éire ina Páirtí i gCoinbhinsiún UNECE ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann (Coinbhinsiún Espoo), a chuireann oibleagáid ar Pháirtithe conarthacha dul i gcomhairle lena chéile maidir le forbairt bheartaithe a bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith aici ar an gcomhshaol. Is príomhuirlis é Coinbhinsiún Espoo chun béim níos mó a chur ar chosaint an chomhshaoil trí dhíriú ar thrédhearcacht, rannpháirtíocht an phobail, maolú agus faireachán ar éifeachtaí comhshaoil.

Tá caidreamh trasteorann fadtéarmach ag Éirinn maidir le measúnú tionchair timpeallachta (MTT) leis an RA mar an comharsa is gaire dúinn. Ó d'fhág an RA an tAontas Eorpach, tá méadú tagtha ar ábharthacht Choinbhinsiún Espoo, toisc go bhfuil an RA ina Páirtí sa Choinbhinsiún freisin, rud a chiallaíonn gurb í an phríomh-mheicníocht dhlíthiúil atá mar bhonn agus thaca ag caidreamh leanúnach trasteorann comhairliúcháin EIA, a bhí mar bhonn taca roimhe seo ag an Treoir EIA an AE.

Ní mór tacaíocht a thabhairt don chomhthéacs uile-oileánda do ghníomhaíocht aeráide, do cháilíocht aeir agus uisce agus do chaomhnú na bithéagsúlachta agus do chosaint ár sócmhainní comhoidhreachta don ghníomh sochaí iomlán is gá chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus caomhnú an chomhshaoil. Tá seachadadh feithiclí leictreacha uile-oileáin agus gréasáin iompair inbhuanaithe eile agus bonneagar fuinnimh in-athnuaite ríthábhachtach chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Is gá cineálacha cur chuige comhordaithe uile-oileáin a shaothrú chomh maith, maidir leis an ngeilleagar ciorclach, cosaint ár gcomhshaoil muirí agus cósta agus cosaint na bithéagsúlachta.[41]

Teastaíonn bainistíocht ag an dá dhlínse le haghaidh straitéisí bunaithe ar abhantrach agus tá róil agus cúraimí ag roinnt Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas sna réimsí sin i dteannta le comhordú tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

Le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach níl aon cheanglas ann a thuilleadh, mar a shonraítear i gCreat-Treoir Uisce an AE (WFD), iarrachtaí a chomhordú idir an dá dhlínse maidir le ceantair idirnáisiúnta abhantraí agus é mar aidhm acu ceann amháin a tháirgeadh le plean bainistíochta aonair. Mar sin féin, tá an dá dhlínse tiomanta trína bpleananna bainistíochta abhantraí faoi seach, freagracht iomlán a ghlacadh as cur i bhfeidhm gach beart ina gcríoch náisiúnta, lena n-áirítear aon chuid de Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta atá laistigh dá gcríoch náisiúnta. Aithnítear oileán na hÉireann mar aonad comhshaoil amháin:

- á ceantair mhóra suite laistigh d'abhantracha trasteorann;
- tá roinnt uiscí i ngach dlínse ag sreabhadh isteach nó tríd an dlínse eile;
- tá aibhneacha agus lochanna oileán na hÉireann sainithe mar a bheadh laistigh d'éicearéigiún amháin (éicearéigiún 17) lena gceanglaítear leibhéal ard comhordaithe idir na húdaráis sa dá dhlínse, chun bainistiú comhsheasmhach ar an gcomhshaol uisceach ina iomláine a áirithiú;
- tá gach uisce cósta agus trasdula timpeall oileán na hÉireann cuimsithe in aon éicearéigiún amháin (éicearéigiún 1) agus ní mór comhordú dlúth a dhéanamh ar a mbainistíocht; agus
- tá 37 gcomhlacht screamhuisce freisin ata roinnte idir an dá dhlínse agus nach mór bainistíocht chomhordaithe a dhéanamh orthu.

Agus tacaíocht á tabhairt d'fhreagrachtaí comhshaoil faoin gCreat Náisiúnta Pleanála, déanfaidh gníomhartha roinnte i leith ár dtimpeallachta roinnte cinntiú go mbeidh comhordú ar siúl idir an dá dhlínse trí:

41 Tosaíochtaí infheistíochta straitéiseacha le haghaidh oileán níos inbhuanaithe leagtha amach ar leathanach 167, An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030.

- Beartais phleanála agus pleananna bainistíochta abhantraí a ailíniú le haghaidh córas abhann iomlán faoin gCreat-treoir Uisce;
- Comhordú faoi mheasúnacht ar nádúr an tírdhreacha lena n-áirítear bainistíocht agus margaíocht láithreán oidhreachta domhanda agus láithreáin iarrthóra oidhreachta domhanda;
- Gnáthóga a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear láithreáin chosanta taobh le chéile agus trasteorann; agus
- Comhordú ar bheartais phleanála ábhartha a théann i bhfeidhm ar uiscí agus ar fharraigí comhroinnte
- Infheistíocht chomhordaithe chun tailte móna réigiúin trasteorann a chaomhnú chun tacú le bithéagsúlacht, chun seirbhísí luachmhara éiceachórais a sholáthar agus chun gníomhú mar linnte carbóin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 65**

*I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, déanamh cinnte go mbainistítear go héifeachtach tírdhreacha, dobharcheantair, gnáthóga, speicis agus saincheisteanna trasteorann roinnte maidir le beartas comhshaoil.*

## 8.6 Éire agus Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag

Anuas ar Dhearcadh na hEorpa i leith Forbartha Spásúla i 1999, bhí Éire ar cheann de na céad thíortha san Eoraip a d'fhoilsigh straitéis spásúil ar scála náisiúnta tríd an Straitéis Spásúil Náisiúnta i 2002. Ó shin i leith, is gnáthrud é cur chuige den sórt sin i dtreo pleanála náisiúnta ar fud na hEorpa.

Tá pleananna spásúla ag gach ceann de na comharsana is gaire dúinn sa RA dá gcuid ceantar bunreachta riaracháin nó tá siad i mbun pleananna nua a dhéanamh. Ina measc tá an Straitéis Forbartha Réigiúnaí i dTuaisceart Éireann, agus na Creataí Pleanála in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i Sasana.

Agus dúshláin dhomhanda iomadúla le sárú tá obair trasteorann tábhachtach um chomhtháthú críche níos fearr agus chun béim a leagan ar dheiseanna um fás agus forbairt sa todhchaí. Ar leibhéal náisiúnta, tá Rialtas na hÉireann tiomanta chun oibriú lenár gcomharsana maidir le saincheisteanna náisiúnta comhleasa.

Ó thaobh pleanála náisiúnta de, cuireann obair Chomhairle na Breataine-na fóram tábhachtach ar fáil trína bhfuil comhar praiticiúil agus roinnt eolais i measc na Rialtas agus na riarachán cineachta ag cabhrú le forbairt a chomhordú i réimsí mar phleanáil spásúil, nascacht bonneagair, saincheisteanna timpeallachta trasteorann agus fuinneamh inathnuaite.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 66**

*I gcomhoibriú le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus le Rialtais chineachta Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, tacóidh Éire le forbairt beartais agus le gníomhaíocht bheartais chomhthairbheach i réimsí na pleanála spáis agus bonneagair agus réimsí gaolmhara eile.*



Agus dúshláin dhomhanda iomadúla le sárú tá obair trasteorann tábhachtach um chomhtháthú críche níos fearr agus chun béim a leagan ar dheiseanna um fás agus forbairt sa todhchaí.



# 9 Aistriú Aeráide agus Ár dTimpeallacht

Tá timpeallacht agus tírdhreacha éagsúla na hÉireann mar chuid dár bpearsantacht 'ghlas' agus tá go leor cúiseanna bróid againn.

# 9.1 Aeráide agus Cumas Comhshaoil

## Tá timpeallacht agus tírdhreacha éagsúla na hÉireann mar chuid dár bpearsantacht 'ghlas' agus tá go leor cúiseanna bróid againn.

I measc na bpríomhdhúshlán timpeallacha náisiúnta tá an gá le gníomh ar son na hathrú aeráide a bhrostú, rioscaí sláinte don uisce óil, fuíolluisce uirbeach a chóireáil, gnáthóga tábhachtacha agus leochaileacha a chosaint chomh maith le tuath fhiáin ag dul i léig agus déileáil le fadhbanna caighdeáin aeir i gceantair uirbeacha. Tá sé tábhachtach freisin spás a chur ar fáil don dúlra amach anseo, agus ár ndaonra ag dul i méid.

Tá an bealach ina ndéanann muid pleanáil tábhachtach d'inbhuanaitheacht ár dtimpeallachta. Bíonn tionchar ag ár gcóras pleanála thar raon leathan earnálacha, idir tionchar díreach agus indíreach agus idirghníomhaíonn sé le go leor saincheisteanna coitianta maidir le bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil, agus ina measc seirbhísí uisce, tírdhreach, pleanáil um riosca tuilte, cosaint láithreán agus speiceas sainithe, bainistíocht chósta agus mhara, maolú ar an agus oiriúnú don athrú aeráide, agus athrú ar úsáid talún.

Mar chuid den Chreat Pleanála Náisiúnta, ag teacht le fís an AE maidir le maireachtáil go maith, laistigh dár dteorainneacha agus chun tacú le beartas comhshaoil ag an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, tabharfaidh an Rialtas aghaidh ar ár ndúshláin chomhshaoil trí na haidhmeanna uileghabhálacha seo a leanas:

### Éifeachtúlacht Acmhainní agus Aistriú go Geilleagar Ísealcharbóin

**Bainistíocht Talún Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Acmhainní**
Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh chun pleanáil agus bainistíocht talamhúsáide níos inbhuanaithe maidir lenár acmhainní agus sócmhainní nádúrtha a chumasú.

**Geilleagar Ísealcharbóin**
Ár ngá le gníomhú ar son an athraithe aeráide a luathú.

**Fuinneamh In-Athnuaite**
Ár n-aistriú go dtí todhchaí d'fhuinneamh ísealcharbóin.

**Dramhaíl a Bhainistiú**
An cumas imleor agus na córais imleora chun dramhaíl a bhainistiú ar bhealach a bheidh sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh inbhuanaithe.

### Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú

**Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce**
Riosca tuilte a mheas i bpleanáil agus i mbainistíocht fhorbartha agus fuíolluisce uirbeach á chóireáil.

**Pleanáil um Bonneagar Glas**
Ár gcuid gnáthóg, tírdhreach, oidhreachta nádúrtha agus spásanna glasa leochaileacha a chosaint.

### Timpeallacht Ghlan a Chruthú le haghaidh Sochaí Folláine

**Cáilíocht Uisce**
Na naisc a aithint agus déileáil le dúshláin leanúnacha idir gníomhaíocht fhorbartha, cáilíocht uisce agus ár sláinte.

**Aer Níos Glaine a Chur chun Cinn**
Déileáil le fadhbanna cáilíochta aeir i gceantair uirbeacha agus tuaithe trí phleanáil agus dhearadh níos fearr.

**Bainistíocht Torainn**
Bearta comhsheasmhacha a chuimsiú chun torann a mhaolú agus a íoslaghdú nó chun bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 67**

*Beidh an córas pleanála freagrúil dár ndúshlán náisiúnta comhshaoil agus cinnteoidh sé go dtarlóidh forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, ag féachaint do riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na reachtaíochta comhshaoil agus aeráide ábhartha ar fad agus bainistíocht inbhuanaithe ár gcaipiteal nádúrtha.*

## 9.2 Éifeachtúlacht Acmhainní agus Aistriú go Geilleagar Neamhcharbóin

### Gníomhú ar son na hAeráide agus Pleanáil

Tá an aeráid dhomhanda ag athrú agus beidh torthaí ag na hathruithe atá ar siúl ar Éirinn i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2040 agus ina diaidh. Is gá dul i ngleic le cúiseanna fadtéarmacha an athraithe aeráide trínár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus sinn ag oiriúnú dá thionchair sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Tá an Rialtas tiomanta do spriocanna a bhaint amach a mbeidh glacadh le sraith buiséad carbóin agus Pleananna Gníomhaíochta Aeráide náisiúnta mar bhonn agus mar thaca acu don tréimhse go dtí 2050, arna threorú ag beartas na NA agus an AE. Tá príomhbheartais náisiúnta eile mar bhonn agus thaca ag na gníomhartha seo freisin lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála.

Chomh maith le spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a comhaontaíodh ar leibhéal an AE, is cuspóir náisiúnta é d'Éirinn aistriú go geilleagar iomaíoch nialasach, tráth nach déanaí ná 2050.

Chun ár gcuid gealltanas a chomhlíonadh beidh gá le hinfheistíocht agus le gníomhartha uaillmhianacha agus éifeachtacha i ngach earnáil, chomh maith le hathrú ar iompar na sochaí.

Mar oileán, tá sé chun ár leasa déanamh cinnte go bhfreagraíonn muid d'athrú aeráide agus dá chuid tionchar mar athrú ar leibhéal farraige, imeachtaí báistí níos minice agus marthanaí agus ceantair ísle atá níos leochailí do thuilte. D'fhéadfadh go mbeadh na ceantair ina bhfuil an daonra is dlúithe, i mbaol mura nglacfadh muid na céimeanna oiriúnacha i mbainistíocht riosca tuilte. Tá torthaí móra do tháirgeadh bia agus don bhithéagsúlacht ag gabháil le hathrú aeráide chomh maith.

Má tá Éire le cúiteamh a dhéanamh ar thalamh caillte maidir le spriocanna laghdaithe carbóin agus bogadh i dtreo an chuspóra Éire náid charbóin agus athléimneach ó thaobh aeráide de faoi 2050, is gá roghanna a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéanaimid fás a chothromú le cur chuige níos inbhuanaithe maidir le forbairt agus úsáid talún agus scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le beartas pleanála cuidiú le cinntí bonneagair náisiúnta a mhúnlú.

Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag foraoiseacha na hÉireann maidir le cabhrú le maolú athrú aeráide, trí cheapadh carbóin i bhforaoiseacha agus breoslaí agus amhábhair inathnuaite a sholáthar. Is linn charbóin mhór í foraoiseacht na hÉireann agus is í an rogha maolaithe is mó atá ar fáil d'earnáil úsáide talún na hÉireann.

Soláthraíonn an próiseas pleanála modh seanbhunaithe chun cuspóirí an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú, lena n-áirítear maolú agus oiriúnú, ag an leibhéal áitiúil. Sa reachtaíocht phleanála chomh maith, ceanglaítear go dtabharfaí aghaidh ar athrú aeráide.

Aibhsíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil[42] gur tháinig athruithe forleathana tapa ar ghníomhaíocht dhaonna i ngach gné den chóras aeráide domhanda le himeachtaí foircneacha le déanaí in Éirinn ag cur béime ar leochaileacht daoine aonair, pobail, earnálacha agus éiceachórais i leith athrú aeráide agus léiríonn siad easnamh oiriúnaithe. Ní mór réitigh a chur i bhfeidhm ar fud gach earnála agus sochaí. Baineann dúshláin chomhshaoil na hÉireann le hábhair chomhshaoil éagsúla, amhail aeráid, aer, ithir, uisce, bithéagsúlacht agus dramhaíl, agus trasna eagraíochtaí agus earnálacha, gnó agus gach leibhéal den tsochaí.




42 Measúnú ar Athrú Aeráide na hÉireann, 2023 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ní mór acmhainn comhshaoil agus foinse a bheith mar phríomh-bhreithniú agus réimsí fáis á sainaithint. Tá cumas an chomhshaoil agus na hacmhainne nádúrtha ríthábhachtach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

**Ó 2018 i leith, tá freagraí suntasacha tugtha chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide i bhfoirm Treoracha ón AE, reachtaíocht náisiúnta agus cineálacha cur chuige beartais, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:**

- Plean Gníomhaíochta an AE: I dtreo Truaillithe Nialasaigh d'Aer, Uisce agus Ithir, 2021.
- Pacáiste AE Ábalta do 55
- An Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite athmhúnlaithe (Treoir AE/2018/2001 agus lena leasaítear Treoir AE/2023/2413)
- An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh (EPBD),
- An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú), 2021,
- Plean Gníomhaíochta Aeráide 2023 (faoi réir athbhreithnithe bliantúla)
- Céim 1 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún,
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2020,
- An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022,
- Straitéis Geilleagar Ciorclach 2022,
- Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagar 2023 – 2025
- Creat Náisiúnta Oiriúnaithe
- Pleananna Oiriúnaithe Earnála
- Plean Forfheidhmithe na Straitéise Foraoiseachta lena n-áirítear an Clár Foraoiseachta 2023-2027 (féach an Chaibidil Tuaithe)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 go 2021
- 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2023–2030
- An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2023
- An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027 [Sprioc Straitéiseach Ardleibhéil Uimh. 5]

**I measc na gcur chuige atá ag teacht chun cinn maidir le Reachtaíocht agus Beartas tá:**

- Togra le haghaidh Rialacháin den Acht Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, 2023.
- Togra le haghaidh an Achta Eorpach um Thionscal Glan-Nialais, 2023.
- Togra le haghaidh Dlí Eorpach um Athchóiriú an Dúlra
- Togra le haghaidh Treorach maidir le Creat Deimhniúcháin um Baint Carbóin de chuid an AE
- Togra le haghaidh Monatóireachta agus Athléimneacht Ithreach an AE (Dlí Monatóireachta Ithir)
- Dréacht-Straitéis Náisiúnta Bithmheatán
- Céim 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún
- Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024
- Plean Gníomhaíochta an AE maidir le hEangacha, Gníomhaíochtaí chun dlús a chur le rolladh amach eangacha leictreachais (europa.eu)

**Is féidir leis an gCreat seo tacú leis an bhfreagairt ar athrú aeráide trí laghdú ar gháis cheaptha teasa a spreagadh trí bhearta éagsúla lena n-áirítear:**

- rath ár ndlúthchuspóirí fáis agus an laghdú iarmhartach ar an tógáil talún iomlán;
- atá nasctha leis an idirghníomhú idir pleanáil talamhúsáide agus bonneagar iompair, an poitéinseal gaolmhar le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí carbóin de bharr patrúin comaitéireachta laghdaithe a bhaineann le fás sa todhchaí;
- athúsáid foirgneamh atá ann cheana a chur chun cinn chun astaíochtaí a bhaineann le tógáil nua a laghdú;
- an laghdú leanúnach ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus dícharbónú an chórais fuinnimh ina iomláine agus go háirithe an earnáil leictreachais trí spriocanna a aithint do leictreachas in-athnuaite agus feidhmiú céimneach luathaithe fuinnimh gaoithe ar an gcladach agus forbairt gréine
- polasaithe pleanála a spreagadh atá athléimneach ó thaobh na haeráide de
- forbairtí míchuí a theorannú i gceantair inar dócha go mbeidh an tionchar is déine ar an aeráid
- Treoir a sholáthar d'údaráis áitiúla maidir le cleachtais phleanála atá athléimneach ó thaobh aeráide de, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar an dúlra.

## Bainistíocht Inbhuanaithe Talún agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Tharla athruithe móra ar úsáid talún in Éirinn ó bhí na 1990í luatha ann. Mar gheall ar fhás an daonra le déanaí tharla méadú ar fhorbairt chónaitheach agus ghnó agus ar bhonneagar sin, agus mar thoradh air sin cuireadh brú ar thalamh talmhaíochta, ceantair sainithe um chaomhnú dúlra agus cáilíocht uisce.

Agus freastal á dhéanamh ar aon mhilliún duine sa bhreis agus bogadh i dtreo foinsí in-athnuaite. is dócha go n-áireofar san éileamh méadaithe ar thalamh suíomhanna oiriúnacha a aithint d'fhuinneamh in-athnuaite agus naisc ghaolmhara eangaí, soláthar bithfhuinnimh, bainistíocht dramhaíola, táirgeadh bia talmhaíochta, foraoiseacht, agus seirbhísí eile talún mar aon leis an ngá atá lenár gcathracha, bailte agus sráidbhailte reatha a chomhdhlúthúle tógáil níos mó tithe, scoileanna, tionscail agus áiseanna eile agus ag an am céanna cosaint a dhéanamh ar thábhacht oidhreachta cultúrtha na timpeallachta tógtha stairiúla agus tírdhreacha cultúrtha agus caomhnú agus athchóiriú dúlra. Is gá iomaíocht i gcomhair acmhainní talún a bhainistiú go cúramach agus is iad nádúr agus ráta an athraithe ar úsáid talún a thugann le fios cá háit is dóchúil go dtiocfaidh brú ar an gcomhshaol chun cinn sa todhchaí. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí iniúchadh ar shineirgí idir fóntais agus comhpháirtithe seachadta bonneagair agus go ndéantar cumas comhshaoil na timpeallachta glactha a mheas ar bhealach comhtháite i ndéanamh beartais agus pleananna

## Athbhreithniú ar Úsáid Talún

Thug an Clár do Rialtas[43] don gealltanas d'Athbhreithniú ar Úsáid Talún chun a chinntiú go mbíonn na roghanna is fearr maidir le húsáid talún mar bhonn eolais do gach cinneadh Rialtais ábhartha. Féachann an tAthbhreithniú ar Úsáid Talún le húsáid talún a bharrfheabhsú chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach maidir le haeráid, aer, bithéagsúlacht agus uisce agus ag an am céanna tacú le baint amach cuspóirí socheacnamaíocha i gceantair thuaithe agus uirbeacha.

Soláthraíonn Céim I den Athbhreithniú ar Úsáid Talún[44] bonn fianaise chun tréithe comhshaoil, éiceolaíochta agus eacnamaíocha na gcineálacha talún ar fud na hÉireann a chinneadh.

Cuireadh tús le Céim 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún an 26 Deireadh Fómhair 2023 agus féachann sé leis na príomhéilimh ar thalamh (idir phoiblí agus phríobháideach) a aithint chun eolas a thabhairt do bheartais maidir le húsáid talún ar fud príomhchuspóirí an Rialtais, ag feabhsú cáilíocht socheacnamaíoch, aeráide, bithéagsúlachta, agus torthaí uisce agus aeir.

## Geilleagar Ciorclach

Tá Éire ag déanamh dul chun cinn lena forbairt mar gheilleagar agus bhithgheilleagar ciorclach ina gcoimeádtar luach gach táirge, ábhair agus acmhainne chomh fada agus is féidir agus ina laghdaítear go mór dramhaíl nó go gcuirtear deireadh léi fiú. Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngeilleagar ciorclach, beidh gá le héifeachtúlacht níos fearr le hamhábhair, fuinneamh, uisce, spás agus bia trí acmhainní nádúrtha a athúsáid nuair is féidir agus i gcás ina mbeidh táirgí atá deartha go cliste bunaithe ar bhunábhar plaisteach malartach agus ábhair in-athchúrsáilte mar bhonn le timthriallta ábhar cliste, chun níos lú dramhaíola a chruthú agus úsáid acmhainní a laghdú. Tá na foirgnimh féin mar chuid den gheilleagar ciorclach, agus laghdóidh bearta a spreagann athúsáid thar scartáil nó tréigthe dramhaíl chomh maith le dlús a choinneáil agus oidhreacht a chosaint.

Ghlac an Coimisiún Eorpach an plean gníomhaíochta um gheilleagar ciorclach (CEAP) i mí an Mhárta 2020. Mhol an Coimisiún Eorpach ráta athchúrsála de 65% le haghaidh 2030 don Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh.

Díríonn cur chuige an gheilleagair chiorclaigh ar úsáid acmhainní ábhar a laghdú, ar dhramhaíl a chosc agus a dhearadh agus ar athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm ag leibhéal an duine aonair, an teaghlaigh agus an ghnó.

Soláthraíonn an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022[45] creat reachtúil chun bogadh ó fhócas ar bhainistiú dramhaíola, go fócas i bhfad níos mó ar phatrúin táirgthe agus tomhaltais a oiriúnú; giniúint dramhaíola a laghdú; agus saol táirgiúil na n-earraí agus na dtáirgí go léir a leathnú. Leagann an Straitéis um Gheilleagar Ciorclach a foilsíodh in 2022 amach cúrsa d'Éirinn chun aistriú trasna gach earnála i dtreo na ciorclaíochta.

Is féidir ábhair bhithbhunaithe mar adhmad, barra nó snáithíní, a úsáid le haghaidh raoin de tháirgí agus de mhodhanna úsáide fuinnimh. Chomh maith le rogha a sholáthar in ionad táirgí bunaithe ar iontaise, tá táirgí bithbhunaithe inathnuaite, in-bhithmhillte agus inmhúirínithe. Ag an am céanna, chun acmhainní bitheolaíocha a úsáid, is gá aird a thabhairt ar a saolré, ar a dtionchair chomhshaoil agus ar fhoinsí inbhuanaithe dóibh.

Baineann an cur chuige geilleagair chiorclaigh sin le bainistíocht úsáid talún chomh maith. Sa Chreat seo leagtar amach na rátaí athchúrsála le haghaidh úsáid talún athfhorbraíochta, trí héileamh go dtógfaí 40% de thithe nua ar thailte inlíonta agus athfhorbraíochta agus moltar stoc foirgneamh reatha a athúsáid.

43 Clár don Rialtas https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/
44 Céim 1 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún gov.ie - Land Use Review – Phase 1 (www.gov.ie)
45 a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)

Cás-staidéar

# Clár Geilleagar Ciorclach

**Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a stiúrann an Clár Geilleagar Ciorclach, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, agus clár reachtúil faoin Acht um Gheilleagar Ciorclach, 2022.**

Is í fís an Chláir Éire ina gcinntíonn an Geilleagar Ciorclach go n-úsáideann gach duine níos lú acmhainní agus go seachnaíonn sé dramhaíl chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach. Soláthraíonn an Clár gníomhaíochtaí chun an geilleagar ciorclach a chur i bhfeidhm, a rialáil agus a thomhas.



## Cás Staidéar

# Bith-gheilleagar

**Fógraíodh Ciste na nOileán Comhroinnte i mBuiséad 2021, agus tá €500 milliún de mhaoiniú caipitil ar fáil idir 2021-2025 imfhálaithe le haghaidh infheistíochta i dtionscadail chomhoibríocha Thuaidh-Theas.**

Mar chuid de Chiste na nOileán Comhroinnte, tá €7 milliún bronnta ag an Rialtas do Scéim Tionscnaimh Taispeána Bithgheilleagair chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bithgheilleagar inbhuanaithe, nualaíoch agus ciorclach ar bhonn Oileán comhroinnte, agus é mar aidhm leis earnáil an agraibhia a athrú ó bhonn agus poist a chruthú sa gheilleagar tuaithe, agus cósta agus pobail tuaithe agus cósta a chothú. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) ag obair i gcomhairle leis an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) i dTuaisceart Éireann chun an deis a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin chun forbairt tionscadal inbhuanaithe agus ciorclach a spreagadh don agra-bhithgheilleagar agus don bhithgheilleagar gorm ar fud Oileán na hÉireann.

IdirThrádáil Éireann agus Bithmhapa Uile-Oileáin https://intertradeireland.com/innovation/synergy/all-island-biomap. Is braisle é Fond-úireacht Bithgheilleagair na hÉireann (FBÉ) atá ag feidhmiú in Éirinn chun aistriú acmhainní nádúrtha go táirgí ardluacha a chur chun cinn, chun bithgheilleagar inbhuanaithe a fhorbairt.

D'fhorbair an FBÉ 'bithmhapa' le cabhair ó IdirThrádáil Éireann chun léargas a thabhairt ar áit an mhargaidh agus ar an bpoitéinseal do bhithgheilleagar in Éirinn. Bhí an bhithléarscáil uile-oileáin in ann an slabhra luacha de 48 cuideachta a dhoiciméadú le cóimheas 50:50 bunaithe ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Is iad a mhéad is a thugann muid tosaíocht d'úsáid talún athfhorbraíochta in ionad úsáid ghlasbháin, go spreagann muid úsáid agus athúsáid foirgneamh i gceantair uirbeacha agus tuaithe, agus a laghdaíonn muid sraoilleáil, a chabhróidh ar fad le héifeachtúlacht úsáid talún a mhéadú chomh maith le luas an séalú ithreach i.e. clúdach na talún le hábhar neamhscagach agus meathlú ithreach dá bharr sin. I measc samplaí eile tá comhshuíomh agus braisliú úsáidí agus infreastruchtúir ar nós scoileanna agus áiseanna spóirt, teicneolaíochtaí in-athnuaite agus úsáideoirí móréilimh ar fhuinneamh, tionscal dian ar an talamh agus fiontraíocht.

### Bithgheilleagar Ciorclach

Cé go bhfuil deis ann i gceantair thuaithe agus chósta go leor cineálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt, agus go ndéanfaidh siad iad a fhorbairt, tá buntáiste iomaíoch ag gabháil leis na gníomhaíochtaí úd a bhaineann leis an mbithgheilleagar. Cuimsíonn an bithgheilleagar "táirgeadh acmhainní bitheolaíocha inathnuaite - mar bharra, foraoiseacha, éisc, ainmhithe, agus micrea-orgánaigh agus na hacmhainní agus na fuílligh srutha dramhaíola, fotháirgí nó dramhaíl sholadach chathrach a thiontú go táirgí breisluacha, mar bhia, bheatha, táirgí bithbhunaithe agus bithfhuinneamh (An Coimisiún Eorpach 2012). Cuirfidh an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí agus níos bith-gheilleagar, áit a gcoinnítear luach táirgí, ábhar agus acmhainní bithbhunaithe sa gheilleagar chomh fada agus is féidir, agus ina laghdaítear dramhaíl a ghiniúint, rannchuidiú bunriachtanach lenár sprioc náisiúnta de. geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a fhorbairt.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 68**

*Tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar trí éifeachtúlacht níos fearr i ndáil le talamh agus bainistiú ábhar, tacú le hathúsáid foirgneamh agus struchtúr atá bunaithe cheana féin, agus an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha á caomhnú, níos mó úsáide a bhaint as acmhainní in-athnuaite agus an ráta athraithe talamhúsáide ó shraoilleáil agus ó fhorbairt nua a laghdú.*



## Cumascáin agus Mianraí

Tá tionscail eastóscacha tábhachtach chun cumascáin agus ábhair fhoirgníochta a sholáthar d'earnálacha éagsúla, le haghaidh riachtanas sa bhaile agus le honnmhairiú. Beidh ról lárnach ag an bpróiseas pleanála in acmhainn an earnáil tionscal eastóscach a chomhlíonadh trí thaiscí tábhachtacha cumascán agus mianraí a aithint agus a chosaint ó fhorbairt a d'fhéadfadh teacht salach ar a n-úsáid.

Leanfar le heastóscadh comhiomláin agus mianraí a chumasú nuair atá sé sin ag luí le cosaint an chomhshaoil ó thaobh cháilíocht an aeir agus an uisce, na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha, cáilíocht maireachtála na gcónaitheoirí sa chomharsanacht, agus forálann sé d'athshlánú suímh chuí go háirithe maidir le deiseanna a d'fhéadfaí a sholáthar chun an dúlra a fheabhsú nó a athbhunú i gcomhréir le beartais an AE, amhail Margadh Glas an AE agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2020, agus ionstraimí reachtacha.

Tá fíorthábhacht eacnamaíoch ag baint le hamhábhair chriticiúla don Eoraip agus iad an-leochaileach freisin ó bhriseadh soláthair. Tá éileamh domhanda méadaitheach ag teacht ar amhábhair ríthábhachtacha, arna thiomáint ag dícharbónú na ngeilleagair. I mí an Mhárta 2023, mhol Coimisiún an AE an tAcht um Amhábhair Chriticiúla, ceann de thrí phríomhthionscnamh reachtacha Phlean Tionscail an Chomhaontaithe Ghlais, chun iomaíochas thionscal glan-nialais na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú le haistriú tapa chuig neodracht aeráide. Forálann sé do shraith Gníomhaíochtaí chun rochtain an AE ar sholáthar slán, éagsúlaithe, inacmhainne agus inbhuanaithe d'amhábhar ríthábhachtach a áirithiú.

## Bithmheatán

Is gás in-athnuaite carbóin-neodrach é bithmheatán a dhéantar as dramhaíl feirme agus bia trí phróiseas ar a dtugtar díleá anaeróbach. Foilsíodh Straitéis Náisiúnta Bithmheatán[46] polasaithe a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici an sprioc uaillmhianach 5.7 TWh de bhithmheatán dúchasach a tháirgeadh faoi 2030 a bhaint amach.

Meastar go dtáirgfear os cionn 80% de bhithmheatán ó shadhlas féir agus ó sciodar eallaigh. Teastóidh féar ó 120,000 heicteár (3% den limistéar iomlán talmhaíochta) leis seo chun an bunábhar riachtanach a tháirgeadh.

Chun sprioc na hÉireann de 5.7 TWh de bhithmheatán a bhaint amach faoi 2030, beidh gá le líon mór áiseanna díleá anaeróbach a fhorbairt, in éineacht leis an mbonneagar gaolmhar atá riachtanach chun tacú leis na háiseanna seo

## Foraoiseacht

Tá ról tábhachtach ag foraoisí na hÉireann maidir le cabhrú le maolú ar an athrú aeráide, trí leithlisiú carbóin i bhforaoisí agus soláthar breoslaí in-athnuaite agus amhábhar. Is doirteal mór carbóin í foraoiseacht na hÉireann agus is é an foraoisiú an rogha maolaithe is suntasaí atá ar fáil d'earnáil úsáid talún na hÉireann (féach Caibidil 5).

## Timpeallacht Thógtha

Maidir le foirgnimh chónaithe agus tráchtála, b'ionann an timpeallacht thógtha agus 11.1% de gháis cheaptha teasa na hÉireann in 2022, síos ó 12.3% in 2021. Léiríonn an laghdú seo neartú suntasach ar na Rialacháin Foirgníochta ó 2006 ar aghaidh, éifeachtúlacht fheabhsaithe trí iarfheistiú, glacadh le teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin agus aistriú breosla[47], Ó tugadh isteach an caighdeán Foirgneamh Fuinnimh Beagnach Nialasach (NZEB) in 2019, tá laghdú tagtha ar líon na n-áitreabh nua a úsáideann breoslaí iontaise as a bhfoinse téimh spáis ó 50% go 11%.

**Figure 9.1 | Líon na nUasghráduithe ar Mhaoin Iarfheistithe 2017-2023 (Clár iarfheistithe an ÚFIÉ)**




Foinse: Réadlann Taighde Uile-Oileáin (AIRO), Ollscoil Mhá Nuad

46 An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

47 Tá an Treoir athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) tar éis a chinntiú go mbeidh foirgnimh nua atá saor ó astuithe ar an gcaighdeán nua d'fhoirgnimh nua.

## Teas

D’aithin Tuarascáil an Staidéir Náisiúnta Teasa 2022 go mbeidh ról ríthábhachtach ag teaglaim de théamh ceantair, bithmheatán agus caidéil teasa i dtithe, i ngnólachtaí agus i dtionscal maidir le dícharbónú tapa. Trí rialacháin nua tógála, tá 90% de thithe nuathógtha ag baint úsáide as teas in-athnuaite anois. Beidh ról suntasach ag an gclár náisiúnta iarfheistithe maidir le teaghaisí níos sine a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus tacóidh sé le himscaradh caidéil teasa i dtithe níos sine.

Is féidir le téamh ceantair ról lárnach a bheith aige freisin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus le hastuithe a laghdú in Éirinn, go háirithe in éineacht le forbairt ar scála mór agus dlúis níos airde a sheachadadh. Is féidir leis solúbthacht a thairiscint maidir le rogha breosla agus d’fhéadfadh sé a bheith feiliúnach mar sin do dhícharbónú ar scála mór ar chórais téimh, agus i bhfoirgnimh atá deacair a iarfheistiú. D’aithin CAP23 sprioc de suas le 0.8 TWh d’acmhainn suiteáilte téimh ceantair ar fud an soláthar foirgneamh cónaithe agus tráchtála faoi 2025, agus suas le 2.7 TWh faoi 2030.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 69

*Tacú le fás agus forbairt téamh éifeachtach ceantair, leictriú teasa, agus úsáid fuinnimh geoiteirmeach.*

## Tionscal agus Teicneolaíocht Neodrach

D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh an Achta um Thionscal Nialais Ghlan (NZIA) i mí an Mhárta 2023, agus tá sé ina phríomhghné de Cholún 1 de Phlean Tionsclaíoch an Mhargaidh Ghlais. Is é is aidhm don NZIA déantúsaíocht teicneolaíochta glan-nialas a mhéadú san AE chun ar a laghad 40% de riachtanais imlonnaithe bliantúla an AE do theicneolaíochtaí glan-nialasacha a sholáthar faoi 2030.

### Faoin gCreat Náisiúnta Pleanála, tacóidh an Rialtas leis an méid seo a leanas:

- **Breithnithe aeráide a chomhtháthú i bpleananna agus treoirlínte reachtúla** D’fhonn leochaileacht i leith éifeachtaí diúltacha a laghdú agus cineálacha míchuí forbartha i limistéir leochaileacha a sheachaint.
- **Forbairt a bheidh níos tíosaí ar fhuinneamh** trí shuíomh tithíochta agus fostaíochta feadh conairí iompair phoiblí, i gcás gur féidir le daoine rogha a dhéanamh níos mó úsáid a bhaint as iompar poiblí nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh, seachas a bheith ag brath ar an gcarr.
- **Cur i bhfeidhm fuinnimh in-athnuaite agus ár linnte carbóin a chosaint agus a threisiú** amhail foraoisí, tailte portaigh agus féarach buan. Tá gá ann lena chinntiú go leanfar leis an athrú aeráide a chur san áireamh mar ghnáthrud sna próisis chinnteoireachta a bhaineann le pleanáil.
- **Forbairt slabhraí soláthair inbhuanaithe** sa bhithgheilleagar.
- **Oiriúnú liath** a bhaineann de ghnáth le freagairtí teicniúla nó innealtóireachtdhírithe ar thionchair na haeráide, amhail tógáil ballaí farraige mar fhreagairt ar ardú ar leibhéal na farraige.
- **Oiriúnú Glas agus Gorm, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar an dúlra** a fhéachann le hairíonna éiceolaíochta a úsáid chun athléimneacht na gcóras daonna agus nádúrtha a fheabhsú in aghaidh an athraithe aeráide, mar spásanna glasa agus gorma agus páirceanna agus uiscebhealaí a chruthú chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar mhicrea-aeráidí uirbeacha.



### Cuspóir Beartais Náisiúnta 70

*Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomh na haeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála le tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa, mar atá léirithe sna buiséid charbóin a glacadh le déanaí.*

## Beartas Fuinnimh agus Pleanáil

Tá beartas náisiúnta fuinnimh na hÉireann bunaithe ar thrí chrann taca: (1) inbhuanaitheacht, (2) slándáil soláthair agus (3) iomaíochas. Aithníonn an Rialtas nach mór d'Éirinn astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil fuinnimh a laghdú 80% ar a laghad ó leibhéil 1990 faoin mbliain 2050, agus slándáil soláthair ó fhoinsí iomaíocha fuinnimh a chinntiú ag an am céanna dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí.

### Dár n-aistriú go todhchaí fhuinnimh atá saor ó charbóin teastaíonn an méid seo a leanas:

- **Aistriú ó bhreoslaí iontaise den chuid is mó go dtí foinsí fuinnimh in-athnuaite den chuid is mó;**
- **Éifeachtúlacht a mhéadú agus fearais, foirgnimh agus córais a uasghrádú;**
- **Cinntí a dhéanamh maidir le forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí úra a bhaineann le réimsí amhail gaoth, eangacha cliste, feithiclí leictreacha, foirgnimh, fuinneamh aigéin agus bithfhuinneamh; agus**
- **Creataí dlíthiúla agus rialála le freastal ar éilimh agus dúshláin a bhaineann leis an aistriú go sochaí atá saor ó charbóin.**

Leis an méadú ar an daonra, fás eacnamaíoch, leibhéil níos airde éilimh ar bhia, aistriú chuig margadh fuinnimh níos inbhuanaithe agus na spriocanna caomhnaithe, beidh níos mó iomaíochta ann i gcomhair talún atá oiriúnach chun na brúnna carntha sin a éascú ar deireadh. Tá codanna d'Éirinn níos oiriúnaí ná codanna eile le freastal ar aidhmeanna earnálacha náisiúnta faoi leith mar gheall ar thosca fisiceacha, íogaireachtaí comhshaoil, acmhainn talún agus patrúin lonnaíochta.

San earnáil fuinnimh, is dlúthchuid de straitéis athrú aeráide na hÉireann é an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus le fuinneamh in athnuaite beimid ábalta ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

## Leictreachas In-athnuaite

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an rialtas chun 9 GW de ghaoth ar an gcladach, 5 GW de ghaoth amach ón gcósta, agus 8 GW gréine a bhaint amach faoi 2030, chomh maith le tacú le 500 MW ar a laghad de thionscadail fhuinnimh in-athnuaite pobalbhunaithe áitiúla agus na leibhéil mhéadaithe de mhicrighiniúint nua agus giniúint ar scála beag.

Dá bhrí sin tá seachadadh luathaithe giniúna leictreachais in-athnuaite breise riachtanach d'Éirinn chun a spriocanna aeráide a bhaint amach, a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus a shlándáil fuinnimh a fheabhsú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú agus a soláthar leictreachais a éagsúlú. Tá gá le punann fhuinnimh éagsúlaithe ó fhoinsí iolracha, beidh an ghaoth ar an gcladach, an ghrian agus an gás fós ina ranníocóir do shlándáil fuinnimh, agus beidh gá le huasghrádú agus forbairt a dhéanamh ar raon príomhbhonneagair, amach ón gcósta agus ar tír, chun tacú le soláthar fuinnimh atá slán agus iontaofa i measc réamh-mheastacháin ar fhás tapa leictreachais le deich mbliana anuas.

Ní féidir giniúint leictreachais in-athnuaite a mheas ar leithligh óna modhanna nasctha leis na heangacha dáileacháin náisiúnta tarchuir leictreachais agus voltas níos ísle. Feidhmíonn an margadh mórdhíola leictreachais ar bhonn uile-oileáin, arna chomhordú ag Oibreoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Tá sé ríthábhachtach an eangach náisiúnta a fhorbairt agus a uasghrádú chun freastal ar leibhéil mhéadaithe éilimh agus soláthair. Tá sé ríthábhachtach freisin go leanfar le hidirnascadh láidir i gcomhthéacs uile-oileáin chun tacú le soláthar slán leictreachais agus chun forbairt réigiúnach a éascú.

Chomh maith leis na spriocanna náisiúnta don earnáil leictreachais, tá forbairtí rialála agus beartais ag leibhéal an AE freisin a éilíonn ar Éirinn a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú go tapa. Ina measc seo tá an Plean REPowerEU atá molta ag an gCoimisiún Eorpach, a fhéachann le tacú le leathnú an bhonneagair in-athnuaite trí roinnt beart ar nós sruthlíniú a dhéanamh ar na próisis cheadaithe do thionscadail ghaoithe agus ghréine agus socruithe sonracha chun an acmhainn suiteáilte atá ann cheana a athchumhachtú. Ceanglaíonn an Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite Athmhúnlaithe III ("RED III") ar na Ballstáit "limistéir luasghéaraithe fuinnimh in-athnuaite" a shainaithint. Beidh impleachtaí spásúlachta aige seo maidir leis na háiteanna inar féidir forbairtí fuinnimh in-athnuaite a chur in ord tosaíochta lena seachadadh.

Chomh maith le stáisiúin fhuinnimh in-athnuaite nua a shuiteáil, tá acmhainn shuntasach ag athchumhachtú na stáisiúin chumhachta fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana féin chun rannchuidiú le spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, agus is cuid lárnach de straitéis bheartas leictreachais in-athnuaite luathaithe an AE é, lena n-áirítear Plean REPowerEU.

## Limistéir Thuaithe agus Táirgeadh Fuinnimh

Leanfaidh ceantair thuaithe ag cur le riachtanais fhuinnimh na tíre agus beidh ról láidir acu maidir le soláthar fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a chinntiú. Tá fuinneamh in-athnuaite á chur chun cinn mar fhoinse shuntasach nua post agus fás tuaithe i dtíortha an ECFE.

Agus pleanáil á déanamh i gcomhair thírdhreach fuinnimh na hÉireann amach anseo chomh maith leis an athrú go geilleagar saor ó charbóin tá an cumas éagsúlú agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua fuinnimh riachtanach. Cuireadh réitigh inathnuaite nuálacha agus úrnua ar fáil i gceantair thuaithe le roinnt blianta anuas, go háirithe ó fhoinsí gréine agus gaoithe.

Féadfar comhshuíomh le gníomhaíochtaí talmhaíochta a thacaíonn le laghdú ar astaíochtaí carbóin agus roghanna éagsúlaithe úsáid talún d'fheirmeoirí a bheith curtha san áireamh i bhforbairt giniúna fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir leis an gclár buiséad carbóin agus leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Tá deiseanna ann freisin maidir le comhshuíomh teicneolaíochta in-athnuaite i gceantair, in aice le conairí bonneagair iompair, laistigh de thailte foraoiseachta, agus ar thailte móna tionsclaíochta agus iarthionsclaíocha. Ina theannta sin, léirítear comhshuíomh giniúna fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta sa todhchaí agus éileamh tionsclaíochta glas mar dheis shuntasach forbartha eacnamaíochta do phobail tuaithe agus chósta i Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Cé go mbeidh ról láidir i gcónaí ag ceantair thuaithe maidir le todhchaí shlán fuinnimh a chinntiú, d'fhéadfaí tionscadail fhuinnimh in-athnuaite agus bonneagar cumasúcháin a fhorbairt, ar shuímh uirbeacha, thráchtála agus tionsclaíocha – lena n-áirítear ar thailte athfhorbraíochta agus feadh conairí bonneagair iompair – áit ar féidir iad a chomhtháthú go rathúil le húsáidí comhlántacha sa láithreán céanna agus úsáidí talún comhoiriúnacha in aice láimhe. D'fhéadfaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as talamh agus as an mbonneagar atá ann faoi láthair agus an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite nach mbaintear dóthain úsáide as a scaoileadh i gceantair atá láidir ó thaobh an chomhshaoil de, má ghlactar leis an gcur chuige seo.

Is féidir le fuinneamh in-athnuaite fás eacnamaíoch a spreagadh go mór do phobail trí phoist a chruthú, ioncam a ghintear trí rátaí tráchtála, agus Cistí Tairbhe Phobail. Is féidir le pobail leas mór a bhaint as cistí leasa pobail arna mbunú ag forbróirí tionscadal fuinnimh in-athnuaite. Úsáidtear Cistí Tairbhe Phobail ar mhaithe le leas cultúrtha, comhshaoil agus eacnamaíoch níos leithne an phobail áitiúil.

## Athrú Chóir a Dhéanamh

Maidir le tailte móna, tá cuid de phortaigh scoite na hÉireann oiriúnach chun giniúint fuinnimh a éascú, giniúint fuinnimh ghaoithe/bhithmhaise ach go háirithe. Mar gheall ar an méid mór tailte móna atá faoi úinéireacht chomhlachtaí leath-Stáit, ullmhófar plean náisiúnta úsáide talún don mheántéarma nó don fhadtéarma le haghaidh thailte móna faoi úinéireacht an Stáit chun a n-úsáid is oiriúnaí sa todhchaí a bhainistiú, ag cur leis an Straitéis Náisiúnta Tailte Móna atá ann faoi láthair agus le beartais náisiúnta eile i ndáil le caomhnú agus bainistíocht thailte móna.

Ciallaíonn Tacú leis an Athrú Cóir gur féidir le pobail áitiúla agus le saoránaigh go háirithe sa réigiún Lár Tíre a bheith rannpháirteach sna hathruithe atá ar siúl ar fud na sochaí, lena n-áirítear san earnáil fuinnimh.

Clúdaíonn tailte móna 21% dár limistéar talún agus 64% dár stoc iomlán carbóin orgánach ithreach; is iad an stór carbóin is mó i dtírdhreach na hÉireann. Dá réir sin, beidh gá le cothromaíocht chúramach idir réadú an acmhainneacht d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite chun spriocanna astuithe earnála a bhaint amach agus bainistiú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar an gcomhshaol i dtéarmaí chosaint agus athchóiriú an dúlra agus na hoidhreachta cultúrtha i dtailte móna.



**Griston Bog, Ballylanders, Co Limerick**

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 71

*Úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag na suíomhanna cuí laistigh den timpeallacht thógtha agus nádúrtha chun na cuspóirí i dtreo geilleagar saor ó charbóin a bhaint amach faoi 2050 a chomhlíonadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 72

*Tacú le forbairt agus le huasghrádú bhonneagar na heangaí leictreachais náisiúnta, lena n-áirítear tacú le forbairt giniúna leictreachais in-athnuaite a sheachadadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 73

*Tacú le cur chuige uile-oileáin i leith seachadadh leictreachais in-athnuaite tríd an eangach tharchuir a idirnascadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 74

*Tacú le comhshuíomh teicneolaíochtaí in-athnuaite le teicneolaíochtaí tacaíochta eile agus úsáidí comhlántacha talún, lena n-áirítear talmhaíocht, taitneamhacht, foraoiseacht, agus deiseanna chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus sócmhainní oidhreachta a chur chun cinn, ag láithreacha cuí a chinntear bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil i gcomhréir le creataí reachtacha AE agus náisiúnta.*

## Leithdháiltí Acmhainne Leictreachais In-athnuaite Réigiúnacha

Chun feidhmiú céimneach agus cur i bhfeidhm luathaithe bonneagair leictreachais in-athnuaite d'fhorbairt giniúna gaoithe agus gréine ar tír a éascú agus chun na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 a bhaint amach, léiríonn an Creat seo raon leithdháiltí réigiúnacha acmhainne leictreachais in-athnuaite. Tá na leithdháiltí seo le comhtháthú isteach sna Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta agus sa Straitéisí Réigiúnacha Fuinnimh In-athnuaite gaolmhara, agus, ina theannta sin, tá siad le haistriú go spriocanna ag leibhéal contae a bheidh mar bhonn eolais do phleananna forbartha cathrach agus contae.

Maidir leis an meastóireacht seo, ní mór do gach Réigiún pleanáil le haghaidh dóthain forbartha fuinnimh ghaoithe agus ghréine chun na leithdháiltí réigiúnacha acmhainne leictreachais in-athnuaite a leagtar amach i dTábla 9.1, (chomh maith leis an acmhainn oibriúcháin suiteáilte reatha), a bhaint amach chun spriocanna giniúna leictreachais in-athnuaite náisiúnta 2030 a éascú. Soláthróidh an treochlár RRES tuilleadh treorach maidir leis seo.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 75

*Trína Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta, ní mór do gach Tionól Réigiúnach pleanáil a dhéanamh do sheachadadh na leithdháiltí réigiúnacha acmhainne leictreachais in-athnuaite a shonraítear le haghaidh gaoithe agus gréine ar an gcladach atá léirithe i dTábla 9.1 thíos, agus leithdháiltí a shainaithint do gach ceann de na húdaráis áitiúla, chun an sprioc náisiúnta iomlán a bhaint amach.*

**Tábla 9.1 | Leithdháiltí Acmhainne Leictreachais In-athnuaite Réigiúnacha**

| Réigiún | Acmhainn fhuinnimh 2023 (MW) | Leithdháiltí Breise Acmhainne Cumhachta In-athnuaite (MW) | % iomlán den Scair Náisiúnta i 2030 | Acmhainn Fhuinnimh 2023 (MW) | Leithdháiltí Breise Acmhainne Cumhachta In-athnuaite (MW) | % iomlán den Scair Náisiúnta i 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Gaoth ar Tír** | | | **Fótavoltachas Gréine** | | |
| Oirthear agus Lár na Tíre | 284 | 1,966 | 25% | 306 | 3,294 | 45% |
| An Tuaisceart agus an tIarthar | 1,761 | 1,389 | 35% | 0.3 | 959 | 12% |
| Deisceart | 2,622 | 978 | 40% | 138 | 3,302 | 43% |
| **Iomlán** | **4,667** | **4,333** | | **445** | **7,555** | |

Ullmhóidh gach Tionól Réigiúnach Straitéis Leictreachais In-athnuaite Réigiúnach (RRES), ina leagfar amach sonraí breise ar conas is fearr na leithdháiltí réigiúnacha acmhainne leictreachais in-athnuaite don réigiún a bhaint amach go comhsheasmhach agus go hinbhuanaithe, lena n-áirítear sainaithint spriocanna sonracha do gach ceann de na comhúdaráis áitiúla. .

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 76

*Déanfaidh Údaráis Áitiúla pleanáil do sheachadadh leithdháiltí Sprioc Acmhainn Cumhachta (MW) i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta ábhartha, trína bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae.*

### Bainistíocht Dramhaíola

Chuir Éire feabhas gníomhach ar a córais bainistíochta dramhaíola, ach táimid fós an-spleách ar fad ar mhargaí easpórtála le haghaidh cóireáil dramhaíola iarmharaí, dramhaíola in-athchúrsáilte agus dramhaíola guaisí. Le méadú ar an daonra de thart ar aon mhilliún duine, mar aon le fás eacnamaíoch go dtí 2040, méadófar an brú ar acmhainn na bainistíochta dramhaíola, mar go bhfuil ídiú fós ina phríomhspreagadh maidir le giniúint dramhaíola.

Cé gurb é an aidhm dheiridh ná díchúpláil, a mhéad is féidir, beidh gá le hídiú ó ghiniúint dramhaíola a scaradh le himeacht ama, le hinfheistíocht bhreise sa bhonneagar bainistíochta dramhaíola, agus go háirithe le cineálacha éagsúla cóireála.

Agus ár riachtanais dramhaíola á mbainistiú, tacaíonn an CNP le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh lena n-íoslaghdaítear an méid dramhaíola a chuirtear i líonadh talún agus lena n-uasmhéadaítear dramhaíl mar acmhainn. Ciallaíonn sé sin go dtugtar tús áite do chosc, ullmhú agus athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil de réir an oird sin, thar dhiúscairt dramhaíola[48].

Is féidir le héilliú ithreach, díghrádú, agus truailliú uisce tarlú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe a bhaineann le dramhaíl, gníomhaíochtaí stairiúla, sceitheadh, agus doirteadh ceimiceán de thaisme. Ba cheart go n-áireodh moltaí chun limistéir a fhorbairt a bhfuil stair fhéideartha nó staire aitheanta acu maidir le gníomhaíochtaí neamhúdaraithe a bhaineann le dramhaíl, bearta chun na tailte seo a fheabhsú, agus is féidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo a bheith ina phróiseas fada agus costasach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 77

*Bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola lena n-áirítear dramhaíl tógála agus scartála, infheistiú i gcineálacha éagsúla cóireála dramhaíola agus tacú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus tús áite á thabhairt do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil, chun tacú le timpeallacht, geilleagar agus sochaí shláintiúil.*

## 9.3 Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú

### Oiriúnú Aeráide

Cheadaigh an Rialtas Creat Náisiúnta Oiriúnaithe[49]. Teastaíonn freagairtí atá sainiúil go háitiúil agus bunaithe ar áit chun oiriúnú a dhéanamh, a thugann aghaidh ní hamháin ar thionchair aeráide ach a chomhtháthaíonn go comhleanúnach le córais áitiúla sóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíochta. Leag an NAF agus an reachtaíocht aeráide atá ann cheana ceanglas amach maidir le pleananna oiriúnaithe earnála a chlúdóidh earnálacha tosaíochta náisiúnta. Áirítear leis seo go leor réimsí a chlúdaítear sa chaibidil seo lena n-áirítear cáilíocht uisce agus bonneagar seirbhísí uisce, bainistíocht riosca tuilte, oidhreacht thógtha agus seandálaíochta, bithéagsúlacht, foraoiseacht, talmhaíocht, agus líonraí leictreachais agus gáis.

Maidir le tosaíochtaí atá tábhachtach go náisiúnta, beidh comhtháthú measúnaithe riosca aeráide, agus gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide, ríthábhachtach chun athléimneacht na bpobal, na tithíochta agus an bhonneagair a áirithiú i gcomhthéacs imeachtaí aimsire níos foircní as a dtagann triomaigh, tuilte, agus damáiste stoirme eile. Tá tús curtha ag an GCC le hobair ar Mheasúnú Náisiúnta Riosca ar Athrú Aeráide.

Soláthraíonn an próiseas pleanála modh seanbhunaithe chun cuspóirí an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú, lena n-áirítear oiriúnú, ar leibhéal áitiúil, go háirithe, talamh a chriosú le haghaidh úsáidí iomchuí talún ag féachaint do na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus trí chleachtais atá athléimneach ó thaobh na haeráide a chomhtháthú le forbairt ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Éilíonn reachtaíocht phleanála freisin leibhéil éagsúla den ordlathas beartais phleanála chun aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don athrú aeráide (féach ar Chaibidil 7).

48 An Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola 2024 – 2030.
49 5th Meitheamh 2024.

## Bainistíochta Acmhainne Uisce agus Tuilte

Tá pleanáil ríthábhachtach do bhainistíocht acmhainní uisce. Bíonn tionchar díreach agus indíreach ag an gcóras pleanála ar bhainistíocht éifeachtúil uisce. Áirítear leis sin soláthar seirbhíse uisce, bainistíocht abhantraí, pleanáil tírdhreacha, pleanáil riosca tuilte, bainistíocht chósta agus mhuirí agus oiriúnú don athrú aeráide. Dá réir sin, ní mór do straitéisí reachtúla spásúlachta agus eacnamaíocha agus pleananna forbartha a chinntiú go gcomhtháthaítear breithnithe bainistíochta uisce inbhuanaithe. Ní mór chomh maith cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála a léiriú sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach (PBAanna).

Éilíonn Creat-Treoir Uisce an AE (2000/60/CE) (WFD) ar gach Ballstát cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú i ngach dobharlach chun dea-stádas éiceolaíochta a bhaint amach faoi 2027 ar a dhéanaí. Déantar cuspóirí na Treorach a sheachadadh in Éirinn tríd an bpróiseas pleanála abhantraí. Tá Plean Bainistíochta Abhantraí (PBA) tríú timthriall á fhorbairt ag Éirinn faoi láthair[50].

Baineann tuilte le gach earnáil agus is féidir leo cur isteach ar gach gné den saol, agus is féidir le tionchar dearfach nó dochrach a bheith ag gníomhartha i mórán earnálacha eile air sin.

Tá sé thar a bheith tábhachtach timpeallachtaí inar féidir le tuilte tarlú a chur san áireamh sa réimse bainistíochta pleanála agus forbartha, agus i bpleanáil agus i ndearadh bonneagair agus i bhforbairt réitigh bunaithe ar nádúr.

Is féidir le bainistiú riosca tuilte agus go háirithe dearadh agus forbairt scéimeanna faoisimh tuilte aghaidh a thabhairt freisin ar chomhtháthú cuí na hoidhreachta seandálaíochta sna scéimeanna seo[51].

Is féidir le huirbiú ráta agus méid an reatha chun srutha ó bháisteach a mhéadú agus dá bhrí sin tá córais draenála uisce stoirme ag teastáil le bainistiú agus laghdú a dhéanamh ar an riosca ó theagmhais tuilte báistiúla agus ó theagmhais fhoircneacha aimsire. Áirítear i measc na bpríomhchuspóirí[52]:

- forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair ina bhfuil baol tuilte;
- forbairtí úra lena méadófar an baol tuilte in áiteanna eile a sheachaint, lena n-áirítear rioscaí ó rith chun srutha ar an dromchla;
- bainistíocht éifeachtúil ar rioscaí iarmharacha d'fhorbairt a ceadaíodh ar thuilemhánna a chinntiú;
- srianta neamhriachtanacha ar fhás eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a sheachaint; agus
- An tuiscint ar riosca tuilte a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca tuilte ag teacht leis an dea-chleachtas.
- tosaíocht a thabhairt do réitigh atá bunaithe ar nádúr chun uisce a bhainistiú i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta agus straitéisí maolaithe athrú aeráide a chur chun cinn.

**Fíor 9.2 | Struchtúr Ordlathach an PBA (Plean Bainistíochta Abhantraí) agus an Bheartais Pleanála**




50 Beidh Plean Gníomhaíochta Uisce 2023 mar thríú Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann agus leagtar amach ann na bearta atá glactha ag an Rialtas agus na hearnálacha eile chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i screamhuisce, aibhneacha, locha, inbhir agus uiscí cósta na hÉireann, agus chun bainistíocht inbhuanaithe ár n-acmhainní uisce a sholáthar. Táthar ag súil go bhfoilseofar an plean seo i R1 2024 agus cuirfear san áireamh é don athbhreithniú seo.

51 Scéimeanna Seandálaíochta agus Faoisimh Tuilte: Treoirlínte, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, RTRÁO, 2023

52 An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta ar Rioscaí Tuilte d'Údaráis Pleanála, 2009

Saincheist ar leith ach gaolmhar is ea an tionchar a bhíonn ag leibhéil na farraige ardaithe agus a tionchar ar ár gcóstaí. Teastaíonn raon freagraí comhtháite chun oiriúnú don dúshlán casta agus fadtéarmach seo agus é a bhainistiú, agus is féidir le pleanáil cur leo sin. Déantar an tsaincheist seo a mheas i gCaibidil 7 maidir le saincheisteanna mara.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 78

***Feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce agus ar an mbainistíocht acmhainní trí bhaol tuilte a chosc nó a mhaolú trí:***

- *A chinntiú go bhfuil dea-bhainistíocht riosca ann ó thaobh comhfhorbairt áite trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir atá i mbaol tuilte de réir na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus maidir le Measúnú Riosca Tuile do na hÚdaráis Áitiúla.*
- *Ag cur san áireamh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar thuilte agus ar bhaol tuilte agus breithniú ar an bPlean Oiriúnaithe Earnála um Bainistíocht Riosca Tuile don Athrú Aeráide.*
- *A chinntiú go mbreithneofar na cuspóirí sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach go hiomlán.*
- *Réitigh bhainistíochta uisce inbhuanaithe a chomhtháthú, amhail Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS), dromchlú neamhphóiriúil agus díonta glasa agus réitigh bunaithe ar nádúr, chun áiteanna sábháilte a chruthú.*

## Réitigh Bunaithe ar Nádúr

Teastaíonn leathnú riachtanach na gceantar tógtha de bharr méadú daonra. D'fhéadfadh brú méadaithe a bheith ar ár n-acmhainní nádúrtha dá bharr. Is éard atá i réitigh atá bunaithe ar an dúlra ná gníomhartha chun éiceachórais nádúrtha agus modhnaithe a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athchóiriú a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha go héifeachtach agus go hoiriúnaithe, a théann chun sochair do dhaoine agus don dúlra ag an am[53].

Mar sin caithfidh réitigh atá bunaithe ar an dúlra a bheith tairbheach don bhithéagsúlacht agus ní mór dóibh tacú le seachadadh raon seirbhísí éiceachórais.

Is féidir le réitigh forbartha inbhuanaithe uirbeacha, amhail dearadh uirbeach atá íogair ó thaobh uisce, cuidiú leis an bpoitéinseal do dhíghrádú comhshaoil a mhaolú i bhfoirm caillteanas bithéagsúlachta, truaillithe dobharlach, agus riosca méadaithe tuilte, de réir mar a leanann an t-éileamh ar fhorbairt uirbeach chun freastal ar dhaonra atá ag dul i méid.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 79

***Tacú le bainistiú riosca tuilte uisce stoirme, uisce báistí agus uisce dromchla trí úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar nádúr agus córais draenála inbhuanaithe.***

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 80

***Tacú le hiarfheistiú na dtimpeallachtaí atá ann cheana féin chun freastal ar rith uisce dromchla trí úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar an dúlra, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Pleananna Draenála Comhtháite ag Uisce Éireann ar bhonn tosaíochta lonnaíochta.***

**Sainmhíníonn an Coimisiún Eorpach réitigh bunaithe ar nádúr mar:**

> ***"Réitigh atá spreagtha agus tacaithe ag nádúr, atá éifeachtúil ó thaobh costas de, a sholáthraíonn tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ag an am céanna agus a chuidíonn le hathléimneacht a thógáil. Tugann réitigh den sórt sin nádúr agus gnéithe agus próisis nádúrtha níos éagsúla isteach i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha atá oiriúnaithe go háitiúil, atá tíosach ar acmhainní."***

53 An tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra

Cás-staidéar



# Lochán Coinneála Loch Garman

**Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun tosaigh ar chomhtháthú réitigh atá bunaithe ar nádúr do bhainistiú inbhuanaithe rith uisce dromchla.**

Léiríodh go hidirnáisiúnta na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige seo maidir le cáilíocht uisce agus cosaint riosca tuilte, soláthar bithéagsúlachta, feabhsú taitneamhachta, cruthú áite agus sláinte phoiblí. Is príomhghnéithe oiriúnaithe aeráide iad réitigh atá bunaithe ar an dúlra freisin a sholáthraíonn cosaint bhreise le linn báisteach throm. Comhbhuntáiste tábhachtach is ea an feabhas féideartha ar cháilíocht na spásanna poiblí a mbainfidh an pobal taitneamh astu.

Tá Lochán Coinneála Loch Garman deartha chun aithris a dhéanamh ar shaintréithe bogaigh nádúrtha a fheidhmíonn chun an rith uisce dromchla a mhaolú agus a scagadh ó cheannoifigí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gContae Loch Garman, le linn imeachtaí báistí. Déanann an droichead coise ornáideach thar an lochán coinneála níos tarraingtí ó thaobh na haeistéitice de agus méadaíonn sé rochtain phoiblí. Uasmhéadaíonn scéimeanna cuí deartha agus plandála na tairbhí bithéagsúlachta a thacaíonn le raon leathan plandaí agus ainmhithe.

Soláthraíonn réitigh atá bunaithe ar an dúlra buntáistí iomadúla agus raon teicnící ar féidir a chur i bhfeidhm ar fhorbairtí ar scálaí éagsúla a thugann aghaidh ar aeráid, cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, taitneamhacht agus cuspóirí cruthú áite.

## Bonneagar Glas agus Gorm

Is acmhainn é an ár gcomhshaol, agus má dhéantar pleanáil dó mar a dhéantar do chineálacha eile bonneagair, is féidir tairbhí fadtéarmacha a bhaint as. Soláthraíonn bonneagar glas agus gorm raon úsáidí, earraí agus seirbhísí agus baintear an úsáid is fearr as talamh, uisce agus cuidíonn siad le héilimh iomaíocha a bhainistiú agus is féidir leo earnálacha eile a chomhlánú.

Is líonra idirnasctha de spás glas é bonneagar glas a chaomhnaíonn luachanna agus feidhmeanna éiceachórais nádúrtha agus a sholáthraíonn tairbhí gaolmhara don daonra daonna. Is líonra é atá pleanáilte go straitéiseach de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha le gnéithe comhshaoil eile deartha agus bainistithe chun raon leathan seirbhísí éiceachórais a sheachadadh. Tá spásanna glasa ann (nó gorm más éiceachórais uisceacha i gceist) agus gnéithe fisiceacha eile i limistéir thalún (lena n-áirítear cósta) agus muirí lena n-áirítear gnéithe a bhfuil tábhacht oidhreachta cultúrtha ag baint leo.

Is féidir le nascacht idir na spásanna seo a bheith tairbheach freisin do dhaoine chun soláthar a dhéanamh do thréscaoilteacht fheabhsaithe, ag tacú le modhanna taistil inbhuanaithe agus gréasáin áineasa, chomh maith le haer glan agus cáilíocht uisce níos fearr. Trí ghnéithe bonneagair ghlais a chur i bhfeidhm cruthaítear pobal níos láidre, neartaítear an nasc le gníomhaíochtaí deonacha a dhéanann an tsochaí shibhialta, agus cuidíonn sé le dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus leithlisiú. Cruthaíonn bonneagar glas agus gorm deiseanna chun ceantair thuaithe agus uirbeacha a nascadh agus cuireann sé áiteanna tarraingteacha ar fáil chun cónaí agus obair iontu.

Mar shampla, tá comhshaol tarraingteach tábhachtach do shláinte mheabhrach agus fhisiceach, don turasóireacht, agus meallfaidh ceantar uirbeach bríomhar dea-phleanáilte ina bhfuil taitneamhachtaí maithe fostaithe oilte agus infheistíocht a chuirfidh bonn taca faoi fhorbairt fhadtéarmach. Cuireann sócmhainní oidhreachta cultúrtha go mór le tarraingteacht na gceantar agus cuireann siad mothú féiniúlachta agus folláine ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Tá ár n-acmhainní nádúrtha tábhachtach chomh maith don ghabháil carbóin, rud a chuideoidh le spriocanna um maolú agus oiriúnú aeráide agus spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta a bhaint amach.

Cuirfidh pleanáil an bhonneagair ghlais agus gorm bonn eolais faoi ullmhú straitéisí réigiúnacha agus cathrach agus pleananna forbartha réigiún agus contae trí:

- Cuidiú le fás agus fairsingiú a riar agus luach sainiúil áiteanna nádúrtha agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú;
- Níos mó cinnteachta a sholáthar sa phleanáil trí obair go réamhghníomhach maidir le saincheisteanna ábhartha comhshaoil;
- Cuir chuige níos comhoibrithí a spreagadh i leith na pleanála trí amharc ar an idirghníomhaíocht idir riachtanais fhorbartha na todhchaí agus cumas na gceantar ina gcuirfear na pleananna i bhfeidhm; agus
- A chinntiú go bhfuil spásanna dóthanacha dea-phleanáilte glasa, ar chóimhéid i scála leis na riachtanais fhadtéarmacha forbartha, sna pleananna reachtúla.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 81

*Déanfar pleanáil chomhtháite do Bhonneagar Glas agus Gorm a ionchorprú in ullmhú na bpleananna reachtúla úsáide talún agus ag an am céanna seirbhísí éiceachórais agus feidhmeanna éiceachórais a chothabháil agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus/nó a athchóiriú.*

Tá sé tábhachtach chomh maith an t-idirchaidreamh idir an bhithéagsúlacht, an oidhreacht nádúrtha, an tírdhreach agus ár spásanna glasa a bhreithniú.

## Criosanna Glasa agus Spásanna Glasa agus Gorma

Aithnítear anois an tábhacht a bhaineann le "spásanna glasa" agus "gorm" dea-chosanta mar pháirceanna, aibhneacha, locháin, agus limistéir fhiáine sa tírdhreach uirbeach mar phríomhchuid de thírdhreacha uirbeacha atá ag teastáil le haghaidh pobail shláintiúla agus cuireann siad freisin an acmhainneacht ar fáil le haghaidh comhshochair oiriúnaithe aeráide.

Tá ról lárnach ag na spásanna seo inár gcathracha, bailte agus sráidbhailte mar chuid de chreatlach ár lonnaíochtaí, trí úsáid a bhaint astu chun críocha áineasa agus taitneamhachta pobail, ag tacú le bithéagsúlacht, nó mar léiriú nádúrtha ar an lonnaíocht féin atá mar chomhéadan idir ceantair uirbeacha agus thuaithe.

Tá ról ag spásanna glasa agus páirceanna maidir le caighdeán na beatha inár lonnaíochtaí, agus inbhuanaitheacht ár lonnaíochtaí a chinneadh. Comhlánaíonn criosanna glasa in aice lenár limistéir uirbeacha cuspóir straitéiseach chomh maith, mar acmhainn fhéideartha don todhchaí, mar fhorbairt phleanáilte mar fhairsingiú uirbeach, go háirithe ar scála cathrach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 82

*Luach na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa agus gorma ar scála réigiúnach, cathrach agus áitiúil a shainaithint agus a neartú, chun go mbeifear ábalta feabhas a chur ar nascacht le líonraí straitéiseacha níos leithne, cosc a chur ar chomhtháthú lonnaíochtaí agus fairsingiú straitéiseach fadtéarmach na limistéar uirbeach a chumasú. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do mhéadú ar sholáthar spásanna glasa agus gorma agus clúdach téastar crann i lonnaíochtaí.*

## Pleanáil Straitéiseach don Bhithéagsúlacht

Tá oibleagáidí áirithe sa Treoir maidir le Gnáthóga speicis áirithe a chosaint cibé áit a bhfuil fáil orthu, agus tá cosaintí do na héin go léir sa Treoir maidir le hÉin, agus ní féidir cur isteach orthu nó iad a rialú ach faoi réir ceadúnais nó maolaithe, de réir mar is cuí. Tugann na hAchtanna um Fhiadhúlra cosaintí áirithe freisin do ghnéithe d'fhiadhúlra na hÉireann. Tá ilghnéitheacht ár bpobal bitheolaíocha tábhachtach chomh maith do cháilíocht an uisce, na n-ithreacha agus mar fhoinse bia. Níl tábhacht ár mbithéagsúlacht teoranta do limistéir faoi chosaint dlí agus tá raon beart i bhfeidhm chun speicis agus gnáthóga a chosaint ar bhonn níos leithne faoin tuath, lena n-áirítear éin mar a cheanglaítear faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin. Sainaithníodh san Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta (NA 2020) an tábhacht a bhaineann le bearta caomhnaithe a rinneadh go dtí seo chun éag speiceas a theorannú, ach freisin an easpa beartas comhcheangailte chun caillteanas bithéagsúlachta a chosc, méid na géarchéime bithéagsúlachta, agus an gá atá le gníomhaíocht láithreach chun caillteanais do-athraithe a sheachaint. Áirítear leis seo bainistiú a dhéanamh ar athrú úsáide talún mar thiománaí do chaillteanas bithéagsúlachta ar fud an domhain laistigh agus lasmuigh de limistéir chosanta.

Le blianta beaga anuas, tá méadú ar fud an domhain ar an bhfeasacht ar ghéarchéim na bithéagsúlachta. Tá béim curtha ag roinnt tuarascálacha ar an laghdú breise ar an mbithéagsúlacht. Thuairiscigh an Séú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann do Choinbhinsiún na NA ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch go bhfuil stádas neamhfhabhrach ag 85% de ghnáthóga cosanta na hÉireann, go bhfuil laghdú ag teacht ar 46%, agus measadh go raibh 14% de na speicis a ndearnadh measúnú orthu i mbaol. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch (1992) agus trí dhlíthe an AE agus an tAcht um Fhiadhúlra a mhalartú, tá dualgas orainn gníomhú chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta a ullmhú.

Seoladh 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann 2023-2030, i mí Eanáir 2024. Cuirfidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha laistigh den Phlean le fís 2050 go bhfuil luach ar *Bhithéagsúlacht in Éirinn, go gcaomhnaítear, go n-athraítear agus go n-úsáidtear í go hinbhuanaithe, ag cothabháil seirbhísí éiceachórais, ag cothú pláinéad sláintiúil, agus ag seachadadh tairbhí riachtanacha do gach duine.*

Ó thaobh na reachtaíochta náisiúnta de, tá ról tábhachtach ag na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2023 chun tacú le bithéagsúlacht agus caomhnú an dúlra in Éirinn. Forálann an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023 don chéad uair bonn reachtúil dár bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, agus tá gealltanas ann plean a tháirgeadh gach trí nó cúig bliana.

Ceanglaítear leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta chomh maith go ndéantar tionchair dhíreacha agus indíreacha tionscadail ar an mbithéagsúlacht, le haird ar leith ar speicis agus ar ghnáthóga atá cosanta faoin Treoir maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga a aithint, a thuairisciú agus a mheas mar chuid den phróiseas toilithe.

Tá sé tábhachtach freisin idirnascadh na haeráide agus na bithéagsúlachta a aithint ó pheirspictíocht uile-oileáin. Tugann an Líonra Uile-Oileáin um Thaighde Aeráide agus Bithéagsúlachta (AICBRN) le chéile taighdeoirí ó raon leathan disciplíní ar fud oileán na hÉireann atá i mbun taighde ar thopaicí aeráide agus bithéagsúlachta.

Faoi dheireadh 2026, tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta le bheith i bhfeidhm ag gach Údarás Áitiúil, ar aon dul leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta.

## Athchóiriú Dúlra

Féachann Dlí an AE um Athchóiriú an Dúlra le 20% ar a laghad de limistéir talún agus farraige an AE a athchóiriú faoi 2030 agus na héiceachórais go léir faoi 2050. Tá drochstádas caomhnaithe ag 80% de ghnáthóga an AE. Soláthraíonn Dlí an AE um Athchóiriú an Dúlra deis an dúlra a athbhunú, go náisiúnta agus ar fud réigiún níos leithne an AE. Is féidir le hathchóiriú an dúlra comhshochair suntasacha a sholáthar freisin do ghníomhaíocht aeráide amhail laghdú astuithe carbóin ón earnáil úsáide talún, chomh maith le hoiriúnú aeráide, agus athléimneacht trí fheabhas a chur ar mhaoláin nádúrtha in aghaidh tuilte agus bá cósta.

Tá sé mar sprioc ag an 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta (NBAP) Plean Náisiúnta Athchóirithe a fhoilsiú faoi 2026, is é sin na nósanna imeachta a leagan amach maidir le limistéir athchóirithe dúlra agus na beartais chomhfhreagracha a ainmniú.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 83

*I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus Dlí an Aontais Eorpaigh um Athchóiriú an Dúlra, agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil, tacóidh na húdaráis phleanála réigiúnacha agus áitiúla le hullmhú an Phlean Athchóirithe Náisiúnta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 84

***Ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta; tá caomhnú, feabhsú, maolú agus athchóiriú na bithéagsúlachta le tacú ag:***

- *Beartais agus cuspóirí a chomhtháthú le haghaidh chosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear seachaint agus/nó íoslaghdú tionchair ionchasacha bithéagsúlachta, sa phlean reachtúil úsáide talún.*
- *Is fearr gnáthóga reatha atá tábhachtach faoi láthair chun bithéagsúlacht a chothabháil a choinneáil (ag leibhéil áitiúla/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta) ar an gcéad dul síos, ná gnáthóga a athsholáthar/a athchóiriú, ar mhaithe le leanúnachas soláthar gnáthóg a chinntiú agus laghdú ar rioscaí agus costais ghaolmhara.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 85

***Ag teacht le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, ba cheart d'údaráis phleanála iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar aon ghlanchaillteanas bithéagsúlachta laistigh dá bhfeidhmeanna déanta pleananna.***

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 86

***An stádas caomhantais a threisiú agus feabhas a chur ar bhainistíocht na limistéar faoi chosaint agus na speiceas faoi chosaint trí:***

- *Treoracha ábhartha AE a chur chun feidhme chun comhshaol agus fiadhúlra na hÉireann a chosaint agus tacú le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht;*
- *Córais um cheadúnú agus um chead a fhorbairt agus a úsáid chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de láithreáin Natura 2000 a éascú;*
- *Taighde leanúnach, cláir shuirbhéireachta agus monatóireacht ar ghnáthóga agus speiceas.*

## Oidhreacht Nádúrtha agus Chultúrtha

Tá flúirse ceantar nádúrtha oidhreachta clúiteach in Éirinn amhail suíomh domhanda oidhreachta le haitheantas idirnáisiúnta, turlaigh agus portaigh agus láithreáin oidhreachta cultúrtha lena mbaineann tábhacht Oidhreachta Domhanda EOECNA mar Bhrú na Bóinne, an Sceilg Mhichíl. Tá a lán ceantar sainiúil náisiúnta eile ann, ar cuid thábhachtach dár n-oidhreacht chultúrtha iad agus atá tábhachtach don tionscal turasóireachta agus an méid a chuireann siad le caighdeán na beatha agus mealltacht áiteanna ó thaobh na hinfheistíochta eacnamaíche de.

Is acmhainní tábhachtacha nádúrtha iad ár bpáirceanna náisiúnta agus ár dtearmainn dúlra agus tá sé de chumas acu eispéireas an turasóra ar thailte faoi úinéireacht stáit a bharrfheabhsú trí bhonneagar gníomhaíochta allamuigh d'ardchaighdeán agus saoráidí riachtanacha coimhdeacha a sheachadadh.

Is móracmhainn cultúrtha agus eolaíoch í oidhreacht seandálaíochta na hÉireann, rud a chuireann ar ár gcumas ár stair a thuiscint ina ghnéithe uile agus an chaoi ar mhair agus ar idirghníomhaigh muintir na hÉireann leis an gcomhshaol. Is acmhainn leochaileach í an oidhreacht seandálaíochta freisin, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag raon leathan fachtóirí seachtracha uirthi. Tá Éire ina páirtí sa Choinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta 1992 (Coinbhinsiún Valletta), a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige an oidhreacht seandálaíochta a chomhtháthú mar bhreithniúchán sa phróiseas pleanála agus forbartha[54]. Aithnítear cosaint na hoidhreachta seandálaíochta mar chroíchuid d'fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 87

***Tréithe saibhre oidhreacht nádúrtha, cultúrtha agus tógtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach a oireann dá dtábhacht chultúrtha agus chomhshaoil.***

## Tírdhreach

Tá flúirse acmhainní nádúrtha agus cultúrtha i dtírdhreach na hÉireann a thugann tacaíocht do chaighdeán na beatha agus do gheilleagar na gcuairteoirí. Tá sé de dhualgas orainn do na glúinte atá le teacht úsáid fhreagrach a bhaint as na hacmhainní sin agus muid ag cur ár mbonneagair ag obair go dian le níos mó sochair a bhaint astu. Tá cosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha fite fuaite freisin leis an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha (SNT) d'Éirinn, agus le measúnú náisiúnta charachtar an tírdhreacha, agus ní mór dóibh leanúnachas a sholáthar sa dóigh a ndéanaimid saintréithiú agus ceangal leis an tírdhreach.

54 Refer to Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage and relevant standards and guidance.

Cás-staidéar



*cóipcheart ag Ken Williams*

# Páirc Náisiúnta Bhrú na Bóinne

**Deis aonuaire i nglúin úinéireacht mhuintir na hÉireann ab ea é gur cheannaigh an Stát eastát 552 acra Halla Dubhadh agus Mainéar an Neadraibhíolaigh i gContae na Mí i mí na Nollag 2023, agus ceann den réadmhaoin is suntasaí dá leithéid ar an oileán ar fad mar gheall ar a thábhacht seandálaíochta, ailtireachta, cultúrtha, staire agus nádúrtha.**

Cuimsíonn na tailte láithreáin Natura 2000 Threoir an AE maidir le Gnáthóga agus Éin agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo, arna n-ainmniú i 1993 mar Mhaoin Oidhreachta Domhanda EOECNA ag Brú na Bóinne, ag ionchorprú tírdhreach iontach a bhfuil Luach Uilíoch Sármhaith ag baint leis, a bhfuil tuamaí Pasáiste Neoilitheacha Shí an Bhrú, Chnóbha agus Dubhath mar chuid thábhachtach dóibh. Ag cuimsiú thart ar an tríú cuid d'achar talún iomlán na Maoine Oidhreachta Domhanda, cruthaíodh bunú Pháirc Náisiúnta nua - Páirc Náisiúnta Bhrú na Bóinne nuair a ceannaíodh Dubhadh - agus bhí sé seo le bainistiú, le hoibriú agus faoi chúram ag na Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Le dobharcheantar mór déimeagrafach i gconair Bhéal Feirste-Baile Átha Cliath, cuireann bunú na Páirce Náisiúnta nua iolraí féideartha ar fáil i dtéarmaí caomhnú oidhreachta agus bithéagsúlachta, leas poiblí, rochtain inbhuanaithe ar an gcomhshaol, sláinte agus folláine, acmhainní oideachais/taighde, agus tairbhí eacnamaíocha, turasóireachta agus pobail. Tá Máistirphlean á fhorbairt do Pháirc Náisiúnta nua, a bheidh ina chomhpháirt eile de thairiscint iontach turasóireachta oidhreachta Oirthear Ársa na hÉireann.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 88**

*Éascaíocht a dhéanamh do chosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha trí Léarscáil Náisiúnta um Charachtar Tírdhreacha a ullmhú agus treoir maidir le measúnuithe ar charachtar an tírdhreach áitiúil a fhorbairt (lena n-áirítear saintréithiú an tírdhreacha stairiúil) chun cur chuige comhsheasmhach maidir le measúnú ar charachtar an tírdhreacha a chinntiú, go háirithe thar theorainneacha pleanála agus riaracháin.*



# 9.4 Timpeallacht Ghlan a Chruthú do Shochaí Shláintiúil

## Cáilíocht an Uisce

Tá acmhainní saibhre uisce na hÉireann tábhachtach ar bhonn straitéiseach agus tá uisce glan riachtanach chun sochaí shláintiúil a chruthú agus tacaíocht a thabhairt do gheilleagar atá ag fás. Tagann ár n-uisce óil go príomha ónár n-aibhneacha agus ónár lochanna agus ó fhoinsí screamhuisce chomh maith. Is chun ár leasa é mar sin soláthar seasmhach uisce a chinntiú don daonra atá ann agus don 1 mhilliún duine breise a bhfuiltear á dtuar a bheith anseo faoi 2040. Is acmhainn iad ár ndobharlaigh chomh maith dár ngníomhaíochta siamsaíochta agus don earnáil turasóireachta agus tá cáilíocht fhormhór ár n-uiscí snámha de chaighdeán an-ard[55].

Dar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tá fuíolluisce uirbeach ar cheann de na brúnna is mó ar cháilíocht an uisce in Éirinn agus tá cóireáil agus diúscairt fuíolluisce ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de an-tábhachtach do shláinte an duine. Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn cóireáil agus acmhainn shásúil a chinntiú, a chinntiú go bhfuil sceitheadh uisce stoirme ag feidhmiú i gceart agus sceitheadh díreach fuíolluisce neamhchóireáilte a sheachaint.

Dá bhrí sin, tugtar tús áite do chomhlíonadh na n-ionad cóireála fuíolluisce agus do ghníomhartha leasúcháin sa ghearrthéarma. San fhadtéarma, ní mór saincheisteanna acmhainne a réiteach chun freastal ar an éileamh méadaitheach go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin.

Agus iad ag déanamh plean agus ag déanamh cinntí laistigh den chóras pleanála, ba cheart do chinnteoirí machnamh a dhéanamh ar chumas na timpeallachta glactha chun freastal ar fhorbairt bonneagair uisce agus fuíolluisce de réir na reachtaíochta reachtúla comhshaoil agus an cumas fás pleanáilte a ailíniú leis an gcumas bonneagair uisce agus fuíolluisce atá ann faoi láthair, a mhéid is féidir.

Foilsíonn Uisce Éireann cláir bhliantúla maidir le soláthar uisce agus cumas cóireála fuíolluisce, a chuideoidh leis an bpróiseas seo. Ag leibhéal an teaghlaigh, ní mór dúinn chomh maith a bheith ar an airdeall faoi rioscaí éillithe i dtoibreacha príobháideacha mar fhoinse uisce óil agus faoi chliseadh i gcórais chóireála uisce baile.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 89

*Ailíniú an fháis phleanáilte a chinntiú le húsáid agus forbairt éifeachtach agus inbhuanaithe acmhainní uisce agus bonneagar seirbhísí uisce, chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach a thacaíonn le sochaí shláintiúil, le riachtanais forbartha eacnamaíochta, agus le timpeallacht níos glaine.*

55 Bhain nó sháraigh 97% de na láithreáin an t-íoschaighdeán, agus astu seo, bhí cáilíocht uisce den scoth ag 79% díobh. (GCC, 2023)

## Cáilíocht an Aeir

Baineann Éire tairbhe as na patrúin aimsire atá i réim lena dtugtar aer measartha glan siar ó dheas ón Atlantach thar an tír de ghnáth. Faoi dhálaí áirithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar ghnáthphatrúin aimsire, agus méadaíonn astaíochtaí truailleán san aer. Is féidir leis na dálaí sin tarlú ag am ar bith den bhliain, ach is féidir le tionchar ar chaighdeán an aeir a bheith thar a bheith dian le linn an gheimhridh, nuair a d'fhéadfadh comhchruinnithe arda truailleán agus riosca méadaithe dá réir sin ar shláinte an duine bheith mar thoradh ar mheascán d'aimsir chiúin fhuar, méadú ar astaíochtaí a bhaineann le héileamh níos mó ar bhreosla, go háirithe ó bhreoslaí soladacha.

Is féidir truailleáin a tháirgeadh ag brath ar an gcaoi a dtaistilímid, a gcaithimid earraí agus a dtéann muid ár dtithe. Inár gceantair uirbeacha is mó, is féidir le leibhéil truaillithe aeir a bheith níos airde, mar gheall go príomha ar astaíochtaí sceite as feithiclí agus as astaíochtaí téamh tithe cónaithe. I gceantair thuaithe áirithe, go háirithe nuair nach bhfuil rochtain ar an eangach gáis, is féidir le caighdeán an aeir a bheith go dona i rith thréimhse an gheimhridh mar gheall ar an spleáchas ar bhreoslaí soladacha amhail gual, móin agus adhmad chun tithe a théamh. Is féidir le gníomhaíochtaí calafoirt dochar a dhéanamh do chaighdeán an aeir chomh maith.

D'fhéadfadh impleachtaí diúltacha bheith ag baint leis an truailliú aeir ar shláinte ár saoránach agus ar mhealltacht ár gcathracha agus ár mbailte. Le bearta lena bhféachtar le laghdú a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise laghdófar an truailliú aeir tuilleadh. Le cur chun feidhme an Chreata seo cabhrófar lenár n-astaíochtaí a laghdú agus cabhrófar le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe, trí thacaíocht a thabhairt don iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach agus cuirfear foirgnimh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh chun cinn chomh maith le réitigh nuálacha i ndearadh. Tá pleanáil chúramach le haghaidh spásanna glasa agus fásra tábhachtach chomh maith do chaighdeán an aeir i gceantair uirbeacha mar go mbaineann crainn truailleáin as an aer go nádúrtha, agus cabhraíonn siad le miocraeráidí uirbeacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Soláthraíonn an Straitéis um Aer[56] an creat beartais straitéiseach ardleibhéil atá riachtanach chun na bearta comhtháite trasna bheartas an rialtais a aithint agus a chur chun cinn a theastaíonn chun truailliú aeir a laghdú agus aer comhthimpeallach níos glaine a chur chun cinn, agus cuspóirí náisiúnta níos leithne á seachadadh.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 90

*Caighdeán an aeir a fheabhsú agus cabhrú le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe inár limistéir uirbeacha agus thuaithe trí thalamhúsáid chomhtháite agus pleanáil spáis a thacaíonn leis an iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach, cur chun cinn foirgneamh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh, córais téimh atá saor ó astaíochtaí áitiúla, pleanáil do bhonneagar glas agus gorm agus réitigh nuálacha i ndearadh.*

## Cáilíocht Torainn

Sainmhínítear torann comhshaoil mar fhuaim lasmuigh nach dteastaíonn nó díobhálach a chruthaíonn gníomhaíocht dhaonna, amhail torann a astaítear trí iompar, trácht ar bhóithre, trácht iarnróid, aerthrácht agus gníomhaíocht thionsclaíoch. Éiríonn sé ina fhadhb nuair a tharlaíonn sé san áit mhícheart ag an am mícheart nó ar leibhéal, ar mhinicíocht agus ar fhad ama a d'fhéadfadh cur isteach agus suaitheadh codlata.

Agus muid ag féachaint le cineálacha forbartha níos dlúithe agus níos éifeachtúla a fhorbairt inár lonnaíochtaí, tá sé tábhachtach a bheith níos réamhghníomhaí i leith bainistíocht torainn. Le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, tacóidh an CNP le:

- **Bainistíocht Torainn agus Pleanáil Gníomhaíochtaí**
  Bearta chun torann comhshaoil a sheachaint, a chosc, a mhaolú nó a íoslaghdú nó chun bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn, nuair a d'fhéadfadh tionchair dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha, trí mhapáil straitéiseach ar thorann, agus cuspóirí plean forbartha oiriúnacha agus dálaí pleanála.
- **Torann, Taitneamhacht agus Príobháideachas**
  Áirítear leis sin, ach gan a bheith teoranta dó, dearadh maith fuaime d'fhorbairtí molta nua, go háirithe i bhforbairt chónaitheach, trí bhearta éagsúla amhail slánachair agus deighilt idir foinsí agus gabhdóirí, dearadh maith fuaime i bhfoirgnimh, treoshuíomh foirgneamh, leagan amach inmheánach, ábhair thógála agus baic thorainn agus criosanna maolánacha idir úsáidí agus bealaí siúil éagsúla. Tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí éilimh iomaíocha idir fuaimíocht inmheánach, aeráil, agus compord teirmeach agus dearadh limistéir thaitneamhachta seachtracha príobháideacha ionas gur féidir taitneamh a bhaint as forbairtí mar a bhí beartaithe.
- **Limistéir Chiúin**
  Tá taitneamh agus cosaint leanúnach a bhaint as acmhainní nádúrtha, amhail spásanna glasa agus éadanas farraige, trí leibhéil ísle fuaime a chaomhnú nó leibhéil arda nach bhfuil ag teastáil a laghdú, tábhachtach go háirithe chun faoiseamh a thabhairt ó leibhéil arda torainn uirbigh. Mar chuid de na pleananna gníomhaíochta torainn, trí luach breise a thabhairt do na ceantair sin, maidir le cáilíocht na timpeallachta agus tionchar iarmhartach dearfach ar cháilíocht na beatha agus na sláinte, de bharr thorann íseal comhshaoil cabhrófar leis sin a bhaint amach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 91

*Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn, Pleananna Gníomhaíochta Torainn agus treoir phleanála náisiúnta.*

56 Straitéis um Aer Glan d'Éirinn, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2023




# 10 An Creat Náisiúnta Pleanála a chur chun feidhme

Braitheann rath an Chreata Náisiúnta Pleanála ar a mhachnamh beartais agus ar sheachadadh clár ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Dá bhrí sin beidh cur chun feidhme an Chreata comhcheangailte le rialachas cuíchóirithe socruithe agus tosaíochtaí infheistíochta caipitil poiblí fócasaithe.

# 10.1 Rialachas agus Maoirseacht

## Leag foilsiú an CNP le linn 2018 na bunsraitheanna d'fhás réigiúnach cothromaithe agus d'fheabhsaigh tarraingteacht réigiúnach ar fud na hÉireann

Leagann sé amach fís chomhleanúnach chun comhordú a thiomáint ar fud na leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Soláthraíonn ailíniú an Chreata Pleanála Náisiúnta leis an bPlean Forbartha Náisiúnta trí thacar comhroinnte de Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta nó NSOanna, bonn an-daingean chun athrú bunathraithe a sheachadadh sna blianta atá le teacht, le tairbhí iarmhartacha dár gcaighdeán maireachtála agus don chomhshaol tógtha agus nádúrtha.

Mar sin féin, ní leor infheistíocht as féin chun an Creat seo a chur chun feidhme. Beidh gá le pleanáil níos éifeachtaí agus próisis chomhordaithe ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena chinntiú go múnlóidh CNP beartais agus gníomhaireachtaí insoláthartha Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, Comhlachtaí Stáit, an rialtais áitiúil agus soláthraithe bonneagair, ag obair i gcomhar le pobail, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus lucht riaracháin comharsanachta.

Aithnítear go n-eascróidh dúshláin chomhordaithe agus acmhainne as na príomhinfheistíochtaí a theastaíonn chun an fás daonra réamh-mheasta agus tarraingteacht go dtí 2040 a choinneáil, i réimsí mar thithíocht, fuinneamh, aeráid, iompar, cúram sláinte agus oideachas. Tá raon leasuithe agus gníomhartha á gcur chun cinn ag an Rialtas atá dírithe ar acmhainneacht a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar shrianta ar sheachadadh an PFN. Déanann Tuarascáil ITES don Rialtas dar teideal 'An Plean Forbartha Náisiúnta i 2023: Tosaíochtaí agus Acmhainn' (2024) moltaí freisin maidir le conas is féidir uainiú agus seicheamhú thionscadail an PFN a dhearadh ionas go mbainfear an leas is mó as.

Scrúdaíonn Tuarascáil na ECFE 'I dTreo Tarraingteacht Chothrom Réigiúnda in Éirinn: Seachadadh an Chreata Pleanála Náisiúnta a Fheabhsú' (ECFE 2023) socruithe institiúideacha agus rialachais atá ann cheana in Éirinn, ag déanamh moltaí maidir le tionscnaimh a d'fhéadfaí a thabhairt isteach nó a scála chun tacú le seachadadh CNP. Ar cheann de na príomhthuairimí is ea an chaoi a leagann straitéis an CNP le haghaidh fáis réigiúnach níos cothroime bealach nua chun cinn agus go gcaithfidh socruithe rialachais agus institiúideacha a oiriúnú chun tacú le bogadh ó 'ghnó mar is gnách'. Feictear sa tuarascáil go bhfuil ról láidir ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla, ag cur béime ar an ngá atá le soiléireacht níos fearr maidir lena ról i gcur i bhfeidhm an CNP. Leagann sé béim ar dheiseanna le haghaidh ceannaireachta agus inniúlachtaí níos fearr ag na leibhéil seo.

Ar an leibhéal náisiúnta, molann an ECFE meicníochtaí níos foirmiúla chun tacú le comhordú tionscadal is ábhar imní réigiúnach e.g. tríd an mBord Seachadta PI2040. Molann an ECFE socruithe nua rialachais ag an leibhéal réigiúnach chomh maith, chun comhordú a fheabhsú idir údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, soláthraithe bonneagair, agus páirtithe leasmhara eile chun seachadadh Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta agus Pleananna Straitéiseacha an Limistéir Uirbigh a chinntiú. Téann na moltaí seo thar scóip an CNP mar straitéis phleanála spásúlachta ach baineann siad le baint amach foriomlán chuspóirí an CNP agus ní mór iad a bhreithniú go comhthreomhar, lena chinntiú go bhfuil na meicníochtaí ábhartha i bhfeidhm chun tacú le seachadadh CNP.

### Soláthar Reachtúil

Soláthraíonn Cuid 2 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) an bonn reachtúil don Chreat Pleanála Náisiúnta, monatóireacht ar a chur i bhfeidhm leanúnach, agus ceanglas reachtúil maidir lena athbhreithniú tréimhsiúil nó a athsholáthar, de réir mar is cuí. Nuair a achtófar an Bille um Pleanáil agus Forbairt 2023, tiocfaidh sé in ionad an chreata dlí reatha seo agus coinneoidh sé an CNP ag barr ordlathas na bpleananna agus na straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Leanfaidh Oifig an Rialtóra Pleanála de ról tábhachtach a bheith aici maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach an CNP a chinntiú ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha araon trína feidhm measúnaithe agus measúnaithe plean reachtúil faoi na hAchtanna Pleanála. Trína cuid oibre sa réimse seo ó bunaíodh í i 2019, tá an Oifig tar éis feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis reachtúil chun plean forbartha a dhéanamh go náisiúnta trína chinntiú go gcuireann údaráis phleanála cur chuige comhsheasmhach agus dea-chleachtais i bhfeidhm maidir le forbairt a gceantair agus iad ag obair freisin i dtreo cuspóirí beartais réigiúnacha agus náisiúnta níos leithne a bhaint amach.

### Céimniú

Is straitéis fhadtéarmach é an Creat Náisiúnta Pleanála agus leagtar amach ann spriocanna daonra náisiúnta, réigiúnaigh agus cathrach, a bhfuil bonn eolais curtha faoi ag taighde an ITES, chun forbairt réigiúnach níos éifeachtaí a chinntiú. Glacfaidh sé am chun na spriocanna sin a bhaint amach agus ní mór go mbeifear ábalta a gcur chun feidhme a oiriúnú d'athruithe dosheachanta i gcúinsí agus in imeachtaí gan choinne a bheidh i gcur chuige Creata san fhadtéarma..

Dá réir sin, chun monatóireacht agus athbhreithniú a éascú, tá spriocanna daonra réigiúnaigh go dtí 2030 agus 2040 leagtha amach i dTábla 10.1. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh orthu faoi 2030, bunaithe ar shonraí nuashonraithe an Daonáirimh, chun eolas a thabhairt d'aon athbhreithniú tréimhsiúil nó athsholáthar ar an CNP agus don chéad timthriall iomlán deich mbliana eile den Phlean Forbartha Náisiúnta.

Bunaithe ar réamh-mheastacháin, dírítear cion suntasach den fhás breise ar an daonra go dtí 2040 ar na tréimhsí go dtí 2030, agus leis sin is féidir uaillmhian agus solúbthacht shuntasach a chur isteach sa Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha, agus dá réir sin tabharfar treoir do na pleananna forbartha cathracha agus contae agus na pleananna limistéar áitiúil agus beidh tionchar aige orthu.

Beidh feidhm fós ag patrún sprice de leath fhás an daonra sna cúig chathair (CBN 4), ach níl céimniú sainithe don chúig chathair. Tabharfar aghaidh air sin mar chuid de Phlean Straitéiseach na Limistéar Cathrach (MASP) a ullmhófar do gach cathair i gcomhthéacs na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha. Déanfar amhlaidh ionas go mbeidh idirthréimhse ann, agus le linn na tréimhse sin cuideoidh infheistíocht chun tacú lefás dlúth agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt le cumas inlíontauirbigh níos mó a oscailt.

## 10.2 An Córas Pleanála

Tacaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) le córas atá bunaithe ar phleananna atá dírithe ar phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a chinntiú trí ordlathas pleananna agus beartais idirghaolmhara agus comhlántacha; ón CNP ag an leibhéal náisiúnta, Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta (ar a dtugtar 'RSESanna' freisin) ag an leibhéal réigiúnach agus pleananna forbartha agus pleananna áitiúla ag leibhéal cathrach agus contae. Éilítear ar chuspóirí forbartha gach plean leibhéal níos ísle a bheith comhsheasmhach, chomh fada agus is indéanta, le cuspóirí forbartha na bpleananna ardleibhéil.

### Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha

Chun comhordú níos fearr i gcúrsaí beartais pleanála agus forbartha thar theorainneacha a chinntiú, tá na húdaráis grúpáilte ina dtrí limistéir thionóil réigiúnaí - an tOirthear agus Lár na Tíre, an Tuaisceart agus an tIarthar, agus an Deisceart.

**Tábla 10.1 | Fás Céimnithe Daonra an Chreata Náisiúnta Pleanála**

| Region | 2030 Growth | % | 2040 Growth | % |
|---|---|---|---|---|
| **An tOirthear agus Lár na Tíre** | 270,000 | 49% | 470,000 | 49% |
| **An Tuaisceart agus an tIarthar** | 85,000 | 15% | 150,000 | 15% |
| **Deisceart** | 195,000 | 35% | 330,000 | 35% |
| **Fás Iomlán an Stáit** | 555,000 | | 950,000 | |
| **Daonra Iomlán an Stáit** | **5,700,00** | | **6,100,000** | |

Ó foilsíodh an CNP i 2018, tá Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta ullmhaithe ag na trí Chomhthionól Réigiúnacha. Baineann ullmhú na straitéisí leis na húdaráis áitiúla ábhartha, a bheith ag obair i gcuideachta leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tAire agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus leasanna eile, chun creat comhordaithe réigiúnach a chur i bhfeidhm maidir leis na pleananna forbartha reachtúla ar leibhéal údaráis áitiúil.

Is é príomhchuspóir na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta ná tacú le cur i bhfeidhm an CNP, agus le beartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais trí phleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus creat eacnamaíoch a sholáthar d'fhorbairt na réigiún. Tacaíonn na RSESanna leis an straitéis fháis atá leagtha amach sa CNP agus féachann siad le forbairt réigiúnach chothromaithe a éascú, dírithe ar na cúig chathair agus na cúig ionad fáis réigiúnacha níos lú, chun tacú le rathúnas eacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil, agus gníomhaíocht aeráide ar fud na réigiún go léir.

Tá an RSES mar bhonn le pleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus na bPleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail (LECPanna), lena chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach le beartas náisiúnta agus réigiúnach.

Ceanglaítear le hAlt 25A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú (an tAcht), ar gach ceann de na trí thionól réigiúnacha tuarascáil a ullmhú gach dhá bhliain ar dhul chun cinn sheachadadh an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (RSES), agus an tuairisc a thabhairt don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC). Sainaithnítear go sonrach sna tuarascálacha monatóireachta an dul chun cinn atá déanta ag údaráis phleanála, comhlachtaí poiblí agus a ngníomhaireachtaí, agus an tionól réigiúnach ábhartha maidir le cuspóirí RSES.

Áiríonn an Dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt 2023 forálacha reachtúla molta chun ordlathas beartais phleanála na bpleananna a ailíniú tuilleadh trí shaolré straitéiseach na bPleananna Forbartha Contae agus Cathrach a mhéadú go 10 mbliana, i gcomhthráth le tréimhse feidhmithe 12 bliana an RSES.

## Pleanáil Straitéiseach Limistéar Cathrach

Cuimsíonn gach ceann de na cúig chathair in Éirinn níos ná limistéar údaráis áitiúil amháin, agus cumhdaíonn limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath cuid de limistéar na seacht n-údarás áitiúla nó iad ar fad. De bharr iolracht na bpleananna chun dul i ngleic le riachtanais aonair agus shainiúla na n-údarás áitiúil tá comhordú na forbartha straitéisí dúshlánach.

Cé gur forbraíodh na trí Straitéis Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha chun na pleananna údaráis áitiúil a chomhordú ar leibhéal straitéiseach agus tionóil réigiúnaigh, aithnítear go bhfuil limistéar na dTionól ró-leathan chun díriú isteach go leor ar shaincheisteanna cathrach agus uirbeach.

Dá réir sin, in éineacht le agus mar chuid de phróiseas na Straitéise Réigiúnaí Spáis agus Eacnamaíochta, ullmhaíodh pleananna straitéiseacha ceantair uirbigh (MASPanna) do cheantair Chathair Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Ag teacht leis na Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta, cuireann na MASPanna creat pleanála agus infheistíochta straitéiseach 12-bliana ar fáil do cheantair uirbeacha na cathrach, ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna forbartha straitéiseacha ardleibhéil agus fadtéarmacha.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 92

*Déanfaidh na húdaráis chuí athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha an Cheantair Uirbigh do cheantair Uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe, agus Phort Láirge agus i gcás Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí chun dul i ngleic leis an réigiún cathrach níos leithne chomh maith, in éineacht le agus mar chuid d'athbhreithniú ar an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta ábhartha.*

Ag cur san áireamh na leibhéil uaillmhianacha fáis spriocdhírithe don chúig chathair sa Chreat seo, beidh ról tábhachtach ag an limistéar cathrach níos leithne thart ar gach ceann. I ngach cás, tá siad dlúthcheangailte nó comhtháite leis an gcathair in aice láimhe, i gcomhthéacs iompair, fostaíochta, tithíochta, taitneamhachtaí agus seirbhísí.



Bheadh sé réasúnta i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach na Limistéar Cathrach agus mar chuid den chéimniú isteach an aistrithe chun comhdhlúthú uirbeach agus spriocanna athfhorbraíochta a bhaint amach, go bhféadfaí freastal sa limistéar cathrach níos leithne ar chion suas le 20% de spriocfhás céimnithe an daonra sa phríomhchathair agus sa limistéar fo-uirbeach i.e. lasmuigh den chathair agus de na fo-bhailte nó den limistéar criosaithe tadhlach. Bheadh sé sin sa bhreis ar an bhfás a sainaithníodh don limistéar Cathrach. Dhíreofaí fás pleanáilte sa cheantar uirbeach ar phobail nua inbhuanaithe a sheachadadh ag láithreacha athfhorbraíochta agus úrnua ar feadh na gconairí iompair phoiblí ardacmhainne atá ann cheana nó atá beartaithe de réir phrionsabail na Forbartha Iompar Dírithe. Tacóidh na forálacha seo leis an aistriú ón bpatrún forbartha reatha.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 93

*Áireofar i bPleananna Straitéiseacha an Cheantair Uirbigh soláthar do dheiseanna a bhaineann le Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) ar mhórscála agus d'fhéadfaidís díriú ar chomhréir den fhás pleanáilte sna ceantair uirbeacha i dtreo pobail inbhuanaithe nua a sheachadadh ag láithreacha athfhorbraíochta agus úrnua sa phríomhchathair agus sna bruachbhailte agus sna ceantair uirbeacha níos leithne dírithe ar dheiseanna a eascraíonn as infheistíocht mhór iompair phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe,ar feadh chonairí iompair phoiblí pleanáilte agus i gcomhréir le prionsabail Forbairt atá Dírithe ar Iompar.*

## Pleanáil Spásúlachta agus Iompair a Chomhtháthú

Tá beartais phleanála agus iompair idirspleách. Tá buntáistí trasghearrtha ag baint le comhtháthú úsáidí talún le rochtain ar iompar i dtéarmaí patrúin dhlúth forbartha a bhaint amach (trí dhlúis méadaithe i suíomhanna inrochtana a éascú), aistriú go sochaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de (trí astaíochtaí laghdaithe) soghluaisteacht inbhuanaithe (trí níos lú turas a dhéanamh i gcarr) agus an t-aistriú go feithiclí leictreacha. Tá an cumas go háirithe ag Cineálacha Forbartha atá Dírithe ar Iompar (TOD) sciar suntasach den daonra, tithíocht, fostaíocht, seirbhísí agus taitneamhachtaí amach anseo a lonnú feadh líonraí iompair ardacmhainne agus ag nóid iompair.

Tá sé mar chomhfhreagracht ar na húdaráis phleanála, ar an ÚNI, agus ar ghníomhaireachtaí rialtais eile as úsáid talún agus iompar lasmuigh den Rialtas láir a chomhtháthú.

Tá an ÚNI freagrach as Straitéis Iompair a ullmhú do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar ullmhaíodh an ceann is déanaí ó 2022 go 2042. Tá ceanglas reachtúil ar chomhsheasmhacht idir an Straitéis Iompair, an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, agus pleananna forbartha na n-údarás áitiúil laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn Straitéis Iompair an ÚNI ráiteas soiléir ar bheartas pleanála iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar féidir le gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le pleanáil spásúlachta, cosaint an chomhshaoil, agus soláthar bonneagair eile ar nós tithíocht, uisce agus cumhacht, a dtosaíochtaí infheistíochta a ailíniú. Is comhpháirt riachtanach é, mar aon leis na cláir infheistíochta in earnálacha eile, le forbairt eagraithe a dhéanamh ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go ceann 20 bliain.

Tá an riachtanas reachtúil le haghaidh straitéis iompair uathúil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ní ceanglas reachtúil é in aon chuid eile den tír. Mar sin féin, d'oibrigh an ÚNI le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla chun straitéisí iompair limistéir uirbigh neamhreachtúla a ullmhú do Chorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, agus pleananna iompair áitiúla le haghaidh ionaid fáis réigiúnacha agus príomhbhailte, chomh maith le seirbhísí iompair agus tionscadail bhonneagair a sheachadadh. Tá sé beartaithe na socruithe reachtúla atá i bhfeidhm cheana féin do phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leathnú chuig cathracha uile na hÉireann, agus ar an gcaoi sin na leibhéil chomhtháthaithe idir pleanáil spásúlachta agus pleanáil iompair ar fud na tíre a neartú, chun leasa an gheilleagair agus na sochaí.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 94

*Leathnófar socruithe reachtúla idir an phleanáil spásúlachta agus an phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile.*

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus an Roinn Iompair ag obair leis an GFT, an ÚNI, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus soláthraithe bonneagair chun deiseanna oiriúnacha a aithint d'Fhorbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) ar scála sna cúig chathair, ailínithe le hinfheistíocht phleanáilte sa ghréasán iompair phoiblí. Tacaíonn Forbairt atá Dírithe ar Iompar le tosaíochtaí an CNP maidir le Fás Dlúth, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, agus Aistriú go Sochaí Ísealcharbóin agus Athléimneach Aeráide. Leanfaidh rannpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla ábhartha, GFT agus ÚNI agus soláthraithe bonneagair chun tús a chur le pleanáil straitéiseach do thionscadail forbartha inbhuanaithe ar mhórscála ag na láithreacha aitheanta, agus ag láithreacha a thagann chun cinn le linn thréimhse an CNP. Éascaíonn an obair seo aithint agus forbairt na bhforálacha beartais riachtanacha ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus socruithe feabhsaithe institiúideacha agus maoinithe a theastaíonn chun seachadadh a luathú.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an dá Roinn freisin ar dheiseanna chun úsáid talún agus iompar a chomhtháthú níos fearr sna hionaid réigiúnacha. Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh suíomhanna lasmuigh de na limistéir uirbeacha oiriúnach do TOD ar mhórscála, is féidir prionsabail TOD a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil chun tacú le forbairt dhlúth, le soghluaisteacht inbhuanaithe agus le spriocanna aeráide.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 95

*Oibreoidh an Rialtas chun na socruithe riachtanacha institiúideacha agus maoinithe a bhunú chun tacú le forbairt agus seachadadh luathaithe Forbartha atá Dírithe ar Iompar ag láithreacha oiriúnacha i gcomhar leis an gclár leanúnach infheistíochta sa ghréasán iompair phoiblí.*

## Pleanáil Straitéiseach Níos Fearr do Limistéir Uirbeacha Eile

Tá sé beartaithe pleananna limistéir áitiúil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a chur in ionad, tríd an mBille um Pleanáil agus Forbairt 2023, trí chineál nua de phleananna ceantair dírithe. Cuirfidh na pleananna seo ar chumas na n-údarás pleanála, faoi réir achtú na reachtaíochta, freagairt shaincheaptha a sholáthar do chomhthéacsanna agus riachtanais forbartha ar leith, bunaithe ar rannpháirtíocht fiúntach le pobail áitiúla. Soláthróidh sé seo cinnteacht níos fearr do na páirtithe leasmhara go léir maidir leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na próisis phleanála agus toilithe.

Is iad na trí chineál pleananna ceantair:

- **Pleananna Ceantair Uirbigh** le haghaidh lárionaid fáis réigiúnacha agus príomhbhailte atá ainmnithe sa straitéis réigiúnach spásúlachta agus eacnamaíoch, agus i gcás inarb é tuairim an údaráis pleanála go dteastaíonn cur chuige comhtháite maidir le húsáid talún agus pleanáil iompair don limistéar uirbeach ar fad de bharr scála an fháis bheartaithe.
- **Pleananna Limistéir Tosaíochta** do chodanna de bhailte agus de chathracha ar féidir leo tithíocht shuntasach nó forbairt eile a sheachadadh nó a bhfuil gá ar leith acu le plean sainiúil le haghaidh athghiniúna agus athnuachana.
- **Pleananna Comhordaithe Limistéir** le bheith ullmhaithe ag dhá údarás pleanála nó níos mó i gcomhpháirt le forbairt lonnaíochta nó cuid de limistéar uirbeach lonnaíochta atá trasna óna limistéir fheidhme. Aithneofar a leithéid de lonnaíocht nó cuid de limistéar uirbeach lonnaíochta sa straitéis réigiúnach spásúlachta agus eacnamaíoch.

Ina theannta sin, tabharfaidh tabhairt isteach Criosanna Forbartha Uirbeacha (UDZanna) nua cumhacht d'údaráis áitiúla limistéir a bhfuil acmhainneacht shuntasach forbartha iontu a ainmniú, lena n-áirítear tithíocht, mar Chriosanna Forbartha Uirbeacha Iarrthóra agus don Rialtas limistéir dá leithéid a ainmniú mar UDZanna. Díreofar na réimsí seo ar infheistíocht phoiblí i bpríomhbhonneagar cumasúcháin lena chinntiú gur féidir an poitéinseal forbartha a bhaint amach in am.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 96

*Déanfar foráil do phleananna ceantair uirbigh agus do phleananna ceantair tosaíochta chun teacht in ionad na bhforálacha atá ann faoi láthair sa phlean ceantair áitiúil; pleananna limistéir chomhordaithe atá le hullmhú i gcás ina bhfuil baile agus a cheantar máguaird laistigh de limistéar feidhme comhcheangailte níos mó ná údarás áitiúil amháin, agus limistéir a bhfuil acmhainneacht shuntasach forbartha acu a ainmniú mar Chrios Forbartha Uirbigh Iarrthóra agus Criosanna Forbartha Uirbeacha chun infheistíocht spriocdhírithe a éascú i mbonneagar cumasaithe agus forbairt luathaithe.*

## Pleanáil na nÚdarás Áitiúla a Neartú: Déanamh Pleananna agus Croí-Straitéisí

Le leasuithe ar an reachtaíocht maidir le pleanáil in 2010 tugadh isteach cur chuige úr le húdar a thabhairt do chuspóirí criosaithe talún i bpleananna údaráis áitiúil ionas go gcuirtear dóthain talún ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha réamh-mheasta ach gan an oiread sin a bheith ar fáil go mbeadh sé deacair limistéir uirbeacha atá meata nó gan mórán cónaí iontu a athghiniúint. Mar thoradh ar na leasuithe ar na croí-straitéisí baineadh buntáistí agus leasanna móra amach i gcur chuige pleanála níos straitéisí agus bunaithe níos mó ar fhianaise.

Ó foilsíodh an CNP, tá feabhsuithe breise curtha i bhfeidhm ar chur chuige na croístraitéise trí reachtaíocht agus le foilsiú na dTreoirlínte Aireachta Alt 28 ar 'Sprioc-Mhodheolaíocht Soláthair Tithíochta do Phleanáil Forbartha' chun tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála agus na trí Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha, chun folúntais áitribh agus an chothromaíocht idir forbairt i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon a chur san áireamh.

## Criosú Talamhúsáide, Bonneagar agus Seirbhísí a Chomhordú

Díríonn an Creat seo ar fhorbairt shuntasach inlíonta agus athfhorbraíochta chun fás dlúth agus inbhuanaithe a bhaint amach a fhéadfaidh gníomhú mar thiománaí d'athghiniúint agus athnuachan uirbeach inár gcathracha agus ár mbailte. Tá an cumas ag cur chuige den sórt sin croíréimsí traidisiúnta a athbheochan agus ag an am céanna a chinntiú go mbaintear an leas is mó as an infheistíocht phoiblí shuntasach a dhéanann an Stát i seirbhísí agus i mbonneagar.

Ciallaíonn sé sin go gcaithfear na spriocanna sna pleananna forbartha cathrach agus contae a bheith bainteach le candam agus suíomh an chriosaithe talamhúsáide amach anseo. Le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach beidh gá le nascacht níos fearr idir criosú talún agus infhaighteacht an bhonneagair. Cabhróidh an Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe agus tabhairt isteach na moltaí um Chomhroinnt Luachanna Talún le spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a leithéid de thalamh criosaithe i gceantair uirbeacha agus ag cinntiú go bhfuil an bonneagar riachtanach in áit chun forbairt a éascú.

Leanfaidh an Cur Chuige Srathach i leith Criosú ag déanamh idirdhealú idir talamh criosaithe atá réidh le forbairt agus talamh criosaithe a éilíonn infheistíocht bhreise shubstaintiúil i seirbhísí bonneagair sular féidir forbairt a dhéanamh.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 97

*Iarrfar ar údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe sraithe a chur i bhfeidhm le difreáil a dhéanamh idir i) talamh chriosaithe sheirbhísithe ii) talamh chriosaithe ar a mbeifear ábalta seirbhísiú a dhéanamh uirthi le linn shaolré an phlean.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 98

*Nuair atá tailte criosaithe chun críche forbartha á meas lena dteastaíonn infheistíocht i mbonneagar seirbhíse, déanfaidh údaráis phleanála meastachán réasúnta de chostas iomlán sheachadadh na seirbhísí sonracha agus ullmhóidh siad tuarascáil, ina mbeidh sonraí faoin gcostas measta ag céimeanna an dréachtphlean agus an phlean deiridh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 99

*Nuair atá talamh á meas le haghaidh criosaithe do chuspóirí forbartha nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísiú orthu le linn shaolré an phlean ábhartha, níor cheart tailte dá leithéid a chriosú le haghaidh forbartha.*

### Tosaíocht a thabhairt do Thailte Forbartha

Tá a lán gnéithe pleanála eile a bhaineann le criosú talún seachas bonneagar bunúsach cumasúcháin a sholáthar, lena n-áirítear leibhéil fhoriomlána phleanáilte fáis, suíomh, oiriúnacht don chineál forbartha atá beartaithe, infhaighteacht taitneamhachtaí, scoileanna, siopaí, nó fostaíocht, inrochtaineacht ar sheirbhís iompair etc. agus an ghaireacht dóibh.

Cabhraíonn measúnú na ngnéithe seo go léir le chéile agus infhaighteacht an bhonneagair leis na húdaráis phleanála ord tosaíochta a chinneadh le fás agus forbairt phleanáilte a sheachadadh.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 100**

*Bainfidh údaráis phleanála feidhm as cumhachtaí ceannaigh éigeantaigh chun seachadadh bonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta a éascú, chun freastal ar fhás pleanáilte.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 101**

*Díreoidh údaráis phleanála agus gníomhaireachtaí seachadta bonneagair ar sheachadadh tráthúil an bhonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta chun fás agus forbairt atá beartaithe a sheachadadh.*

*Ina theannta sin, lena chinntiú go bhfuil tailte inlíonta agus athfhorbraíochta á bhforbairt agus go bhfuil na spriocanna dlúthfhás atá leagtha amach in NPO 7 - 9 á mbaint amach, tá sé tábhachtach freisin cineálacha cur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun fás dlúth i gcathracha agus i lonnaíochtaí níos mó a thomhas agus a fhaireachán atá ailínithe le digitiú níos fearr ar an gcóras pleanála.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 102**

*Cur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le dlúthfhás i gcathracha agus i lonnaíochtaí níos mó a thomhas agus a fhaireachán agus iad a ailíniú le digitiú méadaithe an chórais phleanála.*

## 10.3 Infheistíocht Chaipitil Phoiblí – An Plean Forbartha agus Náisiúnta Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

Is fianaise inláimhsithe é ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála leis an bPlean Forbartha Náisiúnta ó 2018 i leith ar thiomantas an Rialtais tacaíocht a thabhairt don CNP le hinfheistíocht chuí. Tá tionchar níos fearr aige sin ar phatrúin forbartha agus tacóidh sé le cuspóirí leathana náisiúnta i réimsí amhail iompar, gníomhú ar son na haeráide, bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht dramhaíola, feidhmiú céimiúil líonraí cumarsáide agus fuinnimh agus forbairt bonneagair shóisialta i réimsí sláinte, oideachais agus saoráidí pobail.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 103**

*Leanúint ar aghaidh agus ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú trí Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sheachadadh.*

# Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

**Faoi mar a léiríodh níos luaithe i gCaibidil 1, dírítear ar chur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála ar bheartais, ar ghníomhaíochtaí agus ar infheistíocht chun na 10 dToradh Straitéiseacha Náisiúnta a bhfuil níos mó eolais fúthu thíos a sheachadadh.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1

### Fás Dlúth

Ó dhearcadh forbartha uirbí de, beidh orainn cion níos mó d'fhorbairt chónaithe a sheachadadh laistigh de limistéir chomhthógtha atá ann cheana inár gcathracha, inár mbailte agus inár sráidbhailte agus a chinntiú, nuair a bheidh daoine ag roghnú tí, go mbeidh roghanna mealltacha inmharthana eile ar fáil dóibh.

Mar aon le fócas ar fhorbairt inlíonta, iompar comhtháite agus athghiniúint agus athnuachan limistéar uirbeach a chur chun cinn, má fhéachtar; le beartas fáis ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil cinnteofar todhchaí níos inbhuanaithe dár lonnaíochtaí agus dár bpobail.

Ó foilsíodh an CNP i 2018, rinneadh infheistíocht shuntasach inár gceantair uirbeacha atá dírithe ar thacú le dlúthfhás agus tá dul chun cinn déanta ar ghníomhachtú talún agus ar bhearta gníomhacha bainistíochta talún atá dírithe ar thailte athfhorbraíochta agus inlíonta a thabhairt ar aghaidh le haghaidh forbartha.

#### An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus an Ciste Forbartha Athghiniúna Tuaithe

Chun seachadadh an chuspóra seo a chinntiú, tá dhá mheicníocht shaincheaptha maoinithe bunaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta;

- **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF); agus**
- **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF).**

Is é cuspóir an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) ná €2 billiún ná forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a bhaint amach i gcúig chathair agus lárionaid uirbeacha eile na hÉireann bunaithe ar na critéir uileghabhálacha seo a leanas:

- **Forbairt inlíontach uirbeach a chumasú nach dtarlódh gan iad;**
- **'Inchónaitheacht' agus caighdeán na beatha a fheabhsú ionas gur féidir dlús forbartha níos mó a bhaint amach;**
- **Forbairt eacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh trí chúinsí a chruthú a mheallfaidh infheistíocht shoghluaiste idirnáisiúnta agus deiseanna fáis don bhfiontraíocht dhúchasach;**
- **Leas a bhaint as acmhainní agus cumas atá ann cheana chun mais chriticiúil agus scála criticiúil a chruthú d'fhás réigiúnach;**
- **Inrochtaineacht chuig agus idir lárionaid mhaise agus scála a fheabhsú agus comhtháthú níos fearr lena gceantair mórthimpeall;**
- **Aistriú go dtí modhanna taistil níos inbhuanaithe a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna ídithe fuinnimh (éifeachtúlacht, fuinneamh in-athnuaite) i gcomhthéacs uirbeach;**
- **Soghluaisteacht saothair a spreagadh chun tacú le fás faoi threoir fostaíochta a spreagadh, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, forbairt oideachais/scileanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail agus teaghlaigh lena n-áirítear cúram leanaí.**

Déanann an ciste é seo trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail athnuachana agus athghiniúna i gcúig chathair agus bailte móra eile na hÉireann. Go dtí seo tá an URDF tiomanta do 132 tionscadal a pháirtmhaoiniú, comhdhéanta de bheagnach 400 fothionscadal ar fud na tíre. Bhí trí ghlao san iomlán go dtí seo. Rinne Glao 2 go háirithe iarracht sciar níos mó d'fhorbairt chónaithe agus thráchtála a éascú, le tacaíocht ó bhonneagar, seirbhísí, agus taitneamhachtaí, laistigh de na limistéir thógtha atá ann cheana féin i lonnaíochtaí uirbeacha níos mó. Tá an tríú babhta de thacaíocht maoinithe deartha go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas fadtéarmach agus ar thréigean thar chathracha agus bailte URDF

(daonra >10,000) agus chun soláthar cóiríochta cónaithe a luathú. D'aithin Glao 3 an gá atá le foirgnimh agus láithreáin atá folamh agus tréigthe go fadtéarmach a úsáid chun críocha cónaithe agus eile.

Leanfaidh clár URDF ag tacú le dul chun cinn na dtograí agus na dtionscadal ceadaithe trí shaolréanna a dtionscadail.

Is é cuspóir an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe €1 billiún (RRDF), na tacú le fás inbhuanaithe i gceantair thuaithe na hÉireann, agus faoi réir nádúr an togra, ionaid uirbeacha níos lú (<10,000 daonra), bunaithe ar na critéir uileghabhálacha seo a leanas:

- **Mealltacht, inmharthanacht agus beocht bailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe níos lú a fheabhsú d'fhonn patrúin agus foirmeacha forbartha níos inbhuanaithe a bhaint amach;**
- **Aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna ídithe fuinnimh (éifeachtúlacht, inathnuaite) i mbailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe níos lú;**
- **Fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh agus a mhealladh i gcomhthéacs gheilleagar na tuaithe agus a éagsúlú leanúnach inbhuanaithe, go háirithe i gcás gur féidir aischuir ísealcharbóin a bhaint amach**
- **Freastal ar fhorbairt nideoige nó sainfhorbairt a chaithfidh a bheith i suíomh tuaithe mar gheall ar a chineál agus a bhfuil sochair níos leithne inti don gheilleagar tuaithe áitiúil agus réigiúnach;**
- **Comhoibriú trasteorann idir contaetha agus réigiúin le torthaí níos inbhuanaithe a bhaint amach do phobail tuaithe e.g. lonnaíochtaí, tírdhreacha agus taitneamhachtaí comhroinnte, chomh maith le talamh faoi úinéireacht stáit;**
- **Comhordú na sruthanna éagsúla maoinithe don fhorbairt tuaithe a thacaíonn le beartais chomhfhorbairte áite an Chreata Náisiúnta Pleanála.**

Cabhraíonn na tionscadail chaipitil mhórscála a fhaigheann tacaíocht ón gciste le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte tuaithe trí dhul i ngleic le folúntais agus tréigthe, agus iad a chur in áit le haghaidh tuilleadh fáis trí athnuachan agus athghiniúint lár na mbailte.

Tar éis ceithre ghlao ar thograí tá an RRDF ag tacú le 215 tionscadal ar fud na hÉireann. Fógraíodh an cúigiú glao ar thionscadail chaipitil in 2023. Chomh maith leis an RRDF, tacaítear le hathghiniúint na mbailte tuaithe freisin ón Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, lena n-áirítear Beart um Fháil Foirgnimh, d'fhoirgnimh agus láithreáin fholmha, agus Beartas Lár na mBailte ar Thús 2022, a sholáthraíonn creat rialtais uilechomhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar shláinte i mbailte de gach méid, agus tá sraith tacaíochtaí agus bearta bunaithe chun iad a athnuachan agus a athbheochan.

## Gníomhachtú Talún agus Bainistiú Gníomhach Talún

Tá an Rialtas ag cur go leor bearta gníomhachtaithe talún agus bainistíochta talún gníomhach chun cinn trí reachtaíocht chun a chinntiú gur féidir dlús a chur leis an bpoitéinseal d'fhorbairt uirbeach i gceantar tógtha na gcathracha agus na mbailte, chomh gar do sheirbhísí agus iompar poiblí ar ardchaighdeán.

Tiocfaidh an Cháin ar Thalamh Criosaithe Chónaithe (RZLT) a tugadh isteach faoin Acht Airgeadais 2021 i bhfeidhm le linn 2025. Tá an cháin dírithe ar ghníomhachtú na forbartha ar thalamh criosaithe agus seirbhísithe oiriúnach do thithíocht a spreagadh.

Tá tograí maidir le Criosanna Forbartha Uirbeacha (UDZanna) a thabhairt isteach á gcur chun cinn tríd an mBille um Pleanáil agus Forbairt 2023 chun tosaíocht a thabhairt do phleanáil agus do sheachadadh tograí faoi threoir phlean d'fhorbairt limistéir a bhfuil acmhainneacht shuntasach fáis iontu, agus béim á cur ar sholáthar an bhonneagair a theastaíonn chun tacú le seachadadh. Díreoidh na criosanna seo ar chomharsanachtaí úsáide measctha a chruthú le leibhéil arda inrochtaineachta ag féachaint do naisc iompair phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe, lena n-áirítear deiseanna d'Fhorbairt atá Dírithe ar Iompar, go háirithe i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá moltaí le haghaidh reachtaíochta chun tacú le Comhroinnt Luachanna Talún (LVS) á gcur chun cinn freisin chun a chinntiú gur féidir leis an Stát cuid den ardú ar luachanna talún a bhaint amach a eascraíonn as cinntí poiblí talamh a chriosú nó a ainmniú le haghaidh forbartha. Tá sé i gceist go n-úsáidfear na hoibleagáidí a ndaingnítear chun an bonneagar a sholáthar a theastaíonn le gur féidir tithíocht agus forbairt ghaolmhar a dhéanamh, chomh maith leis na seirbhísí agus na háiseanna a theastaíonn ó phobail a sholáthar.

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2

## Rochtain Réigiúnach Fheabhsaithe

Tacófar le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála trí nascacht a fheabhsú idir lárionaid scála daonra. Feictear go bhfuil nascacht níos fearr idir na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, agus Port Láirge agus leis na réigiúin Thuaidh agus Thiar ríthábhachtach chun cumas na n-ionad seo a chumasú.

Tá príomhról ag an ngréasán iarnróid idiruirbeach maidir le roghanna taistil inbhuanaithe eile a thairiscint seachas taisteal i gcarranna príobháideacha agus leathnaíonn sé dobharcheantair shaothair, ag dul chun sochair iomaíochais idirnáisiúnta ár gcathracha móra. Tá acmhainn bhreise ann, mar a aithníodh sa Dréacht-Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, feabhas a chur ar naisc iarnróid idir ár mórchathracha (lena n-áirítear spine idirchathrach a nascann Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh) le hacmhainn mhéadaithe, luas líne agus minicíocht seirbhíse méadaithe.

Tá sé tábhachtach freisin go mbaintear trácht feithicle as ceantair uirbeacha, nuair is féidir, chun úsáid éifeachtach a bhaint as an ngréasán bóithre náisiúnta, go háirithe do thrácht tráchtála. Méadóidh sé seo freisin sábháilteacht úsáideoirí agus bainfidh sé brú tráchta in ionaid uirbeacha agus tuaithe.

Beidh ról ag rothaíocht freisin maidir le nascacht réigiúnach a fheabhsú, trí chur i bhfeidhm an Líonra Rothaíochta Náisiúnta, a foilsíodh le linn 2024. Comhtháthóidh an gréasán seo glasbhealaí, an gréasán EuroVelo, agus bealaí rothaíochta réigiúnacha agus áitiúla agus tacóidh sé le fás eacnamaíoch na limistéar uirbeach réigiúnach de dhaonra 5,000+ chomh maith le cinn scríbe turasóireachta tosaíochta.

### Bóithre Idir-Uirbeacha

- **Cumas straitéiseach agus sábháilteacht líonra na mbóithre náisiúnta a chothabháil agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsúcháin cumais sa todhchaí;**
- **Feabhas a chur ar mheánuaireanta turais a dhíríonn ar mheánluas idir-uirbeach 90kph;**
- **Bainistíocht tráchta níos éifeachtúla a chumasú sna cathracha agus mórthimpeall orthu agus spás bóthair lár na gcathracha a athdháileadh i leith seirbhísí iompair poiblí bunaithe ar bhusanna agus ar shaoráidí siúil/ rothaíochta;**
- **Réitigh bhainistíochta cuartráchta a chur chun cinn, lena n-áirítear Cuarbhóthar na Gaillimhe agus Tionscadal Iompair Tuaisceart Chathair Chorcaí;**

### Inrochtaineacht ar an Iarthuaisceart

- **Rochtain uasghrádaithe chuig ceantar teorann an Iarthuaiscirt, ag baint leas as na bealaí atá ann cheana (N2/N14/A5);**
- **Uasghrádú ar chodanna tuaisceartacha de bhealach an N4 agus N5 agus ar chodanna de phríomhbhealach náisiúnta an N3/M3;**
- **Forbairt chéimnitheach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ó Ghaillimh ó thuaidh trí uasghrádú a dhéanamh ar chodanna den N17 ó thuaidh, de réir mar is gá agus nasc an N15/N13 a uasghrádú.**

### Iompar Poiblí

- **Nascacht iompair phoiblí a neartú idir cathracha agus bailte mórfháis in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le seirbhísí feabhsaithe agus amanna taistil iontaofa bunaithe ar thorthaí an Dréacht-Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin.**

### Rothaíocht

- **Líonra rothaíochta sábháilte agus nasctha a fhorbairt idir cathracha, bailte, agus príomhchinn scríbe turasóireachta chun tionchar carbóin an iompair a laghdú, sochaí shláintiúil agus cuimsitheach a chur chun cinn, agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn.**

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3

## Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

Leanann doiciméid bheartais agus cláir infheistíochta Ár dTodhchaí Thuaithe agus Ár nOileáin Bheo ag tiomáint forbairt agus éagsúlú an gheilleagair tuaithe, mar an scéim náisiúnta leathanbhanda, agus an líonra moil náisiúnta.

Leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, mar aon le tionscnaimh um athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, tithíochta agus forbartha pobail níos leithne, cruthófar timthriall macánta pleanála céimnithe le haghaidh infheistíochta inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe agus le haghaidh a n-éagsúlaithe eacnamaíoch, ag baint athearraíochta astu chun freastal ar dhúshláin na todhchaí.

Trí infheistíocht leanúnach san earnáil agraibhia cuirfear bonn taca faoi fhás inbhuanaithe faoi mar atá leagtha amach in Food Wise 2030 agus déanfar soláthar dár nIonaid Cuanta Iascaigh agus bonneagar taighde. Tá scóip ann le haghaidh feabhas a chur ar na Cláir leanúnach arna cómhaoiniú ag an AE a thacaíonn le forbairt tuaithe, forbairt bia mara agus foraoisiú.

Tá tús láidir curtha le forbairt Líonra náisiúnta fadraoin Glasbhealaí agus Gormbhealaí. Le líonra den sórt sin, lena n-áirítear bealaí tuaithe siúil, rothaíochta agus caitheamh aimsire uisce, chomh maith le 'bealaí móna', léiríodh mór-acmhainneacht chun borradh a chur faoi na suíomhanna réigiúnacha agus tuaithe tríd an cás "gnóthú/gnóthú" ó thaobh méadú ar ghníomhaíocht turasóireachta agus taisteal níos sláintiúla de.

Tríd an líonra sin a fhorbairt tuilleadh éagsúlófar ár ngeilleagar tuaithe tríd an acmhainneacht le haghaidh mórfhairsingithe san éileamh ar thurasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí a ghlacadh.

### Forbairt Tuaithe

- **Cur chun Feidhme na ngníomhaíochtaí atá léirithe sna doiciméid bheartais Ár dTodhchaí Thuaithe agus Ár nOileáin Bheo;**
- **Forbairt chéimnitheach an leathanbhanda tuaithe faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda;**
- **Cur chun feidhme Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun deiseanna a chur ar fáil le hathnuachan agus athearraíocht bailte agus sráidbhailte tuaithe atá lagaithe de dheasca na n-athruithe struchtúracha ar an ngeilleagar tuaithe agus ar phatrúin lonnaíochta;**
- **Córas náisiúnta iompair phoiblí phobalbhunaithe ar ardchaighdeán a sholáthar i dtuath na hÉireann a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir na háite faoin Chlár Éire a Nascadh agus tionscnaimh chomhchosúla;**
- **Cothabháil bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus tionscadail um fheabhsú bóithre réigiúnacha a infheistiú i limistéir thuaithe chun rochtain ar sheirbhísí tábhachtacha a chinntiú amhail oideachas, cúram sláinte agus fostaíocht;**
- **Infheistiú i nglasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna mar chuid de straitéis chomhordaithe ar bhonn náisiúnta;**
- **Infheistíocht leanúnach san earnáil agraibhia chun bonn taca a chur faoi fhás inbhuanaithe faoi mar atá leagtha amach i Fís Bia 2030.**

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4

## Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin

Mar náisiún oileánda agus geilleagar beag oscailte, bíonn Éire ag brath go mór ar nascacht idirnáisiúnta chun fás faoi stiúir easpórtála a chumasú, chun tacú lenár n-earnáil turasóireachta agus í a fhorbairt, agus freisin chun infheistíocht dhíreach eachtrach ardluacha a mhealladh. Bhí na hearnálacha seo mar bhunús do bheartais eacnamaíocha agus trádála Rialtas i ndiaidh a chéile, agus bhí ról ríthábhachtach ag ár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt chun a bhforbairt a éascú le scór bliain anuas.

Is eintitis tráchtála faoi úinéireacht an stáit iad na príomhchalafoirt agus na haerfoirt agus tá sé ar a n-acmhainn a mhaoiniú féin a thiomsú agus oibriú go brabúsach. Dá réir sin, ní gá don Státchiste tionscadail straitéiseacha thábhachtacha a mhaoiniú. Mar sin féin, beidh gá le maoiniú ón Státchiste le haghaidh rochtain fheabhsaithe ar na seirbhísí iompair bonneagair náisiúnta seo, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do nascacht na hÉireann. Ní mór do phleananna infheistíochta caipitil na gcalafort agus na n-aerfort faoi úinéireacht an Stáit a ailíniú le cuspóirí beartais an Rialtais lena n-áirítear polasaithe earnálacha ábhartha sonracha agus an Plean Forbartha Náisiúnta.

Tá na príomh-aerfoirt (a bhfuil staitisticí taifeadta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ina leith) lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Corcaigh, an tSionainn, Iarthar Éireann agus Ciarraí mar aon le haerfoirt réigiúnacha eile, ina bpríomhchumasóirí d'fhorbairt eacnamaíoch agus réigiúnach.

### Aerfoirt

- **Bonneagar nua-aimseartha, atá chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de, atá éifeachtúil ó thaobh costas de a fhorbairt agus a fheabhsú ag ár n-aerfoirt Stáit chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú, chun tionchar comhshaoil a laghdú, agus chun nascacht idirnáisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt;**
- **Rochtain ar thalamh a fheabhsú go háirithe i leith iompar poiblí amhail tionscadal Metro-Link agus BusConnects agus acmhainn an ghréasáin bóithre gaolmhar i mBaile Átha Cliath; agus**
- **Bainistíocht chúramach a dhéanamh ar thalamhúsáid i limistéir talún chun díriú ar riachtanais reatha agus amach anseo na n-aerfort**

Maidir lenár saoráidí calafoirt, tá an treocht fhadtéarmach idirnáisiúnta i leith comhdhlúthú níos mó a dhéanamh ar acmhainní i gcalafoirt agus i loingeas d'fhonn barrfheabhas a bhaint amach ó thaobh éifeachtacht scála. Bíonn tionchar aige sin ar mhéid an soitheach, ar an doimhneacht uisce a bhíonn ag teastáil i gcalafoirt agus ar chineál agus ar scála na nasc iompair chun freastal ar chalafoirt agus ar a gcúlchríocha. Sna blianta amach romhainn beidh tionchar suntasach ag forbairtí comhshaoil, teicneolaíochta, déimeagrafacha agus geopholaitiúil ar an gcaoi a n-athraíonn an earnáil.

Láimhseálann calafoirt Shraith 1 méid an-mhór den trácht lastais calafoirt náisiúnta, agus tá siad suite in aice le Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach faoi seach. Tá fás an-suntasach tagtha ar sheoltaí díreacha chuig Mór-roinn na hEorpa mar thoradh ar Brexit i Europort Ros Láir, Calafort Leibhéal 2 a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag baint leis. Is dócha gur gné bhuan é an borradh seo sa trácht paisinéirí agus lasta. Déanfar ról gach ceann de phríomhchalafoirt na hÉireann faoi seach a mheas i gcomhthráth le riachtanais bhonneagair fhadtéarmacha mar chuid de phróisis an Phlean Straitéisigh Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta agus an Cheantair Uirbigh. Tá naisc straitéiseacha iompair riachtanach le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a dhéanamh ar ár gcalafoirt. Tá na cuspóirí bonneagair seo a leanas sainaitheanta ar bhonn náisiúnta:

### Calafoirt

- **Naisc iompair talún chuig na príomhchalafoirt a chothabháil agus a fheabhsú lena n-áirítear:**
- **Éascaíocht a dhéanamh d'fhás Phort Bhaile Átha Cliath trí leathnú níos éifeachtaí, teoranta isteach i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus rochtain fheabhsaithe ar bhóithre, go háirithe chuig/ó limistéar an phoirt theas;**
- **Nascacht bóithre le Europort Ros Láir agus Calafort na Sionainne-Faing a fheabhsú, agus**
- **Nascacht mhótarbhealaigh a sholáthar do Chalafort Rinn an Scidígh.**

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5

## Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Soláthraíonn an Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, a foilsíodh i 2022, na modhanna chun córas iompair inbhuanaithe a fheidhmíonn go maith, comhtháite a sholáthar (siúl, rothaíocht, agus iompar poiblí), iomaíochas a fheabhsú, dul chun cinn eacnamaíoch a chothú, agus roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a chumasú do shaoránaigh, a thacaíonn le cuspóirí foriomlána an Chreata.

Braitheann Baile Átha Cliath agus cathracha agus mórlimistéir uirbeacha eile barraíocht ar iompar ar bhóithre agus iompar príobháideach, i gcarranna go príomha, agus is é an toradh air sin go bhfuil ár mbóithre ag éirí níos plúchta agus níos plúchta. Déantar soláthar sa Phlean Forbartha Náisiúnta d'infheistíocht san iompar poiblí agus réitigh shoghluaisteachta inbhuanaithe chun rogha eile níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Mar shampla, coimeádfaidh mórthionscadail bhonneagair iompair phoiblí a sainaithníodh sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go dtí 2042 ár gcaipiteal agus príomhcheantair uirbeacha eile iomaíoch, mar an MetroLink agus DART+ chomh maith leis na cláir infheistíochta Luas agus BusConnects.

Leagann Straitéisí Neamhreachtúla Iompair an Ceantar Uirbigh do Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge béim freisin ar thionscadail bhonneagair iompair phoiblí a theastaíonn chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chothú sna hionaid seo.

Tá Clár Infheistíochta Taisteal Gníomhach an NTA ag soláthar réitigh chomhtháite siúlóide agus rothaíochta agus athdháileadh spás bóithre. Áirítear leis seo forbairt ar lánaí rothar leithscartha agus cosáin leathnaithe, droichid nua siúil agus rothaíochta, agus trasrianta nua do choisithe. Tacaíonn bearta bainistithe éilimh freisin le soghluaisteacht inbhuanaithe a fhéachann le brú tráchta a laghdú agus le spás bóithre a athdháileadh ar mhaithe le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Beidh fócas ar Fhorbairt atá Dírithe ar Iompar a chuireann soláthar tithe, poist, seirbhísí agus taitneamhachtaí chun cinn feadh iompar poiblí ardacmhainne ríthábhachtach freisin chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe i gcathracha agus sna ceantair uirbeacha máguaird.

Tacófar leis an ailíniú seo trí straitéis nua náisiúnta um bainistiú éileamh ar iompar a thabhairt isteach ar a dtugtar "Ag Bogadh le Chéile: Cur Chuige Straitéiseach maidir le hÉifeachtúlacht an Chórais Iompair in Éirinn'. Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis cur i bhfeidhm bhainistiú éileamh iompair a neartú ar fud na tíre.

Beidh ról tábhachtach ag Feithiclí Leictreacha freisin maidir le córas iompair na hÉireann a athrú go córas atá glas agus inbhuanaithe, mar chuid den athrú níos leithne ina mbeidh daoine ag siúl, ag rothaíocht agus ag taisteal ar iompar poiblí chuig a gceann scríbe. Leagtar amach sa Straitéis um Bonneagar Feithiclí Leictreacha, 2022-2025 conair an Rialtais chun líonra luchtaithe EV atá inrochtana go poiblí a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na saoránach.

### Sustainable Mobility

- **Soghluaiseacht Inbhuanaithe Roghanna mealltacha iompair phoiblí seachas iompar i gcarranna a leathnú amach le brú tráchta agus astaíochtaí a laghdú agus a chur ar chumas na hearnála iompair freastal ar éilimh a bhaineann le fás fadtéarmach daonra agus fostaíochta ar bhealach inbhuanaithe trí na bearta seo a leanas:**
- **Na príomhchuspóirí iompair phoiblí sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 a sheachadadh trí infheistiú i dtionscadail amhail MetroLink, DART+, Luas agus BusConnects i mBaile Átha Cliath agus Réigiún an Oirthir agus príomhthionscadail bunaithe ar iarnród agus bus arna sainaithint ag an NTA sna cathracha agus sna bailte eile,**
- **Bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanas lárionad fáis réigiúnach, príomhbhailte, bailte móra agus na mbailte beaga, na sráidbhailte agus na limistéar tuaithe;**

- **Líonra cuimsitheach de bhealaí sábháilte rothaíochta a fhorbairt i limistéir chathrach le freastal ar riachtanais taistil agus saoráidí cosúla a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte mar is cuí, ag teacht le plean CycleConnects an ÚNI, atá le foilsiú i 2024. Feabhas a chur ar naisc agus ar bhealaí siúlóide de réir phrionsabail an dearaidh uilíoch chun turais a dhéantar de shiúl na gcos a bharrfheabhsú agus chun compord agus sábháilteacht coisithe a fheabhsú,**
- **Bainistiú tráchta níos éifeachtaí a chumasú laistigh de chathracha agus bailte agus mórthimpeall orthu trí bhearta bainistithe éilimh lena n-áirítear athdháileadh spáis uirbeach ar bhóithre ar mhaithe le seirbhísí iompair phoiblí bunaithe ar bus, seirbhísí soghluaisteachta roinnte agus áiseanna siúlóide/rothaíochta;**
- **Forbairt atá Dírithe ar Iompar a sheachadadh ar scála ag láithreacha athfhorbraíochta agus úrnua oiriúnacha i gcathracha agus i gceantair uirbeacha, feadh chonairí iompair phoiblí ardacmhainne le fócas ar bhainistíocht talún, socruithe institiúideacha agus maoinithe a theastaíonn chun an cineál seo forbartha a luathú.**
- **Tacú le seachadadh luchtaithe feithiclí leictreacha ar leibhéal náisiúnta de réir spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Aeráide go dtí an trasdul.**



# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6

## Geilleagar Láidir Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

Tá bonn fiontraíochta réigiúnaí atá iomaíoch, nuálach agus athléimneach riachtanach chun deiseanna poist agus fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine le maireachtáil agus le déanamh go maith i réigiúin. Leagtar amach i bPáipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht 2022-2030 conas a bhainfear é seo amach:

- **Ceangaltais dícharbónú agus saor ó charbóin a chomhtháthú**
- **Claochlú digiteach a chur i gcroílár an bheartais fiontair**
- **Ag cur IDC na hÉireann agus tairiscint luach trádála chun cinn**
- **An earnáil onnmhairithe faoi úinéireacht na hÉireann a neartú**
- **Ag cur ar chumas earnálacha trádála áitiúla rathú**
- **Cur le nuálaíocht fiontraíochta**
- **Ag tógáil ar láidreachtaí agus deiseanna**

Príomhfhócas sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht is ea a chinntiú go gcruthófar post i ngach cuid den tír agus go n-éascófar forbairt réigiúnach chothrom. Tá ról suntasach ag na gníomhaireachtaí fiontair, na hOifigí Fiontair Áitiúla, agus na Pleananna Fiontair Réigiúnacha chun an t-éiceachóras fiontraíochta a neartú ar fud na hÉireann. Ligeann sé seo d'fhiontraithe, do mhicrifhiontair, d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)[57] agus d'IDC dul chun cinn a dhéanamh i ngach réigiún. Go sonrach, ba mhaith linn lánfhostaíocht inbhuanaithe a bhaint amach agus a chothabháil agus chun an dífhostaíocht gan dul thar aon phointe céatadáin os cionn an ráta náisiúnta dífhostaíochta in aon réigiún, agus ag an am céanna coinbhéirseacht táirgiúlachta níos fearr a bhaint amach ar fud ár mbonn fiontair intíre. Beidh obair Fhiontraíocht Éireann (FÉ), GFT Éireann, agus na hOifigí Fiontair Áitiúla ríthábhachtach chun an uaillmhian seo a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí fócais tá:

- **Tacú le fiontraíocht, gnólachtaí beaga agus braislí iomaíocha a thógáil;**
- **Tallann a mhealladh agus a choimeád agus borradh a chur faoin gcaipiteal daonna sna réigiúin ar fad**
- **Nuálaíocht dhigiteach agus sonraí; agus**
- **Infheistíocht réigiúnach chothromaithe agus cruthú post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn.**

Féachann na spriocanna atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022-2030 lena chinntiú go mbeidh ar a laghad leath na n-infheistíochtaí IDC ar fad ó 2021 go 2024 go suíomhanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus go gcruthófar breis agus dhá thrian de phoist nua i ngnólachtaí a fhaigheann cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### Tacú le Fiontraíocht agus Braislí Iomaíocha a Thógáil

Tacú le fiontraíocht agus braislí iomaíocha a thógáil in earnálacha tábhachtacha agus gníomhaíochtaí trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, trí ardú suntasach a bhaint amach i bhfeidhmíocht na bhfiontar dúchasach ó thaobh na nuálaíochta, acmhainneachta agus táirgiúlacht easpórtála de, tacú le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta agus trí thuilleadh infheistíochta a mhealladh chuig na réigiúin.

Tá an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta tiomanta do chur chuige trasrialtais lár-chomhordaithe a cheapadh agus a thabhairt isteach i leith cnuasaigh a spreagfaidh bunú agus neartú eagraíochtaí braisle náisiúnta, ag baint leasa as na buntáistí a bhaineann le cóngaracht agus comhshuíomh chun táirgiúlacht a threisiú. Beidh measúnú ar láidreachtaí iomaíocha agus deiseanna féideartha in aghaidh raon fachtóirí, lena n-áirítear scála an tionchair fhéideartha, déine nuálaíochta, agus cumas taighde, mar aon le treo an mhargaidh, mar thaca le sainaithint na réimsí tosaíochta le haghaidh cnuasaigh feabhsaithe.

57 FBM agus Plean Fáis Fiontraíochta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

- **Tacú le fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta agus a rátaí marthanachta agus fáis a mhéadú, trí ghníomhaíochtaí fairsingithe na nOifigí Fiontar Áitiúil, FÉ agus glaonna iomaíocha ar thionscnaimh chomhoibritheacha fiontraíochta réigiúnaí chun áiteanna iomaíocha leis an bhfiontraíocht a fháil ar an leibhéal áitiúil a sholáthar.**
- **Gnóthais a bhunathrú chun feabhais le haghaidh rath fadtéarmach trí fhócas a chur ar tháirgiúlacht, nuálaíocht agus idirnáisiúnú agus braislí réigiúnacha iomaíocha a thógáil sa déantúsaíocht agus seirbhísí, i gcomhar leis na hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais.**
- **Nuálaíocht agus leathadh na nuálaíochta a chur chun cinn trí thacaíocht do nuálaíocht ar leibhéal gnóthas, ionaid agus tairseacha taighde a fhorbairt i bpríomhréimsí ábharthachta chuig na réigiúin trí FEÉ agus FÉ, agus a chinntiú go bhfuil ár gcóras taighde sna réigiúin nasctha ar bhonn idirnáisiúnta.**
- **Iomaíocht na timpeallachta gnó a mhéadú sna réigiúin, trí Phleananna Fiontair Réigiúnacha, freagairtí sainoiriúnaithe d'earnálacha atá gan chosaint ó thuairt sa mhargadh seachtrach, tionscnaimh chistithe iomaíocha fiontair réigiúnacha trí FÉ, agus réitigh réadmhaoine a chur chun cinn d'infheistíocht nua ag GFT Éireann d'infheistíocht isteach agus d'fhiontair dhúchasacha. ag láithreacha oiriúnacha, comhtháite le pleanáil d'fhás tithíochta.**
- **Tionscnaimh Teicneolaíochtaí Suaiteacha bunaithe ar dhúshláin a fhorbairt níos mó lena chinntiú go mbeimid ar thús cadhnaíochta i gcónaí sa nuálaíocht theicneolaíoch, feidhmiú agus tráchtálú an mhargaidh agus gur féidir linn an chéad ghlúin eile d'fhiontair teicneolaíochta a spreagadh, ag baint leas as gníomhaíochtaí T&F sna earnáil ardoideachais agus san fhiontraíocht sna réigiúin.**
  - o **Spreagfaidh Speisialtóireacht Chliste uasmhéadú a dhéanamh ar láidreachtaí earnála trí bhailiú agus scálú réimsí barr feabhais taighde na hÉireann.**

## Tallann a Choimeád agus Borradh a chur faoin gCaipiteal Daonna sna Réigiúin ar Fad

Tá forbairt an chaipitil dhaonna lárnach do rath na hÉireann agus dár bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Tá infhaighteacht tallainne léannta, oilte ina spreagadh bunúsach den iomaíochas náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon.

Aithnítear an ról a d'fhéadfadh bheith ag córais bhreisoideachais agus ardoideachais maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a thionscnamh agus tacú leis i bpobail áitiúla, i réigiúin agus ar bhonn náisiúnta.

Forbraítear tallann agus scileanna i rith na saolré agus trí idirghabhálacha éagsúla. Trí oideachas tosaigh, oiliúint scileanna, agus foghlaim ar feadh an tsaoil a sholáthar, cruthaítear bonn scileanna dinimiciúil agus éagsúil chun fostaíocht a mhealladh agus a chothú agus chun tarraingteacht áiteanna infheistíochta a fheabhsú.

Chun iomaíochas a sheasfaidh an aimsir, ní mór dúinn bonn scileanna a fhorbairt a chuirfidh Éire ar thús cadhnaíochta sa ghníomhaíocht dhigiteach agus nuálach. Tá rochtain ar theicneolaíochtaí úra, eolas agus scileanna ríthábhachtach má tá Éire lena deighleoga breisluacha agus lena táirgí agus seirbhísí dlútheolais a fhorbairt. Tá an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Oiliúna agus Fostaíochta chun tosaigh ar chur chuige uilerialtais maidir le cur i bhfeidhm straitéise Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann, Tionchar 2030, lena chinntiú go dtacaíonn an córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta le príomhstraitéisí an Rialtais mar an Páipéar Bán um Fhiontraíocht, an Plean Gníomhaíochta Aeráide agus Speisialtóireacht Chliste na réigiún.

- **Tá forbairt scileanna, tallainne agus cumas nuálaíochta ina príomhchrann taca straitéiseach don CNP. Tabharfar tús áite d'infheistíocht i scileanna, tallann agus cumas nuálaíochta a fhorbairt agus a choimeád chun níos mó iomaíochais a chur chun cinn agus táirgiúlacht a mhéadú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach tríd an mbonn scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht a choimeád agus trí ailíniú níos fearr a dhéanamh ar iarrachtaí taighde agus forbairt caipitil dhaonna idir an earnáil oideachais agus an earnáil fiontraíochta.**

- **Infheistíocht i gcóiríocht do mhic léinn laistigh dár n-ollscoileanna.**
- **Taighde agus nuálaíocht iomaíoch trí leathnú, uasghrádú agus athchóiriú IAOanna (Institiúidí Ardoideachais), tacaíocht d'ollscoileanna teicniúla ilchampas le béim láidir réigiúnach agus comhdhlúthú agus nuachóiriú a dhéanamh ar fhorálacha an Bhreisoideachais agus na hOiliúna (BOO).**
- **Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach trí infheistíocht leanúnach san Oideachas agus san Oiliúint chun saothar agus soláthar scileanna a mhéadú ar bhonn réigiúnach.**

## Nuálaíocht Dhigiteach agus Sonraí

Ní mhéadóidh tionchar praiticiúil an digitithe ach sna blianta amach romhainn agus cruthóidh sé seo deiseanna agus dúshláin a mbeidh gá le freagairt beartais atá comhleanúnach agus eolach.

Tá sé mar aidhm ag *Leas a bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann* Éire a shuíomh mar cheannaire digiteach, ag tiomáint agus ag cumasú claochlú digiteach ar fud an gheilleagair agus na sochaí. Aithníonn an straitéis ceithre ghné le spriocanna agus sruthanna oibre gaolmhara lena n-áirítear claochlú digiteach gnó, bonneagar digiteach feabhsaithe agus nascacht, scileanna digiteacha méadaithe, chomh maith le tuilleadh digitithe ar sheirbhísí poiblí.

Leag *Straitéis Tionscal 4.0 na hÉireann 2020-2025 agus AI - Anseo go Deo: Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn* amach freagra an Rialtais ar scála an chlaochlaithe a chruthaíonn teicneolaíochtaí digiteacha agus sholáthair sé treochlár chun a chinntiú go mbeidh an Stát ar thús cadhnaíochta maidir le glacadh teicneolaíochta.

Déanfar na deiseanna a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin leathanbhanda a thapú sa ghearrthéarmach, agus sciar an Stáit den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda á chuir i bhfeidhm, a chuirfidh borradh nua faoi nascacht dhigiteach agus a chinnteoidh go mbeidh raon clúdaigh ar fáil ar fud cheantair iargúlta, lena n-áirítear sráidbhailte, ceantair thuaithe agus oileáin.

Lena chois sin, is áit an-mhealltach í Éire i gcomhthéacs nascacht dhigiteach idirnáisiúnta, tosca aeráide agus foinsí fuinneamh in-athnuaite reatha agus amach anseo d'fhorbairt bonneagair dhigitigh idirnáisiúnta, amhail ionaid sonraí. Cuidíonn na cúiseanna seo le seasamh idirnáisiúnta na hÉireann mar phríomhshuíomh le haghaidh TFC a thacú, a chuireann le sineirgí níos leithne sa gheilleagar de réir mar a fhorbraíonn fiontair dhúchasacha agus ilnáisiúnta naisc agus go mbaineann siad leas as poitéinseal cnuasaithe réigiúnacha.

Tá sé tábhachtach an poitéinseal a thairgeann nascacht agus digitiú limistéar tuaithe a fhorbairt ar mhaithe le háitritheoirí agus gnólachtaí chun a áirithiú nach dtiocfaidh deighilt dhigiteach chun cinn idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe, agus idir réigiúin éagsúla. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo scileanna ríomhlitearthachta, rochtain ar ríomhsheirbhísí sláinte agus seirbhísí poiblí eile, réitigh nuálacha, cur i bhfeidhm an gheilleagair chiorclaigh ar dhramhaíl talmhaíochta, cur chun cinn táirgí áitiúla arna dtacú ag teicneolaíocht agus TFC, agus tionscadail chliste agraibhia, turasóireacht agus gníomhaíochtaí cultúrtha a chur chun feidhme agus lántairbhe a bhaint astu.

- **Cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.**
- **Naisc idirnáisiúnta chumarsáide náithoptaice a fheabhsú, lena n-áirítear lán-idirnascadh idir na líonraí snáthoptaice i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.**
- **Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe inbhuanaithe idirnáisiúnta do bhonneagar TCF agus gníomhaíochtaí gaolmhara eacnamaíocha.**
- **Ár gcathracha a chur chun cinn mar thaispeántóirí faisnéise don 5G agus do theicneolaíocht na cumarsáide.**

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 7

## Taitneamhacht agus Oidhreacht Fheabhsaithe

Áirítear ar áiteanna mealltacha comhcheangal tosca, lena n-áirítear beogacht agus éagsúlacht úsáidí, rochtain éasca ar thaitneamhachtaí agus seirbhísí atá tacaithe ag córais chomhtháite iompair agus modhanna glasa gluaiseachta amhail saoráidí coisithe agus rothaíochta. Sainítear áiteanna mealltacha chomh maith de réir a gcarachtair, oidhreachta agus a meoin phobail. Áirítear leis sin foirgnimh mhealltacha agus leagan amach sráide mealltach, spásanna agus páirceanna cathartha agus athghiniúint limistéar níos sine agus áiteanna a dhéanamh sábháilte trí úsáid agus dearadh gníomhach.

### Taitneamhachtaí agus Oidhreacht

- **Cuirfear cur chun feidhme na straitéisí pleanála agus iompair do na cúig chathair agus limistéir uirbeacha eile chun cinn agus beidh mórfhócas ar fheabhas a chur ar na bealaí siúil agus rothaíochta, lena n-áirítear líonraí glasbhealaí leanúnacha agus beartais spriocdhírithe chun feabhas a chur ar thréscaoilteacht agus nascacht.**
- **Tacóidh na Cistí um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach le tionscnaimh um athrú ó bhonn na ríochta poiblí le limistéir chathrach agus bhaile a thabhairt ar ais do na saoránaigh, rud a spreagfaidh níos mó daoine le cónaí i lár cathracha agus bailte, a fheabhsóidh spásanna caitheamh aimsire agus mealltacht ó thaobh cultúrtha, turasóireachta agus cur chun cinn de.**
- **Tacóidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) le tionscadail a chuireann caomhnú agus athúsáid oiriúnaitheach ár stoc oidhreachta tógtha folmha chun cinn agus a spreagfaidh athghiniúint na gcathracha agus na mbailte tríd an scéim um Athbheochan Oidhreachta Lár na mBailte (THRIVE) don tréimhse 2021 - 2027.**
- **Déanfaimid ár n-oidhreacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur i láthair dá luach bunúsach agus mar thaca le hathnuachan eacnamaíoch agus fostaíocht inbhuanaithe.**
- **Ár n-eastáit oidhreachta a oscailt do rochtain an phobail, nuair is féidir.**
- **Infheistíocht a dhéanamh i rochtain agus í chur ar fáil ar shaoráidí caitheamh aimsire, lena n-áirítear líonra conairí, a bheidh deartha agus seachadta le béim láidir ar chaomhnú, lena mbeifear ábalta ár dtimpeallachtaí is íogaire a chosaint agus a chaomhnú, rud a chuirfeadh tairbhe ar fáil do chách.**



# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8

## Aistriú go Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide

Táthar ag ceapadh go mbeidh tionchair ilghnéitheacha agus leathana ag athrú aeráide ar chomhshaol, sochaí agus forbairt eacnamaíoch na hÉireann, lena n-áirítear éiceachórais bhainistithe agus nádúrtha, acmhainní uisce, talmhaíocht agus slándáil bia, sláinte an duine, agus criosanna cósta. D'fhéadfadh ár gceantair ísle agus ár gcathracha agus go leor ceantar tuaithe a bheith leochaileach mura ndéanaimid na céimeanna cuí chun tionchair an athraithe aeráide a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), a achtaíodh i 2021, tugtar gealltanas do sprioc cheangailteach astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus an sciar den leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú go 80% thar na deich mbliana (2021 – 2030), agus chun neodracht astaíochtaí a bhaint amach nach déanaí ná 2050.

Is é an cuspóir náisiúnta aeráide geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe don chomhshaol agus neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050.

Tá gá le bainistíocht inbhuanaithe úsáide talún chun cothromaíocht a bhaint amach idir an timpeallacht thógtha, an comhshaol nádúrtha, bithéagsúlacht agus aeráid. Tá an CNP tiomanta d'fhás dlúth agus inbhuanaithe a bhaint amach, tacú le roghanna iompair inbhuanaithe a sholáthar, soláthar seirbhísí uisce, agus forbairt fuinnimh in-athnuaite a sheachadadh agus ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus nuair is féidir a fheabhsú agus a athchóiriú chun forbairt inbhuanaithe a chinntiú dár bpláinéad agus do na glúine atá le teacht.

Beidh gá le bearta oiriúnaithe chun freagairt do fhreagraí atá sainiúil go háitiúil, bunaithe ar áit, a thugann aghaidh ní amháin ar thionchair aeráide ach a chomhtháthaíonn go comhleanúnach le córais áitiúla sóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíochta.

Tá dúshlán suntasach roimh earnáil an leictreachais maidir lena riachtanais faoi na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 a chomhlíonadh. Beidh ról lárnach ag an leictreachas freisin i ndícharbónú earnálacha eile trí leictriú, lena n-áirítear iompar, téamh agus tionscal. Dá bhrí sin tá seachadadh luathaithe giniúna leictreachais in-athnuaite breise riachtanach d'Éirinn chun a spriocanna aeráide a bhaint amach, a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus a shlándáil fuinnimh a fheabhsú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú agus a soláthar leictreachais a éagsúlú.

Beidh córais úra fuinnimh agus eangacha tarchuir de dhíth do chóras níos scaipthe agus dírithe níos mó ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, ag baint leas as an acmhainn chumasach amach ón gcósta agus ar talamh ó fhoinsí amhail an ghaoth, tonnta agus an ghrian agus ag nascadh na bhfoinsí is saibhre den fhuinneamh sin. Is rannpháirtithe tábhachtacha iad fiontair thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit sa mhargadh fuinnimh, atá faoi réir ag creat rialála AE.

Beidh forbairt fhorásach straitéiseach ar eangach fuinnimh de chineál éagsúil ag teastáil le córais táirgthe fuinnimh a éagsúlú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glas amhail gaoth, tonnta, grian agus bithmhais, chomh maith le córais chliste fuinnimh agus an timpeallacht thógtha a iompú go gineadóir/ tomhaltóir fuinnimh, agus flíteanna iompair a leictriú. Chun na críche sin, méadóidh Speisialtóireacht Chliste an líon réigiúnach a ghlactar le hardteicneolaíocht nua chun teacht ar an gclaochlú glas ar fud fiontair na hÉireann a mhéadú.

Braitheann forbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta go mór ar bhonneagar cumasaithe a fhorbairt lena n-áirítear saoráidí eangaí chun an fuinneamh a thabhairt chun tíre agus nascadh le mórfhoinsí an éilimh fuinnimh. Ní mór dúinn chomh maith infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite a bheith níos dírithe go geografach a chinntiú chun íoslaghdú a dhéanamh ar mhéid na hinfheistíochta eangaí breise a theastaíonn, mar shampla trí comhshuíomh foinsí in-athnuaite agus naisc leis an eangach.

Seoladh 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann 2023-2030 i mí Eanáir 2024. Cuirfidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha laistigh den Phlean le fís 2050 go bhfuil luach ar *'Bhithéagsúlacht in Éirinn, go gcaomhnaítear, go n-athraítear agus go n-úsáidtear í go hinbhuanaithe, ag cothabháil seirbhísí éiceachórais, ag cothú pláinéad sláintiúil, agus ag seachadadh tairbhí riachtanacha do gach duine'.*

## Fuinneamh Glas

- **80% dár riachtanais leictreachais a sheachadadh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030 agus é mar aidhm straitéiseach úsáid foinsí in-athnuaite a mhéadú ar aon dul le spriocanna agus cuspóirí beartais náisiúnta amach go 2030 agus ina dhiaidh sin. Táthar ag súil go mbeidh níos mó éagsúlachta de theicneolaíochtaí in-athnuaite sa mheascán mar thoradh ar an méadú ar úsáid foinsí in-athnuaite.**
- **An líonra dáileacháin agus tarchuir a threisiú chun fás pleanáilte a éascú agus dáileadh foinse fuinnimh níos dírithe ar fhoinsí in-athnuaite thar na príomhionaid éilimh.**
- **Iándáil agus seasmhacht fuinnimh a neartú chun tacú le daonra 8 milliún ar an oileán trí idirnasc éifeachtúil eangaí leictreachais thuaidh theas chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar roghanna idirnasctha AE eile san fhadtéarma go dtí 2040.**
- **Giniúint leictreachais neodrach ar charbón a bhreithniú a éascófaí trí leas a bhaint as gabháil agus stóráil carbóin (CCS).**
- **Le hIdirnascóir Náisiúnta (Fáinne fomhuirí timpeall na hÉireann) nó réitigh eile beifear in ann Éire a cheangal le Córas eangaí leictreachais an AE.**
- **An Plean Náisiúnta d'Eangach Chliste a fheidhmiú de réir a chéile le naisc nua, cothromú eangach, bainistíocht fuinnimh agus forbairt micri-eangach.**
- **Déanfar líonraí teasa díreacha a fhorbairt nuair is indéanta agus éifeachtúil ó thaobh costas de teicniúil chun cabhrú le spriocanna teasa in-athnuaite a bhaint amach agus astaíochtaí GCT na hÉireann a laghdú.**



# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9

## Bainistíocht Inbhuanaithe ar Acmhainní Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile



### Uisce

Tá cuspóirí beartais agus tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce leagtha amach sa Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce 2018-2025 mar a fhoráiltear faoi alt 32A den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh.2) 2013 (arna leasú). Díríonn na cuspóirí seo ar na téamaí Cáilíocht, Caomhnú agus Promhadh don Todhchaí. I measc na gcuspóirí tosaíochta tá:

- **Infheistíocht shuntasach Stáit, trí Uisce Éireann agus an Clár Uisce Tuaithe, chun comhlíonadh na gcaighdeán sláinte phoiblí agus comhshaoil a fheabhsú, le tagairt ar leith do Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann.**
- **Seirbhísí poiblí uisce agus fuíolluisce a thabhairt agus a chothabháil chuig tagarmharcanna idirnáisiúnta inghlactha, arna bhfíorú ag monatóireacht agus tuairisciú neamhspleách.**
- **Torthaí feabhsaithe a bhaint amach i gcáilíocht maidir le huisce óil agus fuíolluisce a bhaineann le seirbhísí uisce tuaithe agus príobháideacha.**
- **Cur chuige maidir le pleanáil chun cinn agus bainistíocht riosca a ghlacadh chun tionchar neamhchomhlíonta gach Treorach AE ábhartha a íoslaghdú agus chun cosaint i gcoinne rioscaí comhlíonta amach anseo.**
- **Is éard atá i gceist le caomhnú a leabú i gcroílár an bheartais uisce ná tosaíocht a thabhairt do bhainistiú acmhainní, rialú aistarraingthe, cosaint foinse, dul i ngleic le sceitheadh, agus spreagadh a thabhairt iompraíochta.**
- **Léireofar cur chun cinn caomhnú uisce agus bainistíocht acmhainní uisce i bpleanáil infheistíochta straitéiseach Uisce Éireann, lena n-áirítear cláir oibre maidir le sceitheanna a bhrath agus a dheisiú, feabhsuithe gréasáin, méadrú atá éifeachtúil ó thaobh costas de, feachtais fheasachta poiblí, agus maoiniú chun sceitheanna custaiméirí a dheisiú.**
- **Cuirfidh caomhnú uisce an Grúpa Oibre ar an eolas maidir leis an athbhreithniú ar sheirbhísí uisce tuaithe, agus cinntí infheistíochta sa réimse seo.**
- **A chinntiú go bhfuil cinntí infheistíochta seirbhísí uisce poiblí agus príobháideacha ailínithe le haidhmeanna leathana straitéiseacha an CNP.**
- **Seirbhísí uisce a oiriúnú chun tionchar an athraithe aeráide agus imeachtaí a bhaineann leis an aimsir a sheasamh.**
- **Feabhas a chur ar athléimneacht soláthairtí uisce tuaithe agus príobháideacha mar chuid den athbhreithniú ar sheirbhísí uisce tuaithe atá ar siúl faoi láthair.**

Maidir le tosaíochtaí do phleanáil infheistíochta straitéisí, aithníonn an ráiteas beartais go n-éilíonn cur i bhfeidhm an Chreata Pleanála Náisiúnta go bhfuil pleananna do sheirbhísí uisce poiblí agus príobháideacha ailínithe le haidhmeanna straitéiseacha leathana an Chreata, rud a chiallaíonn:

- **Tacaítear le fás ár gcúig chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach, mar aon leis na hionaid réigiúnacha a aithníodh sa CNP, trí infheistíocht i seirbhísí uisce a sholáthar;**
- **Measúnuithe mionsonraithe líonra agus acmhainne a cheapadh chun tacú le soláthar bonneagair seirbhísí uisce a éascaíonn forbairt tithíochta agus eacnamaíoch sna bailte tosaíochta agus sna ceantair uirbeacha a shainaithnítear sa Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta, chun a chinntiú go bhfuil pleananna infheistíochta comhordaithe mar bhonn agus mar thaca ag cinntí forbartha atá bunaithe ar phlean agus**
- **Tacú le fás na lonnaíochtaí aitheanta mar a dtugtar tosaíocht dóibh i straitéisí lárnacha plean forbartha ag leibhéal contae/cathrach.**

Tá tosaíochtaí infheistíochta Uisce Éireann bunaithe ar fhianaise agus bunaithe ar phlean ag tacú leis an gcur chuige straitéiseach atá leagtha amach sna Pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha Acmhainní Uisce chomh maith le pleananna fócasaithe eile ar nós an Phlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce.

## Bainistíocht Éifeachtúil Dramhaíola

Tá Údaráis Áitiúla freagrach go reachtúil as pleananna bainistíochta dramhaíola a ullmhú faoi fhorálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996. Tá na hOifigí Réigiúnacha um Pleanáil um Bainistiú Dramhaíola ag tabhairt chun críche faoi láthair Plean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta nua, arna chur in iúl ag, inter alia, an Creat Náisiúnta Pleanála. Leagfaidh an Plean amach na gníomhartha riachtanacha ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha chun an Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach a sheachadadh.

Neartaigh an tAcht um Gheilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 forálacha a bhaineann le pleananna bainistíochta dramhaíola, trí cheangal a chur ar phleananna bainistíochta dramhaíola táscairí agus spriocanna a bhaineann le húsáid táirgí agus ábhar a athúsáideadh, a athmhonaraíodh nó a deisíodh.

Cuimseoidh an Plean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta nua spriocanna maidir le hathúsáid, deisiú, úsáid acmhainní, agus athchúrsáil, agus tabharfar aghaidh ar bhearta mar:

- **úsáid fheabhsaithe a bhaint as láithreáin taitneamhachta cathartha mar mhoil gheilleagair chiorclaigh; agus**
- **tacú le forbairt acmhainn cóireála dramhaíola dúchasach chun spleáchas ar onnmhairiú a laghdú**
- **Tacóidh na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus croí-straitéisí na bPleananna do Cheantair Uirbeacha (MASP) beartas náisiúnta agus réigiúnach dramhaíola agus úsáid éifeachtúil acmhainní;**
- **Cóireáil bhitheolaíoch agus níos mó díleá anaeróbach a úsáid chun níos mó asraonta sábháilte do dhramhaíl bhithchobhsaithe iarmharach;**
- **Saoráid riachtanacha cuí bainistíocht dramhaíola guaisí a fhorbairt chun an gá le cóireáil in áiteanna eile a sheachaint;**
- **An cumas imleor agus na córais imleora chun dramhaíl a bhainistiú, lena n-áirítear dramhaíl bhardais agus tógála agus scartála ar bhealach a bheidh sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh inbhuanaithe agus leigheas láithreán dramhaíola chun an riosca ar an gcomhshaol agus shláinte an duine a mhaolú go cuí.**

# Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10

## Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán

Ní mór pleanáil chun cinn a dhéanamh maidir lenár gcórais chúram leanaí, oideachais agus sláinte chun freastal ar impleachtaí milliún duine breise faoi 2040. Go háirithe, beidh ar an gcóras sláinte freagairt don athrú réamh-mheasta ar mhéadú ár ndaonra agus ar dháileadh aoise, trí sheirbhísí agus tacaíocht a sholáthar do dhaonra atá ag dul in aois.

### Oideachas

Beidh soláthar cúram agus oideachas na luath-óige (COLÓ), scoileanna, coláistí agus ollscoileanna ríthábhachtach i bhforbairt spásúlachta na gcathracha agus na réigiún. Beidh tionchar acu ar fhorbairt an duine aonair agus an phobail, ar chaighdeán na beatha, ar chomhtháthú sóisialta, ar infhaighteacht taitneamhachtaí, agus beidh tionchar tábhachtach acu ar thosca taighde agus nuálaíochta, infheistíocht isteach agus rochtain ar mhargaí saothair.

Mar gheall ar na hathruithe a bheidh ar phatrúin rannpháirtíochta sa mhargadh saothair, beidh gá le hanailís níos mó ar riachtanais chaipitil le tacú le hinfheistíocht i gcúram leanaí go háirithe.

Tá pleanáil agus infheistíocht straitéiseach ag teastáil chun cúram leanaí, oideachas agus oiliúint a sholáthar, chun seachadadh pobal inmharthana a threisiú, cuimsiú a chur chun cinn agus rogha agus inrochtaineacht a thairiscint chuig oideachas agus fostaíocht ar ardchaighdeán. Is féidir déileáil níos éifeachtúla leis an bpleanáil do bhonneagar cúram leanaí, oideachais agus oiliúna chun freastal ar mhéadú ar an éileamh i gcomhthéacs comhoibriú tras-rialtais trí Chreat Náisiúnta le tacaíocht ó infheistíocht straitéiseach:-

**_Oideachas_**

- Infheistíocht bhreise a chur ar fáil san earnáil scoileanna chun coinneáil leis an éileamh déimeagrafach agus bainistíocht a dhéanamh ar na costais tógála agus láithreáin atá ag méadú ionas go mbeidh scoileanna úra nó athchóirithe ar láithreacha dea-shuite i gceantair ina bhfuil tógáil déanta nó in aice leo, ábalta freastal ar riachtanais éagsúla an daonra áitiúil;
- Saoráidí tríú leibhéil a leathnú agus a chomhdhlúthú i suíomhanna ina neartófar cumas na n-institiúidí sin an tallann is gá chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa réigiún a spreagadh.
- Beidh infheistíocht sa bhreisoideachas agus san oiliúint ina príomhspreagadh in iomaíochas na hÉireann. Tá an CNP ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030, agus le BOO na Todhchaí: Ag Claochlú na Foghlama, An Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (BOO). Cláir foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt, go háirithe i réimsí oideachais agus oiliúna i gcás go bhfuil easpa scileanna aitheanta ag fostóirí agus ag an gcóras breisoideachais agus oiliúna ag obair le chéile trí fhóraim Scileanna Réigiúnacha, mar fhreagairt ar riachtanais scileanna a réigiún.

### Sláinte

Agus saoráidí cúram sláinte úra á bhforbairt ní mór aird a thabhairt ar shuíomh, líon, próifíl agus riachtanais an daonra chun rochtain ar an gcúram is oiriúnaí a chinntiú, agus cáilíocht an chúraim a chinntiú ag an am céanna chomh maith, go háirithe maidir le seirbhísí ospidéal géarmhíochaine níos casta. Beidh tionchar tábhachtach ag cur i bhfeidhm leanúnach Cúram Sláinte agus an Chreata Infheistíochta Straitéisí i gCúram Sláinte ar chineál agus ar scála na seirbhísí cúram sláinte réigiúnacha. Go náisiúnta, aithnítear na tosaíochtaí seo a leanas:

**_Pobail Shláintiúla agus Seirbhísí Sláinte sa Phobal_**

- Tosaíocht uileghabhálach náisiúnta do shláinte an daonra is ea cuspóirí Éire Shláintiúil a bhaint amach agus cur i bhfeidhm, a tháinig i gcomharba ar an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp, chun tacú le soghluaisteacht ghníomhach agus rochtain chothrom ar dheiseanna gníomhaíochta coirp, agus an clár Cathracha agus Contaetha Sláintiúla, arna sheachadadh trí údaráis áitiúla.

- Tionscadail Sláinte agus Folláine agus cláir choisc lena n-áirítear na Seirbhísí BreastCheck agus an clár leanúnach fluairídiú oibreacha.
- Tá leathnú ar Chúram Pobail agus Príomhúil ag croílár fhís Cúram Sláinte. Tá forbairt na nIonad Cúraim Phríomhúil mar chuid thábhachtach den fhís seo. Áireoidh sé seo soláthar cuí na nIonad Cúraim Phríomhúil agus cóiríocht bunaithe ar riachtanais áitiúla seirbhíse agus daonra. Is éard a bheidh i gceist le leathnú an chúraim phríomhúil ná athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana féin agus nuair is gá foirgnimh nua.
- Seachadadh an Chláir um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC) a bhfuil sé mar aidhm aige leibhéil níos airde cúraim a bhogadh amach as an gcóras ospidéil ghéarmhíochaine agus cúram a sheachadadh gar do thithe daoine, ag ligean d'othair fanacht sa bhaile agus ina bpobal chomh fada agus is féidir.
- Leanúint le hathrú na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna (NAS) ó sheirbhís a d'iompair gach othar go dtí an t-ospidéal go traidisiúnta le haghaidh cóireála, go múnla seachadta atá faoi stiúir chliniciúil, áit a gcuirtear cúram ar fáil san áit is oiriúnaí.

***Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta***

- Is é sprioc straitéiseach Rialtas na hÉireann múnla nua de sheirbhísí comhtháite sláinte agus cúraim shóisialta do dhaoine aosta a sheachadadh, ar fud an chontanaim cúraim ag tacú le daoine scothaosta fanacht ag maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin ar feadh níos faide ag teacht leis an gCúram Sláinte. Aithnítear, áfach, go leanfaidh cúram a chuirtear ar fáil i suíomhanna cúram cónaitheach fadtéarmach de bheith ina chuid thábhachtach den leanúnachas cúraim do dhaoine scothaosta amach anseo.
- Tithíocht phobalbhunaithe a fhorbairt le tacaíocht trí bhogadh chuig samhlacha nua de chúram 'sa bhaile ar dtús' do dhaoine scothaosta agus 'Tithíocht le Tacaíocht' cóiríocht shaintógtha, neamh-institiúideach, 'doras tosaigh féin' le tacaíocht nó seirbhísí cúraim i gcomhar leis an Roinn Tithíochta
- Leanúint leis an gClár Náisiúnta Aoisbhá ag seachadadh raon tacaíochtaí beartais leis an rialtas áitiúil lena n-áirítear iompar, sráideanna insiúlta agus gníomhaíochtaí pobail agus tacú le Bailte Aoisbháúla. Forbairtí cúram cónaithe fadtéarmach a sheachadadh bunaithe ar riachtanais áitiúla agus atá suite go lárnach cóngarach don phobal agus do sheirbhísí áitiúla.
- Forbairt beartais maidir le dearadh agus tógáil tithe altranais, chomh maith le samhlacha eile seachadta cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta chun tacú leo fanacht ina gcónaí go neamhspleách ina bpobail.

***Seirbhísí Comhtháite Sláinte agus Cúraim Shóisialta***

- Ní bhaineann bonneagar sláinte le maoin agus le foirgnimh amháin. Baineann sé freisin leis na teicneolaíochtaí, agus leis na cumais dhigiteacha agus comhroinnte sonraí a theastaíonn chun cúram comhtháite a sholáthar. Ní mór an cumas seo a phleanáil taobh le bonneagar lena n-áirítear conas teicneolaíochtaí digiteacha a ghiaráil chun cúram fiorúil agus cumasaithe digiteach a chuimsiú bunaithe ar bhunsraith dhaingean muiníne, príobháideachta agus cibear-acmhainneacht. Tá tírdhreach ollmhór teicneolaíochta mar thaca ag seirbhís sláinte na hÉireann arb é an timpeallacht oibriúcháin TFC is mó sa Stát é.
- Aistriú úsáideoirí seirbhíse trasna seirbhísí a éascú, cúram ildisciplíneach a sholáthar ag an leibhéal castachta is ísle gar don áit a bhfuil cónaí ar dhaoine. Fócas ar sheirbhísí cúraim phríomhúil agus phobail a fheabhsú, lena n-áirítear meabhairshláinte, cúram maolaitheach, seirbhísí do dhaoine scothaosta, cuimsiú sóisialta, agus tacaíocht andúile.
- Beartas um Chúram Maolaitheach Aosach a chur i bhfeidhm agus cúram maolaitheach comhtháite le seirbhísí ar fáil sna Réigiúin dóibh siúd go léir a bhfuil gá acu leo.

***Meabhairshláinte – Fís le haghaidh Athraithe***

- An Beartas náisiúnta um Shláinte Mheabhrach "Comhfhís 2020-30" a chur i bhfeidhm, an beartas náisiúnta um laghdú féinmharaithe "Ceangail ar Feadh an tSaoil" agus an t-athbhreithniú atá le teacht ar an Acht Meabhair-Shláinte. Tá na beartais seo araon ag an gcéim fhorfheidhmithe agus áirítear leo cúram tráthúil agus inrochtana a sheachadadh a léiríonn cur chuige uile-rialtais, a bhaineann le prionsabail atá dírithe ar an duine agus atá dírithe ar théarnamh.

- Teastóidh feabhsú suntasach ar an timpeallacht thógtha chun an síneadh pleanáilte ar rialáil an Choimisiúin Meabhair-Shláinte ar sheirbhísí Meabhair-Shláinte pobail a chorprú (faoin Acht Meabhair-Shláinte nua).
- Athsholáthar agus soláthar aonad breise meabhairshláinte, cóiríochta cónaithí agus saoráidí nua-aimseartha d'aosaigh agus do leanaí ar bhonn náisiúnta.

***Seirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine***

- Forbairt leanúnach ar sheirbhísí agus ar bhonneagar (géarmhíochaine, ailse, tráma, máithreachas) a bheidh bunaithe ar riachtanais straitéise agus daonra mar atá leagtha amach sa chur chuige foriomlán maidir le pleanáil na seirbhíse sláinte. Rinneadh infheistíocht shuntasach i seirbhísí agus in acmhainn, le tuilleadh infheistíochta agus leathnú acmhainne á threorú ag riachtanais daonra agus seirbhíse ar fud na tíre.
- Seachadadh an tsamhail chúraim Náisiúnta Péidiatraiceach agus, go háirithe, tógáil an Ospidéil Nua Leanaí, a chuimsíonn an príomh-ospidéal ar an gcampas roinnte ag Ospidéal San Séamas, agus an dá Ionad Phéidiatraiceacha Othar Seachtrach agus Cúraim Phráinne ag CHI Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, agus CHI Tamhlacht.
- Cur i bhfeidhm na dTionscadal Ionad Cúraim Roghnach agus na Moil Mháinliachta nua, a sholáthróidh acmhainn shuntasach bhreise agus a chumasóidh scaradh idir cúram sceidealaithe agus cúram neamhsceidealaithe.

# Aguisín 1: Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 1

*A chinntiú go bhfuil gach plean, tionscadal agus gníomhaíocht a bhfuil toiliú riachtanach dóibh, a eascraíonn as an gCreat Náisiúnta Pleanála faoi réir na gceanglas ábhartha comhshaoil lena n-áirítear MST, MTT agus MO de réir mar is cuí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 2

*Beidh an leibhéal réamh-mheasta daonra agus fáis fostaíochta i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ar a laghad ar aon dul le leibhéil Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 3

- ***Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre:** thart ar 470,000 duine sa bhreis idir 2022 agus 2040 (c. 690,000 duine sa bhreis 2016-2040) i.e. daonra de bheagnach 3 milliún;*
- ***Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair:** 150,000 duine sa bhreis idir 2022 and 2040 (c. 210,000 duine sa bhreis idir 2016 agus 2040) i.e. daonra de bheagán os cionn aon mhilliún;*
- ***Réigiún an Deiscirt:** 330,000 duine sa bhreis ar an líon sa bhliain 2022 (c. 450,000 duine sa bhreis idir 2016 agus -2040) i.e. daonra de bheagán os cionn 2 mhilliún.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 4

*Díreofar leath (50%) an fháis daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair reatha agus a gcuid bruachbhailte[58].*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 5

*Sainaithneofar róil réigiúnacha Bhaile Átha Luain sa Lár Tíre, Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart agus i líonraí trasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire agus Dhroichead Átha- Dhún Dealgan-Iúr Cinn Trá agus tacófar leo sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta ábhartha agus i bPleananna Fiontair Réigiúnacha.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 6

*Déanfar feabhsú suntasach ar an rochtain ó Iarthuaisceart na hÉireann agus idir lárionaid scála seachas Baile Átha Cliath: díreofar ar chathracha agus lárionaid níos mó sna réigiúin agus ar phríomhbhealaí soir siar agus thuaidh theas.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 7

*Ar a laghad 40% de na tithe nua go léir, laistigh de lorg tógtha na lonnaíochtaí atá ann cheana féin, a sheachadadh go náisiúnta agus patrúin dhlútha agus sheicheamhacha fáis a chinntiú[59].*

58 Na cúig chathair agus a bhfo-bhailte arna sainiú ag an POS sa Daonáireamh.

59 Baineann an sprioc seo leis na 'ceantair thógtha' mar a shainítear ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Chun críocha ONR 7, 8 agus 9 sainmhínítear an lorg tógtha mar an limistéar a dtugtar le haghaidh úsáidí talún uirbeacha (i.e. dromchlaí saorga a bhaineann le húsáidí talún uirbeacha). Déanfar an lorg tógtha a shainiú go soiléir do gach lonnaíocht ar an léarscáil chriosaithe úsáide talún mar chuid den phróiseas reachtúil ina ndéantar plean.

**Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 8**

*Ar a laghad leath (50%) de na tithe úra ar fad ar fud na gCúig Chathrach agus fho-bhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a sheachadadh laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana féin.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 9**

*Ar a laghad 30% de na tithe úra atá dírithe i lonnaíochtaí seachas na gCúig Chathrach agus a bhfo-bhailte, laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana féin.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 10**

*Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) a sholáthar ar scála ag suíomhanna oiriúnacha, trí iompair poiblí ardacmhainne atá lonnaithe laistigh nó in aice le timpeallacht thógtha na gCúig Chathrach nó baile cathrach*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 11**

*Cinnfear fás pleanáilte ag leibhéal na lonnaíochta ag an gcéim ina ndéantar plean forbartha agus tabharfar aghaidh air laistigh de chuspóirí an phlean. Agus tograí forbartha ar leith á mbreithniú ar thalamh forbartha criosaithe agus seirbhísithe atá faoi réir próisis toilithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, tabharfar aird ar shraith breithnithe níos leithne thar na spriocanna lena n-áirítear acmhainneacht glactha an chomhshaoil go háirithe.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 12**

*Áiteanna uirbeacha a bheidh mealltach, ina mbeifear ábalta cónaí, a bheidh dea-dheartha, agus ar ardchaighdeán a chruthú ina gcónóidh pobail éagsúla agus chomhtháite a mbeidh caighdeán beatha agus folláine ardchaighdeáin acu.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 13**

*Cathracha agus bailte a bheidh de mhéid agus de cháilíocht imleor a chruthú chun dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus chun bheith ina spreagthaí d'fhás, infheistíocht agus rathúnas náisiúnta agus réigiúnach*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 14**

*Cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineáil agus scála a athghiniúint agus a athbheochan mar acmhainní timpeallachta, ar féidir leo freastal ar róil agus ar fheidhmeanna athraitheacha, méadú ar ghníomhaíocht na gcónaitheoirí agus na fostaíochta, agus leibhéil feabhsaithe taitneamhachta agus deartha agus cáilíochta comhfhorbartha áite, chun tionchar a imirt ar bhealach inbhuanaithe agus chun tacú leis an gceantar mórthimpeall a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn i dtreo bhaint amach náisiúnta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 15

*Cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm maidir le forbairt uirbeach, a bheidh nasctha leis na Cistí um Athghiniúint Tuaithe agus Uirbeach, agus ina mbeidh béim ar leith á leagan ar:*

- *Baile Átha Cliath*
- *Na Ceithre Chathair seo - Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge;*
- *Struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann a neartú, go háirithe i Réigiún an Tuaiscirt, i Réigiún an Iarthair agus i Réigiún Lár na Tíre, lena n-áirítear ionad réigiúnach Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart, Baile Átha Luain i Lár na Tíre agus líonraí trasteorann a bheidh dírithe ar chonair Réigiún Iarthuaisceart Leitir Ceanainn-Dhoire agus ar chonair Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an Iúir ar chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste;*
- *Fás daonra a spreagadh in ionaid láidre fostaíochta agus seirbhís de gach méid, a bheidh tacaithe ag fás fostaíochta;*
- *Marbhántacht nó meath an chuid mhór ionad uirbeach níos lú a aisiompú, trí róil agus feidhmeanna úra a bhunú agus feabhas a chur ar bhonneagar agus taitneamhachtaí áitiúla;*
- *Dul i ngleic le toradh an fháis thapa neamhbheartaithe, trí éascaíocht a dhéanamh do chúiteamh taitneamhachtaí agus seirbhísí, poist agus/nó naisc iompair inbhuanaithe níos fearr leis na cathracha, mar aon le ráta níos moille fáis ar an daonra i lonnaíochtaí comaitéireachta de gach uile chineál a leathnaíodh le déanaí;*
- *I lonnaíochtaí níos féinchuimsitheacha de gach uile chineál, tacú le leanúnachas fáis chothromaithe daonra agus fostaíochta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 16

*A chinntiú go bhfuil an patrún spriocdhírithe d'fhás daonra i gcathracha na hÉireann go 2040 de réir na spriocanna atá leagtha amach i dTábla 4.1.*

**Tábla 4.1 | Éire 2040: Patrún Spriocdhírithe d'Fhás Dhaonra na Cathrach**

| Cathair | Daonra 2022 | CNP 2018 | Fás Daonra go dtí 2040[60] | | Sprioc Íosta Daonra 2040 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Raon % 2016-2040 | Raon % 2022-2040 | Daoine | |
| Baile Átha Cliath - Cathair agus Bruachbhailte | 1,263,000 | 20-25% | 20-25% | 296,000 | 1,560,000 |
| Corcaigh - Cathair agus Bruachbhailte | 223,000 | 50-60% | 40% | 96,000 | 320,000 |
| Luimneach - Cathair agus Bruachbhailte | 102,000 | 50-60% | 40% | 44,000 | 150,000 |
| Gaillimh - Cathair agus Bruachbhailte | 86,000 | | 40% | 36,000 | 122,000 |
| Port Láirge - Cathair agus Bruachbhailte | 60,000 | | 40% | 28,000 | 88,000 |

60 Is iad spriocanna fáis daonra na cathrach an t-íosphointe den raon agus slánaítear iad go dtí an 1,000 is gaire.

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 17

*I ngach ceantar Tionóil Réigiúnaigh, féadfar lonnaíochtaí nár sainaithníodh i mBeartas 4 nó i mBeartas 5 den Chreat seo a shainaithint le haghaidh rátaí suntasacha (i.e. 30% níos mó nó os cionn leibhéil daonra 2022) d'fhás daonra ag na céimeanna pleanála réigiúnacha agus áitiúla, ar an gcoinníoll go mbeidh sé sin faoi réir:*

- *Comhaontú (tionól réigiúnach, limistéar cathrach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí);*
- *Cothromaíocht le straitéisí eile le haghaidh ceantar uirbeach agus tuaithe eile (tionól réigiúnach, ceantar uirbeach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí), a chiallaíonn go gcaithfidh iomláine an fhháis daonra bheartaithe a bheith ag teacht leis an sprioc fáis fhoriomláin; agus*
- *Straitéis chomhordaithe a chinntíonn ailíniú le seachadadh infheistíochta i mbonneagar agus i soláthar fostaíochta, i dteannta le taitneamhachtaí agus seirbhísí tacaíochta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 18

*Déanfaidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla suíomhanna a shainaithint agus a cháilíochtú le haghaidh forbairt fostaíochta straitéisí sna cathracha atá sainaitheanta ar Thábla 4.1.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 19

*Sainaithneoidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla agus cainníochtóidh siad suíomhanna d'fhorbairt fostaíochta straitéiseach, más cuí, i gceantair uirbeacha agus thuaithe go ginearálta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 20

*Agus riachtanais forbartha uirbí á gcomhlíonadh, beidh toimhde i bhfabhar forbairt lenar féidir níos mó daoine a spreagadh, agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú laistigh de na cathracha, bailte agus sráidbhailte atá ann cheana, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an fhorbairt na caighdeáin chuí phleanála agus go mbainfear an spriocfhás amach.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 21

*Tacóidh an Rialtas leis an GFT, i dteannta leis na hÚdaráis Áitiúla, chun a sainordú reachtúil a chomhlíonadh ar mhaithe le líon suntasach tithe a chur ar fáil ar thailte Stáit i mórfhorbairtí tionachta measctha, le béim ar leith ar láithreán uirbeacha athfhorbraíochta agus inlíonta sna cúig phríomhchathair agus na hionaid réigiúnacha mar thosaíochta*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 22

*I gceantair uirbeacha, beidh caighdeáin phleanála agus ghaolmhara, go háirithe iad siúd a bhaineann le hairde foirgnimh agus carrchlóis bunaithe ar chritéir fheidhmíochta a bhfuil sé mar aidhm leo torthaí dea-dheartha ar ardchaighdeán a bhaint amach chun fás spriocdhírithe a chinntiú.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 23

*Ómós áite agus cultúr agus cáilíocht, carachtar agus uathúlacht thírdhreach tuaithe na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn lena n-áirítear pobail na n-oileáin a chinntíonn gur áiteanna barántúla agus mealltacha iad ceantair thuaithe na hÉireann chun maireachtáil iontu, chun oibriú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. Cinnteoidh aon doiciméad beartais comharba a bhaineann le beartas náisiúnta do cheantair thuaithe agus do na hoileáin ailíniú agus comhsheasmhacht leantach le Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata seo*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 24

*Tacú le forbairt inbhuanaithe ceantar tuaithe trí fhás a spreagadh agus stad a chur le meath i gceantair inar tharla fás beag ar dhaonra nó meath le blianta beaga anuas nó trí fhás a bhainistiú i gceantair atá faoi thionchar láidir uirbeach, chun ró-fhorbairt a sheachaint, agus pobail tuaithe bhríomhara á gcoimeád.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 25**

*Díriú ar mheath tuaithe i láir bhailte agus sráidbhailte beaga a chasadh thart trí bhearta spriocdhírithe inbhuanaithe a phléann le háitribh fhoilmhe agus a bhaineann amach torthaí ó thaobh athúsáide agus athnuachana inbhuanaithe[61].*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 26**

*Luach speisialta fisiciúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus cultúrtha na sócmhainní oidhreachta tógtha a fheabhsú, a chomhtháthú agus a chosaint lena n-áirítear sráid-dreacha, teaghaisí dúchasacha agus foirgnimh agus séadchomharthaí stairiúla eile, trí infheistíocht agus trí chaomhnú oiriúnach agus íogair.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 27**

*Tacú le fás comhréireach agus forbairt atá deartha go cuí i mbailte tuaithe a chuirfidh lena n-athghiniúint agus lena n-athnuachan, lena n-áirítear idirghabhálacha sa ríocht phoiblí, soláthar taitneamhachtaí, éadáil láithreán agus soláthar seirbhísí.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 28**

*Leanúint ar aghaidh ag tacú le cláir do 'thithe nua i mbailte agus i sráidbhailte beaga' le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bonneagair phoiblí cosúil le Uisce Éireann agus le pobail áitiúla chun láithreáin seirbhísithe a chur ar fáil chun daoine a mhealladh chun a dtithe féin a thógáil agus chun maireachtáil i mbailte agus i sráidbhailte beaga.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 29**

*Déanamh cinnte, agus soláthar á dhéanamh um forbairt tithíochta tuaithe, go ndéantar deighilt idir áiteanna faoi thionchar uirbeach, i.e. laistigh d'abhantrach comaitéara cathracha agus bailte móra agus ionaid fhostaíochta agus áiteanna eile:*

- *I gceantair thuaithe faoi thionchar uirbeach, soláthar tithe singile faoin tuath a éascú bunaithe ar chomaoin lárnach an riachtanais eacnamaíoch nó sóisialta cruthaithe, cónaí i gceantar tuaithe agus critéir suímh agus deartha um thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe;*
- *I gceantair thuaithe in áiteanna eile, soláthar tithíochta aonair a éascú faoin tuath bunaithe ar chritéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha do thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte agus na lonnaíochtaí tuaithe níos lú.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 30**

*An gá atá le tithíocht aonair faoin tuath a réamh-mheas trí uirlis Mheasúnú Foriomlán ar Riachtanais Tithíochta (MFRT) an údaráis áitiúil agus trí phróisis chroístraitéise an phlean forbartha contae.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 31**

*Forbairt an gheilleagair thuaithe a éascú, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráide náisiúnta, trí thacú le hearnáil talmhaíochta agus bhia atá inbhuanaithe agus éifeachtúil go heacnamaíoch, chomh maith leis na tionscail seo a leanas - foraoiseacht, iascaireacht, dobharshaothrú, fuinneamh agus eastóscadh, an bithgheilleagar agus éagsúlú i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm agus lasmuigh den fheirm, agus ag an am céanna aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis an tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha atá ríthábhachtach don turasóireacht tuaithe a chothabháil.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 32**

*Tacú le cur i gcrích an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus é a éascú mar bhealach le tuilleadh deiseanna a fhorbairt don fhiontraíocht, don fhostaíocht, don oideachas, do nuáil agus d'fhorbairt scileanna dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair i gceantair thuaithe.*

61 Tagair do Threoirlínte maidir le Forbairt Chónaithe agus Dlúthlonnaíochtaí d'Údaráis Phleanála

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 33

*Feabhas a chur ar iomaíochas ceantar tuaithe trí thacú le nuáil i bhforbairt eacnamaíoch tuaithe agus san fhiontraíocht trí héagsúlú an gheilleagair thuaithe isteach in earnálacha agus i seirbhísí nua, agus ina measc tionscail atá bunaithe ar TFC agus iad siúd atá ag plé le hathrú aeráide agus le hinbhuanaitheacht*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 34

*Tacú leis an tionscal agraibhia chun slándáil bhia leantach na hÉireann a chur chun cinn ar bhealach a chinntíonn inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta agus dul chun cinn á chinntiú ag an am céanna maidir le spriocanna a bhaint amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta agus sa Phlean Bainistíochta Abhantraí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 35

*Leanúint ar aghaidh le forbairt turasóireachta a éascú agus go háirithe an Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo, agus Straitéis Glasbhealaí agus Móinbhealaí, a thugann tús áite do thionscadail bunaithe ar thionchar uasta a chinntiú agus nascacht ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus iad ag cinntiú go bhfuil a bhforbairt ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta, leis an gcuspóir náisiúnta um athrú aeráide agus leis na ceanglais maidir le measúnachtaí comhshaoil.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 36

*Leanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile, ar aghaidh ag infheistiú i dtuath na hÉireann, lena n-áirítear tríd an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe, agus oibreoidh siad as lámh a chéile chun comhordú a dhéanamh ar struchtúir um maoiniú forbartha tuaithe chun í a chur ar aon dul le straitéisí náisiúnta eile.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 37

*Tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí lena n-áirítear Creat Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla, trí bheartais den sórt sin a chomhtháthú, áit is cuí agus ag an scála ábhartha, sa bheartas pleanála.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 38

*A chinntiú go gcomhtháthaítear roghanna sábháilte agus áisiúla seachas an carr i ndearadh ár bpobal, trí thús áite a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí reatha agus beartaithe, agus saoráidí gníomhaíochta fisiciúla do dhaoine de gach aois a chomhtháthú.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 39

*Pleanáil i gcomhair sochaí níos éagsúla agus níos cuimsithí ina ndírítear ar chomhionannas deiseanna agus ar chaighdeán beatha níos fearr do gach saoránach, trí chomhtháthú agus inrochtaineacht níos fearr i soláthar pobal inbhuanaithe agus seirbhísí gaolmhara.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 40

*Tacú le cur i bhfeidhm phleananna teanga i gCeantair Phleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 41

*Forbrófar beartais áitiúla phleanála, tithíochta, saoráidí agus seirbhísí sláinte, iompair/inrochtaineachta agus caithimh aimsire agus leagfar béim ar fhreastal ar riachtanais agus ar dheiseanna daonra atá ag dul in aois, chomh maith le cuimsiú réamh-mheastachán sonrach, a mbeidh tograí soiléire ag tacú leo a bhaineann le pobail atá ag dul in aois mar chuid de chroístraitéis na bpleananna forbartha cathrach agus contae.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 42

*Tús áit a thabhairt d'fhás spriocdhírithe agus pleanáilte daonra agus fostaíochta a chur ar aon dul le hinfheistíocht:*

- *Feidhm pleanála chúram leanaí/COLÓ chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus iad a thuar, lena n-áirítear tosaíochtaí réigiúnacha a aithint;*
- *Soláthar agus seachadadh tráthúil saoráidí cúraim leanaí agus scoileanna nua agus athchóirithe ar láithreáin dea-lonnaithe laistigh de nó gar do limistéir faoi fhoirgnimh, lena n-áirítear chun tacú le forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla daonraí áitiúla agus a fheidhmíonn mar phríomhchumasóir d'fhorbairt tithíochta, agus ar an tslí sin, a chuireann le forbairt pobal inbhuanaithe;*
- *Méadú agus comhdhlúthú saoráidí Ardoideachais, go háirithe nuair a chuirfidh sé sin le forbairt réigiúnach níos leithne, agus*
- *Cláir um foghlaim fadsaoil, go háirithe i réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus breisoiliúna ina n-aithnítear bearnaí scileanna.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 43

*Spriocdhíriú ar sheachadadh tithíochta chun freastal ar thart ar 50,000 teaghlach breise sa bhliain go dtí 2040*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 44

*Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe nua in áiteanna ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe agus ar scála cuí soláthair i gcoibhneas le háit.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 45

*Tacú le soláthar tithe atá inoiriúnaithe ar feadh a saolré agus ar féidir leo freastal ar riachtanais athraithe teaghlaigh le himeacht ama.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 46

*Dlús cónaithe a mhéadú i lonnaíochtaí, trí raon beart, lena n-áirítear laghduithe ar fholúntas, ar athúsáid foirgneamh atá tógtha cheana féin, ar scéimeanna forbartha inlíonta, ar athghiniúint bunaithe ar cheantar nó ar láithreán, agus ar fhoirmeacha forbartha níos dlúithe.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 47

*Leanúint ar aghaidh le modheolaíochtaí agus le foinsí sonraí a fhorbairt chun bonn fianaise, éifeachtacht agus comhsheasmhacht an phróisis phleanála do sholáthar tithíochta ag leibhéil réigiúnacha, uirbeacha agus údaráis áitiúil a fheabhsú. San áireamh anseo beidh ceanglais chaighdeánaithe do thaifeadadh sonraí pleanála agus tithíochta á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla chun bonn fianaise comhsheasmhach agus dianseasmhach a chur ar fáil do cheapadh beartais tithíochta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 48

*Tabharfar faoi 'Mheasúnú ar Éileamh Riachtanas Tithíochta' (MÉRT) le haghaidh gach ceantar Údaráis Áitiúil chun riachtanais tithíochta amach anseo a chomhghaolú agus a athailíniú go cruinn:*

- *tabharfar faoi ag Údaráis Áitiúla agus tabharfaidh na Tionóil Réigiúnacha cúnamh le comhordú, agus ar scála Cathrach freisin, go háirithe áit a bhfuiltear chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair idirghníomhuithe idirchontae agus idir-réigiúnacha agus iad a bhainistiú;*

*agus*

- *beidh sé mar bhonn eolais phríomhúil do bheartais tithíochta, straitéisí tithíochta agus beartais ghaolmhara i ndáil le criosú talamhúsáide chomh maith le cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir le cá háit a bhfuiltear chun réimsí beartais nua nó cláir infheistíochta nua a fhorbairt.*

**Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 49**

*Tógfar san áireamh i bpleananna forbartha réigiúnach, cathrach agus áitiúil saincheisteanna ábhartha maidir le pleanáil spásúil mhara agus beidh siad cuimsithe iontu*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 50**

*Tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe an gheilleagair mhara agus leanúint ar aghaidh ag infheistiú san earnáil bhia mara agus inár gcuid Ionad Iascaigh Cuain go háirithe i bpobail tuaithe iargúlta agus ar oileáin*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 51**

*Go ndéileáiltear le riachtanais forbartha straitéisí Chalafort Shraith 1 agus Shraith 2, calafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo agus calafoirt bheaga mar chuid de Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, pleananna forbartha cathrach/contae, chun fás éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe na réigiúin cathrach agus na gceantar réigiúnach agus tuaithe a chinntiú.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 52**

*Tacú le seachadadh inbhuanaithe bhonneagar calafoirt agus cuanta chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt, ar chothabháil agus ar oibriú forbairtí giniúna leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 53**

*A chinntiú go ndéantar acmhainn chósta na hÉireann a bhainistiú chun a carachtar fhisiceach agus cáilíocht chomhshaoil a choimeád.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 54**

*I gcomhréir le haidhmeanna comhchoiteanna an bheartais náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na n-athruithe ar leibhéal farraige agus thuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le freagairtí oiriúnaithe i gceantair leochaileacha.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 55**

*Tacú le forbairt phleananna bainistíochta cósta chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí dóchúla athruithe ar leibhéal na farraige agus tuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le freagairtí oiriúnaithe a chur i bhfeidhm i gceantair leochaileacha.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 56**

*Chun tacú le forbairt fhorásach chumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta na hÉireann, le forbairt inbhuanaithe bhonneagar cumasúcháin ar an gcladach lena n-áirítear feabhsuithe ar nascacht greille intíre agus idirnáisiúnta, bonneagar tarchurtha neamh-eangaí, chomh maith le bonneagar calafoirt chun comhpháirteanna tuirbíní gaoithe a mhaisiú agus a chóimeáil agus le haghaidh oibriú agus cothabháil tionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 57**

*Oibriú leis na Ranna cuí i dTuaisceart Éireann ar mhaithe le comhbhuntáiste i réimsí mar phleanáil spásúlachta, forbairt agus cur chun cinn an gheilleagair uile-oileáin, comhordú soláthar bonneagair shóisialta agus fhisiciúil agus cosaint agus bainistíocht comhshaoil.*

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 58**

*I gcomhoibriú le Ranna agus Údaráis Áitiúla ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacaíocht agus forbairt bhreise a dhéanamh ar chumas eacnamaíoch Chonair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus go háirithe croíghréasán Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an Iúir agus a infheictheacht idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fheabhsú.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 59

*I gcomhoibriú le Ranna agus Údaráis Áitiúla ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacú le forbairt Réigiún na Cathrach Thiar Thuaidh agus é a chur chun cinn mar limistéir idirnasctha de thábhacht straitéiseach in Iarthuaisceart na hÉireann, trí struchtúir chomhoibríocha agus cur chuige comhcheangailte maidir le pleanáil spásúlachta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 60

*Tacú le comhar trasteorann agus le maoiniú do sheirbhísí agus d'áiseanna sláinte agus oideachais.*

*I gcomhoibriú le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, nascacht iompair inbhuanaithe feabhsaithe idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear bóithre agus iarnróid trasteorann, bonneagar feithiclí leictreacha, bealaí rothaíochta agus siúil, chomh maith le gormbhealaí, féarbhealaí agus móinbhealaí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 62

*I gcomhoibriú le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, infreastruchtúr fuinnimh uile-oileáin agus acmhainn idirnaisc a neartú, lena n-áirítear líonraí dáileacháin agus tarchurtha chun slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú, agus iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do chomhoibriú straitéiseach ar fhorbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 63

*I gcomhar leis na Ranna cuí i dTuaisceart Éireann, infreastruchtúr cumarsáide agus seirbhísí digiteacha atá cobhsaí, nualaíoch agus slán a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 64

*Tacú le comhordú agus cur chun cinn tionscnamh turasóireachta uile-oileáin trí chomhoibriú leanúnach idir na gníomhaireachtaí turasóireachta ábhartha agus Turasóireacht Éireann, leanúint le forbairt bhreise spóirt, agus infheistíocht a dhéanamh in oidhreacht, ealaíona agus traidisiúin chultúrtha agus teanga an oileáin éagsúla*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 65

*I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, déanamh cinnte go mbainistítear go héifeachtach tírdhreacha, dobharcheantair, gnáthóga, speicis agus saincheisteanna trasteorann roinnte maidir le beartas comhshaoil*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 66

*I gcomhoibriú le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus le Rialtais chineachta Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, tacóidh Éire le forbairt beartais agus le gníomhaíocht bheartais chomhthairbheach i réimsí na pleanála spáis agus bonneagair agus réimsí gaolmhara eile.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 67

*Beidh an córas pleanála freagrúil dár ndúshlán náisiúnta comhshaoil agus cinnteoidh sé go dtarlóidh forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, ag féachaint do riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na reachtaíochta comhshaoil agus aeráide ábhartha ar fad agus bainistíocht inbhuanaithe ár gcaipiteal nádúrtha.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 68

*Tacú leis an gciorclán agus an bhithgheilleagar lena n-áirítear go háirithe trí éifeachtúlacht níos fearr i mbainistíocht talún agus ábhar, athúsáid foirgneamh agus struchtúr atá ann cheana a chur chun cinn, úsáid níos mó a bhaint as acmhainní in-athnuaite agus trí ráta athraithe úsáid talún ó shraoilleáil uirbeach agus forbairt nua a laghdú.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 69

*Tacú le fás agus forbairt téamh éifeachtach ceantair, leictriú teasa, agus úsáid fuinnimh geoiteirmeach.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 70

*Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomh na haeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála le tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa, mar atá léirithe sna buiséid charbóin a glacadh le déanaí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 71

*Úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag na suíomhanna cuí laistigh den timpeallacht thógtha agus nádúrtha chun na cuspóirí i dtreo geilleagar saor ó charbóin a bhaint amach faoi 2050 a chomhlíonadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 72

*Tacú le forbairt agus le huasghrádú bhonneagar na heangaí leictreachais náisiúnta, lena n-áirítear tacú le forbairt giniúna leictreachais in-athnuaite a sheachadadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 73

*Tacú le cur chuige uile-oileáin i leith seachadadh leictreachais in-athnuaite tríd an eangach tharchuir a idirnascadh*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 74

*Tacú le comhshuíomh teicneolaíochtaí in-athnuaite le teicneolaíochtaí tacaíochta eile agus úsáidí comhlántacha talún, lena n-áirítear talmhaíocht, taitneamhacht, foraoiseacht, agus deiseanna chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus sócmhainní oidhreachta a chur chun cinn, ag láithreacha cuí a chinntear bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil i gcomhréir le creataí reachtacha AE agus náisiúnta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta  75

*Trína Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta, ní mór do gach Tionól Réigiúnach pleanáil a dhéanamh do sheachadadh na leithdháiltí réigiúnacha acmhainne leictreachais in-athnuaite a shonraítear le haghaidh gaoithe agus gréine ar an gcladach atá léirithe i dTábla 9.1 thíos, agus leithdháiltí a shainaithint do gach ceann de na húdaráis áitiúla, chun an sprioc náisiúnta iomlán a bhaint amach. .*

**Tábla  9.1: Leithdháiltí Acmhainne Leictreachais In-athnuaite Réigiúnacha**

| Réigiún | Acmhainn fhuinnimh 2023 (MW) | Leithdháiltí Breise Acmhainne Cumhachta In-athnuaite (MW) | % iomlán den Scair Náisiúnta i 2030 | Acmhainn Fhuinnimh 2023 (MW) | Leithdháiltí Breise Acmhainne Cumhachta In-athnuaite (MW) | % iomlán den Scair Náisiúnta i 2030 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gaoth ar Tír | | | Fótavoltachas Gréine | | |
| Oirthear agus Lár na Tíre | 284 | 1,966 | 25% | 306 | 3,294 | 45% |
| An Tuaisceart agus an tIarthar | 1,761 | 1,389 | 35% | 0.3 | 959 | 12% |
| Deisceart | 2,622 | 978 | 40% | 138 | 3,302 | 43% |
| **Iomlán** | **4,667** | **4,333** | | **445** | **7,555** | |

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 76

*Déanfaidh Údaráis Áitiúla pleanáil do sheachadadh leithdháiltí Sprioc Acmhainn Cumhachta (MW) i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta ábhartha, trína bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 77

*Bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola lena n-áirítear dramhaíl tógála agus scartála, infheistiú i gcineálacha éagsúla cóireála dramhaíola agus tacú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus tús áite á thabhairt do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil, chun tacú le timpeallacht, geilleagar agus sochaí shláintiúil.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 78

*Feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce agus ar an mbainistíocht acmhainní trí bhaol tuilte a chosc nó a mhaolú trí*

- *A chinntiú go bhfuil dea-bhainistíocht riosca ann ó thaobh comhfhorbairt áite trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir atá i mbaol tuilte de réir na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus maidir le Measúnú Riosca Tuile do na hÚdaráis Áitiúla.*
- *Ag cur san áireamh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar thuilte agus ar bhaol tuilte agus breithniú ar an bPlean Oiriúnaithe Earnála um Bainistíocht Riosca Tuile don Athrú Aeráide.*
- *A chinntiú go mbreithneofar na cuspóirí sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach go hiomlán.*
- *Réitigh bhainistíochta uisce inbhuanaithe a chomhtháthú, amhail Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS), dromchlú neamhphóiriúil agus díonta glasa agus réitigh bunaithe ar nádúr, chun áiteanna sábháilte a chruthú.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 79

*Tacú le bainistiú riosca tuilte uisce stoirme, uisce báistí agus uisce dromchla trí úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar nádúr agus córais draenála inbhuanaithe.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 80

*Tacú le hiarfheistiú na dtimpeallachtaí atá ann cheana féin chun freastal ar rith uisce dromchla trí úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar an dúlra, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Pleananna Draenála Comhtháite ag Uisce Éireann ar bhonn tosaíochta lonnaíochta.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 81

*Déanfar pleanáil chomhtháite do Bhonneagar Glas agus Gorm a ionchorprú in ullmhú na bpleananna reachtúla úsáide talún agus ag an am céanna seirbhísí éiceachórais agus feidhmeanna éiceachórais a chothabháil agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus/nó a athchóiriú.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 82

*Luach na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa agus gorma ar scála réigiúnach, cathrach agus áitiúil a shainaithint agus a neartú, chun go mbeifear ábalta feabhas a chur ar nascacht le líonraí straitéiseacha níos leithne, cosc a chur ar chomhtháthú lonnaíochtaí agus fairsingiú straitéiseach fadtéarmach na limistéar uirbeach a chumasú. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do mhéadú ar sholáthar spásanna glasa agus gorma agus clúdach téastar crann i lonnaíochtaí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 83

*I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus Dlí an Aontais Eorpaigh um Athchóiriú an Dúlra agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil, tacóidh na húdaráis phleanála réigiúnacha agus áitiúla le hullmhú an Phlean Athchóirithe Náisiúnta.*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 84

*Ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta; tá caomhnú, feabhsú, maolú agus athchóiriú na bithéagsúlachta le tacú ag:*

- *Beartais agus cuspóirí a chomhtháthú le haghaidh chosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear seachaint agus/nó íoslaghdú tionchair ionchasacha bithéagsúlachta, sa phlean reachtúil úsáide talún.*
- *Is fearr gnáthóga reatha atá tábhachtach faoi láthair chun bithéagsúlacht a chothabháil a choinneáil (ag leibhéil áitiúla/réigiúnach/náisiúnta/idirnáisiúnta) ar an gcéad dul síos, ná gnáthóga a athsholáthar/a athchóiriú, ar mhaithe le leanúnachas soláthar gnáthóg a chinntiú agus laghdú ar rioscaí agus costais ghaolmhara.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 85

*Ag teacht le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, ba cheart d'údaráis phleanála iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar aon ghlanchaillteanas bithéagsúlachta laistigh dá bhfeidhmeanna déanta pleananna*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 86

*An stádas caomhantais a threisiú agus feabhas a chur ar bhainistíocht na limistéar faoi chosaint agus na speiceas faoi chosaint trí:*

- *Treoracha ábhartha AE a chur chun feidhme chun comhshaol agus fiadhúlra na hÉireann a chosaint agus tacú le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht;*
- *Córais um cheadúnú agus um chead a fhorbairt agus a úsáid chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de láithreáin Natura 2000 a éascú;*
- *Taighde leanúnach, cláir shuirbhéireachta agus monatóireacht ar ghnáthóga agus speiceas*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 87

*Tréithe saibhre oidhreacht nádúrtha, cultúrtha agus tógtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach a oireann dá dtábhacht chultúrtha agus chomhshaoil.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 88

*Éascaíocht a dhéanamh do chosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha trí Léarscáil Náisiúnta um Charachtar Tírdhreacha a ullmhú agus treoir maidir le measúnuithe ar charachtar an tírdhreach áitiúil a fhorbairt (lena n-áirítear saintréithiú an tírdhreacha stairiúil) chun cur chuige comhsheasmhach maidir le measúnú ar charachtar an tírdhreacha a chinntiú, go háirithe thar theorainneacha pleanála agus riaracháin.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 89

*Ailíniú an fháis phleanáilte a chinntiú le húsáid agus forbairt éifeachtach agus inbhuanaithe acmhainní uisce agus bonneagar seirbhísí uisce, chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach a thacaíonn le sochaí shláintiúil, le riachtanais forbartha eacnamaíochta, agus le timpeallacht níos glaine.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 90

*Caighdeán an aeir a fheabhsú agus cabhrú le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe inár limistéir uirbeacha agus thuaithe trí thalamhúsáid chomhtháite agus pleanáil spáis a thacaíonn leis an iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach, cur chun cinn foirgneamh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh, córais téimh atá saor ó astaíochtaí áitiúla, pleanáil do bhonneagar glas agus gorm agus réitigh nuálacha i ndearadh.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 91

*Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí Léarscáileanna Straitéiseacha Torainn, Pleananna Gníomhaíochta Torainn agus treoir phleanála náisiúnta*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 92

*Déanfaidh na húdaráis chuí athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha an Cheantair Uirbigh do cheantair Uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe, agus Phort Láirge agus i gcás Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí chun dul i ngleic leis an réigiún cathrach níos leithne chomh maith, in éineacht le agus mar chuid d'athbhreithniú ar an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta ábhartha.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 93

*Áireofar i bPleananna Straitéiseacha an Cheantair Uirbigh soláthar do dheiseanna a bhaineann le Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD) ar mhórscála agus d'fhéadfaidís díriú ar chomhréir den fhás pleanáilte sna ceantair uirbeacha i dtreo pobail inbhuanaithe nua a sheachadadh ag láithreacha athfhorbraíochta agus úrnua sa phríomhchathair agus sna bruachbhailte agus sna ceantair uirbeacha níos leithne dírithe ar dheiseanna a eascraíonn as infheistíocht mhór iompair phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe, ar feadh chonairí iompair phoiblí pleanáilte agus i gcomhréir le prionsabail Forbairt atá Dírithe ar Iompar.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 94

*Leathnófar socruithe reachtúla idir an phleanáil spásúlachta agus an phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 95

*Oibreoidh an Rialtas chun na socruithe riachtanacha institiúideacha agus maoinithe a bhunú chun tacú le forbairt agus seachadadh luathaithe Forbartha atá Dírithe ar Iompar ag láithreacha oiriúnacha i gcomhar leis an gclár leanúnach infheistíochta sa ghréasán iompair phoiblí.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 96

*Déanfar foráil do phleananna ceantair uirbigh agus do phleananna ceantair tosaíochta chun teacht in ionad na bhforálacha atá ann faoi láthair sa phlean ceantair áitiúil; pleananna limistéir chomhordaithe atá le hullmhú i gcás ina bhfuil baile agus a cheantar máguaird laistigh de limistéar feidhme comhcheangailte níos mó ná údarás áitiúil amháin, agus limistéir a bhfuil acmhainneacht shuntasach forbartha acu a ainmniú mar Chrios Forbartha Uirbigh Iarrthóra agus Criosanna Forbartha Uirbeacha chun infheistíocht spriocdhírithe a éascú i mbonneagar cumasaithe agus forbairt luathaithe*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 97

*Iarrfar ar údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe sraithe a chur i bhfeidhm le difreáil a dhéanamh idir i) talamh chriosaithe sheirbhísithe ii) talamh chriosaithe ar a mbeifear ábalta seirbhísiú a dhéanamh uirthi le linn shaolré an phlean*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 98

*Nuair atá tailte criosaithe chun críche forbartha á meas lena dteastaíonn infheistíocht i mbonneagar seirbhíse, déanfaidh údaráis phleanála meastachán réasúnta de chostas iomlán sheachadadh na seirbhísí sonracha agus ullmhóidh siad tuarascáil, ina mbeidh sonraí faoin gcostas measta ag céimeanna an dréachtphlean agus an phlean deiridh*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 99

*Nuair atá talamh á meas le haghaidh criosaithe do chuspóirí forbartha nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísiú orthu le linn shaolré an phlean ábhartha, níor cheart tailte dá leithéid a chriosú le haghaidh forbartha*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 100

*Bainfidh údaráis phleanála feidhm as cumhachtaí ceannaigh éigeantaigh chun seachadadh bonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta a éascú, chun freastal ar fhás pleanáilte*

## Dréacht Chuspóir Beartais Náisiúnta, 2024

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 101

*Díreoidh údaráis phleanála agus gníomhaireachtaí seachadta bonneagair ar sheachadadh tráthúil an bhonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta chun fás agus forbairt atá beartaithe a sheachadadh. Ina theannta sin, lena chinntiú go bhfuil tailte inlíonta agus athfhorbraíochta á bhforbairt agus go bhfuil na spriocanna dlúthfhás atá leagtha amach in NPO 7 - 9 á mbaint amach, tá sé tábhachtach freisin cineálacha cur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun fás dlúth i gcathracha agus i lonnaíochtaí níos mó a thomhas agus a fhaireachán atá ailínithe le digitiú níos fearr ar an gcóras pleanála.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 102

*Cur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le dlúthfhás i gcathracha agus i lonnaíochtaí níos mó a thomhas agus a fhaireachán agus iad a ailíniú le digitiú méadaithe an chórais phleanála.*

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 103

*Leanúint ar aghaidh agus ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú trí Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sheachadadh.*

# Aguisín 2:
## Daonra agus Fostaíocht i Lonnaíochtaí Uirbeacha, Daonáireamh 2022

| Lonnaíocht | Daonra 2022 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile, Co Luimnigh | 2206 | 623 | 1204 | 1.93 |
| Mainistir Laoise, Co Laoise | 1897 | 600 | 521 | 0.87 |
| Fiodh Alúine, Co Chill Dara | 1685 | 631 | 262 | 0.42 |
| Áth an Choite, Co Luimnigh | 3398 | 1350 | 1597 | 1.18 |
| Baile Átha Fhirdhia, Co Lú | 5478 | 1738 | 2489 | 1.43 |
| An tInbhear Mór, Co Chill Mhantáin | 13399 | 4437 | 3107 | 0.70 |
| Chill Dhéagláin, Co na Mí | 15680 | 6342 | 4690 | 0.74 |
| Áth na Fuinseoige, Co Chill Mhantáin | 1892 | 736 | 439 | 0.60 |
| Áth Buí, Co na Mí | 2596 | 889 | 590 | 0.66 |
| Baile Átha an Rí, Co na Gaillimhe | 4603 | 1752 | 1659 | 0.95 |
| Baile Átha Luain, Contaetha na hIarmhí & Ros Comáin | 22869 | 7561 | 12505 | 1.65 |
| Baile Átha Í, Co Chill Dara | 11035 | 3279 | 2474 | 0.75 |
| Baile Chláir, Co na Gaillimhe | 1632 | 578 | 411 | 0.71 |
| Coill an Chollaigh, Co an Chabháin | 2974 | 832 | 862 | 1.04 |
| Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath | 24322 | 8210 | 4216 | 0.51 |
| Bealach an Doirín, Co Ros Comáin | 2387 | 529 | 681 | 1.29 |
| Béal an Átha, Co Mhaigh Eo | 10556 | 3345 | 5049 | 1.51 |
| Béal an Átha, Co Thiobraid Árann | 2959 | 1113 | 551 | 0.50 |
| Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe | 6597 | 1743 | 3020 | 1.73 |
| Baile an Róba, Co Mhaigh Eo | 3148 | 1027 | 1479 | 1.44 |
| Baile Íomhair, Co na Mí | 1870 | 648 | 273 | 0.42 |
| Bealach Féich-Srath an Urláir, Co Dhún na nGall | 5406 | 1716 | 2152 | 1.25 |
| Baile an Bhuinneánaigh, Co Chiarraí | 1618 | 458 | 390 | 0.85 |
| Béal Átha hAmhnais, Co Mhaigh Eo | 2773 | 719 | 1161 | 1.61 |
| Baile Shéamais Dhuibh, Co an Chabháin | 2917 | 1033 | 646 | 0.63 |
| Baile Uí Mhatháin, Co Longfoirt | 1714 | 499 | 743 | 1.49 |
| Baile an Mhóta, Co Shligigh | 1711 | 542 | 445 | 0.82 |
| Baile Easa Dara, Co Shligigh | 1747 | 721 | 268 | 0.37 |
| Béal Átha Seanaidh, Co Dhún na nGall | 2246 | 637 | 953 | 1.50 |
| Baile an Ridire, Co Bhaile Átha Cliath | 2282 | 824 | 358 | 0.43 |
| Bealach Conglais, Co Chill Mhantáin | 2611 | 808 | 853 | 1.06 |
| Beannchar, Co. Uíbh Fhailí | 1907 | 576 | 549 | 0.95 |
| Droichead na Bandan, Co Chorcaí | 8196 | 2877 | 2693 | 0.94 |
| Beanntraí, Co Chorcaí | 2929 | 933 | 1809 | 1.94 |
| Bearna, Co na Gaillimhe | 2336 | 860 | 461 | 0.54 |
| Béal Tairbirt, Co. an Chabháin | 1610 | 470 | 284 | 0.60 |
| Biorra, Co. Uíbh Fhailí | 4726 | 1458 | 1672 | 1.15 |

| Lonnaíocht | Daonra 2022 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| An Bhlarna, Co Chorcaí | 2779 | 1037 | 834 | 0.80 |
| Baile Coimín, Contaetha Chill Mhantáin & Chill Dara | 5611 | 2097 | 1257 | 0.60 |
| Mainistir na Búille, Co Ros Comáin | 2915 | 758 | 1191 | 1.57 |
| Bré, Contaetha Chill Mhantáin & Bhaile Átha Cliath | 33512 | 12292 | 9729 | 0.79 |
| Bun Clóidí, Contaetha Loch Garman & Cheatharlach | 2053 | 582 | 761 | 1.31 |
| Bun Cranncha, Co Dhún na nGall | 6971 | 2142 | 2405 | 1.12 |
| Bun Dobhráin, Co Dhún na nGall | 2599 | 797 | 809 | 1.02 |
| Cathair Chinn Lis, Co. Luimnigh | 1569 | 487 | 206 | 0.42 |
| Cathair, Co. Thiobraid Árann | 3679 | 1150 | 1260 | 1.10 |
| Callainn, Co Chill Chainnigh | 2678 | 884 | 800 | 0.90 |
| Cairlinn, Co Lú | 1528 | 440 | 368 | 0.84 |
| Ceatharlach, Contaetha Cheatharlach & Laoise | 27351 | 8522 | 9231 | 1.08 |
| Carn Domhnach, Co Dhún na nGall | 2768 | 778 | 1289 | 1.66 |
| Carraig Mhachaire Rois, Co Mhuineacháin | 5745 | 1901 | 1896 | 1.00 |
| Cora Droma Rúisc, Contaetha Liatroma & Ros Comáin | 4743 | 1633 | 3145 | 1.93 |
| Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann | 5752 | 1587 | 1397 | 0.88 |
| Carraig Uí Leighin, Co Chorcaí | 18239 | 7354 | 3050 | 0.41 |
| Carraig Thuathail, Co Chorcaí | 5568 | 2242 | 4538 | 2.02 |
| Caiseal, Co. Thiobraid Árann | 4805 | 1492 | 1997 | 1.34 |
| Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo | 13054 | 4559 | 9911 | 2.17 |
| Baile na Lorgan, Co Mhuineacháin | 3926 | 1269 | 1732 | 1.36 |
| Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman | 1850 | 704 | 352 | 0.50 |
| Caisleán Uí Chonaill, Co Luimnigh | 2488 | 912 | 384 | 0.42 |
| Díseart Diarmada, Co. Chill Dara | 1685 | 570 | 331 | 0.58 |
| Oileán Ciarraí, Co Chiarraí | 2536 | 806 | 1438 | 1.78 |
| Baile na Martra, Co Chorcaí | 1603 | 634 | 242 | 0.38 |
| An Caisleán Riabhach, Co Ros Comáin | 2348 | 532 | 935 | 1.76 |
| Baile an Chabháin, Co. an Chabháin | 11741 | 3771 | 5774 | 1.53 |
| Cill Droichid, Co Chill Dara | 20601 | 8447 | 3297 | 0.39 |
| An Ráth, Co Chorcaí | 3970 | 1215 | 2079 | 1.71 |
| Claonadh, Co Chill Dara | 8152 | 3408 | 2094 | 0.61 |
| Clara, Co. Uíbh Fhailí | 3403 | 1077 | 770 | 0.71 |
| Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo | 3857 | 1380 | 1529 | 1.11 |
| Ceann Chlochair, Co Lú | 2275 | 842 | 254 | 0.30 |
| Cloich na Coillte, Co Chorcaí | 5112 | 1857 | 2719 | 1.46 |
| Cluain Eois, Co Mhuineacháin | 1885 | 639 | 493 | 0.77 |
| Cluain Meala, Contaetha Thiobraid Árann & Phort Láirge | 18369 | 6164 | 7190 | 1.17 |
| Cluain, Co Chorcaí | 1967 | 760 | 244 | 0.32 |
| Cóbh, Co Chorcaí | 14148 | 5381 | 2066 | 0.38 |
| Cúil Mhuine, Co Shligigh | 1797 | 638 | 733 | 1.15 |
| Conmhaigh, Co Dhún na nGall | 1702 | 492 | 328 | 0.67 |
| Muinchille, Co. an Chabháin | 1856 | 623 | 617 | 0.99 |
| Cathair agus bruachbhailte Chorcaí, Co Chorcaí | 222526 | 82837 | 113067 | 1.36 |
| Baile na Cúirte, Co. Loch Garman | 4365 | 1310 | 459 | 0.35 |
| Bun an Tábhairne, Co Chorcaí | 3263 | 1321 | 564 | 0.43 |
| Doirenturn, Co Chill Dara | 1837 | 612 | 218 | 0.36 |
| Daingean Uí Chúis, Co Chiarraí | 1671 | 525 | 1259 | 2.40 |

| Lonnaíocht | Daonra 2022 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Domhnach Bat, Co Bhaile Átha Cliath | 9669 | 4243 | 1636 | 0.39 |
| Dún na nGall, Co Dhún na nGall | 2749 | 900 | 2018 | 2.24 |
| Droichead Átha, Contaetha Lú & na Mí | 44135 | 15354 | 14339 | 0.93 |
| Cathair agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Contaetha Bhaile Átha Cliath & na Mí | 1263219 | 469840 | 577835 | 1.23 |
| Damhliag, Co na Mí | 4899 | 1623 | 840 | 0.52 |
| Dún Búinne, Co na Mí | 7155 | 2904 | 1250 | 0.43 |
| Dún Dealgan, Co Lú | 43112 | 13736 | 14209 | 1.03 |
| Dún Garbhán, Co Phort Láirge | 10081 | 3221 | 3996 | 1.24 |
| Dún Léire, Co. Lú | 2143 | 738 | 951 | 1.29 |
| Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí | 1964 | 583 | 851 | 1.46 |
| An Dún Mór Thoir, Co. Phort Láirge | 1731 | 655 | 341 | 0.52 |
| Dún Seachlainn, Co. na Mí | 6644 | 2945 | 1696 | 0.58 |
| Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí | 7888 | 2501 | 1909 | 0.76 |
| Meathas Troim, Co Longfoirt | 2199 | 589 | 369 | 0.63 |
| An Bóthar Buí, Co. na Mí | 3663 | 1430 | 763 | 0.53 |
| Inis, Co. an Chláir | 27923 | 9785 | 10628 | 1.09 |
| Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 12310 | 3557 | 4861 | 1.37 |
| Inis Meáin, Co. Chill Mhantáin | 2000 | 754 | 408 | 0.54 |
| Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | 6720 | 2351 | 2449 | 1.04 |
| Fethard, Co Thiobraid Árann | 1738 | 526 | 544 | 1.03 |
| Cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte, Co na Gaillimhe | 85910 | 30617 | 51211 | 1.67 |
| Guaire, Co Loch Garman | 11517 | 3924 | 4170 | 1.06 |
| An Gort, Co na Gaillimhe | 2870 | 844 | 1083 | 1.28 |
| Gráig na Manach - Tigh na hInse, Contaetha Chill Chainnigh & Cheatharlach | 1506 | 424 | 286 | 0.67 |
| Na Clocha Liatha - Deilgne, Co. Chill Mhantáin | 22009 | 8523 | 4181 | 0.49 |
| Ceann Toirc, Co. Chorcaí | 2803 | 940 | 981 | 1.04 |
| Ceanannas, Co. na Mí | 6608 | 2157 | 1669 | 0.77 |
| Neidín, Co. Chiarraí | 2566 | 821 | 1111 | 1.35 |
| Cill Bheagáin, Co. na hIarmhí | 1575 | 483 | 634 | 1.31 |
| Cill Choca, Contaetha Chill Dara & na Mí | 8674 | 3586 | 1335 | 0.37 |
| Cill Chúile, Co. Chill Mhantáin | 4569 | 1751 | 1350 | 0.77 |
| Cill Chuillinn, Co. Chill Dara | 3815 | 1554 | 1185 | 0.76 |
| Cill Dara, Co. Chill Dara | 10302 | 3745 | 2996 | 0.80 |
| Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh | 27184 | 9704 | 15479 | 1.60 |
| An Chill, Co. Chill Dara | 3818 | 1538 | 978 | 0.64 |
| Cill Dalua, Co. an Chláir | 1666 | 571 | 665 | 1.16 |
| Cill Airne, Co. Chiarraí | 14412 | 4941 | 7398 | 1.50 |
| Cill Orglan, Co. Chiarraí | 2163 | 769 | 1467 | 1.91 |
| Cill Liúcainne - Ráth Uidhir, Co. na hIarmhí | 1574 | 553 | 333 | 0.60 |
| Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | 1761 | 471 | 775 | 1.65 |
| Cill Rois, Co. an Chláir | 2649 | 620 | 1204 | 1.94 |
| Dún an Rí, Co. an Chabháin | 2955 | 1009 | 838 | 0.83 |
| Cionn Átha Gad, Co. na hIarmhí | 3064 | 1133 | 596 | 0.53 |
| Cionn tSáile Co. Chorcaí | 5991 | 2106 | 2066 | 0.98 |
| Cionn Sáile-Draighneán, Co Bhaile Átha Cliath | 7526 | 3212 | 866 | 0.27 |
| Béal Átha Liag, Contaetha Ros Comáin & An Longfort | 1733 | 544 | 342 | 0.63 |

| Lonnaíocht | Daonra 2022 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| An Inse-Baile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornáin- Domhnach Cairnigh, Co na Mí | 15642 | 5896 | 1748 | 0.30 |
| Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara | 16733 | 6610 | 9166 | 1.39 |
| Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall | 22549 | 7762 | 13109 | 1.69 |
| Leifear, Co. Dhún na nGall | 1613 | 397 | 841 | 2.12 |
| Cathair agus bruachbhailte Luimnigh, Contaetha Luimnigh & an Chláir | 102287 | 31448 | 49871 | 1.59 |
| Lios Tuathail, Co. Chiarraí | 4794 | 1435 | 2361 | 1.65 |
| Longfort, Co. an Longfoirt | 10952 | 2844 | 5800 | 2.04 |
| An Choill Fhada, Co. na Mí | 1685 | 637 | 168 | 0.26 |
| Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 6322 | 2099 | 2213 | 1.05 |
| Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath | 8806 | 3303 | 1048 | 0.32 |
| Maigh Chromtha, Co. Chorcaí | 4096 | 1475 | 1518 | 1.03 |
| Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe | 2279 | 920 | 541 | 0.59 |
| Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | 18608 | 7194 | 3733 | 0.52 |
| Mala, Co. Chorcaí | 13456 | 4426 | 4493 | 1.02 |
| Cluainín, Co. Liatroma | 1667 | 541 | 1039 | 1.92 |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | 17259 | 7139 | 6898 | 0.97 |
| Mainistir na Corann, Co. Chorcaí | 13906 | 5417 | 4625 | 0.85 |
| Sráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí | 1722 | 647 | 1032 | 1.60 |
| Baile Mhistéala, Co. Chorcaí | 3744 | 1265 | 1770 | 1.40 |
| An Móta, Co. na hIarmhí | 3013 | 985 | 648 | 0.66 |
| Muineachán, Co. Mhuineacháin | 7894 | 2632 | 4198 | 1.59 |
| Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara | 5307 | 1992 | 1443 | 0.72 |
| Móinteach Mílic, Co. Laoise | 4905 | 1543 | 989 | 0.64 |
| Móin Rátha, Co. Laoise | 2070 | 563 | 415 | 0.74 |
| Muine Bheaga (Baile Uí Bhaoill), Co. Cheatharlach | 2945 | 895 | 1700 | 1.90 |
| Mullach, Co. an Chabháin | 1651 | 549 | 389 | 0.71 |
| An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 22667 | 7380 | 9828 | 1.33 |
| An Nás, Co. Chill Dara | 26180 | 11031 | 11690 | 1.06 |
| An Uaimh, Co. na Mí | 33886 | 12326 | 9820 | 0.80 |
| An tAonach, Co. Thiobraid Árann | 9895 | 3483 | 4846 | 1.39 |
| Ros Mhic Thriúin, Loch Garman & Cill Chainnigh | 8610 | 2630 | 3681 | 1.40 |
| Droichead Nua, Co. Chill Dara | 24366 | 9071 | 7337 | 0.81 |
| An Caisleán Nua, Co Luimnigh | 7209 | 2369 | 2678 | 1.13 |
| An Caisleán Nua, Co. Bhaile Átha Cliath | 4526 | 1656 | 4368 | 2.64 |
| Cora Chaitlín, Co an Chláir | 1887 | 726 | 212 | 0.29 |
| Baile Uí Fhiacháin, Co. Thiobraid Árann | 2183 | 810 | 529 | 0.65 |
| Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin | 3539 | 1320 | 1071 | 0.81 |
| Órán Mór Co. na Gaillimhe | 5819 | 2676 | 3420 | 1.28 |
| Uachtar Ard, Co Galway | 1846 | 650 | 498 | 0.77 |
| An Pasáiste Thiar - Baile na Manach, Co. Chorcaí | 6051 | 2304 | 717 | 0.31 |
| Cúil an tSúdaire, Contaetha Laoise & Uíbh Fhailí | 9288 | 3013 | 1950 | 0.65 |
| Port Laoise, Co. Laoise | 23494 | 7575 | 9055 | 1.20 |
| Port Lách, Co. Phort Láirge | 1881 | 648 | 248 | 0.38 |
| Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath | 10750 | 4106 | 1882 | 0.46 |
| Port Omna, Co. na Gaillimhe | 1690 | 510 | 759 | 1.49 |
| An Chorrchoill, Co. Chill Dara | 2413 | 896 | 431 | 0.48 |

| Lonnaíocht | Daonra 2022 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara | 3263 | 1207 | 588 | 0.49 |
| Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath | 5792 | 2193 | 1220 | 0.56 |
| Ráth Chormaic, Co. Chorcaí | 1957 | 745 | 220 | 0.30 |
| Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin | 2264 | 811 | 652 | 0.80 |
| Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin | 3482 | 1087 | 607 | 0.56 |
| Ráth Tó, Co. na Mí | 10077 | 4207 | 1445 | 0.34 |
| Ros Comáin, Co. Ros Comáin | 6555 | 2107 | 4315 | 2.05 |
| Ros Cré, Co. Thiobraid Árann | 5542 | 1665 | 1688 | 1.01 |
| Cuan Ros Láir, Co. Loch Garman | 2247 | 665 | 537 | 0.81 |
| Ros Láir, Co. Loch Garman | 1795 | 525 | 444 | 0.85 |
| An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath | 10875 | 4098 | 1547 | 0.38 |
| Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath | 4573 | 1318 | 773 | 0.59 |
| Na Solláin, Co. Chill Dara | 6269 | 2712 | 778 | 0.29 |
| Sionainn, Co. an Chláir | 10256 | 3840 | 8185 | 2.13 |
| Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Co. an Chláir | 2832 | 1108 | 330 | 0.30 |
| Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath | 10743 | 4064 | 2060 | 0.51 |
| An Sciobairín, Co. Chorcaí | 2903 | 901 | 1664 | 1.85 |
| Sligeach, Co. Shligigh | 20608 | 6551 | 13562 | 2.07 |
| Steach Maoilín, Co. na Mí | 3720 | 1589 | 719 | 0.45 |
| An Leathros, Co. Shligigh | 1982 | 780 | 440 | 0.56 |
| Sord, Co. Bhaile Átha Cliath | 40776 | 17040 | 15082 | 0.89 |
| An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann | 2005 | 614 | 1169 | 1.90 |
| Tearmann Feichín, Co. Lú | 1983 | 702 | 289 | 0.41 |
| Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh | 2305 | 836 | 757 | 0.91 |
| Durlas, Co. Thiobraid Árann | 8185 | 2580 | 3066 | 1.19 |
| Tiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann | 5387 | 1486 | 2105 | 1.42 |
| Túr, Co. Chorcaí | 3300 | 1320 | 334 | 0.25 |
| Trá Lí, Co Chiarraí | 26079 | 7582 | 13336 | 1.76 |
| Trá Mhór, Co. Phort Láirge | 11277 | 4046 | 2031 | 0.50 |
| Baile Átha Troim, Co. na Mí | 9563 | 3577 | 3419 | 0.96 |
| Tuaim, Co. na Gaillimhe | 9647 | 2972 | 3801 | 1.28 |
| Tobar an Choire, Co. Shligigh | 2307 | 648 | 758 | 1.17 |
| An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí | 15598 | 5174 | 8513 | 1.65 |
| An Tulach, Co. Cheatharlach | 5138 | 1619 | 1402 | 0.87 |
| Tulaigh Álainn, Co. Lú | 1697 | 651 | 197 | 0.30 |
| Achadh an Iúir, Co. an Chabháin | 3211 | 1151 | 912 | 0.79 |
| Cathair agus bruachbhailte Phort Láirge, Contaetha Phort Láirge & Cill Chainnigh | 60079 | 19616 | 27704 | 1.41 |
| Cnocán na Biolraí, Co. Chorcaí | 1840 | 816 | 303 | 0.37 |
| Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo | 6872 | 2500 | 4539 | 1.82 |
| Loch Garman, Co. Loch Garman | 21524 | 7487 | 10458 | 1.40 |
| Cill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin | 12957 | 4925 | 3469 | 0.70 |
| Eochaill, Co. Chorcaí | 8564 | 2674 | 1921 | 0.72 |

gov.ie/2040

Department of Housing,
Local Government and Heritage

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland